II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/637 ÓN gCoimisiún

an 15 Márta 2021

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nochtaí poiblí ag institiúidí i dtaca leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i dTeidil II agus III de Chuid a hOcht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1423/2013 ón gCoimisiún, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1555 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/200 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2295 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta d'institiúidí creidmheasa agus do ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 434a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí na Nollag 2019, d'fhoilsigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) Creat Basel comhdhlúite, lena n-áirítear na ceanglais nuashonraithe Cholún 3 maidir le nochtadh ([2]), a tugadh isteach den chuid is mó i Rialachán (AE)575/2013 le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Chun na leasuithe sin a chur chun feidhme, ba cheart creat nochta, atá comhsheasmhach agus iomlán, a leagan síos le haghaidh Colún 3.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1423/2013 ([4]) ón gCoimisiún, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1555 ([5]) ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/200 ([6]) ón gCoimisiún agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2295 ([7]) ón gCoimisiún, leagtar síos formáidí aonfhoirmeacha, teimpléid agus táblaí le haghaidh cistí dílse, caipiteal maolánach frith-thimthriallach, an cóimheas giarála agus ualú sócmhainní, faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart, formáidí teimpléid agus táblaí aonfhoirmeacha a leathnú amach chun nochtuithe

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, ceanglais maidir le Nochtadh DIS, Nollaig 2019.

([3]) Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1423/2013 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh institiúidí i dtaca le ceanglais maidir le nochtadh cistí dílse de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 355, 31.12.2013, lch. 60).

([5]) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 2015/1555 an Déardaoin 28 Bealtaine 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le faisnéis a nochtadh maidir le hinstitiúidí a bheith ag comhlíonadh an cheanglais le haghaidh chaipiteal maolánach frith-thimthriallach i gcomhréir le hAirteagal 440 (IO L 244, 19.9.2015, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/200 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh institiúidí maidir leis an gcóimheas giarála a nochtadh, de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 39, 16.2.2016, lch. 5).

([7]) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 2017/2295 an 4 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe a nochtadh (IO L 329, 13.12.2017, lch. 6).

gnéithe stuamachta eile a chumhdach, gnéithe nach bhfuil faoi cheangal a nochta le Rialachán (AE) 2019/876. Rud is sonraithe fós, ba cheart teimpléad ríthábhachtach um nochtadh méadrachta a thabhairt isteach, rud a éascóidh rochtain rannpháirtithe sa mhargadh ar fhaisnéis ríthábhachtach maidir le cistí dílse agus leachtacht.

(3) Na teimpléid agus na táblaí a úsáidtear le haghaidh nochta, ba cheart dóibh faisnéis ar leor a cuimsitheacht agus a hinchomparáideacht a chur in iúl d'úsáideoirí na faisnéise sin chun measúnú a dhéanamh ar phróifílí priacail institiúidí agus ar a mhéid atá siad ag comhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Mar sin féin, chun prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh, ba cheart do na teimpléid agus do na táblaí na difríochtaí i méid agus i gcastacht idir institiúidí a chur san áireamh, difríochtaí is cúis le leibhéil éagsúla agus cineálacha éagsúla priacal, trí thairseacha breise a áireamh le haghaidh nochtuithe leathnaithe.

(4) Le Rialachán (AE) 2019/876 tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 cóimheas giarála calabraithe nua agus maolán cóimheasa giarála G-SIIanna. Chun an leasú sin agus na coigeartuithe is gá sa ríomh risíochta a chur chun feidhme, is gá teimpléid agus táblaí a leagan síos.

(5) Le Rialachán (AE) 2019/876 tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ceanglais nua maidir le nochtadh le haghaidh an chóimheasa glanchistiúcháin. Chun an leasú sin a chur chun feidhme, is gá teimpléad a leagan síos do na ceanglais nua sin maidir le nochtadh.

(6) Le Rialachán (AE) 2019/876 cuireadh an Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí (SA-CCR), atá níos íogaire ó thaobh priacail de, agus SA-CCR Simplithe le haghaidh institiúidí a chomhlíonann critéir cháilitheachta réamhshainithe, in ionad na gcur chuige caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa an chontrapháirtí i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ina theannta sin, rinne Rialachán (AE) 2019/876 Modh na Risíochta Tosaigh a athbhreithniú. Chun na leasuithe sin a chur chun feidhme, is gá sraith chuimsitheach táblaí agus teimpléid maidir le nochtadh.

(7) Le rialachán (AE) 2019/876 tugadh isteach i Rialachán (AE) 575/2013 ceanglais nua maidir le nochtadh le haghaidh risíochtaí tuillmheacha, neamhthuillmheacha agus staonta, lena n-áirítear faisnéis faoi chomhthaobhachtaí agus ráthaíochtaí airgeadais a fuarthas a nochtadh. Chun an leasú sin agus na ceanglais nua sin maidir le nochtadh a chur chun feidhme, is gá sraith chuimsitheach teimpléad agus táblaí a thabhairt isteach. Ar chúiseanna simplíochta agus comhsheasmhachta, ba cheart na teimpléid agus na táblaí sin a bhunú ar theimpléid agus ar tháblaí a d'fhorbair ÚBE cheana ina threoirlínte maidir le nochtadh risíochtaí tuillmheacha, neamhthuillmheacha agus staonta ([8]).

(8) Le Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun na gnéithe sonracha urrúsuithe STC mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a léiriú sna ceanglais chaipitil a leagtar síos sa Rialachán sin ([10]). Is gá teimpléid agus táblaí nua maidir le nochtadh a thabhairt isteach ina bhfuil faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil maidir le hurrúsú chun an leasú sin a léiriú.

(9) Rinne Rialachán (AE) 2019/876 ceanglais áirithe maidir le nochtadh a leasú maidir le luach saothair a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun a áirithiú i dtaca leis na beartais luacha saothair agus na cleachtais luacha saothair do chatagóirí de bhaill foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl priacail na hinstitiúide, go bhfuil siad comhsheasmhach le bainistíocht éifeachtach priacail. Ba cheart sraith teimpléad agus táblaí maidir le nochtadh a leagan síos, teimpléid agus táblaí lena gcuirtear na ceanglais sin maidir le nochtadh chun feidhme.

(10) Chun an tsraith chomhtháite chuimsitheach d'fhormáidí, teimpléid agus táblaí aonfhoirmeacha maidir le nochtadh a sholáthar agus chun nochtuithe d'ardcháilíocht a áirithiú, is gá tacar aonair de chaighdeáin theicniúla a thabhairt isteach maidir le nochtuithe. Dá bhrí sin, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1423/2013, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1555, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/200 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2295 a aisghairm.

([8]) Treoirlínte EBA/GL/2018/10 ón Údarás Baincéireachta Eorpach an 17 Nollaig 2018 maidir risíochtaí neamhthuillmheacha agus staonta a nochtadh.

([9]) Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 347, 28.12.2017, lch. 1).

([10]) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus Treoir 2011/61/AE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

(11) Chun nochtadh tráthúla agus ar ardcháilíocht a áirithiú ó institiúidí, ba cheart dóthain ama a thabhairt dóibh chun a gcórais inmheánacha le haghaidh nochtuithe a oiriúnú.

(12) Tá an rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuirfidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Méadracha ríthábhachtacha agus forléargas ar mhéideanna risíochta ualaithe a nochtadh

1. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 447, pointí (a) go (g), agus in Airteagal 438, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU KM1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

2. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU OV1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

3. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438, pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU OVC d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

4. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438, pointí (f) agus (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléid EU INS1 agus EU INS2 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 2

Cuspóirí agus beartais bainistíochta priacail a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as táblaí EU OVA agus EU OVB a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 3

Raon feidhme chur i bhfeidhm a nochtadh

1. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 436, pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléid EU LI1 agus EU LI3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

2. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 436, pointí (b) agus (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU LI2 agus tábla EU LIA d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

3. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 436, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU PV1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

4. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 436, pointí (f), (g) agus (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as tábla EU LIB d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Airteagal 4

Cistí dílse a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 437 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 437, pointí (a), (d), (e) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU CC1 agus EU CC2 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 437, pointí (b) agus (c) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CCA d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 5

Caipiteal maolánach frith-thimthriallach a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 440 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 440, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCYB1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 440, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCYB2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 6

An cóimheas giarála a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451(1), pointí (a), (b), agus (c), agus in Airteagal 451, míreanna 2 agus 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU LR1, EU LR2 agus EU LR3 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451(1), pointí (d) agus (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU LRA d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 7

Na ceanglais leachtachta a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435(1) agus in Airteagal 451a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435(1), agus in Airteagal 451a(4), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU LIQA d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451a(2), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU LIQ1 agus as tábla EU LIQB d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451a(3), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU LIQ2 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 8

Risíochtaí ar phriacal creidmheasa, ar phriacal caolúcháin agus ar cháilíocht creidmheasa a nochtadh

1. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 435 agus 442 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435(1), pointí (a) (b), (d) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CRA d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 442, pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CRB d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 442, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CQ3 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(d) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 442, pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR1-A d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 442, pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR2 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

2. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 442, pointí (c), (e) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléid EU CR1, EU CQ1, agus EU CQ7, colúin a, c, e, f agus g de theimpléad EU CQ4, agus colúin a, c, e agus f de theimpléad EU CQ5, a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

3. Institiúidí móra a bhfuil cóimheas acu idir oll-luach de réir na leabhar de na hiasachtaí agus de na hairleacain a thagann faoi Airteagal 47a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus oll-luach iomlán de réir na leabhar de na hiasachtaí agus na hairleacain a thagann faoi Airteagal 47a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá cothrom le 5 % nó os a chionn, le cois na dteimpléad agus na gcolún dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 442, pointí (c) agus (f) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléid EU CR2a, EU CQ2, EU CQ6 agus EU CQ8, agus colúin b agus d de theimpléid EU CQ4 agus EU CQ5 a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán tríd na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a leanúint. Déanfaidh siad an fhaisnéis sin a nochtadh ar bhonn bliantúil.

4. Chun críocha mhír 3, na hiasachtaí agus na hairleacain atá á n-aicmiú mar shócmhainní atá á sealbhú lena ndíol, airgead ar láimh ag bainc cheannais agus taiscí éilimh eile, déanfar iad a eisiamh ón ainmneoir agus ó uimhreoir an chóimheasa.

5. Cuirfidh institiúidí tús le nochtadh i gcomhréir le mír 3 i gcás ina bhfuil an tairseach 5 % dá dtagraítear sa mhír sin sroichte nó sáraithe acu in dhá ráithe as a chéile le linn na gceithre ráithe roimh dháta tagartha maidir le nochtadh. Maidir leis an dáta tagartha sa chéad nochtadh, déanfaidh institiúidí an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh trí úsáid a bhaint as na teimpléid dá dtagraítear sa mhír sin i gcás ina gcomhlíonann siad an tairseach 5 % ar an dáta tagartha sin maidir le nochtadh.

6. Ní bheidh oibleagáid a thuilleadh ar institiúidí nochtadh a dhéanamh i gcomhréir le mír 3 i gcás ina dtitfidh siad faoi bhun na tairsí 5 % le linn trí ráithe as a chéile i rith na gceithre ráithe roimh an dáta tagartha maidir le nochtadh.

Airteagal 9

Úsáid teicnící um maolú riosca creidmheasa a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 453 a nochtadh, pointí (a) go (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mara leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 453, pointí (a) go (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CRC d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 453, pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR3 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 10

Úsáid an chur chuige chaighdeánaithe a nochtadh

Na hinstitiúidí a dhéanann méideanna neamhchosanta ualaithe a ríomh ó thaobh priacail faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, nochtfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 444 agus in Airteagal 453, pointí (g), (h) agus (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar seo a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 444, pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CRD d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 453, pointe (g), (h) agus (i), agus Airteagal 444 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR4 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 444, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR5 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XX a ghabhann leis an Rialachán seo agus, i dtaca le faisnéis faoi na luachanna risíochta a bhaintear as cistí dílse dá dtagraítear san Airteagal céanna sin, trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CC1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 11

Úsáid an chur chuige IBR maidir le priacal creidmheasa

Na hinstitiúidí a dhéanann méideanna neamhchosanta ualaithe a ríomh ó thaobh priacail faoin gcur chuige IBR, nochtfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 438 agus 452 agus in Airteagal 453, pointí (g) go (j), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar seo a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 452, pointí (a) go (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CRE agus teimpléad EU CR6-A d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 452, pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR6 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 453, pointí (g) agus (j), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU CR7-A agus CR7 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(d) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR8 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 452, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU CR9 agus EU CR9.1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 12

Iasachtú speisialaithe agus risíocht cothromais a nochtadh faoin gcur chuige simplí maidir le hualú riosca

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CR10 d'Iarscríbhinn XXIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 13

Risíocht ar phriacal creidmheasa an chontrapháirtí a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438 a nochtadh, pointe (h), agus in Airteagal 439 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointí (a) (b), (c) agus (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU CCRA d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointí (f), (g), (k) agus (m), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCR1 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCR2 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(d) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointe (l) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU CCR3 agus EU CCR4 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCR5 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(f) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCR6 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(g) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 438, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCR7 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(h) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439, pointe (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU CCR8 d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 14

Risíocht ar shuíomhanna urrúsúcháin a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449, pointí (a) go (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU SECA d'Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449, pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU SEC1 agus EU SEC2 d'Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449, pointe (k), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU SEC3 agus EU SEC4 d'Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(d) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449, pointe (l), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU SEC5 d'Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 15

Úsáid an chur chuige chaighdeánaithe agus na samhlacha inmheánacha do phriacal margaidh a nochtadh

1. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 445 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléad EU MR1 d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

2. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 435, 438 agus 455 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis maidir le priacal margaidh dá dtagraítear in Airteagal 435(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU MRA d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 455, pointí (a) (b), (c) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as tábla EU MRB d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 455, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU MR2-A d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(d) an fhaisnéis maidir le samhlacha priacail margaidh inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 438, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU MR2-B d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 455, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU MR3 d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(f) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 455, pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU MR4 d'Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 16

Priacal oibriúcháin a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435, in Airteagal 438, pointe (d), agus in Airteagail 446 agus 454 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as tábla EU ORA agus as teimpléad EU OR1 d'Iarscríbhinn XXXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXII a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 17

Beartas luacha saothair a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh mar a leanas:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450(1), pointí (a) go (f), agus i bpointí (j) agus (k), agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450(2) den Rialachán sin, trí úsáid a bhaint as tábla EU REMA d'Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450(1), pointí (h)(i) agus (h)(ii), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU REM1 d'Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450(1), pointí (h)(v), (h)(vi) agus (h)(vii), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU REM2 d'Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(d) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450(1), pointí (h)(iii) agus (h)(iv), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléad EU REM3 d'Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint;

(e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 450(1), pointí (g) agus (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as teimpléid EU REM4 agus EU REM5 d'Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXIV a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 18

Sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe a nochtadh

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 443 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a nochtadh trí úsáid a bhaint as teimpléid EU AE1, EU AE2 agus EU AE3 agus as an tábla EU AE4 d'Iarscríbhinn XXXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus trí na treoracha atá leagtha amach in Iarscríbhinn XXXVI a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.

Airteagal 19

Forálacha ginearálta

1. I gcás ina bhfágfaidh institiúid nochtadh amháin nó níos mó ar lár i gcomhréir le hAirteagal 432 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní dhéanfar uimhriú na rónna nó na gcolún a choigeartú.

2. Déanfaidh institiúidí nóta soiléir san insint a ghabhann leis an teimpléad nó leis an tábla lena mbaineann ina gcuirfear in iúl cé na rónna nó na colúin nár líonadh isteach agus luafar sa nóta sin an chúis gur fágadh an nochtadh ar lár.

3. An fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 431 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh sí soiléir agus cuimsitheach, rud a fhágfaidh go mbeidh úsáideoirí na faisnéise sin in ann na nochtuithe cainníochtúla a thuiscint, agus cuirfear í in aice leis na teimpléid a bhaineann léi.

4. Cuirfear luachanna uimhriúla i láthair mar a leanas:

(a) déanfar sonraí airgeadaíochta cainníochtúla a nochtadh ag baint úsáide as beachtas íosta is ionann agus na milliúin aonad;

(b) déanfar sonraí cainníochtúla a nochtar mar "Céatadán" a shloinneadh in aghaidh an aonaid agus beachtas íosta acu is ionann agus ceithre dheachúil.

5. Chomh maith leis an bhfaisnéis a nochtar i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil freisin:

(a) dáta tagartha nochta agus tréimhse thagartha nochta;

(b) airgeadra tuairiscithe;

(c) ainm agus, i gcás inarb ábhartha, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) na hinstitiúide nochta;

(d) i gcás inarb ábhartha, an caighdeán cuntasaíochta a úsáideadh;

(e) i gcás inarb ábhartha, raon feidhme an chomhdhlúthaithe.

Airteagal 20

Aisghairm

Déantar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1423/2013, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1555, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/200 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2295 a aisghairm.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Meitheamh 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 15 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Teimpléad EU OV1 – Forbhreathnú ar mhéideanna na risíochta iomlána ar phriacal

		Méideanna na risíochta iomlána ar phriacal		Méid iomlán na gceanglas cistí dílse
		a	b	c
		T	T-1	T
1	Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí)			
2	Ina n-áirítear an cur chuige caighdeánaithe			
3	Ina n-áirítear bonnchur chuige IRB			
4	Ina n-áirítear cur chuige an tsliotánaithe			
EU 4a	Ina n-áirítear cothromais faoin gcur chuige simplí ualaithe de réir priacal			
5	Ina n-áirítear ardchur chuige IRB			
6	Priacal creidmheasa an chontrapháirtí			
7	Ina n-áirítear an cur chuige caighdeánaithe			
8	Ina n-áirítear modh na samhlacha inmheánacha			
EU 8a	Ina n-áirítear risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach			
EU 8b	Ina n-áirítear coigeartú ar luacháil creidmheasa			
9	Ina n-áirítear priacal creidmheasa eile an chontrapháirtí			
10	Neamhbhainteach			
11	Neamhbhainteach			
12	Neamhbhainteach			
13	Neamhbhainteach			
14	Neamhbhainteach			

		Méideanna na risíochta iomlána ar phriacal		Méid iomlán na gceanglas cistí dílse
		a	b	c
		T	T-1	T
15	Priacal socraíochta			
16	Risíochtaí urrúsúcháin sa leabhar neamhthrádála (tar éis na caidhpe)			
17	Ina n-áirítear Cur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrsúsaithe (cur chuige SEC-IRBA)			
18	Ina n-áirítear SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)			
19	Ina n-áirítear cur chuige SEC-SA			
EU 19a	Ina n-áirítear 1 250 % / asbhaint díobh sin			
20	Priacail an tsuímh, malairte eachtraí agus tráchtearraí (Priacal margaidh)			
21	Ina n-áirítear an cur chuige caighdeánaithe			
22	Ina n-áirítear cur chuige na samhlacha inmheánacha			
EU 22a	Risíochtaí móra			
23	Priacal oibriúcháin			
EU 23a	Ina n-áirítear cur chuige an bhuntáscaire			
EU 23b	Ina n-áirítear cur chuige caighdeánaithe			
EU 23c	Ina n-áirítear ardchur chuige an tomhais			
24	Méid faoi bhun na dtairseach asbhainte (faoi réir ualú priacal 250 %)			
25	Neamhbhainteach			
26	Neamhbhainteach			

		Méideanna na risíochta iomlána ar phriacal		Méid iomlán na gceanglas cistí dílse
		a	b	c
		T	T-1	T
27	Neamhbhainteach			
28	Neamhbhainteach			
29	**Iomlán**			

Teimpléad EU KM1 - teimpléad na príomh-mhéadrachtaí

		a	b	c	d	e
		T	T-1	T-2	T-3	T-4
	Cistí dílse atá ar fáil (méideanna)					
1	Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1					
2	Caipiteal Leibhéal 1					
3	Caipiteal iomlán					
	Méideanna risíochta atá ualaithe de réir priacal					
4	Méid iomlán na risíochta ar phriacal					
	Cóimheasa caipitil (mar chéatadán de mhéid risíochta ualaithe de réir priacal)					
5	Cóimheas de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (%)					
6	Cóimheas Leibhéal 1 (%)					
7	Cóimheas caipitil iomlán (%)					
	Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí (mar chéatadán de mhéid ualaithe de réir priacal)					
EU 7a	Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí (%)					

		a	b	c	d	e
		T	T-1	T-2	T-3	T-4
EU 7b	ina bhfuil: Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (pointí céatadáin)					
EU 7c	ina bhfuil: caipiteal Leibhéal 1 (pointí céatadáin)					
EU 7d	Ceanglais cistí dílse SREP iomlána (%)					
	Ceanglas maoláin chomhcheangailte agus caipitil foriomlán (mar chéatadán de mhéid ualaithe de réir priacal)					
8	Maolán caipitil caomhantais (%)					
EU 8a	Maolán caomhantais de bharr priacal macrastuamachta nó sistéamach arna shainiú ar leibhéal an Bhallstáit (%)					
9	Maolán caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid (%)					
EU 9a	Maolán maidir le priacal sistéamach (%)					
10	Maolán na nInstitiúidí Domhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach ag gabháil leo (%)					
EU 10a	Maolán na nInstitiúidí Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach ag gabháil leo (%)					
11	Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)					
EU 11a	Ceanglais chaipitil fhoriomlána (%)					
12	Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ar fáil tar éis na ceanglais cistí dílse iomlána SREP (%) a chomhlíonadh					
	Cóimheas giarála					
13	Tomhas iomlán na risíochta					
14	Cóimheas giarála (%)					
	Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí (mar chéatadán de thomhas iomlán na risíochta)					
EU 14a	Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí (%)					

		a	b	c	d	e
		T	T-1	T-2	T-3	T-4
EU 14b	ina bhfuil: Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (pointí céatadáin)					
EU 14c	Ceanglais iomlána an chóimheasa giarála SREP (%)					
	Ceanglas maoláin cóimheasa giarála agus foriomlán cóimheasa giarála (mar chéatadán de thomhas iomlán na risíochta)					
EU 14d	Ceanglas maoláin cóimheasa giarála (%)					
EU 14e	Ceanglas foriomlán cóimheasa giarála (%)					
	Cóimheas Cumhdaigh ar Leachtacht					
15	Iomlán sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (Luach ualaithe – meán)					
EU 16a	Eis-sreafaí airgid – Luach ualaithe iomlán					
EU 16b	Insreafaí airgid – Luach ualaithe iomlán					
16	glan-eis-sreafaí iomlán airgid (luach coigeartaithe)					
17	Cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (%)					
	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí					
18	Cistiú cobhsaí iomlán atá ar fáil					
19	Cistiú cobhsaí iomlán atá de dhíth					
20	Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (%)					

Teimpléad EU INS1 - Rannpháirtíochtaí Árachais

		a	b
		Luach risíochta	Méid na risíochta ar phriacal
1	Ionstraimí cistí dílse arna sealbhú ag gnóthais árachais nó ath-árachais nó ag comhlacht sealbhaithe árachais nach n-asbhaintear as a gcistí dílse		

Teimpléad EU INS2 - Faisnéis ilchuideachtaí airgeadais maidir le cistí dílse agus maidir le cóimheas leordhóthanacht chaipitil

		a
		T
1	Ceanglais fhorlíontacha cistí dílse den ilchuideachta airgeadais (méid)	
2	Cóimheas leordhóthanachta chaipitil na hilchuideachta airgeadais (%)	

Tábla EU OVC - faisnéis maidir le ICAAP

Próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil agus measúnú leanúnach maidir le priacail an bhainc, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an mbanc na priacail sin a mhaolú agus cé mhéad caipiteal reatha agus caipiteal amach anseo is gá i ndiaidh tosca maolaithe eile a mheas

Boscaí téacs formáid saor le haghaidh ítimí cáilíochtúla a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir na sraithe	Formáid saor
Airteagal 438(a) de CRR	(a)	Cur chuige maidir le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a gcaipitil inmheánaigh
Airteagal 438(c) de CRR	(b)	Arna iarraidh sin don údarás inniúil ábhartha, toradh ar phróiseas inmheánach measúnaithe na hinstitiúide ar leordhóthanacht caipitil

IARSCRÍBHINN II

Treoracha maidir le teimpléid nochta fhorbhreathnaithe

Teimpléad EU OV1 – Forbhreathnú ar mhéideanna iomlána risíochta ar phriacal. Formáid sheasta

1. Cuirfidh institiúidí na treoracha thíos i bhfeidhm chun teimpléad iomlán EU OV1 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh, i gcur i bhfeidhm phointe (d) d'Airteagal 438 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([1]) ('CRR').

2. Míneoidh institiúidí, i gcás inarb ábhartha, san insint a ghabhann leis an teimpléad, an éifeacht atá ag íosrátaí caipitil a chur i bhfeidhm agus gan ítimí a asbhaint ó chistí dílse ar ríomh na gcistí sin agus ar shuimeanna na risíochta ar phriacal a ríomh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Méideanna iomlána na risíochta ar phriacal** Méid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus le hAirteagail 95, 96 agus 98 de CRR
b	**Méideanna na risíochta iomlána ar phriacal (T-1)** Méideanna na risíochta iomlána ar phriacal mar a nochtadh le linn na tréimhse nochta roimhe seo
c	**Méid iomlán na gceanglas cistí dílse** Ceanglais cistí dílse a chomhfhreagraíonn do na RWEAnna le haghaidh na gcatagóirí priacal éagsúla

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 1 go Caibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, agus le hAirteagal 379 de CRR. RWEAnna maidir le risíochtaí urrúsúcháin sa leabhar neamhthrádála agus maidir le priacal creidmheasa an chontrapháirtí a eisiamh agus a nochtadh i rónna 6 agus 16 den teimpléad sin. Áireoidh institiúidí, an tsuim a nochtar sa ró seo, RWEAnna agus ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal saor ó íocaíocht arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 379 de CRR.
2	**Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí) - ina n-áirítear an cur chuige caighdeánaithe** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le cur chuige caighdeánaithe an Phriacail Creidmheasa (Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR agus Airteagal 379 de CRR).
3	**Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí) - ina n-áirítear Bonnchur chuige IRB (F-IRB)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an bPriacal Creidmheasa – Bonnchur chuige IRB (Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR), cé is moite de RWEAnna a nochtar i ró 4 maidir le risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoi réir chur chuige an tsliotánaithe, agus i ró EU 4a le haghaidh cothromais faoin gcur chuige simplí atá ualaithe ó thaobh priacal, agus lena n-áirítear RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 379 de CRR.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
4	**Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí) - ina n-áirítear: cur chuige an tsliotánaithe** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí ar iasachtú speisialaithe atá faoi réir chur chuige an tsliotánaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 153(5) de CRR.
EU 4a	**Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí) - ina n-áirítear: cothromais faoin gcur chuige simplí atá ualaithe ó thaobh priacal** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse le haghaidh cothromais faoin gcur chuige simplí atá ualaithe ó thaobh priacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 155(2) de CRR.
5	**Priacal creidmheasa (cé is moite de phriacal creidmheasa an chontrapháirtí) - ina n-áirítear Ardchur chuige IRB (A-IRB)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an bPriacal Creidmheasa – Ardchur chuige IRB (Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR), cé is moite de RWEAnna a nochtar i ró 4 maidir le risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoi réir chur chuige an tsliotánaithe agus i ró EU 4a le haghaidh cothromais faoin gcur chuige simplí atá ualaithe ó taobh priacal, agus lena n-áirítear RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 379 de CRR.
6	**Priacal creidmheasa an chontrapháirtí** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR le haghaidh priacal creidmheasa an chontrapháirtí.
7	**Priacal creidmheasa an chontrapháirtí - ina n-áirítear an cur chuige caighdeánaithe** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
8	**Priacal creidmheasa an chontrapháirtí - ina n-áirítear modh na samhlacha inmheánacha** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 283 de CRR.
EU 8a	**Priacal creidmheasa an chontrapháirtí – ina n-áirítear risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach (CPL)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
EU 8b	**Priacal creidmheasa an chontrapháirtí - ina n-áirítear coigeartú ar luacháil creidmheasa** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí de CRR.
9	**Priacal creidmheasa an chontrapháirtí - ina n-áirítear priacal creidmheasa eile an chontrapháirtí** RWEAnna phriacal creidmheasa an chontrapháirtí agus ceanglais cistí dílse nach nochtar faoi rónna 7, 8, EU 8a agus EU 8b.
10	Neamhbhainteach
11	Neamhbhainteach
12	Neamhbhainteach
13	Neamhbhainteach

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
14	Neamhbhainteach
15	**Priacal socraíochta** Méid na risíochta ar phriacal (REA) agus ceanglais cistí dílse arna ríomh le haghaidh priacal socraíochta/seachadta i gcomhréir le hAirteagal 378 de CRR.
16	**Risíochtaí urrúsúcháin sa leabhar neamhthrádála (tar éis na huasteorann)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
17	**Urrúsú – ina n-áirítear Cur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrsúsaithe (cur chuige SEC-IRBA)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le cur chuige rialála SEC-IRBA, a mbaintear úsáid as i gcomhréir le hordlathas na gcineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 254 de CRR.
18	**Urrúsú – ina n-áirítear SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige rialála SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA), a mbaintear úsáid as i gcomhréir le hordlathas na gcineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 254 de CRR.
19	**Urrúsú - ina n-áirítear cur chuige SEC-SA** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le cur chuige rialála SEC-SA, a mbaintear úsáid as i gcomhréir le hordlathas na gcineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 254 de CRR.
EU 19a	**Urrúsú – ina n-áirítear 1 250 % / asbhaint díobh sin** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí urrúsúcháin maidir le hualú priacal an leabhair neamhthrádála ag 1 250 % nó arna n-asbhaint as cistí dílse i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
20	**Priacail an tsuímh, malairte eachtraí agus tráchtearraí (Priacal margaidh)** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Teideal IV de Chuid a Trí de CRR.
21	**Priacal margaidh- ina n-áirítear an cur chuige caighdeánaithe** RWEAnna agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 2 go Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR.
22	**Priacal margaidh - ina n-áirítear údarás faireacháin neamhspleách (IMA)** REA agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR.
EU 22a	**Risíochtaí móra** REA agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le pointe (b)(ii) d'Airteagal 92(3) de CRR.
23	**Priacal oibriúcháin** REA agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Teideal III de Chuid a Trí de CRR.
EU 23a	**Priacal oibriúcháin - ina n-áirítear cur chuige an bhuntáscaire** REA agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal III de Chuid a Trí de CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
EU 23b	**Priacal oibriúcháin- ina n-áirítear cur chuige caighdeánaithe** REA agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal III de Chuid a Trí de CRR.
EU 23c	**Priacal oibriúcháin - ina n-áirítear ardchur chuige an tomhais** REA agus ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal III de Chuid a Trí de CRR.
24	**Suim faoi bhun na dtairseach asbhainte (faoi réir ualú priacal 250 %)** Comhfhreagróidh an tsuim do shuim méideanna na n-ítimí atá faoi réir ualú priacal 250 % dá dtagraítear in Airteagal 48(4) de CRR tar éis an t-ualú priacal 250 % a chur i bhfeidhm. Áirítear ar na méideanna sin: — sócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht amach anseo agus a thagann chun cinn ó dhifríochtaí sealadacha, agus atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le nó níos lú ná 10 % d'ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide arna ríomh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 48(1) de CRR. — infheistíochtaí suntasacha in eintiteas earnála airgeadais, sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na n-eintiteas sin atá ag an institiúid atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le, nó níos lú ná, 10 % d'ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide arna ríomh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 48(1) de CRR. Nochtar an fhaisnéis sa ró seo chun críocha eolais amháin toisc go bhfuil an tsuim atá san áireamh anseo san áireamh freisin i ró 1, i gcás ina iarrtar ar institiúidí faisnéis a nochtadh maidir le priacal creidmheasa.
25	Neamhbhainteach
26	Neamhbhainteach
27	Neamhbhainteach
28	Neamhbhainteach
29	**Iomlán** Méid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus le hAirteagail 95, 96 agus 98 de CRR.

Teimpléad EU KM1 – teimpléad na bpríomh-mhéadrachtaí. Formáid sheasta

3. Cuirfidh institiúidí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo i bhfeidhm chun teimpléad iomlán EU KM1 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh, i gcur i bhfeidhm phointe (a) go pointe (g) d'Airteagal 447 de CRR agus i gcur i bhfeidhm phointe (b) d'Airteagal 438 de CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a - e	Déanfar tréimhsí nochta T, T-1, T-2, T-3 agus T-4 a shainmhíniú mar thréimhsí ráithiúla agus líonfar iad de réir na minicíochta a leagtar síos in Airteagal 433a, 433b agus 433c de CRR. Soláthróidh institiúidí, a nochtfaidh an fhaisnéis atá sa teimpléad seo ar bhonn ráithiúil, sonraí do thréimhsí T, T-1, T-2, T-3 agus T-4; soláthróidh institiúidí, a nochtfaidh an fhaisnéis sa teimpléad sin ar bhonn leathbhliantúil, sonraí do thréimhsí T, T-2 agus T-4; agus soláthróidh institiúidí, a nochtfaidh an fhaisnéis atá sa teimpléad ar bhonn bliantúil, sonraí do thréimhsí T agus T-4.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
	Nochtfaidh institiúidí na dátaí a chomhfhreagraíonn do na tréimhsí nochta. Ní gá sonraí a nochtadh le haghaidh tréimhsí roimhe seo nuair a nochtar sonraí den chéad uair.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1** Is é méid chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an tsuim a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 29 de theimpléid EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
2	**Caipiteal Leibhéal 1** Is é suim Chaipiteal Leibhéal 1 an tsuim a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 45 de theimpléid EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
3	**Caipiteal iomlán** Is é suim an chaipitil iomláin an tsuim a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 59 de theimpléad EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
4	**Méid iomlán na risíochta ar phriacal** Is é méid iomlán na risíochta ar phriacal an tsuim a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 60 de theimpléad EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
5	**Cóimheas de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (%)** Is é cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an luach a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 61 de theimpléad EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
6	**Cóimheas Leibhéal 1 (%)** Is é cóimheas caipitil Leibhéal 1 an luach a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 62 den teimpléad EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
7	**Cóimheas caipitil iomlán (%)** Is é cóimheas caipitil iomlán an luach a nochtfaidh institiúidí in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 63 den teimpléad EU CC1 Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála)
EU 7a	**Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí (%)** Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar priacal.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
EU 7b	**ina bhfuil: Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (pointí céatadáin)** An chuid de na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, rud nach mór a chomhlíonadh le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 104a(4).
EU 7c	**ina bhfuil: caipiteal Leibhéal 1 (pointí céatadáin)** An chuid de na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, rud nach mór a chomhlíonadh le caipiteal Leibhéal 1 i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 104a(4).
EU 7d	**Ceanglais cistí dílse SREP iomlána (cóimheas TSRC) (%)** Suim na luachanna a cinneadh faoi phointí (i) agus (ii) mar a leanas: (i) cóimheas caipitil iomlán (8 %) mar a shonraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de CRR; (ii) ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas ar phriacal na giarála iomarcaí (Ceanglais Cholún 2 – P2R) arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD agus a chinntear i gcomhréir leis na critéir a shonraítear i d*Treoirlínte EBA maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna um an bpróiseas athbhreithniúcháin maoirseachta agus meastóireachta agus tástáil struis maoirseachta* [2] ('EBA SREP GL'), arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána. Léireofar leis an ítim seo cóimheas ceanglas caipitil SREP iomlán (TSRC) mar a chuir an t-údarás inniúil in iúl don institiúid é. Sainmhínítear TSRC i Roinn 1.2 EBA SREP GL. I gcás nár chuir an t-údarás inniúil in iúl aon cheanglais cistí dílse breise arna bhforchur chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí, ní nochtfar ach pointe (i).
8	**Caipiteal maolánach caomhantais (%)** Suim na gcistí dílse a cheanglaítear ar institiúidí a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 128(1) agus le hAirteagal 129 de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána.
EU 8a	**Maolán caomhantais de bharr priacal macrastuamachta nó sistéamach arna shainiú ar leibhéal an Bhallstáit (%)** Méid an mhaoláin chaomhantais de bharr priacal macrastuamachta nó sistéamach arna shainiú ar leibhéal Ballstáit, suim is féidir a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 458 de CRR i dteannta caipiteal maolánach caomhantais, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána.
9	**Maolán caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid (%)** Suim na gcistí dílse a cheanglaítear ar institiúidí a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 128(2), le hAirteagal 130, agus le hAirteagal 135 go hAirteagal 140 de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána. Léireofar sa chéatadán sin suim na gcistí dílse is gá chun na ceanglais maoláin chaipitil faoi seach a chomhlíonadh ar an dáta nochta.
EU 9a	**Maolán maidir le priacal sistéamach (%)** Suim na gcistí dílse a cheanglaítear ar institiúidí a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 128(5), le hAirteagal 133 agus le hAirteagal 134 de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána. Léireofar sa chéatadán sin suim na gcistí dílse is gá chun na ceanglais maoláin chaipitil faoi seach a chomhlíonadh ar an dáta nochta.
10	**Maolán na nInstitiúidí Domhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach ag gabháil leo (%)** Suim na gcistí dílse a cheanglaítear ar institiúidí a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 128 (3) agus le hAirteagal 131 de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána. Léireofar sa chéatadán sin suim na gcistí dílse is gá chun na ceanglais maoláin chaipitil faoi seach a chomhlíonadh ar an dáta nochta.

[2] Treoirlíne EBA/GL/2018/03 ón Údarás Baincéireachta Eorpach an 19 Iúil 2018 maidir le comhnósanna imeachta a athbhreithníodh agus modheolaíochtaí le haghaidh an Phróisis um Athbhreithniú agus Meastóireacht Maoirseachta (SREP) agus maoirseacht tástála struis.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
EU 10a	**Maolán na nInstitiúidí Eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach ag gabháil leo (%)** Suim na gcistí dílse a cheanglaítear ar institiúidí a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 128(4) agus le hAirteagal 131 de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána. Léireofar sa chéatadán sin suim na gcistí dílse is gá chun na ceanglais maoláin chaipitil faoi seach a chomhlíonadh ar an dáta nochta.
11	**Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)** I gcomhréir le pointe (6) d'Airteagal 128 de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de na RWEAnna iomlána.
EU 11a	**Ceanglais chaipitil fhoriomlána (OCR) (%)** Suim de (i) agus (ii) mar a leanas: (i) an cóimheas TSRC dá dtagraítear i ró EU 7d; (ii) a mhéid is infheidhme ó thaobh an dlí de, cóimheas an cheanglais maoláin chomhcheangailte dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 de CRD. Léireoidh an ítim seo an cóimheas Ceanglas Caipitil Foriomlán (OCR) mar atá sainmhínithe i Roinn 1.2 EBA SREP GL. I gcás nach bhfuil aon cheanglas maoláin infheidhme, ní nochtfar ach pointe (i).
12	**Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ar fáil tar éis na ceanglais cistí dílse SREP iomlána (%) a chomhlíonadh**
13	**Tomhas iomlán na risíochta** Tomhas iomlán na risíochta i gcomhréir leis an méid arna nochtadh ag institiúidí in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 24 de theimpléad EU LR2 - LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa giarála)
14	**Cóimheas giarála (%)** Cóimheas giarála i gcomhréir leis an luach arna nochtadh ag institiúidí in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 25 de theimpléad EU LR2 - LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa giarála)
EU 14a	**Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí (%)** Na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas iomlán na risíochta. Ceanglais cistí dílse breise i gcomhréir leis an luach arna nochtadh ag institiúidí in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró EU-26a de theimpléad EU LR2 - LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa giarála).
EU 14b	**ina bhfuil: Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (pointí céatadáin)** An chuid de na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, rud nach mór a chomhlíonadh le caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 104a(4). Ceanglais cistí dílse breise i gcomhréir leis an luach arna nochtadh ag institiúidí in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró EU-26b de theimpléad EU LR2 - LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa giarála).
EU 14c	**Ceanglais iomlána an chóimheasa giarála SREP (%)** Suim de (i) agus (ii) mar a leanas: (i) an t-íoscheanglas cóimheasa giarála mar a shonraítear i bpointe (d) d'Airteagal 92(1) de CRR nó an ceanglas cóimheasa coigeartaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429a(7) de CRR, mar is infheidhme;

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
	(ii) na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí (Ceanglais Cholún 2 – P2R) arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas iomlán na risíochta. Léireofar leis an ítim seo ceanglas cóimheasa giarála SREP iomlán (TSLRR) mar a chuir an t-údarás inniúil in iúl don institiúid é. Murar fhorchuir an t-údarás inniúil aon cheanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacal na giarála iomarcaí, ní nochtfar ach pointe (i).
EU 14d	**Ceanglas maoláin cóimheasa giarála (%)** Airteagal 92(1 a) de CRR Maolán cóimheasa giarála is infheidhme i gcomhréir leis an luach arna nochtadh ag institiúidí in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo (ró 27 de theimpléad EU LR2 - LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa giarála)
EU 14e	**Ceanglas foriomlán cóimheasa giarála (%)** Suim ró EU 14c agus ró EU 14d
15	**Iomlán sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (Luach ualaithe – meán)** Nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe na sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún [3] sula gcuirfear an sásra coigeartaithe a leagtar amach in Airteagal 17(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 i bhfeidhm.
EU 16 a	**Eis-sreafaí airgid – Luach ualaithe iomlán** Nochtfaidh institiúidí suim luach ualaithe a n-eis-sreafaí airgid, mar a nochtar in Iarscríbhinn XIII (ró 16 de Theimpléad EU LIQ1 – Faisnéis chainníochtúil LCR).
EU 16b	**Insreafaí airgid – Luach ualaithe iomlán** Nochtfaidh institiúidí suim luach ualaithe a n-insreafaí airgid, mar a nochtar in Iarscríbhinn XIII (ró 20 de Theimpléad EU LIQ1 – Faisnéis chainníochtúil LCR.
16	**glan-eis-sreafaí iomlán airgid (Luach coigeartaithe)** Nochtfaidh institiúidí mar an luach coigeartaithe an glan-eis-sreabhadh leachtachta arbh ionann é agus eis-sreafaí iomlána lúide an laghdú i gcás insreafaí atá díolmhaithe go hiomlán lúide an laghdú i gcás insreafaí faoi réir na huasteorann 90 % lúide an laghdú i gcás insreafaí atá faoi réir na huasteorann 75 %.
17	**Cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (%)** Nochtfaidh institiúidí mar luach coigeartaithe an céatadán den ítim 'cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (%)' mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. Beidh an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht comhionann le cóimheas maolán leachtachta institiúid creidmheasa dá glan-eis-sreafaí leachtachta thar thréimhse struis 30 lá féilire agus arna shloinneadh mar chéatadán.
18	**Cistiú cobhsaí iomlán atá ar fáil** Nochtfaidh institiúidí méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR, mar a nochtar in Iarscríbhinn XIII (ró 14 de Theimpléad EU LIQ2 – Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí).
19	**Cistiú cobhsaí iomlán atá de dhíth** Nochtfaidh institiúidí méid an chistiúcháin chobhsaí atá de dhíth arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR, mar a nochtar in Iarscríbhinn XIII (ró 33 de Theimpléad EU LIQ2 – Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
20	**Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (%)** Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428b de CRR.

Teimpléad EU INS1 – Rannpháirtíochtaí Árachais: Formáid sheasta

4. Cuirfidhinstitiúidí na treoracha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn seo i bhfeidhm chun teimpléad EU INS1 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a líonadh, i gcur i bhfeidhm phointe (f) d'Airteagal 438 de CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Luach na risíochta** Luach risíochta na n-ionstraimí cistí dílse arna sealbhú in aon ghnóthas árachais, aon ghnóthas ath-árachais nó aon chomhlacht sealbhaithe árachais nach n-asbhaineann na hinstitiúidí as a gcistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 49 de CRR agus ceanglais chaipitil á ríomh acu ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite.
b	**Méid na risíochta ar phriacal** Méid na risíochta ar phriacal a bhaineann leis na hionstraimí cistí dílse arna sealbhú in aon ghnóthas árachais, aon ghnóthas ath-árachais nó aon chomhlacht sealbhaithe árachais nach n-asbhaineann na hinstitiúidí as a gcistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 49 de CRR agus ceanglais chaipitil á ríomh acu ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite.

Teimpléad EU INS2 – Ilchuideachtaí airgeadais – Faisnéis faoi chistí dílse agus faoi chóimheas leordhóthanacht chaipitil. Formáid sheasta

5. Cuirfidh institiúidí na treoracha thíos i bhfeidhm chun teimpléad EU INS2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh, i gcur i bhfeidhm phointe (g) d'Airteagal 438 de CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Ceanglais fhorlíontacha cistí dílse den ilchuideachta airgeadais (méid)** Méid na gceanglas forlíontacha maidir le cistí dílse na hilchuideachta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir (CE) 2002/87 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin i gcás ina gcuirtear modhanna 1 nó 2 a leagtar amach in Iarscríbhinn I i bhfeidhm.
2	**Cóimheas leordhóthanachta chaipitil na hilchuideachta airgeadais (%)** An cóimheas leordhóthanacht chaipitil den ilchuideachta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir (CE) 2002/87 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin i gcás ina gcuirtear modh 1 nó modh 2 a leagtar amach in Iarscríbhinn I i bhfeidhm.

[4] Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoir 73/239/CEE, Treoir 79/267/CEE, Treoir 92/49/CEE, Treoir 92/96/CEE, Treoir 93/6/CEE agus Treoir 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoir 98/78/CE agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1).

Tábla EU OVC - faisnéis maidir le próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil (ICAAP). Formáid sholúbtha

6. Cuirfidh institiúidí na treoracha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn seo thíos i bhfeidhm chun Tábla EU OVC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a líonadh, i gcur i bhfeidhm phointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 438 de CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	**Cur chuige maidir le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a gcaipitil inmheánaigh** Nochtfaidh institiúidí achoimre ar a gcur chuige maidir le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a gcaipitil inmheánaigh d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí reatha agus todhchaí.
(b)	**Arna iarraidh sin don údarás inniúil ábhartha, toradh ar phróiseas inmheánach measúnaithe na hinstitiúide ar leordhóthanacht caipitil** Ní nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis sin ach amháin nuair a éileoidh an t-údarás inniúil ábhartha í a nochtadh.

IARSCRÍBHINN III

Tábla AE OVA - Cur chuige maidir le bainistiú priacal institiúide

Boscaí téacs formáid saor le haghaidh faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil - Formáid saor
Pointe (f) d'Airteagal 435(1) de CRR	(a)	Ráiteas priacal gairid arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta a nochtadh
Pointe (b) d'Airteagal 435(1) de CRR	(b)	Faisnéis maidir le struchtúr rialachais priacal do gach cineál priacail
Pointe (e) d'Airteagal 435(1) de CRR	(c)	Dearbhú arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta maidir le leordhóthanacht na socruithe bainistithe priacal.
Pointe (c) d'Airteagal 435(1) de CRR	(d)	Raon feidhme agus cineál na gcóras nochta priacal agus/nó tomhais a nochtadh.
Pointe (c) d'Airteagal 435(1) de CRR	(e)	Faisnéis maidir le príomhghnéithe na gcóras nochta priacal agus tomhais a nochtadh.
Pointe (a) d'Airteagal 435(1) de CRR	(f)	Straitéisí agus próisis chun priacal a bhainistiú le haghaidh gach catagóire priacal.
Pointí (a) agus (d) d'Airteagal 435(1) de CRR	(g)	Faisnéis maidir le straitéisí agus próisis chun priacal a bhainistiú, a fhálú agus a mhaolú, agus maidir le faireachán ar éifeachtacht na bhfáluithe agus na maolaitheoirí.

Tábla AE OVB - Nochtadh ar shocruithe rialachais

Boscaí téacs formáid saor le haghaidh faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir na sraithe	Formáid saor
Pointe (a) d'Airteagal 435(2) de CRR	(a)	Líon na stiúrthóireachtaí arna sealbhú ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta.
Pointe (b) d'Airteagal 435(2) de CRR	(b)	Faisnéis maidir leis an mbeartas earcaíochta le haghaidh chun comhaltaí an chomhlachta bainistíochta a roghnú agus maidir leis an eolas, na scileanna agus an saineolas iarbhír atá acu.
Pointe (c) d'Airteagal 435(2) de CRR	(c)	Faisnéis maidir leis an mbeartas éagsúlachta maidir le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta.
Pointe (d) d'Airteagal 435(2) de CRR	(d)	Faisnéis má tá coiste priacal ar leithligh curtha ar bun ag an institiúid nó mura bhfuil agus maidir le minicíocht na gcruinnithe.
Pointe (e) d'Airteagal 435(2) de CRR	(e)	Tuairisc ar an sreabhadh faisnéise maidir le priacal a thugtar don chomhlacht bainistíochta.

IARSCRÍBHINN IV

Treoracha maidir le cuspóirí agus beartais bainistíochta priacail a nochtadh

Tábla EU OVA - Cur chuige maidir le bainistiú priacal institiúide: Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435(1) de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ("CRR") trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla iomlán EU OVA a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Sa ráiteas priacal gairid arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta i gcur i bhfeidhm phointe (f) d'Airteagal 435(1) de CRR, déanfar tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an tsamhail ghnó cinneadh agus idirghníomhú leis an bpróifíl priacail fhoriomlán: mar shampla, na príomhphriacail a bhaineann leis an tsamhail ghnó agus an chaoi a léirítear gach ceann de na priacail sin agus an chaoi a ndéantar tuairisc orthu sna nochtuithe priacail, nó an chaoi a n-idirghníomhaíonn próifíl priacal na hinstitiúide leis an lamháltas priacail arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta. Laistigh den ráiteas priacail i gcur i bhfeidhm phointe (f) d'Airteagal 435(1) de CRR, nochtfaidh institiúidí freisin cineál, méid, cuspóir agus substaint eacnamaíoch na n-idirbheart ábhartha laistigh den ghrúpa, de chleamhnaithe agus de pháirtithe gaolmhara. Beidh an nochtadh teoranta d'idirbhearta a bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl priacal na hinstitiúide (lena n-áirítear priacal do chlú) nó ar dháileadh priacal laistigh den ghrúpa. Cuirfidh institiúidí san áireamh freisin príomhchóimheasa agus príomhfhigiúirí a léiríonn an chaoi a n-idirghníomhaíonn próifíl priacal na hinstitiúide leis an lamháltas priacail arna shocrú ag an gcomhlacht bainistíochta.
(b)	Áirítear san fhaisnéis atá le nochtadh i gcur i bhfeidhm phointe (b) d'Airteagal 435(1) de CRR an struchtúr rialachais priacal do gach cineál priacail: freagrachtaí arna sannadh ar fud na hinstitiúide (lena n-áirítear, nuair is iomchuí, maoirseacht agus tarmligean údaráis agus miondealú ar fhreagrachtaí idir an comhlacht bainistíochta, na réimeanna gnó agus an fheidhm bhainistíochta priacal de réir an chineáil priacail, an aonaid ghnó agus aon fhaisnéis ábhartha eile); caidreamh idir na comhlachtaí agus feidhmeanna a bhfuil baint acu le próisis um bainistíocht priacail (lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, an comhlacht bainistíochta, an coiste riosca, feidhm bainistíochta priacail, feidhm chomhlíonta, feidhm iniúchóireachta inmheánaí); agus na nósanna imeachta eagrúcháin agus rialaithe inmheánaigh. Agus struchtúr agus eagrú na feidhme bainistíochta priacail ábhartha á nochtadh acu, déanfaidh institiúidí an nochtadh a chomhlánú leis an bhfaisnéis seo a leanas: — Faisnéis faoin gcreat rialaithe inmheánaigh foriomlán agus an chaoi a n-eagraítear a fheidhmeanna rialaithe (údarás, acmhainní, reacht, neamhspleáchas), na príomhchúraimí a chomhlíonann siad, agus aon athruithe ábhartha iarbhír agus pleanáilte ar na feidhmeanna sin; — Teorainneacha formheasta na bpriacal a bhfuil an institiúid ar ris; — Athruithe ar na cinn rialaithe inmheánaigh, ar bhainistiú priacal, ar chomhlíonadh agus ar iniúchóireacht inmheánach. — Bealaí chun cultúr na bpriacal a chur in iúl, a dhiúltú agus a fhorfheidhmiú laistigh den institiúid (mar shampla, an ann do chóid iompair, lámhleabhair ina bhfuil teorainneacha oibriúcháin nó nósanna imeachta chun déileáil le sáruithe nó sáruithe ar thairseacha priacail nó nósanna imeachta chun saincheisteanna priacail a ardú agus a roinnt idir réimeanna gnó agus feidhmeanna priacail).

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(c)	Maidir leis an dearbhú go nochtfaidh institiúidí, i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 435(1) de CRR, maidir le leordhóthanacht na socruithe bainistithe priacal, ní mór don chomhlacht bainistíochta é a fhormheas agus dearbhú a thabhairt gur leor na córais bainistithe priacal a chuirtear ar bun agus próifíl priacal na hinstitiúide agus a straitéis á gcur san áireamh.
(d)	Mar chuid den nochtadh a cheanglaítear le pointe (c) d'Airteagal 435(1) de CRR, nochtfaidh institiúidí raon feidhme agus cineál na gcóras nochta priacal agus/nó tomhais agus an tuairisc ar an sreabhadh priacal don chomhlacht bainistíochta agus don bhainistíocht shinsearach.
(e)	Agus faisnéis ar phríomhghnéithe na gcóras nochta priacal agus tomhais i gcur i bhfeidhm phointe (c) d'Airteagal 435(1) de CRR á cur ar fáil, nochtfaidh institiúidí a gcuid beartas maidir le hathbhreithnithe córasacha agus rialta ar straitéisí bainistíochta priacal, agus an measúnú tréimhsiúil ar a n-éifeachtacht.
(f)	Sa nochtadh ar na straitéisí agus na próisis chun priacal a bhainistiú i gcur i bhfeidhm phointe (a) d'Airteagal 435(1) de CRR, áireofar faisnéis cháilíochtúil maidir le tástáil struis, amhail na punanna atá faoi réir tástála struis, cásanna a glacadh agus modheolaíochtaí ar mbaineadh úsáid astu, agus úsáid na tástála struis i mbainistiú priacal.
(g)	Cuirfidh institiúidí faisnéis ar fáil maidir leis na straitéisí agus na próisis chun priacail a bhainistiú, a fhálú agus a mhaolú, agus maidir le faireachán ar éifeachtacht na bhfáluithe agus na maolaitheoirí i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (d) d'Airteagal 435(1) de CRR i gcás priacail a thagann as samhail ghnó na n-institiúidí.

Tábla EU-OVB – Nochtadh ar shocruithe rialachais: Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh.

2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 435(2) de CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla iomlán EU OVB a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Nochtfaidh institiúidí líon na stiúrthóireachtaí arna sealbhú ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 435(2) de CRR. Agus an fhaisnéis sin á nochtadh, beidh feidhm ag na sonraíochtaí seo a leanas: — Nochtfaidh institiúidí faoi raon feidhme Airteagal 91(3) agus (4) de Threoir (AE) 2013/36 ([2]) ("CRD") an líon stiúrthóireachtaí mar a chuirtear san áireamh leis an Airteagal seo iad; — Nochtfaidh institiúidí an líon stiúrthóireachtaí a shealbhaítear go héifeachtach do gach comhalta den chomhlacht bainistíochta (cibé acu is cuideachta ghrúpa é nó nach ea, sealúchas cáilitheach nó institiúid laistigh den scéim chosanta institiúideach chéanna agus an stiúrthóireacht feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin í an stiúrthóireacht) gan beann ar an bhfuil an stiúrthóireacht i dteannta eintiteas a bhfuil cuspóir tráchtála á shaothrú aige nó nach bhfuil; — I gcás ina mbeidh stiúrthóireacht bhreise formheasta ag an údarás inniúil, nochtfaidh gach institiúid ina bhfuil stiúrthóireacht ag an gcomhalta sin an fíoras sin mar aon le hainm an údaráis inniúil a fhormheasann an stiúrthóireacht bhreise.

([2]) TREOIR 2013/36/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(b)	Agus faisnéis maidir leis an mbeartas earcaíochta chun comhaltaí an chomhlachta bainistíochta a roghnú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 435(2) de CRR á nochtadh ag institiúidí, áireoidh institiúidí faisnéis faoi eolas, scileanna agus saineolas iarbhír na gcomhaltaí. Áireoidh institiúidí faisnéis maidir leis an mbeartas a d'fhéadfadh teacht as pleanáil chomharbais agus maidir le haon athruithe intuartha laistigh de chomhdhéanamh foriomlán an chomhlachta bainistíochta.
(c)	Agus a mbeartas éagsúlachta á nochtadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 435(2) de CRR, nochtfaidh institiúidí faisnéis maidir leis na cuspóirí agus aon spriocanna ábhartha a leagtar amach sa bheartas sin, agus a mhéid a baineadh amach na cuspóirí agus na spriocanna sin. Déanfaidh institiúidí, go háirithe, an beartas maidir le héagsúlacht inscne a nochtadh, lena n-áirítear: — I gcás ina bhfuil sprioc socraithe don inscne tearcionadaithe agus do na beartais maidir le héagsúlacht ó thaobh aoise, cúlra oideachais, cúlra gairmiúil agus foinse gheografach de, an sprioc a leagadh síos, agus a mhéid a bhaintear amach na spriocanna. — I gcás nach mbainfear amach sprioc, nochtfaidh institiúidí na cúiseanna agus, nuair is ábhartha, na bearta a glacadh chun an sprioc a bhaint amach laistigh de thréimhse áirithe ama.
(d)	Nochtfaidh institiúid má tá coiste priacal ar leithligh curtha ar bun aici, agus an líon uaireanta ar tháinig an coiste priacal le chéile i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 435(2) de CRR.
(e)	Mar chuid de shonraí maidir leis an sreabhadh faisnéise faoi phriacal don chomhlacht bainistíochta agus i gcur i bhfeidhm phointe (e) d'Airteagal 435(2) de CRR, tabharfaidh institiúidí tuairisc ar phróiseas an nochta priacal a chuirfear ar fáil don chomhlacht bainistíochta, go háirithe minicíocht, raon feidhme agus príomhábhar na risíochta ar phriacal agus an chaoi a raibh an comhlacht bainistíochta rannpháirteach i sainiú an ábhair a bhí le nochtadh.

Teimpléad EU LI1 – Difríochtaí idir an raon feidhme cuntasaíochta agus an raon feidhme comhdhlúthaithe stuamachta agus mapáil catagóirí ráitis airgeadais ina bhfuil catagóirí priacal rialála

		a	b	c	d	e	f	g
		Luachanna de réir na leabhar mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais fhoilsithe	Luachanna de réir na leabhar faoi raon feidhme comhdhlúthaithe stuamachta	Luachanna ítimí de réir na leabhar				
				Faoi réir creata priacail creidmheasa	Faoi réir creata priacail creidmheasa an chontrapháirtí	Faoi réir creata urrúsúcháin	Faoi réir creata priacail margaidh	Nach bhfuil faoi réir ceanglas cistí dílse nó atá faoi réir asbhainte ó chistí dílse
	Miondealú de réir cineál sócmhainní de réir an chláir chomhardaithe sna ráitis airgeadais fhoilsithe							
1								
2								
3								
	….							
xxx	**Iomlán na sócmhainní**							

		a	b	c	d	e	f	g
		Luachanna de réir na leabhar mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais fhoilsithe	Luachanna de réir na leabhar faoi raon feidhme comhdhlúthaithe stuamachta	Luachanna ítimí de réir na leabhar				
				Faoi réir creata priacail creidmheasa	Faoi réir creata priacail creidmheasa an chontrapháirtí	Faoi réir creata urrúsúcháin	Faoi réir creata priacail margaidh	Nach bhfuil faoi réir ceanglas cistí dílse nó atá faoi réir asbhainte ó chistí dílse
	Miondealú de réir cineál dliteanas de réir an chláir chomhardaithe sna ráitis airgeadais fhoilsithe							
1								
2								
3								
	….							
xxx	**Iomlán na nDliteanas**							

Teimpléad EU LI2 – Príomhfhoinsí na ndifríochtaí idir méideanna risíochta rialála agus luachanna de réir na leabhar i ráitis airgeadais

		a	b	c	d	e
		Iomlán	Ítimí atá faoi réir			
			Creat priacail creidmheasa	Creat urrúsúcháin	Creat priacail creidmheasa an chontrapháirtí	Creat priacail margaidh
1	**Sócmhainní ag a bhfuil luach de réir na leabhar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta (de réir theimpléad LI1)**					
2	**Dliteanais ag a bhfuil luach de réir na leabhar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta (de réir theimpléad LI1)**					
3	**Glanshuim iomlán faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta**					
4	**Méideanna lasmuigh den chlár comhardaithe**					
5	*Difríochtaí i luachálacha*					
6	*Difríochtaí mar gheall ar rialacha éagsúla glanluachála, seachas na cinn a cuireadh san áireamh cheana i sraith 2*					
7	*Difríochtaí mar gheall ar bhreithniú ar fhorálacha*					
8	*Difríochtaí mar gheall ar úsáid teicnící um maolú priacail creidmheasa*					
9	*Difríochtaí mar gheall ar fhachtóirí coinbhéartachta creidmheasa*					
10	*Difríochtaí mar gheall ar Urrúsú le haistriú priacail*					
11	*Difríochtaí eile*					
12	**Méideanna risíochta arna meas chun críocha rialála**					

Teimpléad EU LI3 – Imlíne na ndifríochtaí sna raonta feidhme comhdhlúthaithe (aonán ar aonán)

a	b	c	d	e	f	g	h
Ainm an eintitis	Modh comhdhlúthaithe cuntasaíochta	Modh comhdhlúthaithe stuamachta					Tuairisc an eintitis
		Comhdhlúthú iomlán	Comhdhlúthú comhréireach	Modh an chothromais	Neamh-chomhdhlúite ná neamh-asbhainte	Asbhainte	
Eintiteas A	*Comhdhlúthú iomlán*	*X*					*Institiúid creidmheasa*
Eintiteas N	*Comhdhlúthú iomlán*		*X*				*Institiúid creidmheasa*
Eintiteas Z	*Comhdhlúthú iomlán*				*X*		*Eintiteas árachais*
Eintiteas AA	*Comhdhlúthú iomlán*			*X*			*Cuideachta léasaithe neamhábhartha*

Tábla EU LIA – Mínithe ar dhifríochtaí idir méideanna cuntasaíochta agus risíochtaí rialála

Boscaí téacs formáid saor le haghaidh faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil - Formáid saor
Airteagal 436(b) de CRR	(a)	Difríochtaí idir colúin (a) agus (b) i dteimpléad EU LI1
Airteagal 436(d) de CRR	(b)	Faisnéis cháilíochtúil maidir le príomhfhoinsí difríochtaí idir raon feidhme cuntasaíochta agus rialála an chomhdhlúthaithe a léirítear i dteimpléad EU LI2

Tábla EU LIB - Faisnéis cháilíochtúil eile faoi raon feidhme cur i bhfeidhm

Boscaí téacs formáid saor le haghaidh faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil - Formáid saor
Airteagal 436(f) de CRR	(a)	Bac ar aistriú pras cistí dílse nó aisíoc dliteanas laistigh den ghrúpa
Airteagal 436(g) de CRR	(b)	Fochuideachtaí nach bhfuil san áireamh maidir le comhdhlúthú cistí dílse níos lú ná is gá
Airteagal 436(h) de CRR	(c)	Úsáid an mhaolaithe dtagraítear in Airteagal 7 de CRR nó modh chomhdhlúite aonair a leagtar síos in Airteagal 9 de CRR
Airteagal 436(g) de CRR	(d)	Méid comhiomlán faoinar lú na cistí dílse iarbhír ná mar a theastaíonn i ngach fochuideachta nach bhfuil san áireamh sa chomhdhlúthú

Teimpléad EU PV1 - Coigeartuithe luachála stuama (PVA)

Formáid sheasta

		a	b	c	d	e	EU e1	EU e2	f	g	h
		Catagóir phriacail					Leibhéal na catagóire AVA – Neamhchinnteacht luachála		**Leibhéal na catagóire iomlán tar éis éagsúlaithe**		
	Leibhéal na Catagóire AVA	Cothromas	Rátaí úis	Malairt eachtrach	Creidmheas	Tráchtearraí	Raonta difríochta creidmheasa neamhthuillte AVA	Costais infheistíochta agus chistithe AVA		Ina bhfuil: **cur chuige lárnach iomlán** sa leabhar trádála	Ina bhfuil: **cur chuige lárnach iomlán** sa leabhar baincéireachta
1	Neamhchinnteacht phraghas an mhargaidh										
2	Neamhbhainteach										
3	Costas clabhsúir										
4	Suíomhanna neamhéagsúlaithe										
5	Luathfhoirceannadh										
6	Priacal de bharr samhaltaithe										
7	Priacal oibriúcháin										
8	Neamhbhainteach										
9	Neamhbhainteach										
10	Costais riaracháin amach anseo										
11	Neamhbhainteach										
12	**Coigeartuithe Luachála Breise Iomlána (AVAnna)**										

IARSCRÍBHINN VI

Treoracha maidir le faisnéis a nochtadh maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm an chreata rialála

Teimpléad EU LI1 – Difríochtaí idir raon feidhme cuntasaíochta agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta agus mapáil catagóirí ráitis airgeadais ina bhfuil catagóirí priacal rialála. Formáid sholúbtha.

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 436 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ("CRR") trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU LI1 a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1 go XXX	**Iomlán na Sócmhainní** Beidh an struchtúr róe céanna le struchtúr róe an chláir chomhardaithe ar mbaineadh úsáid as i dtuairisciú airgeadais na hinstitiúide is déanaí atá ar fáil. Tagraíonn "tuairisciú airgeadais" do na ráitis airgeadais bhliantúla aonair nó chomhdhlúite a shainmhínítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 24 de Threoir (AE) 2013/34 ([2]), agus (nuair is infheidhme) do na ráitis airgeadais de réir bhrí na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta mar a formhuiníodh san Aontas Eorpach iad i gcur i bhfeidhm Rialachán (CE) 1606/2002 ([3]).
1 go XXX	**Iomlán na nDliteanas** Beidh an struchtúr róe céanna le struchtúr róe an chláir chomhardaithe ar mbaineadh úsáid as i dtuairisciú airgeadais na hinstitiúide is déanaí atá ar fáil. Tagraíonn "tuairisciú airgeadais" do na ráitis airgeadais bhliantúla aonair nó chomhdhlúite a shainmhínítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 24 de Threoir (AE) 2013/34/AE, agus (nuair is infheidhme) do na ráitis airgeadais de réir bhrí na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta mar a formhuiníodh san Aontas Eorpach iad i gcur i bhfeidhm Rialachán (CE) 1606/2002.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a	**Luachanna de réir na leabhar mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais fhoilsithe** An tsuim a tuairiscíodh ar thaobh na sócmhainní agus ar thaobh na ndliteanas den chlár comhardaithe a bunaíodh de réir na gceanglas comhdhlúthúcháin sa chreat cuntasaíochta is infheidhme, lena n-áirítear creataí bunaithe ar Threoir (AE) 2013/34/AE agus le Treoir (CEE) 86/635 ([4]), nó na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta mar a formhuiníodh san Aontas Eorpach iad
b	**Luachanna de réir na leabhar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta** An tsuim a tuairiscíodh ar thaobh na sócmhainní agus na dliteanais sa chlár comhardaithe a bunaíodh de réir na gceanglas maidir le comhdhlúthú rialála i Roinn 2 agus Roinn 3 de Theideal II de Chuid a hAon de CRR Má tá raon feidhme an chomhdhlúthaithe cuntasaíochta agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta díreach mar an gcéanna, déanfar colúin (a) agus (b) den teimpléad sin a chumasc.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([2]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

([3]) RIALACHÁN (CE) Uimh. 1606/2002 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

([4]) TREOIR 86/635/CEE ÓN gCOMHAIRLE an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
c	**Luachanna ítimí de réir na leabhar atá faoi réir creata priacal creidmheasa** Suimeanna glanluacha faoi raon feidhme stuamachta maidir le comhdhlúthú ítimí (seachas ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe) a bhfuil feidhm ag Caibidil 2 agus Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR maidir leo
d	**Luachanna ítimí de réir na leabhar atá faoi réir creata priacal creidmheasa an chontrapháirtí** Suimeanna glanluacha faoi raon feidhme stuamachta maidir le comhdhlúthú ítimí (seachas ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe) a bhfuil feidhm ag Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR maidir leo
e	**Luachanna ítimí de réir na leabhar atá faoi réir creata urrúsúcháin** Suimeanna glanluacha faoi raon feidhme stuamachta maidir le comhdhlúthú ítimí (seachas ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe) ón leabhar neamhthrádála a bhfuil feidhm ag Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR maidir leo
f	**Luachanna ítimí de réir na leabhar atá faoi réir creata priacal margaidh** Suimeanna glanluacha faoi raon feidhme stuamachta maidir le comhdhlúthú ítimí (seachas ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe) a bhfuil feidhm ag Teideal IV de Chuid a Trí de CRR maidir leo. Ítimí a chomhfhreagraíonn do shuíomhanna urrúsúcháin sa leabhar trádála – lena n-áireofar na ceanglais i dTeideal IV de Chuid a Trí de CRR sa cholún seo.
g	**Luachanna ítimí de réir na leabhar nach bhfuil faoi réir ceanglas cistí dílse nó atá faoi réir asbhainte ó chistí dílse** Suimeanna glanluacha faoi raon feidhme stuamachta maidir le comhdhlúthú ítimí (seachas ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe) nach bhfuil faoi réir ceanglas cistí dílse i gcomhréir le CRR; suimeanna glanluacha faoi raon feidhme stuamachta maidir le comhdhlúthú ítimí (seachas ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe) atá faoi réir asbhaintí as cistí dílse i gcomhréir le Cuid a Dó de CRR Féadfar a áireamh sna hítimí asbhainte, mar shampla, na hítimí a liostaítear in Airteagail 37, 38, 39 agus 41 de CRR. Is éard a bheidh sna suimeanna le haghaidh sócmhainní na suimeanna iarbhír a asbhaineadh ó chistí dílse, agus aon ghlanluacháil le dliteanais a cheadaítear le hasbhaint (agus aon tairseach le haghaidh asbhainte) is infheidhme de réir na n-Airteagal ábhartha i gCuid a Dó de CRR á gcur san áireamh. I gcás inarb iad na hítimí a liostaítear i bpointe (k) d'Airteagal 36(1) agus in Airteagal 48 de CRR 1 250 % a ualaítear ó thaobh priacal seachas iad a asbhaint, ní nochtfar iad i gcolún (g) den teimpléad sin ach sna colúin iomchuí eile de theimpléad EU LI1. Tá feidhm aige sin freisin maidir le hítim ar bith eile atá 1 250 % ualaithe ó thaobh priacal de i gcomhréir leis na ceanglais in CRR. Is éard a bheidh sna suimeanna le haghaidh dliteanas suim na ndliteanas is gá a thabhairt san áireamh chun cinneadh a dhéanamh faoi mhéid na sócmhainní atá le hasbhaint ó chistí dílse i gcomhréir leis na hAirteagail ábhartha i gCuid a Dó de CRR. Ina theannta sin, nochtfar sa cholún seo gach dliteanas seachas na dliteanais sin (i) atá ábhartha do chur i bhfeidhm na gceanglas i gCaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, nó (ii) atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas i gCaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR agus i dTeideal IV de Chuid a Trí de CRR.
gach ceann	I gcás ina meallann ítim aonair ceanglais chaipitil i gcomhréir le níos mó ná creat priacal amháin, nochtfar luachanna i ngach colún a chomhfhreagraíonn do na ceanglais chaipitil lena mbaineann siad. Dá thoradh sin, féadfaidh suim na méideanna i gcolúin (c) go (g) den teimpléad seo a bheith níos mó ná an méid atá i gcolún (b) den teimpléad seo. Soláthróidh institiúidí mínithe cáilíochtúla ar shócmhainní agus ar dhliteanais atá faoi réir ceanglas caipitil le haghaidh níos mó ná creat priacal amháin a liostaítear i gCuid a Trí de CRR.

Teimpléad EU LI2 – Príomhfhoinsí na ndifríochtaí idir méideanna risíochta rialála agus luachanna de réir na leabhar i ráitis airgeadais. Formáid sheasta.

2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 436 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU LI2 a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Sócmhainní ag a bhfuil luach de réir na leabhar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta** Beidh na suimeanna i gcolúin (b) go (e) den teimpléad seo mar an gcéanna leis na suimeanna i gcolúin (c) go (f) de theimpléid EU LI1.
2	**Dliteanais ag a bhfuil luach de réir na leabhar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta** Beidh na suimeanna i gcolúin (b) go (e) den teimpléad seo mar an gcéanna leis na suimeanna i gcolúin (c) go (f) de theimpléid EU LI1.
3	**Glansuim iomlán faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta** An tsuim tar éis glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe idir sócmhainní agus dliteanais faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta, beag beann ar incháilitheacht na sócmhainní agus na ndliteanas sin sna rialacha glanluachála sonracha maidir le cur i bhfeidhm Chaibidil 4 agus Chaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR agus Theideal IV de Chuid a Trí de CRR Beidh an tsuim sa ró seo cothrom leis an luach i ró 1 a asbhaintear leis an luach i ró 2 den teimpléad seo.
4	**Suimeanna lasmuigh den chlár comhardaithe** Áireofar bunrisíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe, sula mbainfear úsáid as fachtóir coinbhéartachta, nuair is ábhartha, ón ráiteas bunaithe lasmuigh den chlár comhardaithe, tar éis raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta i gcolún (a) go colún (d) den teimpléad sin a leanúint.
5	***Difríochtaí i luachálacha*** Tionchar suim ghlanluacha na gcoigeartuithe i gcomhréir le hAirteagal 34 de Chaibidil 2 de Theideal I de Chuid a Dó de CRR agus le hAirteagal 105 de Chaibidil 3 de Theideal I de Chuid a Trí de CRR maidir le risíochtaí leabhair trádála agus leabhar neamhthrádála arna dtomhas ar luach cóir i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme Beidh an tsuim sin comhsheasmhach leis an tsuim i ró 7 de theimpléid EU CC1 agus leis an tsuim atá i ró 12 (f) de theimpléad EU PV1.
6	***Difríochtaí mar gheall ar rialacha éagsúla glanluachála, seachas na cinn a cuireadh san áireamh cheana i ró 2 den teimpléad seo*** Leis an ítim seo, tagraítear do shuimeanna risíochta glana laistigh den chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe tar éis na rialacha glanluachála sonracha i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR agus i dTeideal IV de Chuid a Trí de CRR a chur i bhfeidhm. Féadfaidh tionchar diúltach a bheith ag cur i bhfeidhm na rialacha glanluachála (i gcás inar gá níos mó risíochtaí a ghlanluacháil ná úsáid glanluachála laistigh den chlár comhardaithe i ró 2 den teimpléad sin) nó dearfach (i gcás rialacha glanluachála a chur i bhfeidhm in CRR lena ndéantar suim níos ísle a ghlanluacháil ná glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe i ró 2 den teimpléad sin).
7	***Difríochtaí mar gheall ar bhreithniú ar fhorálacha*** Ath-lánpháirtiú i luach risíochta na gcoigeartuithe sonracha agus ginearálta i leith priacal creidmheasa (mar a shainítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 183/2014 ón gCoimisiún ([5])) a asbhaineadh, i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, as suim ghlanluacha na risíochtaí faoi Chaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR ar mhaithe le priacal a ualú. Maidir le risíochtaí atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, i gcás ina ndearnadh an méid anonn sna ráitis airgeadais faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta a laghdú le heilimintí atá cáilithe mar choigeartuithe ginearálta i leith priacal creidmheasa faoin rialachán tarmligthe thuasluaite, déanfar na heilimintí sin a ath-lánpháirtiú i luach na neamhchosanta.

([5]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 183/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 20 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú (IO L 57, 27.2.2014, lch. 3).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
8	***Difríochtaí mar gheall ar úsáid teicnící um maolú priacail creidmheasa*** Tionchar ar luach na risíochta faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta chur i bhfeidhm na dteicnící maolaithe priacal creidmheasa mar a shainítear in CRR.
9	***Difríochtaí mar gheall ar fhachtóirí coinbhéartachta creidmheasa*** Tionchar ar luach risíochta risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe faoi raon feidhme comhdhlúthú stuamachta chur i bhfeidhm na bhfachtóirí coinbhéartachta ábhartha i gcomhréir le CRR Déanfar an fachtóir coinbhéartachta chun ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a ualú ó thaobh priacal a chinneadh i gcur i bhfeidhm Theideal II de Chuid a Trí de CRR i gcomhréir le hAirteagail 111, 166, 167 agus 182 (de réir mar is infheidhme maidir le priacal creidmheasa), agus in Airteagal 246 CRR (mar is infheidhme maidir le priacal urrúsúcháin).
10	***Difríochtaí mar gheall ar Urrúsú le haistriú priacail*** Tionchar ar luach risíochta risíochtaí urrúsaithe maidir le húsáid a bhaint as idirbhearta urrúsaithe chun priacal creidmheasa a aistriú chuig tríú páirtithe i gcomhréir le CRR
11	***Difríochtaí eile*** *(más ábhartha)* Spreagthaí fóinteacha eile le haghaidh difríochtaí idir ráitis airgeadais a bhfuil luachanna de réir na leabhar ag gabháil leo faoi raon feidhme rialála an chur i bhfeidhm agus na suimeanna risíochta a mheastar chun críocha rialála Déanfaidh institiúidí na nochtuithe cainníochtúla atá san áireamh sa tsraith seo a chomhlánú le mínithe cáilíochtúla ar phríomhspreagthaí na ndifríochtaí sin i dtábla EU LIA.
12	**Suimeanna risíochta arna meas chun críocha rialála** An tsuim comhiomlán a mheastar a bheith ina thúsphointe de ríomh RWEA tar éis modhanna CRM seachas glanluacháil i gCaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR a chur i bhfeidhm agus tar éis ceanglais glanluachála a chur i bhfeidhm i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR agus i dTeideal IV de Chuid a Trí de CRR den rialachán céanna le haghaidh gach ceann de na catagóirí priacal I gcás ina gcuirtear an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm, is é sin an luach i ndiaidh coigeartuithe creidmheasa sonracha, coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagal 34 agus Airteagal 110 de CRR agus laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an ítim sócmhainne. Maidir le hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, beidh luach na risíochta cothrom leis an luach ainmniúil tar éis coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa a laghdú, arna iolrú faoin gcéatadán is infheidhme a luaitear i bpointe (a) agus i bpointe (d) d'Airteagal 111(1) de CRR. I gcás an chur chuige IRB, beidh an luach a nochtar cothrom le luach na risíochta de réir bhrí Airteagal 166, Airteagal 167 agus Airteagal 168 de CRR. Dá bhrí sin, nochtfar na luachanna de réir na leabhar arna dtuairisciú sna ráitis airgeadais faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta sna sraitheanna comhfhreagracha 1 go 3 den teimpléad seo, agus nochtfar na risíochtaí bunaidh lasmuigh den chlár comhardaithe i sraith 4 den teimpléad sin. Cuirfear aon mhéadú sonrach rialála nó aon laghdú rialála a bhaineann leis na suimeanna sin san áireamh i sraitheanna 5 go 11 den teimpléad sin chun míniú a thabhairt ar conas na suimeanna sin a réiteach leis an tsuim risíochta le haghaidh chun críoch rialála mar thúsphointe ríomh RWA i gcomhréir le gach ceann de na creataí a luaitear i gcolún (b) go colún (e) den teimpléad sin. Ciallaíonn sé sin, go háirithe i gcás priacal creidmheasa, go mbeidh na méideanna risíochta a mheastar chun críocha rialála a nochtar i sraith 12 den teimpléad seo éagsúil ó na luachanna de réir na leabhar mar a thuairiscítear iad sna ráitis airgeadais faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta, mar gheall ar láimhseáil rialála ar leith na bhforálacha cuntasaíochta chun na RWEAanna a ríomh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a	**Iomlán** Iomlán i gColún (a) de theimpléad EU LI2 = Suimeanna i gColún (b) de theimpléad EU LI1 – Suimeanna i gColún (g) de theimpléad EU LI1.
	Freagraíonn miondealú na gcolún sna catagóirí priacal rialála (b) go (e) don mhiondealú a liostaítear i gCuid a Trí de CRR:
b	**Creat priacail creidmheasa** Risíochtaí i dTeideal II de Chuid a Trí de CRR Beidh risíochtaí faoin gcreat priacail creidmheasa ag comhfhreagairt don mhéid risíochta a chuirtear i bhfeidhm sa chur chuige caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa (féach Airteagal 111 de Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR) nó do na risíochtaí ar mainneachtain (EAD) sa chur chuige priacail creidmheasa – IRB (féach Airteagal 166, Airteagal 167 agus Airteagal 168 i gCaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR).
c	**Creat urrúsúcháin** Risíochtaí ón leabhar neamhthrádála a thugtar i gCaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR Cinnfear risíochtaí urrúsúcháin i gcomhréir le hAirteagal 246 de Chaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
d	**Creat Priacail Creidmheasa an Chontrapháirtí (priacal creidmheasa an chontrapháirtí)** Risíochtaí arna meas i gCaibidil 6 i dTeideal II de Chuid a Trí de CRR
e	**Creat priacail margaidh** Risíochtaí ar phriacal margaidh a chomhfhreagraíonn do shuíomhanna atá faoi réir an chreata priacail margaidh i dTeideal IV de Chuid a Trí de CRR Ní nochtfar ach rónna 1 go 3 agus ró 12 den teimpléad seo a bhaineann leis an gcolún seo.
gach ceann	I gcás ina bhfuil ítim aonair faoi réir ceanglais chaipitil i gcomhréir le níos mó ná creat priacal amháin, nochtfar é sin i ngach colún a chomhfhreagraíonn do na ceanglais chaipitil. Dá thoradh sin, féadfaidh suim na méideanna i gcolúin (b) go (e) den teimpléad seo a bheith níos mó ná an méid atá i gcolún (a) den teimpléad seo. Soláthróidh institiúidí mínithe cáilíochtúla ar shócmhainní agus ar dhliteanais atá faoi réir ceanglas caipitil le haghaidh níos mó ná creat priacal amháin a liostaítear i gCuid a Trí de CRR.

Teimpléad EU LI3 – Imlíne na ndifríochtaí sna raonta feidhme comhdhlúthaithe (aonán ar aonán)

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 436 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU LI3 a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	Tá na rónna solúbtha. Cuirfear nochtuithe ar fáil d'eintitis a áirítear laistigh de raon feidhme cuntasaíochta agus rialála an chomhdhlúthaithe mar a shainmhínítear i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme agus le Roinn 2 agus le Roinn 3 de Theideal II de Chuid a hAon de CRR, i gcás nach ionann modh an chomhdhlúthaithe cuntasaíochta agus modh an chomhdhlúthaithe rialála. Ró amháin in aghaidh an eintitis.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a	**Ainm an eintitis** Ainm tráchtála aon aonáin arna áireamh nó arna asbhaint as raon feidhme rialála agus cuntasaíochta comhdhlúthaithe institiúide
b	**Modh comhdhlúthaithe cuntasaíochta** Modh an chomhdhlúthaithe ar baineadh úsáid as i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme
c go g	**Modh comhdhlúthaithe rialála** Modh comhdhlúthaithe a chuirtear chun feidhme chun críche Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon de CRR Ar a laghad, nochtfar na modhanna a liostaítear i bpointe (b) d'Airteagal 436 de CRR. Cuirfidh institiúidí tic sna colúin is infheidhme chun modh comhdhlúthaithe gach eintitis faoin gcreat cuntasaíochta a shainaithint agus chun a chinneadh, faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta, an bhfuil gach eintiteas (i) comhdhlúite ina iomláine; (ii) comhdhlúite go comhréireach; (iii) aitheanta faoin modh cothromais; (iv) neamh-chomhdhlúite ná neamh-asbhainte nó; (v) asbhainte.
h	**Tuairisc an eintitis** Tuairisc ghairid ar an eintiteas, agus nochtadh (ar a laghad) a earnála gníomhaíochta

Tábla EU LIA – Mínithe ar dhifríochtaí idir suimeanna cuntasaíochta agus risíochtaí rialála. Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

4. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) agus pointe (d) d'Airteagal 436 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU LIA a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Míneoidh institiúidí bunús aon difríochtaí suntasacha idir na suimeanna i gcolún (a) agus i gcolún (b) i dteimpléad EU LI1 agus cainníochtóidh siad iad, gan beann ar an dtagann na difríochtaí ó rialacha comhdhlúthaithe éagsúla nó an mbaintear úsáid as caighdeáin chuntasaíochta éagsúla idir na comhdhlúthú cuntasaíochta agus na comhdhlúthú rialála.
(b)	Míneoidh institiúidí bunús na ndifríochtaí idir luachanna de réir na leabhar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta agus na suimeanna arna meas chun críocha rialála i dteimpléad EU LI2.

Tábla EU LIB – Faisnéis cháilíochtúil eile faoi raon feidhme cur i bhfeidhm. Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

5. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (f), pointe (g) agus pointe (h) d'Airteagal 436 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU LIB a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Nochtfaidh institiúidí aon bhac praiticiúil nó dlíthiúil ábhartha reatha nó ionchais ar aistriú pras cistí dílse nó aisíoc dliteanas idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(b)	Nuair is infheidhme, nochtfaidh institiúidí ainm nó ainmneacha na bhfochuideachtaí nach n-áirítear sa chomhdhlúthú.
(c)	Nuair is infheidhme, nochtfaidh institiúidí na himthosca faoina mbaintear úsáid as an maolú dá dtagraítear in Airteagal 7 de CRR nó an modh chomhdhlúite aonair a leagtar síos in Airteagal 9 de CRR.
(d)	Nuair is infheidhme, nochtfaidh institiúidí suim comhiomlán faoinar lú na cistí dílse iarbhír ná mar a theastaíonn i ngach fochuideachta nach bhfuil san áireamh sa chomhdhlúthú, agus ainm nó ainmneacha na bhfochuideachtaí sin.

Teimpléad EU PV1 – Coigeartuithe luachála stuama (PVA): Formáid sheasta

6. Institiúidí a chuireann an cur chuige lárnach i bhfeidhm maidir leis an gcoigeartú luachála breise ar luacháil stuama a chinneadh i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ([6]) ón gCoimisiún, nochtfaidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 436 CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad iomlán EU PV1 a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
Ró 1 go ró 10	**Leibhéal na Catagóire AVA** Déanfar leibhéal na catagóire AVA maidir le héiginnteacht i bpraghas an mhargaidh, costais clabhsúir, priacal samhaltaithe, suíomhanna neamhéagsúlaithe, costais riaracháin amach anseo, luathfhoirceannadh agus priacal oibriúcháin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 9 go hAirteagal 11 agus le hAirteagal 14 go hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún faoi seach. Maidir le héiginnteacht i bpraghas an mhargaidh, costas clabhsúir agus catagóirí priacail samhaltaithe, atá faoi réir leas an éagsúlaithe mar a leagtar amach in Airteagal 9(6), Airteagal 10(7) agus Airteagal 11(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 faoi seach, déanfar leibhéal na catagóire AVA a nochtadh i gcolúin a go EU-e2 den teimpléad sin mar shuim dhíreach na AVAnna aonair roimh leas an éagsúlaithe. Áireofar i gcolún (f) den teimpléad seo sochair éagsúlaithe i gcomhréir le hAirteagal 9(6), le hAirteagal 10(7) agus le hAirteagal 11(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
1	**Neamhchinnteacht phraghas an mhargaidh** Airteagal 105(10) de CRR Déanfar neamhchinnteacht praghais an mhargaidh AVAnna a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
2	**Neamhbhainteach**
3	**Costais clabhsúir** Airteagal 105(10) de CRR Déanfar costais clabhsúir AVAnna a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún
4	**Suíomhanna neamhéagsúlaithe** Airteagal 105(11) de CRR Déanfar suíomhanna neamhéagsúlaithe AVAnna a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.

([6]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 2016/101 ÓN gCOIMISIÚN an 26 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i leith luacháil stuama faoi Airteagal 105(14) (IO L 21, 28.1.2016, lch. 54).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
5	**Luathfhoirceannadh** Airteagal 105(10) de CRR Déanfar luathfhoirceannadh AVAnna a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
6	**Priacal de bharr samhaltaithe** Airteagal 105(10) de CRR Déanfar luathfhoirceannadh AVAnna a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
7	**Priacal oibriúcháin** Airteagal 105(10) de CRR Déanfar priacal oibriúcháin AVAnna a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
8	**Neamhbhainteach**
9	**Neamhbhainteach**
10	**Costais riaracháin amach anseo** Airteagal 105(10) de CRR Déanfar costais riaracháin AVAnna amach anseo a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
11	Neamhbhainteach
12	**Coigeartuithe luachála breise iomlána** Nochtfar AVA iomlán atá le hasbhaint as cistí dílse faoi Airteagal 34 agus Airteagal 105 de CRR i ró 12, colún (f) den teimpléad seo. Beidh an tsuim sin comhsheasmhach leis an tsuim i ró 7 de theimpléid EU CC1 agus leis an tsuim atá i ró 5, colún (a) de theimpléad EU LI2. Maidir le punanna atá faoi réir an chur chuige lárnach mar a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 maidir le luacháil stuama, is éard a bheidh san AVA iomlán suim na méideanna i ró 1 go ró 10 den teimpléad sin, agus, na méideanna arna ríomh i gcomhréir le pointe (b) fomhíreanna (i) go (iii) d'Airteagal 7 (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101, le haghaidh punanna atá faoi réir an chur chuige cúltaca, más ann dóibh. I gcás punanna atá faoi réir an chur chuige shimplithe mar a leagtar amach i gCaibidil II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 maidir le luacháil stuama, is éard a bheidh san AVA iomlán a áirítear i gcolún (f) den teimpléad sin an tsuim arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chaibidil seo.
Litir cholúin	**Míniú**
a-e	**Miondealú de réir CATAGÓIRE PRIACAIL** Leithdháilfidh institiúidí a sócmhainní agus dliteanais a bhfuil luach cóir ag gabháil leo a áireofar sa ríomh tairsí i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún (leabhar trádála agus leabhar neamhthrádála) i gcomhréir leis na catagóirí priacail seo a leanas: rátaí úis, malairt eachtrach, creidmheas, cothromas, tráchtearraí. Eisiatar ón miondealú sna colúin sin na AVAnna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún a nochtar i gcolúin EU-e1 agus i gcolúin EU-e2 den teimpléad sin.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU e1	**Leibhéal na catagóire AVA – Neamhchinnteacht luachála: Raonta difríochta creidmheasa neamhthuillte AVA** Airteagal 105(10) de CRR, Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún Déanfar an AVA iomlán maidir le raonta difríochta creidmheasa neamhthuillte ("AVA maidir le CVA") agus a leithdháileadh idir neamhchinnteacht phraghas an mhargaidh, costais clabhsúir nó AVAnna le haghaidh priacal de bharr samhaltú a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
EU e2	**Leibhéal na catagóire AVA – Costais infheistíochta agus chistithe AVA** Airteagal 105(10) de CRR, Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún Déanfar an AVA iomlán chun costais infheistíochta agus chistithe agus leithdháileadh na gcostas sin idir éiginnteacht i bpraghas an mhargaidh, costais clabhsúir nó AVAnna le haghaidh priacal de bharr samhaltú a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
f	**Leibhéal na catagóire iomlán tar éis éagsúlaithe** Maidir le punanna atá faoi réir an chur chuige lárnach mar a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún, cuimseofar leis an gcatagóir iomlán tar éis éagsúlaithe na AVAnna iomlána arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige lárnach i gcomhair sócmhainní agus dliteanais a bhfuil luach cóir ag gabháil leo agus a áirítear sa ríomh tairsí i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún. Áireofar leis seo sochair éagsúlaithe arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 9(6), le hAirteagal 10(7) agus le hAirteagal 11(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún. Áireofar san AVA iomlán i ró 12, colún (f) den teimpléad sin, na suimeanna arna ríomh i gcomhréir le pointe (b) fomhíreanna (i) go (iii) d'Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101, do phunanna atá faoi réir an chur chuige cúltaca, más ann dóibh. I gcás punanna atá faoi réir an chur chuige shimplithe mar a leagtar amach i gCaibidil II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 maidir le luacháil stuama, is éard a bheidh san AVA iomlán a áirítear i ró 12 den teimpléad sin an tsuim arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chaibidil seo.
g	**Ina bhfuil: cur chuige lárnach iomlán sa leabhar trádála** I gcás gach catagóire ábhartha AVA, maidir le punanna atá faoi réir an chur chuige lárnach mar a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún, sciar de AVAnna a thagann as suíomhanna sa "leabhar trádála": gach suíomh in ionstraimí airgeadais agus i dtráchtearraí arna sealbhú ag institiúid le hintinn trádála, nó d'fhonn suíomhanna arna sealbhú le hintinn iad a thrádáil a fhálú, i gcomhréir le hAirteagal 104 de CRR. Áireofar leis an luach nochtaithe na sochair éagsúlaithe arna sainiú i gcomhréir le hAirteagal 9(6), le hAirteagal 10(7) agus le hAirteagal 11(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.
h	**Ina bhfuil: cur chuige lárnach iomlán sa leabhar baincéireachta** I gcás gach catagóire ábhartha AVA, maidir le punanna atá faoi réir an chur chuige lárnach mar a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún, sciar de AVAnna a thagann as suíomhanna a bhfuil luach cóir ag gabháil leo sna hionstraimí airgeadais agus tráchtearraí nach bhfuil leabhar trádála Áireofar leis an luach nochtaithe na sochair éagsúlaithe arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 9(6), le hAirteagal 10(7) agus le hAirteagal 11(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/101 ón gCoimisiún.

Teimpléad AE CC1 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1: ionstraimí agus cúlchistí			
1	Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara		(h)
	ina bhfuil: Ionstraim cineál 1		
	ina bhfuil: Ionstraim cineál 2		
	ina bhfuil: Ionstraim cineál 3		
2	Tuilleamh coimeádta		
3	Ioncam cuimsitheach eile carntha (agus cúlchistí eile)		
AE-3a	Cistí do phriacail baincéireachta ginearálta		
4	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484 (3) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
5	Leasanna mionlaigh (an méid a cheadaítear i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite)		
AE-5 a	Brabúis eatramhacha arna n-athbhreithniú go neamhspleách, glan ó aon mhuirear nó díbhinn is intuartha		
6	**Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 roimh choigeartuithe rialála**		
Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1: coigeartuithe rialála			
7	Coigeartuithe luacha breise (méid diúltach)		
8	Sócmhainní doláimhsithe (glandliteanas cánach gaolmhar) (méid diúltach)		(a) luide (d)

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
9	Neamhbhainteach		
10	Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí cé is moite díobh sin a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38 (3) de CRR) (méid diúltach)		
11	Cúlchistí luacha chóir a bhaineann le gnóthachain nó caillteanais ar fhálú sreabhadh airgid d'ionstraimí airgeadais nach bhfuil luacháilte ag luach cóir		
12	Méideanna diúltacha a eascraíonn as ríomh méideanna an chaillteanais ionchasaigh		
13	Aon mhéadú ar chothromas a thagann as sócmhainní urrúsaithe (méid diúltach)		
14	Gnóthachain nó caillteanais ar dhliteanais arna luacháil ag luach cóir mar thoradh ar athruithe ar sheasamh creidmheasa dílse		
15	Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe (méid diúltach)		
16	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag institiúid (méid diúltach)		
17	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga (méid diúltach)		
18	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach)		
19	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach)		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
20	Neamhbhainteach		
AE-20 a	Méid risíochta na n-ítimí seo a leanas a cháilíonn do RW 1 250 %, i gcás ina roghnaíonn an institiúid an rogha mhalartach asbhainte		
AE-20b	ina bhfuil: sealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais (méid diúltach)		
AE-20c	ina bhfuil: suíomhanna urrúsúcháin (méid diúltach)		
AE-20d	ina bhfuil: seachadtaí saor ó íocaíochtaí (méid diúltach)		
21	Sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (méid os cionn tairseach 10 %, glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38 (3) de CRR) (méid diúltach)		
22	Méid a sháraíonn an tairseach 17,65 % (méid diúltach)		
23	ina bhfuil: sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin		
24	Neamhbhainteach		
25	ina bhfuil: sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha		
AE-25 a	Caillteanais don bhliain airgeadais reatha (méid diúltach)		
AE-25b	Muirir chánach intuartha a bhaineann le hítimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ach amháin i gcás ina ndéanann an institiúid coigeartú cuí ar mhéid na n-ítimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéid is a laghdaíonn muirir chánach den sórt sin an méid suas go dtí go bhféadfar úsáid a bhaint as na hítimí sin chun priacail nó caillteanais a chumhdach (méid diúltach)		
26	Neamhbhainteach		
27	Asbhaintí cáilitheacha chaipiteal breise Leibhéal 1 a sháraíonn ítimí chaipiteal breise Leibhéal 1 na hinstitiúide (méid diúltach)		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
27 a	Coigeartuithe rialála eile		
28	**Iomlán na gcoigeartuithe rialála ar Ghnáthchothromas Leibhéal 1**		
29	**Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1**		
	Caipiteal Breise Leibhéal 1: ionstraimí		
30	Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara		(i)
31	atá: aicmithe mar chothromas faoi na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme		
32	atá: aicmithe mar dhliteanais faoi chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme		
33	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484 (4) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1		
AE-33 a	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494 a(1) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1		
AE-33b	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494b(1) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1		
34	Caipiteal cáilitheach Leibhéal 1 atá san áireamh i gcaipiteal comhdhlúite breise Leibhéal 1 (lena n-áirítear leasanna mionlaigh nach n-áirítear i sraith 5) arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus atá i seilbh tríú páirtithe		
35	ina bhfuil: ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá faoi réir chéimniú amach		
36	**Caipiteal Breise Leibhéal 1 roimh choigeartuithe rialála**		
	Caipiteal Breise Leibhéal 1: coigeartuithe rialála		
37	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse chaipiteal breise Leibhéal 1 atá ag institiúid (méid diúltach)		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
38	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga (méid diúltach)		
39	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach)		
40	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach)		
41	Neamhbhainteach		
42	Asbhaintí cáilitheacha Leibhéal 2 a sháraíonn ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide (méid diúltach)		
42 a	Coigeartuithe rialála eile ar chaipiteal breise Leibhéal 1		
43	**Coigeartuithe rialála iomlána ar chaipiteal Breise Leibhéal 1**		
44	**Caipiteal Breise Leibhéal 1**		
45	**Caipiteal Leibhéal 1 (Leibhéal 1 = Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 + Caipiteal Breise Leibhéal 1)**		
	Caipiteal Leibhéal 2: ionstraimí		
46	Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara		
47	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484(5) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó Leibhéal 2 mar a thuairiscítear in Airteagal 486(4) de CRR		
AE-47 a	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494 a(2) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó Leibhéal 2		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
AE-47b	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494b(2) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó Leibhéal 2		
48	Ionstraimí cáilitheacha cistí dílse atá san áireamh i gcaipiteal comhdhlúite Leibhéal 2 (lena n-áirítear leasanna mionlaigh agus ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 nach n-áirítear i sraith 5 nó sraith 34) arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus atá i seilbh tríú páirtithe		
49	ina bhfuil: ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá faoi réir chéimniú amach		
50	Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa		
51	**Caipiteal Leibhéal 2 roimh choigeartuithe rialála**		
Caipiteal Leibhéal 2: coigeartuithe rialála			
52	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe atá ag institiúid (méid diúltach)		
53	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga (méid diúltach)		
54	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach)		
54 a	Neamhbhainteach		
55	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach)		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
56	Neamhbhainteach		
AE-56 a	Asbhaintí cáilitheacha dliteanas incháilithe a sháraíonn dliteanais incháilithe ítimí na hinstitiúide (méid diúltach)		
AE-56b	Coigeartuithe rialála eile ar chaipiteal Leibhéal 2		
57	**Coigeartuithe rialála iomlána ar chaipiteal Leibhéal 2**		
58	**Caipiteal Leibhéal 2**		
59	**Caipiteal iomlán (Caipiteal iomlán = Leibhéal 1 + Leibhéal 2)**		
60	**Méid na risíochta iomlán ar phriacal**		
	Cóimheasa agus ceanglais chaipitil lena n-áirítear maoláin		
61	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
62	Caipiteal Leibhéal 1		
63	Caipiteal iomlán		
64	Ceanglais chaipitil fhoriomlána de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hInstitiúide		
65	ina bhfuil: ceanglas maoláin caipitil caomhantais		
66	ina bhfuil: ceanglas maoláin caipitil frith-thimthriallach		
67	ina bhfuil: ceanglas maoláin maidir le priacal sistéamach		
AE-67 a	ina bhfuil: Ceanglas maoláin um Institiúid a bhfuil Tábhacht Shistéamach Dhomhanda (G-SII) nó ag Institiúid eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (O-SII)		
AE-67b	ina bhfuil: ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
68	**Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (mar chéatadán de mhéid na risíochta ar phriacal) atá ar fáil tar éis na híoscheanglais caipitil a chomhlíonadh**		
Íosmhéid náisiúnta (más éagsúil ó Chomhaontú Basel III)			
69	Neamhbhainteach		
70	Neamhbhainteach		
71	Neamhbhainteach		
Méideanna faoi bhun na dtairseach asbhainte (roimh ualú priacal)			
72	Sealúchais dhíreacha agus indíreacha i gcistí dílse agus i ndliteanais incháilithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid faoi thairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe)		
73	Sealúchais dhíreacha agus indíreacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid faoi thairseach 17.65 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe)		
74	Neamhbhainteach		
75	Sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (méid faoi thairseach 17,65 %, glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38 (3) de CRR)		
Caidhpeanna infheidhme ar fhorálacha a chur san áireamh i Leibhéal 2			
76	Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a áirítear i Leibhéal 2 i ndáil le risíochtaí atá faoi réir cur chuige caighdeánaithe (sula gcuirfear an chaidhp i bhfeidhm)		
77	Caidhp maidir le coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a chur san áireamh i Leibhéal 2 faoi chur chuige caighdeánaithe		

		(a)	(b)
		Méideanna	**Foinse bunaithe ar uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomhardaithe faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**
78	Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa atá san áireamh i Leibhéal 2 maidir le risíochtaí atá faoi réir cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (sula gcuirfear an chaidhp i bhfeidhm)		
79	Caidhp maidir le coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a chur san áireamh i Leibhéal 2 faoi chur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha		
Ionstraimí caipitil atá faoi réir shocruithe céimnithe amach (is infheidhme idir 1 Eanáir 2014 agus 1 Eanáir 2022 amháin)			
80	Caidhp reatha ar ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá faoi réir socruithe céimnithe amach		
81	An méid a eisiatar ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar gheall ar chaidhp (barrachas thar chaidhp tar éis fuascailtí agus aibíochtaí)		g
82	Caidhp reatha ar ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 atá faoi réir socruithe céimnithe amach		
83	An méid a eisiatar ó chaipiteal breise Leibhéal 1 mar gheall ar chaidhp (barrachas thar chaidhp tar éis fuascailtí agus aibíochtaí)		
84	Caidhp reatha ar ionstraimí Leibhéal 2 atá faoi réir socruithe céimnithe amach		
85	An méid a eisiatar ó Leibhéal 2 mar gheall ar chaidhp (barrachas thar chaidhp tar éis fuascailtí agus aibíochtaí)		

Teimpléad AE CC2 - cistí dílse rialála a réiteach don chlár comhardaithe sna ráitis airgeadais iniúchta

Teimpléad solúbtha. Ní mór sraitheanna a nochtadh i gcomhréir leis an gclár comhardaithe a áirítear i ráitis airgeadais iniúchta na n-institiúidí. Coimeádfar colúin fosaithe, ach amháin má tá raon feidhme an chomhdhlúthaithe cuntasaíochta agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála na hinstitiúide díreach mar an gcéanna, déanfar colúin (a) agus (b) den teimpléad sin a chumasc

		a	b	c
		Clár comhardaithe mar a fhoilsítear sna ráitis airgeadais	**Faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**	**Tagairt**
		Mar atá ag deireadh tréimhse	**Mar atá ag deireadh tréimhse**	
Sócmhainní - *Miondealú de réir cineál sócmhainní de réir an chláir chomhardaithe sna ráitis airgeadais fhoilsithe*				
1				
2				
3				
xxx	**Iomlán na sócmhainní**			

		a	b	c
		Clár comhardaithe mar a fhoilsítear sna ráitis airgeadais	**Faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**	**Tagairt**
		Mar atá ag deireadh tréimhse	**Mar atá ag deireadh tréimhse**	
Dliteanais - *Miondealú de réir cineál dliteanas de réir an chláir chomhardaithe sna ráitis airgeadais fhoilsithe*				
1				
2				
3				
xxx	**Iomlán na nDliteanas**			

		a	b	c
		Clár comhardaithe mar a fhoilsítear sna ráitis airgeadais	**Faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála**	**Tagairt**
		Mar atá ag deireadh tréimhse	**Mar atá ag deireadh tréimhse**	
Cothromas Scairshealbhóirí				
1				
2				
3				
xxx	**Cothromas iomlán scairshealbhóirí**			

Teimpléad AE CCA: Príomhghnéithe ionstraimí rialála cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe

		a
		Faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil- Formáid saor
1	Eisitheoir	
2	Aitheantóir uathúil (e.g. aitheantóir CUSIP, ISIN nó Bloomberg le haghaidh suíomh príobháideach)	
2 a	Suíomh poiblí nó príobháideach	
3	Dlí nó dlíthe rialaithe na hionstraime	
3 a	Cumhachtaí díluachála agus comhshó na n-údarás réitigh a aithint go conarthach	
	Cóir rialála	
4	An chóir atá ann faoi láthair agus, i gcás inarb infheidhme, rialacha idirthréimhseacha CRR á gcur san áireamh	
5	Rialacha iar-idirthréimhseacha de chuid CRR	
6	Incháilithe ag aonair/(fo-) comhdhlúite/ aonair&(fo-)chomhdhlúite	
7	Cineál ionstraime (cineálacha le sonrú ag gach dlínse)	

		a
		Faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil- Formáid saor
8	An méid a aithnítear i gcaipiteal rialála nó i ndliteanais incháilithe (Airgeadra i milliún, ón dáta tuairiscithe is déanaí)	
9	Méid ainmniúil na hionstraime	
AE-9 a	Praghas eisiúna	
AE-9b	Praghas fuascailte	
10	Aicmiú cuntasaíochta	
11	Dáta bunaidh na heisiúna	
12	Suthain nó dátaithe	
13	Dáta aibíochta bunaidh	
14	Glao eisitheora atá faoi réir formheas maoirseachta roimh ré	
15	Dáta roghnach an ghlao, dátaí na nglaonna teagmhasacha agus an méid fuascailte	
16	Dátaí glaonna ina dhiaidh sin, más infheidhme	
	Cúpóin / díbhinní	
17	Díbhinn/cúpón fosaithe nó ar snámh	
18	Ráta cúpóin agus aon innéacs gaolmhar	
19	Stopallán díbhinne a bheith ann	
AE-20 a	Lánroghnach, i bpáirt lánroghnach nó éigeantach (ó thaobh uainithe de)	
AE-20b	Lánroghnach, i bpáirt lánroghnach nó éigeantach (i dtéarmaí méid)	
21	Uaschéimniú nó dreasacht eile fuascailte a bheith ann	
22	Neamhcharnach nó carnach	
23	In-chomhshóite nó neamh-in-chomhshóite	
24	Más in-chomhshóite, spreagadh nó spreagthaí in-chomhshóite	

		a
		Faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil- Formáid saor
25	Más in-chomhshóite, go hiomlán nó i bpáirt	
26	Más in-chomhshóite, ráta comhshó	
27	Más comhshó in-chomhshóite, éigeantach nó roghnach atá ann	
28	Más in-chomhshóite, sonraigh an cineál ionstraime gur féidir é a bheith in-chomhshóite chuige	
29	Má tá sé in-chomhshóite, sonraigh eisitheoir ionstraime chuig a gcomhshónn sé	
30	Gnéithe díluachála	
31	Má tá díluacháil, spreagadh nó spreagthaí díluachála	
32	Má tá díluacháil, díluacháil iomlán nó i bpáirt	
33	Má tá díluacháil, díluacháil bhuan nó sealadach	
34	Má tá díluacháil sealadach, tuairisc ar an sásra uasluachála	
34 a	Cineál fo-ordúcháin (i gcás dliteanais incháilithe amháin)	
AE-34b	Rangú na hionstraime i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta	
35	Suíomh in ordlathas fo-ordúcháin i leachtú (sonraigh an cineál ionstraime díreach níos sinsearaí ná an ionstraim)	
36	Gnéithe idirthréimhseacha neamhchomhlíontacha	
37	Más ea, sonraigh gnéithe neamhchomhlíontacha	
37 a	Nasc chuig téarma iomlán agus coinníollacha na hionstraime (comharthaíocht)	

([1]) Cuir isteach “Neamhbhainteach” mura bhfuil an cheist infheidhme

IARSCRÍBHINN VIII

Treoracha maidir le teimpléid nochta cistí dílse

Teimpléad EU CC1 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 437 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ("CRR") trí na treoracha a fhoráiltear san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CC1 a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

2. Chun críocha teimpléid EU CC1, is éard atá i gcoigeartuithe rialála asbhaintí ó chistí dílse agus scagairí stuamachta.

3. Ceanglaítear ar institiúidí colún (b) den teimpléad seo a líonadh chun foinse gach mór-ionchur a thaispeáint, rud atá le crostagairt do na rónna comhfhreagracha i dteimpléad EU CC2.

4. Áireoidh institiúidí sa insint a ghabhann leis an teimpléad tuairisc ar na srianta go léir a chuirtear i bhfeidhm maidir le ríomh cistí dílse i gcomhréir le CRR seo agus leis na hionstraimí, scagairí stuamachta agus na hasbhaintí a bhfuil feidhm ag na srianta sin maidir leo. Áireoidh siad chomh maith míniú cuimsitheach ar an mbonn ar a ríomhtar cóimheasa caipitil i gcás go ríomhtar na cóimheasa caipitil sin agus úsáid a bhaint as eilimintí de chistí dílse arna gcinneadh ar bhonn eile seachas é sin a leagtar síos in CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 26(1) agus le hAirteagail 27, 28, 29 de CRR agus liosta EBA dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de CRR, agus miondealú orthu de réir chineál na hionstraime.
2	Tuilleamh coimeádta Tuilleamh coimeádta roimh gach coigeartú rialála i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 26(1) de CRR (sula gcuirfear isteach aon ghlanbhrabúis nó glanchaillteanais eatramhacha)
3	Ioncam cuimsitheach eile carntha (agus cúlchistí eile) Suim ioncaim chuimsithigh eile charntha agus cúlchistí eile i gcomhréir le pointe (d) agus pointe (e) d'Airteagal 26(1) de CRR
EU-3a	Cistí do priacail baincéireachta ginearálta Suim na gcistí le haghaidh priacal baincéireachta ginearálta i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 26(1) de CRR
4	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484 (3) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó Ghnáthchothromas Leibhéal 1 An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484(3) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar a thuairiscítear in Airteagal 486(2) de CRR
5	Leasanna mionlaigh (an méid a cheadaítear i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite) Leasanna mionlaigh (méid ceadaithe i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite) de réir Airteagal 84 de CRR
EU-5a	Brabúis eatramhacha arna n-athbhreithniú go neamhspleách, glan ó aon mhuirear nó díbhinn is intuartha Brabúis eatramhacha arna n-athbhreithniú go neamhspleách, glan ó aon mhuirear nó díbhinn intuartha de réir Airteagal 26(2) de CRR

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
6	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 roimh choigeartuithe rialála Suim na méideanna i ró 1 go EU-5a den teimpléad seo
7	Coigeartuithe luacha breise (méid diúltach) Coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagal 34 agus le hAirteagal 105 de CRR (méid diúltach)
8	Sócmhainní doláimhsithe (glandliteanas cánach gaolmhar) (méid diúltach) Sócmhainní doláimhsithe (glandliteanas cánach gaolmhar) i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagal 37 de CRR (méid diúltach)
9	Neamhbhainteach
10	Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí cé is moite díobh sin a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38 (3) de CRR) (méid diúltach) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí cé is moite díobh sin a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38(3) de CRR) i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagal 38 de CRR (méid diúltach)
11	Cúlchistí luacha chóir a bhaineann le gnóthachain nó caillteanais ar fhálú sreabhadh airgid d'ionstraimí airgeadais nach bhfuil luacháilte ag luach cóir Cúlchistí luacha chóir a bhaineann le gnóthachain nó caillteanais ar fhálú sreabhadh airgid d'ionstraimí airgeadais nach bhfuil luacháilte ag luach cóir i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 33(1) de CRR
12	Méideanna diúltacha a eascraíonn as ríomh méideanna an chaillteanais ionchasaigh Méideanna diúltacha a eascraíonn as ríomh méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagal 40 de CRR
13	Aon mhéadú ar chothromas a thagann as sócmhainní urrúsaithe (méid diúltach) Aon mhéadú ar chothromas a thagann as sócmhainní urrúsaithe i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de CRR (méid diúltach)
14	Gnóthachain nó caillteanais ar dhliteanais arna luacháil ag luach cóir mar thoradh ar athruithe ar sheasamh creidmheasa dílse Gnóthachain nó caillteanais ar dhliteanais arna luacháil ag luach cóir mar thoradh ar athruithe ar sheasamh creidmheasa dílse i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 33(1) de CRR
15	Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe (méid diúltach) Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagal 41 de CRR (méid diúltach)
16	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag institiúid (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag institiúid mar a thuairiscítear i bpointe (f) d'Airteagal 36(1) agus in Airteagal 42 de CRR (méid diúltach)
17	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga mar a thuairiscítear i bpointe (g) d'Airteagal 36(1) agus in Airteagal 44 de CRR (méid diúltach)

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
18	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) mar a thuairiscítear i bpointe (h) d'Airteagal 36(1) agus in Airteagail 43, 45, 46, 49(2) agus (3) agus 79 de CRR (méid diúltach)
19	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) mar a thuairiscítear i bpointe (i) d'Airteagal 36(1), in Airteagail 43, 45, 47, i bpointe (b) d'Airteagal 48(1), agus in Airteagal 49(1) go (3) de CRR (méid diúltach)
20	Neamhbhainteach
EU-20a	Méid risíochta na n-ítimí seo a leanas a cháilíonn do RW 1 250 %, i gcás ina roghnaíonn an institiúid an rogha mhalartach asbhainte Méid risíochta atá incháilithe do RW 1 250 %, i gcás ina roghnaíonn an institiúid an rogha mhalartach asbhainte, mar a thuairiscítear i bpointe (k) d'Airteagal 36 (1) de CRR
EU-20b	ina bhfuil: sealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais (méid diúltach) Den mhéid in EU-20a, an méid a bhaineann le sealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais i gcomhréir le pointe (k)(i) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagal 89 go hAirteagal 91 de CRR (méid diúltach)
EU-20c	ina bhfuil: suíomhanna urrúsúcháin (méid diúltach) Den mhéid in EU-20a den teimpléad sin, an méid a bhaineann le suíomhanna urrúsúcháin, i gcomhréir le pointe (k)(ii) d'Airteagal 36(1), le pointe (b) d'Airteagal 243(1), le pointe (b) d'Airteagal 244(1) agus le hAirteagal 258 de CRR (méid diúltach)'
EU-20d	ina bhfuil: seachadtaí saor ó íocaíochtaí (méid diúltach) Den mhéid in EU-20a den teimpléad seo, an méid a bhaineann le seachadtaí saor ó íocaíochtaí i gcomhréir le pointe (k)(iii) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagal 379(3) de CRR (méid diúltach)
21	Sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (méid os cionn tairseach 10 %, glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38 (3) de CRR) (méid diúltach) Sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (méid os cionn tairseach 10 %, glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha Airteagal 38(3) de CRR) mar a thuairiscítear i bpointe (c) d'Airteagal 36(1), in Airteagal 38 agus i bpointe (a) d'Airteagal 48(1) de CRR (méid diúltach)
22	Méid a sháraíonn an tairseach 17,65 % (méid diúltach) Méid a sháraíonn an tairseach 17.65 % i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de CRR (méid diúltach)

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
23	ina bhfuil: sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin Den mhéid i ró 22 den teimpléad sin, méid na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin mar a thuairiscítear i bpointe (i) d'Airteagal 36(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 48(1) de CRR
24	Neamhbhainteach
25	ina bhfuil: sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha Den mhéid i ró 22 den teimpléad seo, méid na sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha mar a thuairiscítear i bpointe (c) d'Airteagal 36(1), in Airteagal 38 agus i bpointe (a) d'Airteagal 48(1) de CRR
EU-25a	Caillteanais don bhliain airgeadais reatha (méid diúltach) Caillteanais don bhliain airgeadais i gcomhréir le pointe (a) hAirteagal 36(1) de CRR (méid diúltach)
EU-25b	Muirir chánach intuartha a bhaineann le hítimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ach amháin i gcás ina ndéanann an institiúid coigeartú cuí ar mhéid na n-ítimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéid is a laghdaíonn muirir chánach den sórt sin an méid suas go dtí go bhféadfar úsáid a bhaint as na hítimí sin chun priacail nó caillteanais a chumhdach (méid diúltach) Méid na muirear cánach intuartha a bhaineann le hítimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a bheidh intuartha tráth a ríomhfar iad, seachas i gcás ina ndéanann an institiúid coigeartú cuí ar mhéid na n-ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéid is a laghdaíonn muirir chánach den sórt sin an méid suas go dtí go bhféadfar na hítimí sin a chur i bhfeidhm chun priacail nó caillteanais a chumhdach, i gcomhréir le pointe (l) d'Airteagal 36(1) de CRR (méid diúltach)
26	Neamhbhainteach
27	Asbhaintí cáilitheacha chaipiteal breise Leibhéal 1 a sháraíonn ítimí chaipiteal breise Leibhéal 1 na hinstitiúide (méid diúltach) Asbhaintí cáilitheacha chaipiteal breise Leibhéal 1 a sháraíonn ítimí chaipiteal breise Leibhéal 1 na hinstitiúide mar a thuairiscítear i bpointe (j) d'Airteagal 36(1) de CRR (méid diúltach)
EU-27a	Coigeartuithe rialála eile Nochtfaidh institiúidí sa ró seo aon choigeartú rialála is infheidhme, a tuairiscíodh mar chuid den tuairisciú maoirseachta agus nach n-áirítear i ró ar bith eile den teimpléad sin, lena n-áirítear méid na socruithe idirthréimhseacha IFRS 9, nuair is ábhartha, agus go dtí deireadh na hidirthréimhse
28	Iomlán na gcoigeartuithe rialála ar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 Le ríomh mar shuim na méideanna i ró 7 go EU-20a, 21, 22 agus EU-25a go dtí EU-27a den teimpléad sin
29	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá le ríomh mar ró 6 lúide ró 28 den teimpléad seo
30	Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara de réir Airteagal 51 agus Airteagal 52 de CRR
31	ina bhfuil sé: aicmithe mar chothromas faoi na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme An méid i ró 30 den teimpléad sin arna aicmiú mar chothromas faoi chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
32	ina bhfuil sé: aicmithe mar dhliteanais faoi chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme An méid i ró 30 den teimpléad sin arna aicmiú mar dhliteanais faoi chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme
33	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484 (4) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1 An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484(4) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 486(3) de CRR
EU-33 a	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494 a(1) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1
EU-33b	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494b(1) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó chaipiteal breise Leibhéal 1
34	Caipiteal cáilitheach Leibhéal 1 atá san áireamh i gcaipiteal comhdhlúite breise Leibhéal 1 (lena n-áirítear leasanna mionlaigh nach n-áirítear i ró 5) arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus atá i seilbh tríú páirtithe Caipiteal cáilitheach Leibhéal 1 atá san áireamh i gcaipiteal comhdhlúite breise Leibhéal 1 (lena n-áirítear leasanna mionlaigh nach n-áirítear i ró 5 den teimpléad seo) arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus atá i seilbh tríú páirtithe mar a thuairiscítear in Airteagal 85 agus Airteagal 86 de CRR
35	ina bhfuil: ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá faoi réir chéimniú amach Den mhéid i ró 34 den teimpléad seo a bhaineann leis na hionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá faoi réir chéimniú amach mar a thuairiscítear in Airteagal 486(3) de CRR
36	Caipiteal Breise Leibhéal 1 roimh choigeartuithe rialála Suim na méideanna i rónna 30, 33, EU-33a, EU-33b agus 34 den teimpléad seo
37	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse chaipiteal breise Leibhéal 1 atá ag institiúid (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse chaipiteal breise Leibhéal 1 atá ag institiúid mar a thuairiscítear i bpointe (b) d'Airteagal 52(1), i bpointe (a) d'Airteagal 56 agus in Airteagal 57 de CRR (méid diúltach)
38	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga mar a thuairiscítear i bpointe (b) d'Airteagal 56 agus in Airteagal 58 de CRR (méid diúltach)
39	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) mar a thuairiscítear i bpointe (c) d'Airteagal 56 agus in Airteagail 59, 60 agus 79 de CRR (méid diúltach)

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
40	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) mar a thuairiscítear i bpointe (d) d'Airteagal 56 agus in Airteagal 59 agus in Airteagal 79 de CRR (méid diúltach)
41	Neamhbhainteach
42	Asbhaintí cáilitheacha Leibhéal 2 a sháraíonn ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide (méid diúltach) Asbhaintí cáilitheacha Leibhéal 2 a sháraíonn ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide mar a thuairiscítear i bpointe (e) d'Airteagal 56 de CRR (méid diúltach)
EU-42 a	Coigeartuithe rialála eile ar chaipiteal breise Leibhéal 1 Nochtfaidh institiúidí sa ró seo aon choigeartú rialála is infheidhme, a tuairiscíodh mar chuid den tuairisciú maoirseachta agus nach n-áirítear in aon ró eile den teimpléad seo
43	Coigeartuithe rialála iomlána ar chaipiteal Breise Leibhéal 1 Suim na méideanna i rónna 37 go EU-42a den teimpléad seo
44	Caipiteal Breise Leibhéal 1 Caipiteal Breise Leibhéal 1, atá le ríomh mar ró 36 lúide ró 43 den teimpléad seo
45	Caipiteal Leibhéal 1 (Leibhéal 1 = Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 + Caipiteal Breise Leibhéal 1) Caipiteal Leibhéal 1, le ríomh mar ró 29 móide ró 44 den teimpléad seo
46	Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara Ionstraimí caipitil agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara mar a thuairiscítear in Airteagal 62 agus Airteagal 63 de CRR
47	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 484(5) de CRR agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara atá faoi réir chéimniú amach ó Leibhéal 2 mar a thuairiscítear in Airteagal 486(4) de CRR
EU-47a	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494 a(2) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó Leibhéal 2
EU-47b	An méid ítimí cáilitheacha dá dtagraítear in Airteagal 494b(2) de CRR atá faoi réir chéimniú amach ó Leibhéal 2
48	Ionstraimí cáilitheacha cistí dílse atá san áireamh i gcaipiteal comhdhlúite Leibhéal 2 (lena n-áirítear leasanna mionlaigh agus ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 nach n-áirítear i ró 5 nó ró 34) arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus atá i seilbh tríú páirtithe Ionstraimí cáilitheacha cistí dílse atá san áireamh i gcaipiteal comhdhlúite Leibhéal 2 (lena n-áirítear leasanna mionlaigh agus ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 nach n-áirítear i ró 5 nó ró 34 den teimpléad seo) arna n-eisiúint ag fochuideachtaí agus atá i seilbh tríú páirtithe mar a thuairiscítear in Airteagal 87 agus Airteagal 88 de CRR
49	ina bhfuil: ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá faoi réir chéimniú amach Den mhéid i ró 48, an méid a bhaineann le hionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí atá faoi réir chéimniú amach, mar a thuairiscítear in Airteagal 486(4) de CRR

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
50	Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa i gcomhréir le pointe (c) agus pointe (d) d'Airteagal 62 de CRR
51	Caipiteal Leibhéal 2 roimh choigeartuithe rialála Suim na méideanna i ró 46 go 48 agus ró 50 den teimpléad seo
52	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe atá ag institiúid (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí dílse Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe atá ag institiúid mar a thuairiscítear i bhfo-phointe (i) de phointe (b) d'Airteagal 63, i bpointe (a) d'Airteagal 66 agus in Airteagal 67 de CRR (méid diúltach)
53	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag na heintitis sin leis an institiúid atá ceaptha cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga mar a thuairiscítear i bpointe (b) d'Airteagal 66 agus in Airteagal 68 de CRR (méid diúltach)
54	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid os cionn tairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) mar a thuairiscítear i bpointe (c) d'Airteagal 66 agus in Airteagail 69, 70 agus 79 de CRR (méid diúltach)
54 a	Neamhbhainteach
55	Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) (méid diúltach) Sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha in ionstraimí Leibhéal 2 agus in iasachtaí fo-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 66 agus in Airteagal 69 agus in Airteagal 79 de CRR (méid diúltach)
56	Neamhbhainteach
EU-56a	Asbhaintí cáilitheacha dliteanas incháilithe a sháraíonn dliteanais incháilithe ítimí na hinstitiúide (méid diúltach) Asbhaintí cáilitheacha dliteanas incháilithe a sháraíonn dliteanais incháilithe ítimí na hinstitiúide i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 66 de CRR (méid diúltach)
EU-56b	Coigeartuithe rialála eile ar chaipiteal Leibhéal 2 Nochtfaidh institiúidí sa ró seo aon choigeartú rialála is infheidhme, a tuairiscíodh mar chuid den tuairisciú maoirseachta agus nach n-áirítear in aon ró eile den teimpléad seo.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
57	Coigeartuithe rialála iomlána ar chaipiteal Leibhéal 2 Suim na méideanna i rónna 52 go EU-56b den teimpléad seo
58	Caipiteal Leibhéal 2 Caipiteal Leibhéal 2 atá le ríomh mar ró 51 lúide ró 57 den teimpléad seo
59	Caipiteal iomlán (Caipiteal iomlán = Leibhéal 1 + Leibhéal 2) Caipiteal iomlán atá le ríomh mar ró 45 móide ró 58 den teimpléad seo
60	Méid iomlán na risíochta ar phriacal Méid iomlán na risíochta ar phriacal an ghrúpa
61	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 Gnáthchothromas Leibhéal 1 (mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) atá le ríomh mar ró 29 arna roinnt ar ró 60 (arna shloinneadh mar chéatadán) den teimpléad sin i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 92(2) de CRR
62	Caipiteal Leibhéal 1 Leibhéal 1 (mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) atá le ríomh mar ró 45 arna roinnt ar ró 60 (arna shloinneadh mar chéatadán) den teimpléad sin i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92(2) de CRR
63	Caipiteal iomlán Caipiteal iomlán (mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) atá le ríomh mar ró 59 arna roinnt ar ró 60 (arna shloinneadh mar chéatadán) den teimpléad sin i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 92(2) de CRR
64	Ceanglais chaipitil fhoriomlána de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hInstitiúide Déanfar ceanglais chaipitil fhoriomlána de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a ríomh mar cheanglas chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 92(1) de CRR, móide ceanglas breise chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a cheanglaítear ar na hinstitiúidí a shealbhú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir (AE) 2013/36 ("CRD"), móide ceanglas maoláin chomhcheangailte i gcomhréir le hAirteagal 128(6) de CRD arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid na risíochta ar phriacal. Le ríomh mar 4.5 % móide na ceanglais bhreise de chuid Cholún 2 a cheanglaítear ar na hinstitiúidí a shealbhú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD móide an ceanglas maoláin chomhcheangailte arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 128, 129, 130, 131 agus 133 de CRD. Léireofar sa ró seo an cóimheas chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar shrianta ar dháileacháin.
65	ina bhfuil: ceanglas caipitil mhaolánaigh caomhantais An méid i ró 64 (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) den teimpléad sin a bhaineann leis an gceanglas maoláin caomhantais i gcomhréir le hAirteagal 129 de CRD
66	ina bhfuil: ceanglas maoláin caipitil frith-thimthriallach An méid i ró 64 (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) den teimpléad sin a bhaineann leis an gceanglas maoláin frith-thimthriallach i gcomhréir le hAirteagal 130 de CRD
67	ina bhfuil: ceanglas maoláin maidir le priacal sistéamach An méid i ró 64 (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) den teimpléad sin a bhaineann leis an gceanglas maoláin maidir le priacal sistéamach i gcomhréir le hAirteagal 133 de CRD

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-67a	ina bhfuil: Ceanglas maoláin um Institiúid a bhfuil Tábhacht Shistéamach Dhomhanda (G-SII) nó ag Institiúid eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach leo (O-SII) An méid i ró 64 (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) den teimpléad sin a bhaineann leis an gceanglas maoláin G-SII nó O-SII i gcomhréir le hAirteagal 131 de CRD
EU-67b	ina bhfuil: ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar phriacail eile seachas priacal na giarála iomarcaí An méid i ró 64 (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) den teimpléad sin a bhaineann le ceanglais cistí dílse breise a eascraíonn as an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta, ceanglais nach mór iad a chomhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE
68	Gnáthchothromas Leibhéal 1 (mar chéatadán de mhéid na risíochta ar phriacal) atá ar fáil tar éis na híoscheanglais caipitil a chomhlíonadh Le ríomh mar ró 61 lúide 4.5 (pointí céatadáin), lúide EU-67b, lúide caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna bhaineadh úsáid as ag an institiúid chun a ceanglais maidir le caipiteal Breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a chomhlíonadh.
69	Neamhbhainteach
70	Neamhbhainteach
71	Neamhbhainteach
72	Sealúchais dhíreacha agus indíreacha i gcistí dílse agus i ndliteanais incháilithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid faoi thairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) Sealúchais dhíreacha agus indíreacha i gcistí dílse agus i ndliteanais incháilithe de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid faoi thairseach 10 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 36(1) agus le hAirteagail 45, 46, le pointe (c) d'Airteagal 56, le hAirteagail 59 agus 60, le pointe (c) d'Airteagal 66, le hAirteagail 69, 70 agus 72i de CRR
73	Sealúchais dhíreacha agus indíreacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid faoi thairseach 17.65 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) Sealúchais dhíreacha agus indíreacha in ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin (méid faoi thairseach 17.65 % agus glan ar shuíomhanna gearra incháilithe) i gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 36(1), le hAirteagail 43, 45, 47, le pointe (b) d'Airteagal 48(1), agus le hAirteagail 49(1) go (3) de CRR (méid iomlán na n-infheistíochtaí nach nochtar i ró 19 agus i ró 23 den teimpléad seo)
74	Neamhbhainteach
75	Sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (méid faoi thairseach 17,65 %, glandliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38 (3) de CRR) Sócmhainní cánach iarchurtha a eascraíonn as difríochtaí sealadacha (méid faoi thairseach 17.65 % i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 48(2) de CRR, glan ar an dliteanas cánach gaolmhar i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 38(3) de CRR) i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 36(1), agus le hAirteagal 38 agus le hAirteagal 48 de CRR (méid iomlán na sócmhainní cánach iarchurtha sin nach nochtar i ró 21 agus i ró 25 den teimpléad seo)

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
76	Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a áirítear i Leibhéal 2 i ndáil le risíochtaí atá faoi réir cur chuige caighdeánaithe (sula gcuirfear an chaidhp i bhfeidhm) Coigeartuithe i leith Priacal Creidmheasa a áirítear i Leibhéal 2 i ndáil le risíochtaí atá faoi réir cur chuige caighdeánaithe i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 62 de CRR
77	Uasteorainn maidir le coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a chur san áireamh i Leibhéal 2 faoi chur chuige caighdeánaithe Uasteorainn maidir le coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a chur san áireamh i Leibhéal 2 faoi chur chuige caighdeánaithe i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 62 de CRR
78	Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa atá san áireamh i Leibhéal 2 maidir le risíochtaí atá faoi réir cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha (sula gcuirfear an chaidhp i bhfeidhm) Coigeartuithe i leith priacal creidmheasa atá san áireamh i Leibhéal 2 maidir le risíochtaí atá faoi réir cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 62 de CRR
79	Uasteorainn maidir le coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a chur san áireamh i Leibhéal 2 faoi chur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha Uasteorainn maidir le coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a chur san áireamh i Leibhéal 2 faoi chur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha i gcomhréir le pointe (d) dAirteagal 62 de CRR
80	Uasteorainn reatha ar ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá faoi réir socruithe céimnithe amach Uasteorainn reatha ar ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá faoi réir socruithe céimnithe amach i gcomhréir le hAirteagal 484(3) agus le hAirteagal 486(2) agus (5) de CRR
81	An méid a eisiatar ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar gheall ar chaidhp (barrachas thar chaidhp tar éis fuascailtí agus aibíochtaí) An méid a eisiatar ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar gheall ar uasteorainn (barrachas thar uasteorainn tar éis fuascailtí agus aibíochtaí) i gcomhréir le hAirteagal 484(3) agus le hAirteagal 486(2) agus (5) de CRR
82	Uasteorainn reatha ar ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 atá faoi réir socruithe céimnithe amach Uasteorainn reatha ar ionstraimí chaipiteal breise Leibhéal 1 atá faoi réir socruithe céimnithe amach i gcomhréir le hAirteagal 484(4), le hAirteagal 486(3) agus le hAirteagal (5) de CRR
83	An méid a eisiatar ó chaipiteal breise Leibhéal 1 mar gheall ar uasteorainn (barrachas thar chaidhp tar éis fuascailtí agus aibíochtaí) An méid a eisiatar ó chaipiteal breise Leibhéal 1 mar gheall ar uasteorainn (barrachas thar uasteorainn tar éis fuascailtí agus aibíochtaí) i gcomhréir le hAirteagal 484(4), Airteagal 486(3) agus (5) de CRR
84	Uasteorainn reatha ar ionstraimí Leibhéal 2 atá faoi réir socruithe céimnithe amach Uasteorainn reatha ar ionstraimí Leibhéal 2 atá faoi réir socruithe céimnithe amach i gcomhréir le hAirteagal 484(5), le hAirteagal 486(4) agus le hAirteagal (5) de CRR
85	An méid a eisiatar ó Leibhéal 2 mar gheall ar uasteorainn (barrachas thar uasteorainn tar éis fuascailtí agus aibíochtaí) An méid a eisiatar ó Leibhéal 2 mar gheall ar uasteorainn (barrachas thar uasteorainn tar éis fuascailtí agus aibíochtaí) i gcomhréir le hAirteagal 484(5), Airteagal 486(4) agus (5) de CRR

Teimpléad EU CC2 – Cistí dílse rialála a réiteach don chlár comhardaithe sna ráitis airgeadais iniúchta

5. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 437 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CC2 a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

6. Nochtfaidh institiúidí an clár comhardaithe atá san áireamh ina ráitis airgeadais fhoilsithe. Is iad na ráitis airgeadais a bheidh sna ráitis airgeadais iniúchta le haghaidh na nochtuithe ag deireadh na bliana.

7. Tá rónna an teimpléid solúbtha agus nochtfaidh institiúidí iad i gcomhréir lena ráitis airgeadais. Áireofar in ítimí cistí dílse sna ráitis airgeadais iniúchta na hítimí uile atá ina gcomhpháirteanna de chistí dílse rialála nó a asbhaintear astu, lena n-áirítear cothromas, dliteanais amhail fiachas, nó línte eile sa chlár comhardaithe a dhéanann difear do chistí dílse rialála amhail sócmhainní doláimhsithe, cáilmheas, sócmhainní cánach iarchurtha. Leathnóidh institiúidí na hítimí cistí dílse sa chlár comhardaithe de réir mar is gá chun a áirithiú go dtaispeánfar ar leithligh na comhpháirteanna go léir atá san áireamh sa teimpléad le haghaidh nochtadh cistí dílse (teimpléad EU CC1). Ní dhéanfaidh institiúidí ach eilimintí den chlár comhardaithe a leathnú suas go dtí an leibhéal gráinneachta atá riachtanach chun na comhpháirteanna atá riachtanach do theimpléad EU CC1 a dhíorthú. Beidh an nochtadh comhréireach le castacht chlár comhardaithe na hinstitiúide.

8. Tá na colúin seasta agus nochtfar iad mar a leanas:

   a. Colún a: Cuirfidh institiúidí na figiúirí arna dtuairisciú sa chlár comhardaithe san áireamh ina ráitis airgeadais fhoilsithe i gcomhréir le raon feidhme cuntasaíochta an chomhdhlúthaithe.

   b. Colún b: Nochtfaidh institiúidí na figiúirí a chomhfhreagraíonn do raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta.

   c. Colún c: Áireoidh institiúidí an chrostagairt idir an ítim a aimsíonn sé féin i dteimpléad EU CC2 agus na hítimí ábhartha sna cistí dílse sa teimpléad nochta EU CC1. Déanfar an tagairt i gcolún c de theimpléad EU CC2 a nascadh leis an tagairt a áirítear i gcolún b de theimpléad EU CC1.

9. Sna cásanna a leanas ina bhfuil raon feidhme comhdhlúthaithe cuntasaíochta agus raon feidhme comhdhlúthaithe stuamachta na hinstitiúide díreach mar an gcéanna, déanfar colúin (a) agus (b) den teimpléad sin a chumasc agus nochtfar an fíoras sin go soiléir:

   d. I gcás ina gcomhlíonann institiúidí na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a hOcht de CRR ar bhonn comhdhlúite nó fo-chomhdhlúite ach go bhfuil raon feidhme an chomhdhlúthaithe agus an modh comhdhlúthaithe a mbaintear úsáid astu don chlár comhardaithe sna ráitis airgeadais comhionann le raon feidhme an chomhdhlúthaithe agus an modh comhdhlúthaithe a shainmhínítear de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon de CRR, agus ina gcuirfidh institiúidí in iúl go soiléir nach bhfuil difríochtaí ann idir na raonta feidhme agus na modhanna comhdhlúthaithe faoi seach.

   e. I gcás ina gcomhlíonann institiúidí na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a hOcht de CRR ar bhonn aonair.

Tábla EU CCA – Príomhghnéithe ionstraimí rialála cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe.

10. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 437 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCA a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

11. Líonfaidh institiúidí tábla EU CCA le haghaidh na gcatagóirí seo a leanas: Ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1, ionstraimí Leibhéal 2 agus, de réir bhrí Airteagal 72b de CRR, ionstraimí dliteanas incháilithe.

12. Is éard a bheidh sna táblaí colúin ar leith ina mbeidh gnéithe gach ionstraime rialála cistí dílse agus gach ionstraim dliteanas incháilithe. I gcásanna ina bhfuil gnéithe comhionanna ag ionstraimí éagsúla den chatagóir chéanna, féadfaidh institiúidí colún amháin a líonadh lena ndéantar na gnéithe comhionanna sin a nochtadh agus na heisiúintí dá dtagraíonn na gnéithe comhionanna a shainaithint. Agus colúin na n-ionstraimí sin á nochtadh acu, déanfaidh institiúidí iad a ghrúpáil faoi thrí Roinn (go cothrománach fad an tábla) chun a léiriú má chomhlíonann siad na ceanglais maidir le (i) cistí dílse amháin (ach nach gcomhlíonann siad dliteanais incháilithe); (ii) ceanglais cistí dílse agus dliteanas incháilithe araon; nó (iii) ceanglais dliteanais incháilithe amháin (ach ní cistí dílse).

13. I ndáil le hionstraimí dliteanas incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata, ní nochtfaidh institiúidí ach urrúis ar ionstraimí airgeadais soshannta idirmhalartach iad, agus gan iasachtaí agus taiscí san áireamh.

Treoracha maidir le tábla príomhghnéithe na n-ionstraimí cistí dílse rialála agus dliteanas incháilithe a líonadh	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	Eisitheoir Déanfaidh institiúidí ainm dlíthiúil an eisitheora a shainaithint. *Téacs saor*
2	Aitheantóir uathúil (e.g. aitheantóir CUSIP, ISIN nó Bloomberg le haghaidh suíomh príobháideach) *Téacs saor*
EU-2a	Suíomh poiblí nó príobháideach Sonróidh institiúidí an ndearnadh an ionstraim a shuíomh go poiblí nó go príobháideach. *Roghnaigh ón roghchlár: [Poiblí] [Príobháideach]*
3	Dlí nó dlíthe rialaithe na hionstraime Sonróidh institiúidí dlí rialaithe nó dlíthe rialaithe na hionstraime. *Téacs saor*
3a	Cumhachtaí díluachála agus coinbhéartachta na n-údarás réitigh a aithint go conarthach Sonróidh institiúidí an bhfuil clásal san ionstraim trína ndéanfar, ar chinneadh ó údarás réitigh nó ó údarás tríú tír ábhartha, príomhshuim na hionstraime a dhíluacháil ar bhonn buan nó an ionstraim a choinbhéartú ina hionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de réir bhrí, i gcás inarb infheidhme, na bhforálacha seo a leanas: — I ndáil le hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, pointe (p) d'Airteagal 52(1) de CRR; — I ndáil le hionstraimí Leibhéal 2, pointe (n) nó pointe (o) d'Airteagal 63 de CRR; — I ndáil le dliteanais incháilithe, pointe (n) d'Airteagal 72b(2) de CRR; — I ndáil le haon cheann de na nithe thuasluaite agus atá faoi rialú ag dlí tríú tír, Airteagal 55 de Threoir (AE) 2019/879 ([2]) ("BRRD"). *Féadfaidh díluacháil agus coinbhéartachta a bheith i gcomhréir le hAirteagal 55 de BRRD agus le haon cheann de na trí fhleasc tosaigh araon.* *Roghnaigh ón roghchlár: [Roghnaigh] [Ná roghnaigh]*
4	An chóir atá ann faoi láthair agus, i gcás inarb infheidhme, rialacha idirthréimhseacha de CRR á gcur san áireamh Sonróidh institiúidí an láimhseáil cistí dílse rialála idirthréimhseach atá in CRR. Is é aicmiú bunaidh na hionstraime an pointe tagartha beag beann ar athaicmiú féideartha i leibhéil níos ísle de chistí dílse. *Roghnaigh ón roghchlár: [Gnáthchothromas Leibhéal 1] [Breis Leibhéal 1] [Leibhéal 2] [Neamh-incháilithe] [Neamhbhainteach]* *Saorthéacs – sonraigh an ndearnadh codán den eisiúint a athaicmiú i leibhéil níos ísle caipitil.*
5	Rialacha iar-idirthréimhseacha de chuid CRR Sonróidh institiúidí láimhseáil rialála cistí dílse faoi CRR gan an láimhseáil idirthréimhseach a chur san áireamh. *Roghnaigh ón roghchlár: [Gnáthchothromas Leibhéal 1] [Breis Leibhéal 1] [Leibhéal 2] [dliteanais incháilithe] [Neamh-incháilithe]*

([2]) TREOIR (AE) 2019/879 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ón gCOMHAIRLE an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).

Treoracha maidir le tábla príomhghnéithe na n-ionstraimí cistí dílse rialála agus dliteanas incháilithe a líonadh	
Uimhir an ró	**Míniú**
6	Incháilithe ag aonair/(fo-) comhdhlúite/ aonair&(fo-)chomhdhlúite Sonróidh institiúidí an leibhéal/na leibhéil laistigh den ghrúpa ag a n-áirítear an ionstraim sna cistí dílse/dliteanais incháilithe. *Roghnaigh ón roghchlár: [Aonair] [(Fo-)Comhdhlúite] [Aonair agus (Fo-)Comhdhlúite]*
7	Cineál ionstraime (cineálacha le sonrú ag gach dlínse) Sonróidh institiúidí cineál ionstraime, ag athrú de réir dlínse. *Maidir le hionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, roghnaigh ainm na hionstraime ar liosta Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna fhoilsiú ag EBA de bhun Airteagal 26(3) de CRR.* *Maidir le hionstraimí eile, roghnaigh ó: roghanna roghchláir atá le cur ar fáil d'institiúidí ag gach dlínse – tagairtí dlíthiúla d'Airteagail de CRR le haghaidh gach cineál ionstraime atá le cur isteach*
8	An méid a aithnítear i gcaipiteal rialála nó i ndliteanais incháilithe (Airgeadra i milliún, ón dáta tuairiscithe is déanaí) Sonróidh institiúidí an méid a aithnítear i gcistí dílse rialála nó i ndliteanais incháilithe. *Saorthéacs – sonraigh go háirithe an bhfuil codanna áirithe de na hionstraimí i leibhéil éagsúla de na cistí dílse rialála agus an bhfuil an méid aitheanta i gcistí dílse rialála éagsúil ón méid a eisíodh.*
9	Méid ainmniúil na hionstraime Méid ainmniúil na hionstraime in airgeadra eisiúna agus airgeadra a mbaintear úsáid as le haghaidh na n-oibleagáidí tuairiscithe *Téacs saor*
EU-9a	Praghas eisiúna Praghas eisiúna na hionstraime *Téacs saor*
EU-9b	Praghas fuascailte Praghas fuascailte na hionstraime *Téacs saor*
10	Aicmiú cuntasaíochta Sonróidh institiúidí an t-aicmiú cuntasaíochta. *Roghnaigh ón roghchlár: [Cothromas Scairshealbhóirí] [Dliteanas – costas amúchta] [Dliteanas – rogha luacha chóir] [Leas neamhrialaithe i bhfochuideachta chomhdhlúite]*
11	Dáta bunaidh na heisiúna Sonróidh institiúidí dáta na heisiúna. *Téacs saor*
12	Suthain nó dátaithe Sonróidh institiúidí cé acu atá an ionstraim dátaithe nó suthain. *Roghnaigh ón roghchlár: [Suthain] [Dátaithe]*
13	Dáta aibíochta bunaidh Maidir leis an ionstraim dátaithe, sonróidh institiúidí an dáta aibíochta bunaidh (lá, mí agus bliain). I gcás ionstraime suthain cuirfear "níl aon aibíocht". *Téacs saor*

Treoracha maidir le tábla príomhghnéithe na n-ionstraimí cistí dílse rialála agus dliteanas incháilithe a líonadh	
Uimhir an ró	**Míniú**
14	Glao eisitheora atá faoi réir formheas maoirseachta roimh ré Sonróidh institiúidí an bhfuil céadrogha ar cheannach eisitheora ann (gach cineál céadrogha ar cheannach). *Roghnaigh ón roghchlár: [Roghnaigh] [Ná roghnaigh]*
15	Dáta roghnach an ghlao, dátaí na nglaonna teagmhasacha agus an méid fuascailte Maidir le hionstraim le céadrogha ar cheannach eisitheora, sonróidh institiúidí an chéad dáta glao má tá céadrogha ar cheannach ag an ionstraim ar dháta sonrach (lá, mí agus bliain) agus, ina theannta sin, sonróidh siad an bhfuil glao cánach agus/nó glao ar theagmhas rialála ag an ionstraim. Sonróidh institiúidí an praghas fuascailte freisin, rud a chuideoidh le measúnú a dhéanamh ar bhuaine. *Téacs saor*
16	Dátaí glaonna ina dhiaidh sin, más infheidhme Sonróidh na hinstitiúidí dátaí glaonna ina dhiaidh sin agus minicíocht na nglaonna sin, más infheidhme, rud a chuideoidh le measúnú a dhéanamh ar bhuaine. *Téacs saor*
17	Díbhinn/cúpón fosaithe nó ar snámh Sonróidh institiúidí an bhfuil an cúpón/díbhinn fosaithe thar shaolré na hionstraime nó ar snámh thar shaolré na hionstraime nó atá fosaithe faoi láthair ach go n-aistreoidh siad chuig ráta comhlúthach amach anseo, nó ar snámh faoi láthair ach go n-aistreoidh siad go ráta fosaithe amach anseo. *Roghnaigh ón roghchlár: [Fosaithe], [Ar snámh] [Fosaithe go ar snámh], [Ar snámh go fosaithe]*
18	Ráta cúpóin agus aon innéacs gaolmhar Sonróidh institiúidí ráta cúpóin na hionstraime agus aon innéacs gaolmhar lena mbaineann na tagairtí sa ráta cúpóin/díbhinne. *Téacs saor*
19	Stopallán díbhinne a bheith ann Sonróidh institiúidí má thoirmisceann neamhíocaíocht cúpón nó díbhinn ar an ionstraim díbhinní a íoc ar chomhscaireanna (i.e. an bhfuil stopallán díbhinne i gceist). *Roghnaigh ón roghchlár: [roghnaigh], [ná roghnaigh]*
EU-20 a	Lánroghnach, i bpáirt lánroghnach nó éigeantach (ó thaobh uainithe de) Sonróidh institiúidí an bhfuil lánrogha iomlán ag an eisitheoir, lánrogha i bpáirt nó lánrogha ar bith maidir le má íoctar cúpón/díbhinn nó mura n-íoctar cúpón/díbhinn. Má tá lánrogha ag an institiúid íocaíochtaí cúpóin/díbhinne a chur ar ceal i ngach cás, ní mór di "lánroghnach" a roghnú (lena n-áirítear nuair atá stopallán díbhinne ann nach bhfuil d'éifeacht aige cosc a chur ar an institiúid íocaíochtaí ar an ionstraim a chur ar ceal). Má tá coinníollacha ann nach mór iad a chomhlíonadh sular féidir íocaíocht a chur ar ceal (e.g. cistí dílse faoi thairseach áirithe), ní mór don institiúid "i bpáirt lánroghnach" a roghnú. Mura féidir leis an institiúid an íocaíocht lasmuigh de dhócmhainneacht a chur ar ceal, ní mór don institiúid "éigeantach" a roghnú. *Roghnaigh ón roghchlár: [Lánroghnach] [I bpáirt lánroghnach] [Éigeantach]* *Téacs saor (sonraigh na cúiseanna leis an rogha, go bhfuil brústocairí díbhinne ann, stopalláin díbhinne, ACSM)*
EU-20b	Lánroghnach, i bpáirt lánroghnach nó éigeantach (i dtéarmaí méid) Sonróidh institiúidí an bhfuil lánrogha iomlán ag an eisitheoir, lánrogha i bpáirt nó lánrogha ar bith ar shuim an chúpóin/na díbhinne. *Roghnaigh ón roghchlár: [Lánroghnach] [I bpáirt lánroghnach] [Éigeantach]*

Treoracha maidir le tábla príomhghnéithe na n-ionstraimí cistí dílse rialála agus dliteanas incháilithe a líonadh	
Uimhir an ró	**Míniú**
21	Uaschéimniú nó dreasacht eile fuascailte a bheith ann Sonróidh institiúidí an bhfuil uaschéimniú nó dreasacht eile fuascailte ann. *Roghnaigh ón roghchlár: [Roghnaigh] [Ná roghnaigh]*
22	Neamhcharnach nó carnach Sonróidh institiúidí an bhfuil díbhinní/cúpóin carnacha nó neamhcharnacha. *Roghnaigh ón roghchlár: [Neamhcharnach] [Carnach] [ACSM]*
23	In-choinbhéartaithe nó neamh-inchoinbhéartaithe Sonróidh institiúidí an bhfuil an ionstraim in-choinbhéartaithe nó nach bhfuil. *Roghnaigh ón roghchlár: [In-choinbhéartaithe] [Neamh-inchoinbhéartaithe]*
24	Más in-choinbhéartaithe, spreagadh nó spreagthaí in-choinbhéartaithe Sonróidh institiúidí na coinníollacha faoina gcoinbhéartófar an ionstraim, lena n-áirítear pointe neamh-inmharthanachta. I gcás ina bhfuil sé ar chumas údaráis amháin nó níos mó coinbhéartaithe a spreagadh, liostófar na húdaráis. I gcás gach ceann de na húdaráis, luafar an iad téarmaí chonradh na hionstraime lena soláthraítear an bunús dlí don údarás chun coinbhéartú a ghníomhachtú (cur chuige conarthach) nó an soláthraítear an bunús dlí trí mhodhanna reachtúla (cur chuige reachtúil). *Téacs saor*
25	Más in-choinbhéartaithe, go hiomlán nó i bpáirt Sonróidh institiúidí an ndéanfaidh an ionstraim coinbhéartú go hiomlán i gcónaí, an bhféadfaidh sí a choinbhéartú go hiomlán nó i bpáirt, nó an ndéanfaidh sí coinbhéartú i bpáirt i gcónaí. *Roghnaigh ón roghchlár: [Go hiomlán i gcónaí] [Go hiomlán nó i bpáirt] [I bpáirt i gcónaí]*
26	Más in-chomhbhéartaithe, ráta coinbhéartaithe Sonróidh institiúidí an ráta coinbhéartachta san ionstraim ionsúcháin caillteanais. *Téacs saor*
27	Más coinbhéartú in-choinbhéartaithe, éigeantach nó roghnach atá ann I gcás ionstraimí in-choinbhéartaithe, sonróidh institiúidí an bhfuil coinbhéartú éigeantach nó roghnach. *Roghnaigh ón roghchlár: [Éigeantach] [Roghnach] [Neamhbhainteach] agus [de rogha na sealbhóirí] [de rogha an eisitheora] [de rogha na sealbhóirí agus an eisitheora araon]*
28	Más in-choinbhéartú, sonraigh an cineál ionstraime gur féidir é a bheith in-choinbhéartaithe chuige I gcás ionstraimí in-choinbhéartaithe, sonróidh institiúidí an cineál ionstraime gur féidir é a bheith in-choinbhéartaithe chuige. Cuidíonn sé le measúnú a dhéanamh ar ionsú caillteanais. *Roghnaigh ón roghchlár: [Gnáthchothromas Leibhéal 1] [Breis Leibhéal 1] [Leibhéal 2] [Eile]*
29	Má tá sé in-choinbhéartaithe, sonraigh eisitheoir ionstraime chuig a gcoinbhéartaíonn sé *Téacs saor*
30	Gnéithe a dhíluacháil Sonróidh institiúidí an bhfuil gné díluachála i gceist. *Roghnaigh ón roghchlár: [Roghnaigh] [Ná roghnaigh]*

Treoracha maidir le tábla príomhghnéithe na n-ionstraimí cistí dílse rialála agus dliteanas incháilithe a líonadh	
Uimhir an ró	**Míniú**
31	Má tá díluacháil, spreagadh nó spreagthaí díluachála Sonróidh institiúidí na spreagthaí lena dtarlaíonn díluacháil, lena n-áirítear pointe neamh-inmharthanachta. I gcás ina mbeidh údarás amháin nó níos mó in ann díluacháil a spreagadh, liostófar na húdaráis. I gcás gach ceann de na húdaráis, luafar an é téarmaí chonradh na hionstraime lena soláthraítear an bunús dlí don údarás chun díluacháil a spreagadh (cur chuige conarthach) nó an soláthraítear an bunús dlí trí mhodhanna reachtúla (cur chuige reachtúil *Téacs saor*
32	Má tá díluacháil, díluacháil iomlán nó i bpáirt Sonróidh institiúidí an ndéanfar an ionstraim a dhíluacháil ina hiomláine i gcónaí, an bhféadfar í a dhíluacháil i bpáirt, nó an ndéanfar í a dhíluacháil i bpáirt i gcónaí. Cuidíonn sé le measúnú a dhéanamh ar an leibhéal ionsúcháin caillteanais ag an díluacháil. *Roghnaigh ón roghchlár: [Go hiomlán i gcónaí] [Go hiomlán nó i bpáirt] [I gcónaí i bpáirt]]*
33	Más díluacháil, díluacháil bhuan nó sealadach I gcás na hionstraime díluachála, sonróidh institiúidí an bhfuil díluacháil buan nó sealadach. *Roghnaigh ón roghchlár: [Buan] [Sealadach] [Neamhbhainteach]*
34	Más díluacháil sealadach, tuairisc ar an sásra uasluachála Déanfaidh institiúidí tuairisc ar an sásra uasluachála. *Téacs saor*
34a	Cineál fo-ordúcháin (i gcás dliteanais incháilithe amháin) Sonróidh institiúidí an gcomhlíonann an ionstraim aon cheann de na cineálacha fo-ordúcháin a thuairiscítear i bpointí (d)(i), (ii) agus (iii) d'Airteagal 72b(2) de CRR. *Roghnaigh ón roghchlár:* *[Conarthach] má chomhlíonann an ionstraim na ceanglais a leagtar amach i bpointe (d)(i) d'Airteagal 72b(2) de CRR;* *[Reachtúil] má chomhlíonann an ionstraim na ceanglais a leagtar amach i bpointe (d)(ii) d'Airteagal 72b(2) de CRR;* *[Struchtúrach] má chomhlíonann an ionstraim na ceanglais a leagtar amach i bpointe (d)(iii) d'Airteagal 72b(2) de CRR;* *[Díolúine ó fho-ordú] i gcás nach gcomhlíonann an ionstraim aon cheann de na cineálacha fo-ordúcháin thuasluaite agus ar choinníoll go gceadaítear don institiúid, de bhun Airteagal 72b(4) de CRR, dliteanais neamh-fho-ordaithe a chur san áireamh mar ítimí dliteanas incháilithe.*
EU-34b	Rangú na hionstraime i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta Sonróidh institiúidí rangú na hionstraime i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta. *Mar a shainítear in [caighdeán teicniúil cur chun feidhme maidir le híoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a thuairisciú].*
35	Suíomh in ordlathas fo-ordúcháin i leachtú (sonraigh an cineál ionstraime díreach níos sinsearaí ná an ionstraim) Sonróidh institiúidí an ionstraim is mó a bhfuil sé díreach faoina réir. Nuair is infheidhme, sonróidh bainc uimhreacha colúin na n-ionstraimí i dtábla na bpríomhghnéithe líonta a bhfuil an ionstraim is mó a bhfuil sé faoina réir. *Téacs saor*
36	Gnéithe idirthréimhseacha neamhchomhlíontacha Sonróidh institiúidí an bhfuil gnéithe neamhchomhlíontacha ann. *Roghnaigh ón roghchlár: [Roghnaigh] [Ná roghnaigh]*

Treoracha maidir le tábla príomhghnéithe na n-ionstraimí cistí dílse rialála agus dliteanas incháilithe a líonadh	
Uimhir an ró	**Míniú**
37	Más é roghnaigh a roghnaíodh, sonraigh gnéithe neamhchomhlíontacha Má tá gnéithe neamhchomhlíontacha ann, sonróidh an institiúid cé na gnéithe sin. *Téacs saor*
EU-37a	Nasc chuig téarma iomlán agus coinníollacha na hionstraime (comharthaíocht) Cuirfidh institiúidí san áireamh an hipearnasc a thugann rochtain ar réamheolaire na heisiúna, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha uile na hionstraime.

IARSCRÍBHINN IX

Teimpléad AE CCyB1 – Dáileadh geografach na risíochtaí creidmheasa atá ábhartha chun an maolán frith-thimthriallach a ríomh

		a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k	l	m
		Risíochtaí creidmheasa ginearálta		Risíochtaí creidmheasa ábhartha – Priacal margaidh				Ceanglais cistí dílse						
		Luach na risíochta faoin gcur chuige caighdeánaithe	Luach na risíochta faoin gcur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha	Suim na suíomhanna fada agus gearra de risíochtaí leabhair trádála le haghaidh cur chuige caighdeánaithe	Luach risíochtaí leabhair trádála maidir le samhlacha inmheánacha	Luach na risíochta risíochtaí ar urrúsú maidir le leabhar neamhthrádála	Luach iomlán na risíochta	Risíochtaí priacal creidmheasa ábhartha - Priacal creidmheasa	Risíochtaí creidmheasa ábhartha – Priacal margaidh	Risíochtaí ábhartha creidmheasa – Suíomhanna urrúsúcháin sa leabhar neamhthrádála	Iomlán	Méideanna risíochta atá ualaithe de réir priacal	Ualuithe na gceanglas cistí dílse (%)	Ráta maoláin frith-thimthriallach (%)
010	**Miondealú de réir tíre:**													
	Tír: 001													
	Tír: 002													
	…													
	Tír: NNN													
020	Iomlán													

Teimpléad AE CCyB2 - Méid an mhaoláin caipitil fhrith-thimthriallaigh atá sainiúil don institiúid

		a
1	Méid iomlán na risíochta ar phriacal	
2	Ráta an mhaoláin caipitil fhrith-thimthriallaigh atá sainiúil don institiúid	
3	Ceanglas an mhaoláin caipitil fhrith-thimthriallaigh atá sainiúil don institiúid	

IARSCRÍBHINN X

Treoracha maidir le faisnéis maidir le maolán caipitil frith-thimthriallach a nochtadh

Teimpléad EU CCyB1 – Dáileadh geografach na risíochtaí creidmheasa atá ábhartha chun an maolán caipitil frith-thimthriallach a ríomh. Formáid sheasta le haghaidh colún, formáid sholúbtha le haghaidh rónna.

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 440 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCyB1 a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

2. Tá raon feidhme teimpléad EU CyB1 teoranta do risíochtaí creidmheasa atá ábhartha chun CCyB a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 140(4) de Threoir (AE) 2013/36 ([2]) ('CRD').

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010-01X	**Miondealú de réir tíre** Liosta tíortha ina bhfuil risíochtaí creidmheasa ag an institiúid atá ábhartha chun an maolán frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid a ríomh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ([3]) ón gCoimisiún Féadfaidh líon na rónna a bheith éagsúil ag brath ar líon na dtíortha ina bhfuil risíochtaí creidmheasa ag an institiúid atá ábhartha chun an maolán frith-thimthriallach a ríomh. Uimhreoidh institiúidí na rónna do gach tír i ndiaidh a chéile, ag tosú le 010. I gcomhréir le Rialachán tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún, má tá risíochtaí sa leabhar trádála nó risíochtaí creidmheasa eachtracha institiúide níos lú ná 2 % dá risíochtaí comhiomlána atá ualaithe ó thaobh priacal, féadfaidh an institiúid rogha a dhéanamh na risíochtaí sin a leithdháileadh ar áit na hinstitiúide (*i.e.* Ballstát baile na hinstitiúide). Má áirítear risíochtaí ó thíortha eile ar na risíochtaí don áit institiúide, déanfar iad a shainaithint go soiléir i bhfonóta a ghabhann leis an teimpléad don nochtadh.
020	**Iomlán** An luach mar a thuairiscítear i gcomhréir leis an míniú ar cholúin a go m den teimpléad reatha.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Luach risíochta na risíochtaí creidmheasa ginearálta faoin gcur chuige caighdeánaithe** Luach risíochta risíochtaí creidmheasa ábhartha arna chinneadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le hAirteagal 111 de CRR Ní áireofar luach risíochta risíochtaí creidmheasa ábhartha arna chinneadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 140(4) de CRD, mar aon le pointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 248 de CRR anseo ach in e den teimpléad sin.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([2]) TREOIR 2013/36/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([3]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 1152/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 4 Meitheamh 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le suíomh geografach na risíochtaí creidmheasa ábhartha a shainaithint chun rátaí maolán caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid a ríomh (IO L 309, 30.10.2014, lch. 5).

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
	Déanfar miondealú geografach i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún. Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na risíochtaí creidmheasa ábhartha go léir i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le hAirteagal 111 de CRR.
b	**Luach risíochta risíochtaí creidmheasa ginearálta faoin gcur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha** Luach risíochta risíochtaí creidmheasa ábhartha arna chinneadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 140(4) de CRD, Airteagal 166, Airteagal 167 agus Airteagal 168 de CRR Ní áireofar luach risíochta risíochtaí creidmheasa ábhartha arna chinneadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 140(4) de CRD, pointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 248 de CRR anseo ach i gcolún e den teimpléad sin. Déanfar miondealú geografach i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún. Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na risíochtaí creidmheasa ábhartha uile i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 140(4) de CRD, Airteagal 166, Airteagal 167 agus Airteagal 168 de CRR.
c	**Suim na suíomhanna fada agus gearra de risíochtaí leabhair trádála le haghaidh cur chuige caighdeánaithe** Suim na suíomhanna fada agus gearra de risíochtaí creidmheasa ábhartha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD, arna ríomh mar shuim na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 327 de CRR Déanfar miondealú geografach i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún. Ró 020 (Iomlán): Déanfar suim gach suíomh fada agus gearr de risíochtaí creidmheasa ábhartha a chinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD, arna ríomh mar shuim na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 327 de CRR.
d	**Luach risíochtaí leabhair trádála maidir le samhlacha inmheánacha** Suim den mhéid seo a leanas: — Luach cóir na suíomhanna airgid thirim arb ionann é agus risíochtaí creidmheasa ábhartha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus Airteagal 104 de CRR; — Luach barúlach na ndíorthach arb ionann é agus risíochtaí creidmheasa ábhartha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD. Déanfar miondealú geografach i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún. Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim luacha chóir na suíomhanna airgid go léir arb ionann í agus risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le hAirteagal 104 de CRR, agus cinnfear suim luach barúlach na ndíorthach uile arb ionann é agus risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD.
e	**Luach risíochta risíochtaí ar urrúsú maidir le leabhar neamhthrádála** Luach risíochta risíochtaí creidmheasa ábhartha arna chinneadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 140(4) de CRD, pointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 248 CRR Déanfar miondealú geografach i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 1152/2014 ón gCoimisiún. Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na risíochtaí creidmheasa ábhartha go léir i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le pointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 248 CRR.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
f	**Luach iomlán na risíochta** Suim na méideanna i gcolúin a, b, c, d agus e den teimpléad seo Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na risíochtaí creidmheasa ábhartha go léir i gcomhréir le hAirteagal 140(4) de CRD.
g	**Ceanglais cistí dílse – Risíochtaí ábhartha ar phriacal creidmheasa – Priacal creidmheasa** Ceanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha sa tír atá i gceist, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus Teideal II de Chuid a Trí de CRR, agus aird á tabhairt ar na ceanglais cistí dílse a bhaineann le haon choigeartuithe a bhaineann go sonrach le tír ar leith ar ualaí priacail a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 458 de CRR Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na gceanglas cistí dílse uile le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le Teideal II de Chuid a Trí de CRR.
h	**Ceanglais cistí dílse – Risíochtaí ábhartha ar chreidmheas – priacal margaidh** Ceanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha sa tír atá i gceist, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le Caibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR i gcás priacail shonraigh, nó i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR le haghaidh priacal incriminteach mainneachtana agus imirce Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na gceanglas cistí dílse uile le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le Caibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR i gcás priacail shonraigh nó le Caibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR i gcás priacail incrimintigh mainneachtana agus imirce.
i	**Ceanglais cistí dílse – Risíochtaí ábhartha ar chreidmheas – Suíomhanna urrúsúcháin sa leabhar neamhthrádála** Ceanglais cistí dílse le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha sa tír atá i gceist, arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na gceanglas cistí dílse uile le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 140(4) de CRD, agus le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
j	**Ceanglais cistí dílse – Iomlán** Suim na méideanna i gcolúin g, h agus i den teimpléad seo Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na gceanglas cistí dílse uile le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 140(4) de CRD.
k	**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha, arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 140(4) CRD, miondealaithe de réir tíre agus aon choigeartuithe tír-shonracha ar ualuithe priacal a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 458 CRR á gcur san áireamh Ró 020 (Iomlán): Cinnfear suim na méideanna risíochta uile atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh risíochtaí creidmheasa ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 140(4) de CRD.
l	**Ualuithe na gceanglas cistí dílse (%)** An t-ualú a chuirtear i bhfeidhm ar an ráta maolán frith-thimthriallach i ngach tír, arna ríomh mar iomlán na gceanglas cistí dílse a bhaineann leis na risíochtaí creidmheasa ábhartha sa tír atá i gceist (ró 01X, colún j den teimpléad seo), arna roinnt ar iomlán na gceanglas cistí dílse a bhaineann le gach risíocht creidmheasa atá ábhartha chun an maolán frith-thimthriallach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 140(4) de CRD (ró 020, colún j den teimpléad seo) Nochtfar an luach seo mar chéatadán le 2 phointe dheachúla.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
m	**Ráta maoláin caipitil frith-thimthriallach (%)** Ráta maoláin caipitil frith-thimthriallach is infheidhme sa tír atá i gceist, agus a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagail 136, 137, 138 agus 139 de CRD Ní áireofar sa cholún seo rátaí maolán frith-thimthriallacha a socraíodh, ach nach bhfuil infheidhme fós tráth a ríomhtar an maolán caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid a bhaineann leis an nochtadh. Nochtar an luach seo mar chéatadán leis an líon céanna pointí deachúla agus atá socraithe i gcomhréir le hAirteagail 136, 137, 138 agus 139 de CRD.

Teimpléad EU CCyB2 – Méid an mhaoláin caipitil fhrith-thimthriallaigh atá sainiúil don institiúid

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 440 de CRR trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCyB2 a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Méid iomlán na risíochta ar phriacal** Méid iomlán na risíochta ar phriacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de CRR
2	**Ráta an mhaoláin caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid (%)** Ráta an mhaoláin caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 140(1) de CRD Déantar ráta an mhaoláin caipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid a ríomh mar mheán ualaithe na rátaí maolán frith-thimthriallacha a bhfuil feidhm acu sna tíortha ina bhfuil risíochtaí creidmheasa ábhartha na hinstitiúide lonnaithe i sraitheanna 010.1 go 010.X de cholún m den teimpléad EU CCyB1. Is é an t-ualú a chuirtear i bhfeidhm ar an ráta maolán frith-thimthriallach i ngach tír an sciar de na ceanglais cistí san iomlán ar cheanglais cistí dílse, agus is i dteimpléad EU CCyB1 colún l atá sé. Nochtar an luach seo mar chéatadán le 2 phointe dheachúil.
3	**Ceanglas maoláin chaipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid** Ceanglas maoláin chaipitil frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid, arna ríomh mar an ráta maoláin frith-thimthriallach atá sainiúil don institiúid, mar a nochtar i ró 2 den teimpléad sin, ceanglas a chuirtear i bhfeidhm ar mhéid iomlán na risíochta ar phriacal mar a nochtar é i ró 1 den teimpléad sin.

Tagairtí dlíthiúla agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	An luach mar a thuairiscítear i gcomhréir leis an míniú ar róeanna 1 go 3 den teimpléad atá ann faoi láthair.

IARSCRÍBHINN XI

Teimpléad EU LR1 - LRSum: Réiteach achomair ar shócmhainní cuntasaíochta agus risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe

		a
		Méid infheidhme
1	Iomlán na sócmhainní de réir na ráiteas airgeadais foilsithe	
2	Coigeartú i gcás eintitis atá comhdhlúite chun críocha cuntasaíochta ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta	
3	(Coigeartú le haghaidh risíochtaí urrúsaithe a chomhlíonann na ceanglais oibríochtúla chun aistriú riosca a aithint)	
4	(Coigeartú do dhíolúine shealadach maidir le risíochtaí ar bhainc cheannais (más infheidhme))	
5	(Coigeartú ar shócmhainní muiníneacha a aithnítear ar an gclár comhardaithe de bhun an chreata cuntasaíochta is infheidhme ach a eisiatar ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 429a(1) CRR)	
6	Coigeartú i leith gnáthcheannach agus gnáthdhíolachán sócmhainní airgeadais faoi réir cuntasaíochta dáta trádála	
7	Coigeartú i leith idirbhearta comhthiomsaithe airgid incháilithe	
8	Coigeartú le haghaidh ionstraimí airgeadais díorthacha	
9	Coigeartú d'idirbhearta maoinithe urrús (IMUanna)	
10	Coigeartú i leith ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe (i.e. risíochtaí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a chomhshó go méideanna coibhéiseacha creidmheasa)	
11	(Coigeartú le haghaidh coigeartuithe luachála stuama agus forálacha sonracha agus ginearálta a bhfuil caipiteal Leibhéal 1 laghdaithe acu)	
EU-11a	(Coigeartú ar risíochtaí atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429a(1) CRR)	
EU-11b	(Coigeartú ar risíochtaí atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 429a(1) CRR	

		a
		Méid infheidhme
12	Coigeartuithe eile	
13	**Tomhas na risíochta iomláine**	

Teimpléad EU LR2 - LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa luamhánaithe

		Risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe CRR	
		a	b
		T	T-1
Risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh ná IMUanna a áireamh)			
1	Ítimí laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh, IMUanna a áireamh, ach comhthaobhacht san áireamh)		
2	Ollardú do chomhthaobhacht díorthach arna soláthar, i gcás ina n-asbhaintear iad ó shócmhainní an chláir chomhardaithe de bhun an chreata cuntasaíochta is infheidhme		
3	(Asbhaintí sócmhainní infhaighte le haghaidh corrlach athrúcháin airgid arna soláthar in idirbhearta díorthach)		
4	(Coigeartú i leith urrús a fhaightear faoi idirbhearta maoinithe urrús a aithnítear mar shócmhainn)		
5	(Coigeartuithe ginearálta riosca creidmheasa ar ítimí atá laistigh den chlár comhardaithe)		
6	(Méideanna sócmhainne arna n-asbhaint agus caipiteal Leibhéal 1 á chinneadh)		
7	Risíochtaí iomlána laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh ná IMUanna a áireamh)		
Risíochtaí díorthach			
8	Costas athsholáthair a bhaineann le hidirbhearta díorthach CCC-RCC (i.e. glan ar chorrlach athrúcháin airgid incháilithe)		
EU-8a	Maolú maidir le díorthaigh: ranníocaíocht costas athsholáthair faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe		

		Risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe CRR	
		a	b
		T	T-1
9	Méideanna forlíontáin le haghaidh risíocht fhéideartha thodhchaíoch a bhaineann le hidirbhearta díorthach CCC-RCC		
EU-9a	Maolú maidir le díorthaigh: Rannchuidiú na risíochta féideartha todhchaíche faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe		
EU-9b	Risíocht arna cinneadh faoi Mhodh na Risíochta Tosaigh		
10	(Céim CPL dhíolmhaithe de risíochtaí trádála atá imréitithe do chliant) (CCR-CCR)		
EU-10a	(Céim CPL dhíolmhaithe de risíochtaí trádála atá imréitithe do chliant) (cur chuige caighdeánaithe simplithe)		
EU-10b	(Céim CPL dhíolmhaithe de risíochtaí trádála atá imréitithe do chliant) (Modh na Risíochta Tosaigh)		
11	Méid barúlach iarbhír coigeartaithe na ndíorthach creidmheasa i scríbhinn		
12	(Frithláirimh atá barúlach iarbhír agus coigeartaithe mar aon le hasbhaintí forlíontáin i gcomhair díorthaigh chreidmheasa i scríbhinn)		
13	**Iomlán na risíochtaí díorthach**		
Risíochtaí ar idirbhearta maoinithe urrús			
14	Ollsócmhainní IMU (gan glanluacháil a aithint), tar éis coigeartú le haghaidh idirbhearta cuntasaíochta díolacháin		
15	(Méideanna glanluacháilte airgid iníoctha agus airgid infhaighte d'ollsócmhainní IMU)		
16	Risíocht ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí maidir le sócmhainní IMU		
EU-16a	Maolú le haghaidh IMUanna: Risíocht ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagail 429e(5) agus 222 CRR		
17	Risíochtaí ar idirbhearta gníomhaire		
EU-17a	(Céim CPL dhíolmhaithe de risíocht IMU atá imréitithe do chliant)		

		Risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe CRR	
		a	b
		T	T-1
18	**Iomlán na risíochtaí ar idirbhearta maoinithe urrús**		
	Risíochtaí eile atá lasmuigh den chlár comhardaithe		
19	Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe ag an ollmhéid barúlach		
20	(Coigeartuithe le haghaidh comhshó go méideanna coibhéiseacha creidmheasa)		
21	(Forálacha ginearálta arna n-asbhaint le linn caipiteal Leibhéal 1 agus forálacha sonracha a bhaineann le risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe a chinneadh)		
22	**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe**		
	Risíochtaí eisiata		
EU-22a	(Risíochtaí atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429a(1) CRR)		
EU-22b	(Risíochtaí atá díolmhaithe i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 429a(1) CRR (ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de))		
EU-22c	(Risíochtaí eisiata banc (nó aonad) forbartha poiblí - Infheistíochtaí san earnáil phoiblí)		
EU-22d	(Risíochtaí eisiata banc (nó aonad) forbartha poiblí - Iasachtaí cur chun cinn)		
EU-22e	(Risíochtaí eisiata ar iasachtaí cur chun cinn arna n-aistriú ag bainc (nó aonaid) forbartha neamhphoiblí)		
EU-22f	(Codanna ráthaithe eisiata de risíochtaí a thagann as creidmheasanna onnmhairiúcháin)		
EU-22g	(Comhthaobhacht bharrachais eisiata arna taisceadh le gníomhairí tripháirteacha)		
EU-22h	(Seirbhísí eisiata, a bhaineann le taisclann lárnach urrús, de chuid taisclann lárnach urrús/institiúidí i gcomhréir le pointe (o) d'Airteagal 429a(1) CRR)		
EU-22i	(Seirbhísí eisiata, a bhaineann le taisclann lárnach urrús, de chuid institiúidí ainmnithe i gcomhréir le pointe (p) d'Airteagal 429a(1) CRR)		
EU-22j	(Laghdú ar luach risíochta na n-iasachtaí réamh-mhaoinithe nó idirmheánacha)		

		Risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe CRR	
		a	b
		T	T-1
EU-22k	(Iomlán na risíochtaí eisiata)		
Tomhas an chaipitil agus na risíochta iomláine			
23	**Caipiteal Leibhéal 1**		
24	**Tomhas na risíochta iomláine**		
Cóimheas luamhánaithe			
25	Cóimheas luamhánaithe (%)		
EU-25	Cóimheas luamhánaithe (gan tionchar na díolúine ó infheistíochtaí san earnáil phoiblí agus iasachtaí cur chun cinn a áireamh) (%)		
25a	Cóimheas luamhánaithe (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh) (%)		
26	An t-íoscheanglas rialála maidir le cóimheas luamhánaithe (%)		
EU-26a	Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal maidir le luamhánú iomarcach (%)		
EU-26b	céatadán: a bheidh comhdhéanta de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1		
27	An ceanglas maidir le maolán cóimheasa luamhánaithe (%)		
EU-27a	An ceanglas foriomlán maidir le cóimheas luamhánaithe (%)		
Rogha maidir le socruithe idirthréimhseacha agus risíochtaí ábhartha			
EU-27b	Rogha maidir le socruithe idirthréimhseacha chun an tomhas caipitil a shainmhíniú		
Meánluachanna a nochtadh			
28	An meán a bhaineann le luachanna lEUthúla ollsócmhainní IMU, tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil		
29	Luach dheireadh na ráithe d'ollsócmhainní IMU, tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil		

		Risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe CRR	
		a	b
		T	T-1
30	Tomhas na risíochta iomláine (lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais) lena n-ionchorpraítear meánluachanna ó shraith 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)		
30a	Tomhas na risíochta iomláine (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh) lena n-ionchorpraítear meánluachanna ó shraith 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)		
31	Cóimheas luamhánaithe (lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais) a ionchorpraíonn meánluachanna ó sraith 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)		
31a	Cóimheas luamhánaithe (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh) lena n-ionchorpraítear meánluachanna ó shraith 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)		

Teimpléad EU LR3 - LRSpl: Roinnt na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh, IMUanna ná risíochtaí díolmhaithe a áireamh)

		a
		Risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe CRR
EU-1	**Risíochtaí iomlána laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh ná IMUanna, ná risíochtaí díolmhaithe a áireamh), agus maidir leo sin:**	
EU-2	Risíochtaí leabhair trádála	
EU-3	Risíochtaí an leabhair baincéireachta, agus maidir leo sin:	
EU-4	Bannaí cumhdaithe	
EU-5	Risíochtaí a láimhseáiltear mar stáit	

		a
EU-6	Risíochtaí ar rialtais réigiúnacha, ar MDB, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar eintitis earnála poiblí, nach láimhseáiltear mar stáit	
EU-7	Institiúidí	
EU-8	Arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe	
EU-9	Risíochtaí ar mhiondíol	
EU-10	Corparáidí	
EU-11	Risíochtaí ar mainneachtain	
EU-12	Risíochtaí eile (e.g. cothromas, urrúsuithe, agus sócmhainní eile oibleagáide neamhchreidmheasa)	

Tábla EU LRA: Faisnéis cháilíochtúil LR a nochtadh

		a
Sraith		Saorfhormáid
(a)	Tuairisc ar na próisis a úsáidtear chun an priacal maidir le luamhánú iomarcach a bhainistiú	
(b)	Tuairisc ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar an gcóimheas luamhánaithe le linn na tréimhse a dtagraíonn an cóimheas luamhánaithe nochta dó	

IARSCRÍBHINN XII

Treoracha le haghaidh nochtuithe cóimheasa luamhánaithe

Teimpléad EU LR1 – LRSum: Réiteach achomair ar shócmhainní cuntasaíochta agus risíochtaí ar chóimheas luamhánaithe. Teimpléad formáide seasta.

1. Déanfaidh na hinstitiúidí na treoracha a thugtar sa Roinn seo a chur i bhfeidhm chun teimpléad EU LR1 - LRSum a chomhlánú i gcur i bhfeidhm phointe (b) d'Airteagal 451(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 [1] ("CRR").

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Iomlán na sócmhainní de réir na ráiteas airgeadais foilsithe** Nochtfaidh institiúidí na sócmhainní iomlána arna bhfoilsiú ina ráitis airgeadais faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme mar a shainmhínítear i bpointe (77) d'Airteagal 4(1) CRR.
2	**Coigeartú i gcás eintitis atá comhdhlúite chun críocha cuntasaíochta ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta** Nochtfaidh institiúidí an difríocht ó thaobh luacha idir tomhas na risíochta iomláine mar a nochtar i sraith 13 de theimpléad EU LR1 - LRSum agus sócmhainní cuntasaíochta iomlána mar a nochtar i sraith 1 de theimpléad EU LR1 - LRSum, a eascraíonn as difríochtaí idir raon feidhme cuntasaíochta an chomhdhlúthaithe agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin méadú ar an risíocht, nochtfaidh institiúidí é sin mar mhéid dearfach. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin laghdú ar an risíocht, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
3	**(Coigeartú le haghaidh risíochtaí urrúsaithe a chomhlíonann na ceanglais oibríochtúla chun aistriú priacail a aithint)** **Pointe (m) d'Airteagal 429a(1) CRR** Nochtfaidh institiúidí méid na risíochtaí urrúsaithe ó urrúsuithe traidisiúnta a chomhlíonann na coinníollacha maidir le haistriú priacail shuntasaigh a leagtar amach in Airteagal 244(2) CRR. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
4	**(Coigeartú do dhíolúine shealadach maidir le risíochtaí ar bhainc cheannais (más infheidhme))** **Pointe (n) d'Airteagal 429a(1) CRR** **Más infheidhme, nochtfaidh institiúidí méid na mbonn agus na nótaí bainc arb airgeadra dlíthiúil iad i ndlínse an bhainc ceannais agus méid na sócmhainní atá in ionannas le héilimh ar an mbanc ceannais, lena n-áirítear cúlchistí arna sealbhú ag an mbanc ceannais. Féadfar díolúine shealadach a thabhairt do na risíochtaí sin faoi réir na gcoinníollacha a luaitear in Airteagal 429a(5) agus (6) CRR.** Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
5	**(Coigeartú ar shócmhainní muiníneacha a aithnítear ar an gclár comhardaithe de bhun an chreata cuntasaíochta is infheidhme ach a eisiatar ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 429a(1) CRR)** Nochtfaidh institiúidí méid na n-ítimí muiníneacha a baineadh den chlár i gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 429a(1) CRR. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
6	**Coigeartú i leith gnáthcheannach agus gnáthdhíolachán sócmhainní airgeadais faoi réir cuntasaíochta dáta trádála** Airteagal 429g(1) agus (2) CRR Nochtfaidh institiúidí an coigeartú ar an luach cuntasaíochta a bhaineann le gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán atá le socrú faoi réir cuntasaíochta dáta trádála i gcomhréir le hAirteagal 429g(1) agus (2) CRR. Is ionann an coigeartú agus suim na méideanna seo a leanas: — An méid a fhritháirítear idir airgead infhaighte i leith gnáthdhíolacháin atá le socrú agus airgead iníoctha i leith gnáthcheannaigh atá le socrú a cheadaítear faoin gcreat cuntasaíochta. Is méid dearfach é seo. — An méid a fhritháirítear idir airgead infhaighte agus airgead iníoctha i gcás ina socraítear na gnáthdhíolacháin agus na gnáthcheannaigh lena mbaineann ar bhonn seachadta in áit íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 429g(2) de CRR. Is luach diúltach é seo. Maidir le gnáthcheannacháin nó gnáthdhíolacháin atá le socrú, faoi réir na cuntasaíochta dáta socraíochta i gcomhréir le hAirteagal 429g(3) de CRR, áireofar iad i ró 10 de theimplead EU LR1 - LRSum. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin méadú ar an risíocht, nochtfaidh institiúidí é sin mar mhéid dearfach. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin laghdú ar an risíocht, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
7	**Coigeartú i leith idirbhearta comhthiomsaithe airgid incháilithe** Airteagal 429b(2) agus (3) de CRR Nochtfaidh institiúidí an difríocht idir an luach cuntasaíochta agus luach risíochta chóimheas luamhánaithe na socruithe comhthiomsaithe airgid i gcomhréir leis na coinníollacha a luaitear in Airteagal 429b(2) agus (3) de CRR. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin méadú ar an risíocht, i ngeall ar idirbhearta a léirítear mar ghlanmhéid faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme ach nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le léiriú an ghlanmhéid faoi Airteagal 429b(2) agus (3) de CRR, nochtfaidh institiúidí é sin mar mhéid dearfach. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin laghdú ar an risíocht, i ngeall ar idirbhearta nach léirítear mar ghlanmhéid faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme ach a chomhlíonann na coinníollacha maidir le léiriú an ghlanmhéid faoi Airteagal 429b(2) agus (3) de CRR, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
8	**Coigeartú le haghaidh ionstraimí airgeadais díorthacha** I gcás na ndíorthach creidmheasa agus na gconarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CRR, nochtfaidh institiúidí an difríocht idir luach cuntasaíochta na ndíorthach a aithnítear mar shócmhainní agus luach risíochta an chóimheasa luamhánaithe mar a chinntear trí phointe (b) d'Airteagal 429(4), Airteagal 429c, Airteagal 429d, pointe (g) agus pointe (h) d'Airteagal 429a(1) agus d'Airteagal 429(5) CRR a chur i bhfeidhm. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin méadú ar an risíocht, nochtfaidh institiúidí é sin mar mhéid dearfach. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin laghdú ar an risíocht, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
9	**Coigeartú d'idirbhearta maoinithe urrús (IMUanna)** I gcás IMUanna nochtfaidh institiúidí an difríocht idir luach cuntasaíochta na IMUanna a aithnítear mar shócmhainní agus luach risíochta an chóimheasa luamhánaithe mar a chinntear trí phointí (a) agus (c) d'Airteagal 429(4) a chur i bhfeidhm i gcomhar le hAirteagal 429e, pointe (b) d'Airteagal 429(7) agus le pointe (b) d'Airteagal 429b(1), le hAirteagal 429b(4), agus le pointe (g) agus pointe (h) de 429a(1) de CRR. Má thagann méadú ar an risíocht mar thoradh ar an gcoigeartú sin, nochtfaidh institiúidí é sin mar mhéid dearfach. Más é an toradh a bhíonn ar an gcoigeartú sin laghdú ar an risíocht, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
10	**Coigeartú i leith ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe (*i.e.* risíochtaí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a choinbhéartú chuig méideanna coibhéiseacha creidmheasa)** Nochtfaidh institiúidí an difríocht sa luach idir risíocht an chóimheasa luamhánaithe mar a nochtar i ró 13 de theimpléad EU LR1 - LRSum agus sócmhainní cuntasaíochta iomlána mar a nochtar i ró 1 de theimpléad EU LR1 - LRSum a eascraíonn as ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a áireamh i dtomhas na risíochta iomláine ar an gcóimheas luamhánaithe. Áirítear leis sin na gealltanais atá le híoc a bhaineann le gnáthcheannacháin faoi chuntasaíocht an dáta socraíochta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429g(3) de CRR. Ós rud é go méadaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, nochtfar é mar mhéid dearfach.
11	**(Coigeartú le haghaidh coigeartuithe luachála stuama agus forálacha sonracha agus ginearálta a bhfuil caipiteal Leibhéal 1 laghdaithe acu)** Nochtfaidh institiúidí méid na gcoigeartuithe luachála stuama i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 429a(1) de CRR agus méid na gcoigeartuithe sonracha (más ábhartha) agus na gcoigeartuithe ginearálta priacail creidmheasa ar ítimí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe de réir na habairte deiridh d'Airteagal 429(4) agus Airteagal 429f(2) de CRR a bhfuil caipiteal Leibhéal 1 laghdaithe acu. Ní chuirfear forálacha sonracha san áireamh ach amháin más rud é, i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, nach bhfuil siad asbhainte cheana féin as na holl-luachanna de réir na leabhar. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-11a	**(Coigeartú ar risíochtaí atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429a(1) de CRR)** Pointe (c) d'Airteagal 429a(1) agus Airteagal 113(6) agus (7) de CRR An cion de risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine, nochtfaidh institiúidí sin i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-11b	**(Coigeartú ar risíochtaí atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 429a(1) de CRR** Pointe (j) d'Airteagal 429a(1), Airteagal 116(4) de CRR An cion de risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine, nochtfaidh institiúidí sin i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí na luachanna sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
12	**Coigeartuithe eile** Áireoidh institiúidí aon difríocht sa luach atá fágtha idir tomhas na risíochta iomláine agus sócmhainní cuntasaíochta iomlána. Déanfaidh institiúidí na coigeartuithe risíochta a mheas i gcomhréir le hAirteagal 429(8) CRR agus coigeartuithe risíochta eile dá dtagraítear i bpointí (d), (e), (f), (h), (k), (l), (o), (p) d'Airteagal 429a(1) de CRR nach nochtar in aon áit sa teimpléad. Má thagann méadú ar an risíocht de bharr na gcoigeartuithe sin, nochtfaidh institiúidí é sin mar mhéid dearfach. Má thagann laghdú ar an risíocht de bharr na gcoigeartuithe sin, cuirfidh na hinstitiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
13	**Tomhas iomlán na risíochta** Tomhas na risíochta iomláine (a nochtadh freisin i ró 24 de theimpléad an EU LR2 - LRCom), arb é sin suim na n-ítimí roimhe seo.

Teimpléad EU LR2 – LRCom: Nochtadh coiteann an chóimheasa luamhánaithe. Teimpléad formáide seasta

2. Déanfaidh na hinstitiúidí na treoracha dá bhforáiltear sa Roinn seo a chur i bhfeidhm chun teimpléad EU LR2 - LRCom a chomhlánú i gcur i bhfeidhm phointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 451(1) de CRR agus i gcur i bhfeidhm Airteagal 451(3) de CRR, ag cur san áireamh, i gcás inarb infheidhme, pointe (c) d'Airteagal 451(1) agus Airteagal 451(2) de CRR.

3. Nochtfaidh institiúidí i gcolún "a" luachanna na rónna éagsúla don tréimhse nochta agus i gcolún "b" luachanna na rónna don tréimhse nochta roimhe sin.

4. Míneoidh institiúidí san insint a ghabhann leis an teimpléad comhdhéanamh na n-iasachtaí cur chun cinn a nochtar i rónna EU-22d agus EU-22e den teimpléad sin, lena n-áirítear faisnéis de réir cineáil contrapháirtí.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Ítimí laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh, IMUanna a áireamh, ach comhthaobhacht san áireamh)** Airteagal 429 agus Airteagal 429b CRR Nochtfaidh institiúidí gach sócmhainn, cé is moite de na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II de CRR, gach díorthach creidmheasa agus gach IMU. Bunóidh institiúidí luacháil na sócmhainní sin ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 429(7) agus in Airteagal 429b(1) CRR. Cuirfidh institiúidí san áireamh sa ríomh sin, más infheidhme, pointí (i), (m) agus (n) d'Airteagal 429a(1) CRR, Airteagal 429g agus an mhír dheireanach d'Airteagal 429(4) CRR. Cuirfidh institiúidí san áireamh sa chill seo airgead tirim a fuarthas nó aon urrús a sholáthraítear do chontrapháirtí trí IMUanna agus a choimeádtar ar an gclár comhardaithe (i.e. ní chomhlíontar na critéir chuntasaíochta maidir le dí-aitheantas faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme). Sa ríomh sin, ní chuirfidh institiúidí Airteagal 429(8) ná pointí (a)-(h), (j) ná (k) d'Airteagal 429a(1) de CRR san áireamh, i.e. ní laghdóidh siad an méid atá le nochtadh sa ró seo leis na díolúintí sin.
2	**Ollardú do chomhthaobhacht díorthach arna soláthar, i gcás ina n-asbhaintear iad ó shócmhainní an chláir chomhardaithe de bhun an chreata cuntasaíochta is infheidhme** Airteagal 429c(2) de CRR Nochtfaidh institiúidí méid aon chomhthaobhacht díorthach arna soláthar i gcás ina laghdóidh soláthar na comhthaobhachta sin méid na sócmhainní faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 429c(2) de CRR. Ní dhéanfaidh institiúidí a áireamh sa chill sin corrlach tosaigh le haghaidh idirbhearta díorthach atá imréitithe do chliant le contrapháirtí lárnach cáilitheach ná corrlach athrúcháin airgid incháilithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 429c(3) de CRR.
3	**(Asbhaintí sócmhainní infhaighte le haghaidh corrlach athrúcháin airgid arna soláthar in idirbhearta díorthach)** Airteagal 429c(3) de CRR Nochtfaidh institiúidí na hearraí infhaighte i leith corrlach athrúcháin a íocadh in airgead tirim leis an gcontrapháirtí in idirbhearta díorthach má cheanglaítear ar an institiúid, faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, na hearraí infhaighte sin a aithint mar shócmhainn, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 429c(3) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
4	**(Coigeartú i leith urrús a fhaightear faoi idirbhearta maoinithe urrús a aithnítear mar shócmhainn)** **Coigeartú i leith urrús a fhaightear faoi idirbheart maoinithe urrús i gcás inar aithin an banc na hurrúis mar shócmhainn ar a chlár comhardaithe. Déanfar na méideanna sin a eisiamh ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le hAirteagal 429e(6) de CRR.** **Ós rud é go laghdaíonn na coigeartuithe sa ró seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).**
5	**(Coigeartuithe ginearálta priacail creidmheasa ar ítimí atá laistigh den chlár comhardaithe)** Méid na gcoigeartuithe ginearálta priacail creidmheasa a chomhfhreagraíonn d'ítimí atá laistigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 429(4) de CRR, a asbhaineann institiúidí i gcomhréir leis an mír dheireanach d'Airteagal 429(4) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn na coigeartuithe sa ró seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
6	**(Méideanna sócmhainne arna n-asbhaint agus caipiteal Leibhéal 1 á chinneadh)** Pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 429a(1) agus Airteagal 499(2) de CRR Nochtfaidh institiúidí méid na gcoigeartuithe ar an luach rialála a rinneadh ar mhéideanna Leibhéal 1 i gcomhréir leis an rogha a rinneadh de bhun Airteagal 499(2) de CRR. Go sonrach, nochtfaidh institiúidí luach shuim na gcoigeartuithe uile a bhfuil luach sócmhainne mar sprioc acu agus a cheanglaítear leis na nithe seo a leanas: — Airteagail 32 go 35 de CRR, nó — Airteagail 36 go 47 de CRR, nó — Airteagail 56 go 60 de CRR, de réir mar is infheidhme. Áireoidh institiúidí sa chill seo an méid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 429a(1) de CRR. I gcás ina roghnófar caipiteal Leibhéal 1 a nochtadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 499(1) de CRR, cuirfidh institiúidí san áireamh na díolúintí, na roghanna malartacha agus na tarscaoiltí i leith na n-asbhaintí sin a leagtar síos in Airteagail 48, 49 agus 79 de CRR, gan an maolú a leagtar síos i gCaibidlí 1 agus 2 de Theideal I de Chuid a Deich de CRR a chur san áireamh. I gcodarsnacht leis sin, i gcás ina roghnaítear caipiteal Leibhéal 1 a nochtadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 499(1) de CRR, cuirfidh institiúidí san áireamh díolúintí, na roghanna malartacha agus na tarscaoiltí i leith na n-asbhaintí sin a leagtar síos in Airteagail 48, 49 agus 79 de CRR, chomh maith leis na maoluithe a leagtar síos i gCaibidil 1 agus i gCaibidil 2 de Theideal I de Chuid a Deich de CRR a chur san áireamh. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, ní nochtfaidh institiúidí coigeartuithe a cuireadh i bhfeidhm cheana de bhun Airteagal 111 de CRR nuair a bheidh luach na risíochta á ríomh acu, ná ní nochtfaidh siad aon choigeartú nach n-asbhaineann luach sócmhainne ar leith. Ós rud é go laghdaíonn an méid sa ró seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
7	**Risíochtaí iomlána laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh ná IMUnna a áireamh)** Suim na rónna 1 go 6
8	**Costas athsholáthair a bhaineann le hidirbhearta CCC-RCC (i.e. glan ar chorrlach athrúcháin airgid incháilithe)** Airteagail 274, 275, 295, 296, 297, 298, 429c agus 429c(3) de CRR Nochtfaidh institiúidí an costas athsholáthair atá ann faoi láthair mar a shonraítear in Airteagal 275(1) de na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II de CRR agus na díorthaigh chreidmheasa lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe. Beidh na costais athsholáthair sin glan ar chorrlach athrúcháin airgid incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 429c(3) de CRR agus ní áireofar aon chorrlach athrúcháin airgid a fhaightear ag céim CPL dhíolmhaithe i gcomhréir le pointe (g) nó pointe (h) d'Airteagal 429a(1) CRR. Mar a chinntear le hAirteagal 429c(1) de CRR, féadfaidh institiúidí éifeachtaí conarthaí le haghaidh nuachana agus comhaontuithe glanluachála eile a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 295 de CRR. Ní bheidh feidhm ag glanluacháil trastáirgí. Féadfaidh institiúidí, áfach, glanluacháil a dhéanamh laistigh den chatagóir táirgí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 272(25) de CRR agus laistigh de dhíorthaigh creidmheasa nuair atá siad faoi réir comhaontú glanluachála trastáirgí conarthach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 295 de CRR. Ní áireoidh institiúidí sa chill seo conarthaí a thomhaisfear trí chineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 429c(6), i.e. na cineálacha cur chuige i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR (an CCC-RCC simplithe nó Modh na Risíochta Tosaigh). Agus na costais athsholáthair á ríomh, áireoidh institiúidí, i gcomhréir le hAirteagal 429c(4) de CRR, maidir leis an gcomhthaobhacht ar ghlanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche (NICA) a aithint, an éifeacht a bheidh ag an aithint sin ar chonarthaí díorthach le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach. Nochtfar an méid in éineacht leis an bhfachtóir 1,4 alfa mar a shonraítear in Airteagal 274(2) de CRR.
EU-8 a	**Maolú maidir le díorthaigh: ranníocaíocht costas athsholáthair faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe** Airteagail 429c(6) agus 281 de CRR Leis an gcill seo, soláthraítear tomhas risíochta na gconarthaí a liostaítear i bpointe 1 agus i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II de CRR, arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe simplithe a leagtar amach in Airteagal 281 de CRR, gan éifeacht na comhthaobhachta ar NICA. Nochtfar an méid in éineacht leis an bhfachtóir 1,4 alfa a chuirtear i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 274(2) de CRR. Ní dhéanfaidh institiúidí a chuireann an cur chuige caighdeánaithe simplithe i bhfeidhm tomhas na risíochta iomláine a laghdú faoi mhéid an chorrlaigh a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 429c(6) de CRR. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an eisceacht atá in Airteagal 429c(4) de CRR maidir le conarthaí díorthach le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach. Ní dhéanfaidh institiúidí a mheas sa chill seo conarthaí arna dtomhas trí CCC-RCC nó modh na risíochta tosaigh a chur i bhfeidhm.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
9	**Méideanna forlíontáin le haghaidh risíocht fhéideartha thodhchaíoch a bhaineann le hidirbhearta díorthach CCC-RCC** Airteagail 274, 275, 295, 296, 297, 298 agus 299 (2) agus 429c CRR Nochtfaidh institiúidí an forlíontán maidir le risíocht fhéideartha thodhchaíoch ar chonarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CRR agus ar dhíorthaigh chreidmheasa lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 278 CRR maidir le conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II CRR agus Airteagal 299(2) CRR maidir le díorthaigh chreidmheasa agus rialacha glanluachála a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 429c(1) CRR. Agus luach risíochta na gconarthaí sin á chinneadh, féadfaidh institiúidí éifeachtaí conarthaí le haghaidh nuachana agus comhaontuithe glanluachála eile a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 295 de CRR. Ní bheidh feidhm ag glanluacháil trastáirgí. Féadfaidh institiúidí, áfach, glanluacháil a dhéanamh laistigh den chatagóir táirgí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 272(25) de CRR agus laistigh de dhíorthaigh creidmheasa nuair atá siad faoi réir comhaontú glanluachála trastáirgí conarthach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 295 de CRR. I gcomhréir le hAirteagal 429c(5) de CRR, socróidh institiúidí luach an iolraitheora a úsáidfear chun an risíocht fhéideartha thodhchaíoch a ríomh go haon i gcomhréir le hAirteagal 278(1), ach amháin i dtaca le conarthaí díorthach le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach. Ní áireoidh institiúidí sa chill seo conarthaí a thomhaisfear trí chineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 429c(6), i.e. na cineálacha cur chuige i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR (an CCC-RCC simplithe nó Modh na Risíochta Tosaigh).
EU-9 a	**Maolú maidir le díorthaigh: Rannchuidiú na risíochta féideartha todhchaíche faoin gcur chuige caighdeánaithe simplithe** Airteagal 429c(5) de CRR An risíocht fhéideartha thodhchaíoch i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe simplithe a leagtar amach in Airteagal 281 de CRR, ag glacadh leis go mbeidh iolraitheoir 1 ann. Nochtfar an méid in éineacht leis an bhfachtóir 1,4 alfa a chuirtear i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 274(2) de CRR. Ní dhéanfaidh institiúidí a chuireann an cur chuige caighdeánaithe simplithe i bhfeidhm tomhas na risíochta iomláine a laghdú faoi mhéid an chorrlaigh a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 429c(6) de CRR. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an eisceacht atá in Airteagal 429c(5) de CRR maidir le conarthaí díorthach le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach. Ní dhéanfaidh institiúidí a mheas sa chill seo conarthaí arna dtomhas trí CCC-RCC nó modh na risíochta tosaigh a chur i bhfeidhm.
EU-9b	**Risíocht arna cinneadh faoi Mhodh na Risíochta Tosaigh** Airteagal 429c(6) agus Roinn 4 nó Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR Nochtfaidh institiúidí tomhas risíochta na gconarthaí a liostaítear i bpointí 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II CRR arna ríomh i gcomhréir le Modh na Risíochta Tosaigh a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR. Institiúidí a chuireann Modh na Risíochta Tosaigh i bhfeidhm, ní laghdóidh siad tomhas na risíochta faoi mhéid an chorrlaigh a fuair siad i gcomhréir le hAirteagal 429c(6) de CRR. Institiúidí nach n-úsáideann Modh na Risíochta Tosaigh, ní nochtfaidh siad an chill seo.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
10	**(Céim CPL dhíolmhaithe de risíochtaí trádála atá imréitithe do chliant) (SA-CCR)** Pointe (g) agus pointe (h) d'Airteagal 429a(1) de CRR Nochtfaidh institiúidí na risíochtaí trádála díolmhaithe do chontrapháirtí lárnach cáilitheach ó idirbhearta díorthach atá imréitithe do chliant (SA-RCC), ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na hítimí sin na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 306(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn sé tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa chill seo idir lúibíní (méid diúltach). Ní mór an méid a nochtar a áireamh freisin sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil díolúine i bhfeidhm.
EU-10 a	**(Céim CPL dhíolmhaithe de risíochtaí trádála atá imréitithe do chliant) (cur chuige caighdeánaithe simplithe)** Pointe (g) agus pointe (h) d'Airteagal 429a(1) de CRR Nochtfaidh institiúidí, do chontrapháirtí lárnach cáilitheach, na risíochtaí trádála sin atá díolmhaithe ó idirbhearta díorthach atá imréitithe do chliant (cur chuige caighdeánaithe simplithe), ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na hítimí sin na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 306(1) de CRR. Nochtfar an méid in éineacht leis an bhfachtóir 1,4 alfa a chuirtear i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 274(2) de CRR (méid diúltach). Ní mór an méid nochta a áireamh freisin sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil díolúine i bhfeidhm.
EU-10b	**(Céim CPL dhíolmhaithe de risíochtaí trádála atá imréitithe do chliant) (Modh na Risíochta Tosaigh)** Pointe (g) agus pointe (h) d'Airteagal 429a(1) de CRR Nochtfaidh institiúidí, do chontrapháirtí lárnach cáilitheach, na risíochtaí trádála sin atá díolmhaithe ó idirbhearta díorthach atá imréitithe do chliant (modh na risíochta tosaigh), ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na hítimí sin na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 306(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn sé tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa chill seo idir lúibíní (méid diúltach). Ní mór an méid nochta a áireamh freisin sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil díolúine i bhfeidhm.
11	**Méid barúlach iarbhír coigeartaithe na ndíorthach creidmheasa i scríbhinn** Airteagal 429d de CRR Nochtfaidh institiúidí luach barúlach uasteoranta na ndíorthach creidmheasa i scríbhinn (i.e. i gcás ina bhfuil cosaint chreidmheasa á tabhairt ag an institiúid do chontrapháirtí) mar a leagtar amach in Airteagal 429d de CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
12	**(Fritháirimh atá barúlach iarbhír agus coigeartaithe mar aon le hasbhaintí forlíontáin i gcomhair díorthaigh chreidmheasa i scríbhinn)** Airteagal 429d de CRR Nochtfaidh institiúidí luach barúlach uasteoranta na ndíorthach creidmheasa ceannaithe (*i.e.* i gcás ina bhfuil cosaint creidmheasa á ceannach ag an institiúid ó chontrapháirtí) ar na hainmneacha tagartha céanna leis na díorthaigh chreidmheasa sin arna scríobh ag an institiúid, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair na cosanta a ceannaíodh cothrom le nó níos mó ná aibíocht iarmhair na cosanta díolta. Dá bhrí sin, ní bheidh an luach níos mó ná an luach a iontráladh i ró 11 de theimplead EU LR2 - LRCom le haghaidh gach ainm tagartha. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach). Ní mór an méid nochta a áireamh sa chill roimhe seo freisin, amhail is nach bhfuil coigeartú i bhfeidhm.
13	**Iomlán na risíochtaí díorthach** Suim na rónna 8 go 12
14	**Ollsócmhainní IMU (gan glanluacháil a aithint), tar éis coigeartú le haghaidh idirbhearta cuntasaíochta díolacháin** Pointe (77) d'Airteagal 4(1), Airteagail 206 agus 429e(6) de CRR Nochtfaidh institiúidí an luach, faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, atá le cláir comhardaithe cuntasaíochta na IMUanna sin a chumhdaítear agus nach gcumhdaítear faoi mháistir-chomhaontú glanluachála atá incháilithe faoi Airteagal 206 de CRR, i gcás ina n-aithnítear na conarthaí mar shócmhainní ar an gclár comhardaithe, ag glacadh leis nach bhfuil aon éifeachtaí stuamachta nó glanluachála cuntasaíochta ná éifeachtaí maolaithe priacal (i.e. luach an chláir comhardaithe cuntasaíochta arna choigeartú le haghaidh éifeachtaí na glanluachála cuntasaíochta nó an mhaolaithe priacail). Thairis sin, i gcás ina mbaintear cuntasaíocht díolacháin amach le haghaidh IMU faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, déanfaidh institiúidí gach iontráil chuntasaíochta a bhaineann le díolacháin a aisiompú i gcomhréir le hAirteagal 429e(6) de CRR. Ní dhéanfaidh institiúidí airgead tirim a fhaightear a áireamh sa chill seo ná aon urrús a sholáthraítear do chontrapháirtí trí na hidirbhearta réamhluaite agus a choinnítear ar an gclár comhardaithe (*i.e.* ní chomhlíontar na critéir chuntasaíochta maidir le díaitheantas).
15	**(Méideanna glanluacháilte airgid iníoctha agus airgid infhaighte d'ollsócmhainní IMU)** Pointe (77) d'Airteagal 4(1), Airteagal 206, pointe (b) d'Airteagal 429b(1), Airteagal 429b(4) agus Airteagal 429e(6) de CRR. Nochtfaidh institiúidí an méid airgid iníoctha d'ollsócmhainní IMU a rinneadh a ghlanluacháil i gcomhréir le hAirteagal 429b(4) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
16	**Risíocht ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí maidir le sócmhainní IMU** Airteagal 429e(1) de CRR Nochtfaidh institiúidí an forlíontán le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí IMU, lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 429e(2) nó (3) de CRR, de réir mar is infheidhme. Áireoidh institiúidí idirbhearta i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429e(7) de CRR sa chill seo. Ní chuirfidh institiúidí IMUanna gníomhaire san áireamh sa chill seo i gcás ina soláthraíonn an institiúid slánaíocht nó ráthaíocht do chustaiméir nó do chontrapháirtí atá teoranta d'aon difríocht idir luach an urrúis nó an airgid thirim a thug an custaiméir ar iasacht agus luach na comhthaobhachta a thug an t-iasachtaí i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 429e(7) de CRR.
EU-16 a	**Maolú le haghaidh IMUanna: Risíocht ar phiracal creidmheasa an chontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagail 429e(5) agus 222 de CRR** Airteagail 429e(5) agus 222 CRR Nochtfaidh institiúidí an forlíontán le haghaidh IMUanna lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 222 de CRR, faoi réir íostairseach 20 % maidir leis an ualú priacal is infheidhme. Áireoidh institiúidí idirbhearta i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429e(7) de CRR sa chill seo. Ní áireoidh institiúidí sa chill seo idirbhearta a ndéantar cuid an fhorlíontáin de luach risíochta an chóimheasa luamhánaithe a chinneadh ina leith i gcomhréir leis an modh a shainmhínítear in Airteagal 429e(1) de CRR.
17	**Risíochtaí ar idirbhearta gníomhaire** Airteagal 429e(2)(3) agus pointe (a) d'Airteagal 429e(7) de CRR Nochtfaidh institiúidí luach risíochta le haghaidh IMUanna gníomhaire i gcás ina soláthraíonn an institiúid slánaíocht nó ráthaíocht do chustaiméir nó do chontrapháirtí atá teoranta d'aon difríocht idir luach an urrúis nó an airgid thirim a thug an custaiméir ar iasacht agus luach na comhthaobhachta a thug an t-iasachtaí i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 429e(7) de CRR. Ní bheidh sa luach risíochta ach an forlíontán arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 429e(2) nó (3) CRR, de réir mar is infheidhme. Ní áireoidh institiúidí sa chill seo idirbhearta i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429e(7) de CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-17a	**(Céim CPL dhíolmhaithe de risíocht IMU atá imréitithe do chliant)** Pointí (g) agus (h) d'Airteagal 429a(1) agus pointe (c) d'Airteagal 306(1) de CRR. Nochtfaidh institiúidí céim CPL dhíolmhaithe de na risíochtaí trádála ar IMUanna atá imréitithe do chliant, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na hítimí sin na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 306(1) de CRR. I gcás inar urrús an chéim dhíolmhaithe chuig an gcontrapháirtí lárnach, ní chuirfear san áireamh sa chill seo í, mura rud é gur urrús athgheallta í a áireofar ar luach iomlán faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme (*i.e.* i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 111(1) de CRR). Ós rud é go laghdaíonn an coigeartú seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach). Ní mór an méid nochta a áireamh freisin sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil díolúine i bhfeidhm.
18	**Iomlán na risíochtaí idirbhirt um maoiniú urrús** Suim na rónna 14 go EU-17a
19	**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe ag an ollmhéid barúlach** Airteagal 429f de CRR Nochtfaidh institiúidí luach ainmniúil na n-ítimí go léir atá lasmuigh den chlár comhardaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 429f de CRR, sula ndéanfar aon choigeartú i leith fachtóirí coinbhéartachta agus roimh aon choigeartú priacail creidmheasa ar leith.
20	**(Coigeartuithe lena gcoinbhéartú chuig méideanna coibhéiseacha creidmheasa)** Airteagal 429f de CRR Laghdú ar ollmhéid risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe de bharr CCFanna a chur i bhfeidhm. Ós rud é go laghdaíonn sé tomhas na risíochta iomláine, beidh tionchar diúltach ag an luach a nochtar sa ró seo ar ríomh na suime atá le nochtadh i ró 22 de theimpléad an EU LR2 - LRCom.
21	**(Forálacha ginearálta arna n-asbhaint le linn caipiteal Leibhéal 1 agus forálacha sonracha a bhaineann le risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe a chinneadh)** Airteagal 429(4) agus 429f(1) agus (2) de CRR Féadfaidh institiúidí an méid coibhéiseach atá ag risíocht chreidmheasa ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a laghdú faoin méid comhfhreagrach atá ag coigeartuithe ginearálta priacail creidmheasa a asbhaintear ó chaipiteal Leibhéal 1. Beidh an ríomh sin faoi réir íostairseach nialais. Féadfaidh institiúidí an méid coibhéiseach atá ag risíocht chreidmheasa ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a laghdú faoin méid comhfhreagrach atá ag coigeartuithe priacail creidmheasa ar leith. Beidh an ríomh sin faoi réir íostairseach nialais. Ní rachaidh luach absalóideach na gcoigeartuithe priacail creidmheasa sin thar shuim róeanna 19 agus 20. Ós rud é go laghdaíonn na coigeartuithe seo tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach). Áireofar freisin an méid nochta sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil an laghdú sin i bhfeidhm.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
22	**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe** Airteagail 429f, 111(1) agus 166(9) de CRR; suim na rónna 19 go 21 Nochtfaidh institiúidí luachanna risíochta an chóimheasa luamhánaithe le haghaidh ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 429f de CRR agus na fachtóirí coinbhéartachta ábhartha á gcur san áireamh. Cuirfidh institiúidí san áireamh go mbíonn tionchar diúltach ag rónna 20-21 de theimpléad EU LR2 - LRCom ar ríomh na suime sin.
EU-22a	**(Risíochtaí atá eisiata ó thomhas na risíochta iomláine i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429a(1) de CRR))** Pointe (c) d'Airteagal 429a(1) agus Airteagal 113(6) agus (7) de CRR (Nochtfaidh institiúidí na risíochtaí a dhíolmhaítear i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 429a(1). Áireofar freisin an méid nochta sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil díolúine i bhfeidhm. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22b	**(Risíochtaí atá díolmhaithe i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 429a(1) de CRR (ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de))** Pointe (j) d'Airteagal 429a(1) de CRR Nochtfaidh institiúidí na risíochtaí a dhíolmhaítear i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 429a(1) de CRR faoi réir na coinníollacha a shonraítear ann a chomhlíonadh. Áireofar freisin an méid nochta sna cealla is infheidhme thuas amhail is nach bhfuil díolúine i bhfeidhm. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22c	**(Risíochtaí eisiata banc (nó aonad) forbartha poiblí – Infheistíochtaí san earnáil phoiblí)** Pointe (d) d'Airteagal 429a(1) agus Airteagal 429a(2) de CRR Na risíochtaí a thagann as sócmhainní arb ionann iad agus éilimh ar rialtais láir, ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla nó ar eintitis san earnáil phoiblí maidir le hinfheistíochtaí san earnáil phoiblí, ar féidir iad a eisiamh i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ní áireofar leis sin ach cásanna inar institiúid creidmheasa forbartha poiblí í an institiúid, nó ina bhfuil na risíochtaí á sealbhú laistigh d'aonad a láimhseáiltear mar aonad forbartha poiblí i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 429a(2) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa chill seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-22d	**(Risíochtaí eisiata banc (nó aonad) forbartha poiblí – Iasachtaí cur chun cinn)** Pointe (d) d'Airteagal 429a(1) agus Airteagal 429a(2) de CRR Nochtfaidh institiúidí na hiasachtaí cur chun cinn atá eisiata i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ní áireofar air sin ach cásanna inar institiúid creidmheasa forbartha poiblí í an institiúid nó ina sealbhaítear iasachtaí cur chun cinn laistigh d'aonad a láimhseáiltear mar aonad forbartha poiblí i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 429a(2) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22e	**(Risíochtaí eisiata ar iasachtaí cur chun cinn arna n-aistriú ag bainc (nó aonaid) forbartha neamhphoiblí)** Pointe (e) d'Airteagal 429a(1) de CRR Nochtfaidh institiúidí na risíochtaí eisiata i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 429a(1) de CRR a bhaineann leis na codanna de risíochtaí a thagann as iasachtaí cur chun cinn a aistriú chuig institiúidí creidmheasa eile. Ní áireofar air sin ach cásanna nach institiúid creidmheasa forbartha poiblí í an institiúid agus nach le haon aonad a láimhseáiltear mar aonad forbartha poiblí í an ghníomhaíocht, i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 429a(2) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22f	**(Codanna ráthaithe eisiata de risíochtaí a thagann as creidmheasanna onnmhairiúcháin)** Pointe (f) d'Airteagal 429a(1) de CRR Codanna ráthaithe na risíochtaí a thagann as creidmheasanna onnmhairiúcháin is féidir a eisiamh nuair a chomhlíontar coinníollacha phointe (f) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22g	**(Comhthaobhacht bharrachais eisiata arna taisceadh le gníomhairí tripháirteacha)** Pointe (k) d'Airteagal 429a(1) de CRR An chomhthaobhacht bharrachais arna taisceadh le gníomhairí tripháirteacha nár tugadh ar iasacht, agus is féidir a eisiamh i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22h	**(Seirbhísí eisiata, a bhaineann le taisclann lárnach urrús, de chuid taisclann lárnach urrús/institiúidí i gcomhréir le pointe (o) d'Airteagal 429a(1) de CRR)** Pointe (o) d'Airteagal 429a(1) de CRR Na seirbhísí a bhaineann le taisclanna lárnacha urrús (TLU) de chuid TLU/institiúidí is féidir a eisiamh i gcomhréir le pointe (o) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-22i	**(Seirbhísí eisiata, a bhaineann le taisclann lárnach urrús, de chuid institiúidí ainmnithe i gcomhréir le pointe (p) d'Airteagal 429a(1) de CRR)** Pointe (p) d'Airteagal 429a(1) de CRR Na seirbhísí a bhaineann le TLU de chuid institiúidí ainmnithe is féidir a eisiamh i gcomhréir le pointe (p) d'Airteagal 429a(1) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22j	**(Laghdú ar luach risíochta na n-iasachtaí réamh-mhaoinithe nó idirmheánacha)** Airteagal 429(8) de CRR An méid arna laghdú ó luach risíochta iasachta réamh-mhaoinithe nó iasachta idirmheánaí, i gcomhréir le hAirteagal 429(8) de CRR. Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
EU-22k	**(Iomlán na risíochtaí eisiata)** **Suim na rónna EU-22a go EU-22j** Ós rud é go laghdaíonn an méid sin tomhas na risíochta iomláine, cuirfidh institiúidí an luach sa ró seo idir lúibíní (méid diúltach).
23	**Caipiteal Leibhéal 1** Airteagail 429(3) agus 499(1) agus (2) CRR Nochtfaidh institiúidí méid chaipiteal Leibhéal 1 arna ríomh i gcomhréir leis an rogha atá déanta ag an institiúid de bhun Airteagal 499(2) de CRR, mar a nochtadh i ró EU-27 de theimplead EU LR2 - LRCom. Go sonrach, i gcás inar roghnaigh an institiúid caipiteal Leibhéal 1 a nochtadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 499(1) de CRR, nochtfaidh sí méid chaipiteal Leibhéal 1 mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 25 CRR, gan na maoluithe a leagtar síos i gCaibidlí 1 agus 2 de Theideal I de Chuid a Deich de CRR a chur san áireamh. I gcodarsnacht leis sin, i gcás inar roghnaigh an institiúid caipiteal Leibhéal 1 a nochtadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 499(1) de CRR, nochtfaidh sí méid chaipiteal Leibhéal 1 arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 25 de CRR, tar éis di na maoluithe a leagtar síos i gCaibidlí 1 agus 2 de Theideal I de Chuid a Deich de CRR a chur san áireamh.
24	**Tomhas na risíochta iomláine** Suim na méideanna i rónna 7, 13, 18, 22, agus EU-22k de EU LR2 - LRCom
25	**Cóimheas luamhánaithe (%)** Nochtfaidh institiúidí an méid i ró 23 de theimplead EU LR2 - LRCom arna shloinneadh mar chéatadán den mhéid i ró 24 de theimplead EU LR2 - LRCom.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-25	**Cóimheas luamhánaithe (gan tionchar na díolúine ó infheistíochtaí san earnáil phoiblí agus iasachtaí cur chun cinn a áireamh) (%)** I gcomhréir le hAirteagal 451(2) de CRR, nochtfaidh institiúidí creidmheasa forbartha poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 429a(2) de CRR an cóimheas luamhánaithe gan an coigeartú a dhéanamh ar thomhas na risíochta iomláine a chinntear i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 429a(1) de CRR, i.e. an coigeartú a nochtar i rónna EU-22c agus EU-22a den teimpléad seo.
25a	**Cóimheas luamhánaithe (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh) (%)** Má tá tomhas risíochta iomláine na hinstitiúide faoi réir díolúine shealadach ó chúlchistí an bhainc ceannais a leagtar amach i bpointe (n) d'Airteagal 429a(1) de CRR, sainmhínítear an cóimheas sin mar thomhas chaipiteal Leibhéal 1 arna roinnt ar shuim thomhas na risíochta iomláine agus méid na díolúine ó chúlchistí an bhainc ceannais, agus an cóimheas sin arna shloinneadh mar chéatadán. Mura bhfuil tomhas risíochta iomláine na hinstitiúide faoi réir díolúine shealadach ó chúlchistí an bhainc ceannais, beidh an cóimheas sin comhionann leis an gcóimheas a nochtar i ró 25.
26	**An t-íoscheanglas rialála maidir le cóimheas luamhánaithe (%)** Pointe (d) d'Airteagal 92(1), pointe (n) d'Airteagal 429a(1) agus Airteagal 429a(7) de CRR Nochtfaidh institiúidí an ceanglas maidir le cóimheas luamhánaithe mar a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 92(1) de CRR. I gcás ina n-eisiafaidh institiúid na risíochtaí dá dtagraítear i bpointe (n) d'Airteagal 429a(1) CRR, nochtfaidh sí an ceanglas coigeartaithe maidir le cóimheas luamhánaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429a(7) de CRR.
EU-26a	**Ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal maidir le luamhánú iomarcach (%)** Na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal maidir le luamhánú iomarcach arna bhforchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE ("CRD"), arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine
EU-26b	**céatadán: Caipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (pointí céatadáin)** An chuid de na ceanglais cistí dílse breise chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal maidir le luamhánú iomarcach arna forchur ag an údarás inniúil faoi phointe (a) d'Airteagal 104(1) de CRD, nach mór a chomhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 104a(4)
27	**An ceanglas maidir le maolán cóimheasa luamhánaithe (%)** Airteagal 92(1 a) de CRR Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir Airteagal 92(1a) de CRR an ceanglas maidir le maolán cóimheasa luamhánaithe is infheidhme dóibh.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-27a	**An ceanglas foriomlán maidir le cóimheas luamhánaithe (%)** Suim na rónna 26, EU-26a, agus 27 den teimpléad seo
EU-27b	**Rogha maidir le socruithe idirthréimhseacha chun an tomhas caipitil a shainmhíniú** Airteagal 499(2) de CRR Sonróidh institiúidí a rogha socruithe idirthréimhseacha le haghaidh caipitil chun críche na gceanglas maidir le nochtadh trí cheann amháin den dá lipéad seo a leanas a nochtadh: — "Céimnithe isteach go hiomlán" má roghnaíonn an institiúid an cóimheas luamhánaithe a nochtadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 499(1) de CRR; — "Idirthréimhseach" má roghnaíonn an institiúid an cóimheas luamhánaithe a nochtadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 499(1) de CRR.
28	**An meán a bhaineann le luachanna laethúla ollsócmhainní IMU, tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil** Airteagal 451(3) de CRR; meán shuimeanna na rónna 14 agus 15, bunaithe ar na suimeanna a ríomhtar ó gach lá den ráithe nochta
29	**Luach dheireadh na ráithe d'ollsócmhainní IMU, tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil** Má tá rónna 14 agus 15 bunaithe ar luachanna deireadh ráithe, is é an méid seo suim na rónna 14 agus 15. Má tá rónna 14 agus 15 bunaithe ar mheánluachanna, is é an méid seo suim na luachanna deireadh ráithe a chomhfhreagraíonn don méid atá i rónna 14 agus 15.
30	**Tomhas na risíochta iomláine (lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais) lena n-ionchorpraítear meánluachanna ó ró 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)** Airteagal 451(3) de CRR Tomhas na risíochta iomláine (lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais), agus meánluachanna á n-úsáid arna ríomh amhail ó gach lá den ráithe nochta maidir le méideanna thomhas na risíochta a bhaineann le hollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
30a	**Tomhas na risíochta iomláine (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh) lena n-ionchorpraítear meánluachanna ó ró 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)** Airteagal 451(3) de CRR Tomhas na risíochta iomláine (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh), agus meánluachanna á n-úsáid arna ríomh amhail ó gach lá den ráithe nochta maidir le méideanna thomhas na risíochta a bhaineann le hollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil). Mura bhfuil tomhas risíochta iomláine institiúide faoi réir díolúine shealadach ó chúlchistí an bhainc ceannais, beidh an luach sin comhionann leis an luach a nochtar i ró 30 den teimpléad seo.
31	**Cóimheas luamhánaithe (lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais) a ionchorpraíonn meánluachanna ó ró 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)** Airteagal 451(3) de CRR
31a	**Cóimheas luamhánaithe (gan an tionchar a bheadh ag aon díolúine shealadach is infheidhme ó chúlchistí an bhainc ceannais a áireamh) lena n-ionchorpraítear meánluachanna ó ró 28 d'ollsócmhainní IMU (tar éis coigeartú i leith idirbhearta cuntasaíochta díolacháin agus tar éis méideanna gaolmhara airgid iníoctha agus airgid infhaighte a ghlanluacháil)** Airteagal 451(3) de CRR

Teimpléad EU LR3 - LRSpl: Roinnt na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh, IMUanna ná risíochtaí díolmhaithe a áireamh). Formáid sheasta

5. Déanfaidh na hinstitiúidí na treoracha a thugtar sa Roinn seo a chur i bhfeidhm chun teimpléad LRSpl a chomhlánú i gcur i bhfeidhm phointe (b) d'Airteagal 451(1) de CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-1	**Risíochtaí iomlána laistigh den chlár comhardaithe (gan díorthaigh ná IMUanna, ná risíochtaí díolmhaithe a áireamh), agus maidir leo sin:** Nochtfaidh institiúidí suim na méideanna i rónna EU-2 agus EU-3 de theimpléad EU LR3 - LRSpl.
EU-2	**Risíochtaí leabhair trádála** Nochtfaidh institiúidí na risíochtaí atá mar chuid de luach iomlán risíochta na sócmhainní ar leis an leabhar trádála iad, cé is moite de dhíorthaigh, d'IMUnna agus de risíochtaí díolmhaithe.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-3	**Risíochtaí an leabhair baincéireachta, agus maidir leo sin:** Nochtfaidh institiúidí suim na luachanna i rónna EU-4 go EU-12 de theimpléad LR3-LRSpl.
EU-4	**Bannaí faoi Chumhdach** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán risíochta na sócmhainní atá i bhfoirm bannaí faoi chumhdach mar a shainmhínítear in Airteagal 129 agus i bpointe (d) d'Airteagal 161(1) de CRR. Nochtfaidh institiúidí risíocht iomlán na mbannaí faoi chumhdach, glan ar risíochtaí a mhainnigh.
EU-5	**Risíochtaí a láimhseáiltear mar stáit** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán na risíochta i leith eintitis a láimhseáiltear mar stáit faoi CRR. (Rialtais láir agus bainc cheannais (Airteagal 114, agus pointe (a) d'Airteagal 147(2) de CRR); rialtais réigiúnacha agus údaráis áitiúla a láimhseáiltear mar stáit(Airteagal 115(2) agus (4), agus pointe (a) d'Airteagal 147(3) CRR), bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a láimhseáiltear mar stáit (Airteagail 117(2) agus 118, agus pointí (b) agus (c) d'Airteagal 147(3) CRR), eintitis earnála poiblí (Airteagal 116(4) agus pointe (a) d'Airteagal 147(3) de CRR) Nochtfaidh institiúidí risíocht iomlán an stáit, glan ar risíochtaí a mhainnigh.
EU-6	**Risíochtaí ar rialtais réigiúnacha, ar MDB, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar eintitis earnála poiblí, nach láimhseáiltear mar stáit** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán na risíochta i leith rialtais réigiúnacha agus údaráis áitiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 115(1), (3) agus (5) de CRR maidir le risíochtaí SA agus i bpointe (a) d'Airteagal 147(4) de CRR maidir le risíochtaí IRB; bainc forbartha iltaobhacha mar a shainmhínítear in Airteagal 117(1) agus (3) CRR maidir le risíochtaí SA agus i bpointe (c) d'Airteagal 147(4) CRR maidir le risíochtaí IRB; eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis earnála poiblí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 116(1), (2), (3) agus (5) de CRR maidir le risíochtaí SA agus i bpointe (b) d'Airteagal 147(4) maidir le risíochtaí IRB nach láimhseáiltear mar stáit faoi CRR. Nochtfaidh institiúidí an risíocht iomlán thuasluaite, glan ar risíochtaí a mhainnigh.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-7	**Institiúidí** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach risíochta na risíochtaí ar institiúidí a thagann faoi Airteagal 119 go 121 de CRR maidir le risíochtaí SA agus maidir le risíochtaí IRB - a thagann faoi phointe (b) d'Airteagal 147(2) de CRR agus nach risíochtaí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach iad faoi phointe (d) d'Airteagal 161(1) CRR agus nach dtagann faoi phointí (a) go (c) d'Airteagal 147(4) de CRR. Nochtfaidh institiúidí an risíocht iomlán, glan ar risíochtaí a mhainnigh.
EU-8	**Arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach risíochta na sócmhainní ar risíochtaí iad arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe a thagann faoi Airteagal 124 de CRR i gcás risíochtaí SA agus ar risíochtaí corparáideacha iad faoi phointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR nó risíochtaí ar mhiondíol faoi phointe (d) d'Airteagal 147(2) de CRR má dhéantar na risíochtaí sin a urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 199(1) de CRR maidir le risíochtaí IRB. Nochtfaidh institiúidí an risíocht iomlán, glan ar risíochtaí a mhainnigh.
EU-9	**Risíochtaí ar mhiondíol** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán risíochta na sócmhainní ar risíochtaí miondíola iad faoi Airteagal 123 CRR i gcás risíochtaí SA agus ar risíochtaí iad faoi phointe (d) d'Airteagal 147(2) de CRR, **mura** ndéantar na risíochtaí sin a urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 199(1) de CRR – i gcás risíochtaí IRB. Nochtfaidh institiúidí an risíocht iomlán, glan ar risíochtaí a mhainnigh.
EU-10	**Corparáidí** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán risíochta na sócmhainní ar risíocht chorparáideach iad (*i.e.* risíocht airgeadais agus neamhairgeadais). Maidir le risíochtaí SA, is risíochtaí iad sin ar chorparáidí a thagann faoi Airteagal 122 de CRR agus i gcás risíochtaí IRB – ar risíochtaí iad ar chorparáidí faoi phointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR **mura** ndéantar na risíochtaí sin a urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 199(1) CRR. Ciallóidh corparáidí airgeadais gnóthais rialáilte agus neamhrialáilte seachas institiúidí dá dtagraítear in EU-7 den teimpléad seo, arb é a bpríomhghníomhaíocht sealúchas a fháil nó ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I de CRD a shaothrú, chomh maith le gnóthais mar a shainmhínítear i bpointe (27) d'Airteagal 4(1) de CRR, seachas institiúidí dá dtagraítear in EU-7 den teimpléad seo. Chun críche na cille seo, sainmhínítear an téarma "fiontar beag agus meánmhéide" i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 501(2) de CRR. Nochtfaidh institiúidí an risíocht iomlán, glan ar risíochtaí a mhainnigh.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-11	**Risíochtaí ar mainneachtain** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán risíochta na sócmhainní atá ar mainneachtain agus – i gcás risíochtaí SA – a thagann faoi Airteagal 127 de CRR nó, i gcás risíochtaí IRB, a aicmítear sna haicmí risíochtaí a liostaítear in Airteagal 147(2) CRR i gcás mainneachtana i gcomhréir le hAirteagal 178 CRR.
EU-12	**Risíochtaí eile (e.g. cothromas, urrúsuithe, agus sócmhainní eile oibleagáide neamhchreidmheasa)** Nochtfaidh institiúidí suim na risíochtaí, arb é sin luach iomlán risíochta na risíochtaí eile nach bhfuil sa leabhar trádála faoi CRR (e.g. cothromas, urrúsuithe agus sócmhainní oibleagáide neamhchreidmheasa; I gcás risíochtaí SA, is sócmhainní iad sin atá aicmithe sna haicmí risíochtaí a liostaítear i bpointí (k), (m), (n), (o), (p) agus (q) d'Airteagal 112 CRR, agus i gcás risíochtaí IRB – i bpointí (e), (f) agus (g) d'Airteagal 147(2) de CRR). Cuirfidh institiúidí san áireamh sócmhainní a asbhaintear chun caipiteal Leibhéal 1 a chinneadh agus a nochtar dá bhrí sin i ró 2 de theimpléad EU LR2-LRCom, mura n-áirítear na sócmhainní sin i ró EU-2, EU-4 go EU-11 de theimpléid EU LR3- LRSpl.

Tábla EU LRA – Faisnéis cháilíochtúil LR a nochtadh. Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

6. Comhlánóidh institiúidí tábla EU LRA trí na treoracha seo a leanas a chur i bhfeidhm, i gcur i bhfeidhm phointí (d) agus (e) d'Airteagal 451(1) de CRR

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	**Tuairisc ar na próisis a úsáidtear chun an priacal maidir le luamhánú iomarcach a bhainistiú** Pointe (d) d'Airteagal 451(1) de CRR Áireofar le "tuairisc ar na próisis a úsáidtear chun an priacal maidir le luamhánú iomarcach a bhainistiú" aon fhaisnéis ábhartha maidir leis an méid seo a leanas: (a) na nósanna imeachta agus na hacmhainní a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an bpriacal maidir le luamhánú iomarcach; (b) uirlisí cainníochtúla, más ann dóibh, a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an bpriacal maidir le luamhánú iomarcach lena n-áirítear sonraí maidir le spriocanna inmheánacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil táscairí eile á n-úsáid seachas cóimheas luamhánaithe de CRR; (c) bealaí ina gcuirtear neamhréireanna aibíochta agus ualú sócmhainní san áireamh agus an priacal maidir le luamhánú iomarcach á bhainistiú; (d) próisis chun freagairt d'athruithe ar an gcóimheas luamhánaithe, lena n-áirítear próisis agus amlínte maidir le méadú féideartha ar chaipiteal Leibhéal 1 chun an priacal maidir le luamhánú iomarcach a bhainistiú; nó próisis agus amlínte chun ainmneoir an chóimheasa luamhánaithe (tomhas na risíochta iomláine) a choigeartú chun an priacal maidir le luamhánú iomarcach a bhainistiú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(b)	**Tuairisc ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar an gcóimheas luamhánaithe le linn na tréimhse a dtagraíonn an cóimheas luamhánaithe nochta dó** Pointe (e) d'Airteagal 451(1) de CRR Áireofar le "tuairisc ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar an gcóimheas luamhánaithe le linn na tréimhse a dtagraíonn an cóimheas luamhánaithe nochta dó" aon fhaisnéis ábhartha maidir leis an méid seo a leanas: (a) cainníochtú ar an athrú ar an gcóimheas luamhánaithe ón dáta tagartha nochta roimhe sin; (b) príomhspreagthaí an chóimheasa luamhánaithe ón dáta tagartha nochta roimhe sin mar aon le barúlacha míniúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (1) cineál an athraithe agus cibé acu ar athrú é ar uimhreoir an chóimheasa, ar ainmneoir an chóimheasa, nó ar an dá cheann; (2) an raibh sé mar thoradh ar chinneadh straitéiseach inmheánach agus, i gcás ina raibh, an raibh an cinneadh straitéiseach sin dírithe go díreach ar an gcóimheas luamhánaithe nó nár imir sé ach tionchar indíreach ar an gcóimheas luamhánaithe; (3) na fachtóirí seachtracha is suntasaí a bhain leis na timpeallachtaí eacnamaíocha agus airgeadais a raibh tionchar acu ar an gcóimheas luamhánaithe.

IARSCRÍBHINN XIII

Tábla EU-LIQA - Bainistiú priacail leachtachta

i gcomhréir le hAirteagal 451d(4) CRR

Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil - Formáid shaor	
(a)	Straitéisí agus próisis chun an priacal leachtachta a bhainistiú, lena n-áirítear beartais maidir le héagsúlú i dtaca le foinsí agus le brí an chistithe atá beartaithe,	
(b)	Struchtúr agus eagrú na feidhme bainistithe priacal leachtachta (údarás, reacht, socruithe eile).	
(c)	Tuairisc ar mhéid láraithe an bhainistithe leachtachta agus ar an idirghníomhaíocht idir aonaid an ghrúpa	
(d)	Raon feidhme agus cineál an tuairiscithe priacail leachtachta agus na gcóras tomhais.	
(e)	Beartais maidir leis an bpriacal leachtachta a fhálú agus a mhaolú mar aon leis na straitéisí agus na próisis chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht leanúnach na bhfáluithe agus na maolaitheoirí.	
(f)	Breac-chuntas ar phleananna cistithe teagmhasacha an bhainc.	
(g)	Míniú ar an gcaoi a n-úsáidtear tástáil struis.	
(h)	Dearbhú atá faofa ón gcomhlacht bainistíochta maidir le leordhóthanacht socruithe bainistithe priacail leachtachta na hinstitiúide ina dtugtar cinnteacht gur leor na córais bainistithe priacal atá i bhfeidhm maidir le próifíl agus straitéis na hinstitiúide.	
(i)	Ráiteas gairid maidir le priacal leachtachta arna fhaomhadh ag an gcomhlacht bainistíochta ina ndéantar cur síos gonta ar phróifíl fhoriomlán priacal leachtachta na hinstitiúide a bhaineann leis an straitéis ghnó. Áireofar sa ráiteas seo cóimheasa agus figiúirí ríthábhachtacha (seachas iad siúd atá cumhdaithe cheana féin i dteimpléad EU LIQ1 faoin gcaighdeán teicniúil cur chun feidhme sin) ina dtugtar léargas cuimsitheach do pháirtithe leasmhara seachtracha ar an mbainistiú a dhéanann an institiúid ar phriacal leachtachta, lena n-áirítear an chaoi a n-idirghníomhaíonn próifíl riosca leachtachta na hinstitiúide leis an lamháltas riosca arna shocrú ag an gcomhlacht bainistíochta. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh ar na cóimheasa sin:	
	— Teorainneacha comhchruinnithe ar chomhthiomsuithe comhthaobhachta agus ar fhoinsí maoinithe (táirgí agus contrapháirtithe araon)	
	— Uirlisí oiriúnaithe tomhais nó méadrachtaí a dhéanann measúnú ar struchtúr chlár comhardaithe an bhainc nó a dhéanann réamh-mheas ar shreabhadh airgid agus ar staideanna leachtachta sa todhchaí, ag cur san áireamh priacail lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann go sonrach leis an mbanc sin	
	— Risíochtaí leachtachta agus riachtanais chistiúcháin ar leibhéal na n-eintiteas dlíthiúil aonair, na mbrainsí eachtracha agus na bhfochuideachtaí, agus srianta dlíthiúla, rialála agus oibríochtúla ar inaistritheacht leachtachta á gcur san áireamh	
	— Ítimí sa chlár comhardaithe agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe arna miondealú ina dtráinsí aibíochta agus na bearnaí leachtachta dá bharr sin	

Teimpléad EU LIQ1 - Faisnéis chainníochtúil faoin gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht

Raon feidhme an chomhdhlúthaithe: (aonair/comhdhlúthaithe)

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Luach iomlán neamhualaithe (meán)				Luach iomlán ualaithe (meán)			
EU 1a	Ráithe dar críoch (LL Mí BBBB)	T	T-1	T-2	T-3	T	T-1	T-2	T-3
EU 1b	Líon na bpointí sonraí arna n-úsáid chun meáin a ríomh								
SÓCMHAINNÍ LEACHTACHA ARDCHAIGHDEÁIN									
1	Iomlán na sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (HQLA)								
AIRGEAD - EIS-SREAFAÍ									
2	Taiscí miondíola agus taiscí ó chustaiméirí gnólachtaí beaga, agus maidir leo sin:								
3	*Taiscí cobhsaí*								
4	*Taiscí ar lú a gcobhsaíocht*								
5	Maoiniú neamhurraithe mórdhíola								
6	*Taiscí oibríochtúla (na contrapháirtithe uile) agus taiscí i líonraí comharbhanc*								
7	*Taiscí neamhoibríochtúla (na contrapháirtithe uile)*								
8	*Fiachas neamhurraithe*								
9	*Maoiniú urraithe mórdhíola*								

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Luach iomlán neamhualaithe (meán)				Luach iomlán ualaithe (meán)			
10	Ceanglais bhreise								
11	*Eis-sreafaí a bhaineann le risíochtaí díorthach agus ceanglais chomhthaobhachta eile*								
12	*Eis-sreafaí a bhaineann le caillteanas cistiúcháin ar tháirgí fiachais*								
13	*Saoráidí creidmheasa agus leachtachta*								
14	Oibleagáidí cistiúcháin conarthacha eile								
15	Oibleagáidí cistiúcháin teagmhasacha eile								
16	IOMLÁN EIS-SREAFAÍ AIRGID								
AIRGEAD – INSREAFAÍ									
17	Iasachtú urraithe (e.g. comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais)								
18	Insreafaí ó risíochtaí tuillmheacha								
19	Insreafaí eile airgid								
EU-19a	(Difríocht idir insreafaí ualaithe iomlána agus eis-sreafaí ualaithe iomlána a thagann as idirbhearta i dtríú tíortha ina bhfuil srianta aistrithe nó atá ainmnithe in airgeadraí nach bhfuil inmhalartaithe)								
EU-19b	(Barrachas na n-insreafaí ó institiúid chreidmheasa speisialaithe ghaolmhar)								

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Luach iomlán neamhualaithe (meán)				Luach iomlán ualaithe (meán)			
20	IOMLÁN INSREAFAÍ AIRGID								
EU-20a	*Insreafaí atá lán-díolmhaithe*								
EU-20b	*Insreafaí faoi réir uasteorainn 90 %*								
EU-20c	*Insreafaí faoi réir uasteorainn 75 %*								
LUACH IOMLÁN COIGEARTAITHE									
EU-21	MAOLÁN LEACHTACHTA								
22	IOMLÁN GLAN-EIS-SREAFAÍ AIRGID								
23	CÓIMHEAS CUMHDAIGH AR LEACHTACHT								

Tábla EU LIQB maidir le faisnéis cháilíochtúil faoin gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht, a chomhlánaíonn teimpléad EU LIQ1.

i gcomhréir le hAirteagal 451d(2) CRR

Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil - Formáid shaor	
(a)	Mínithe ar na príomhchúiseanna le torthaí an chóimheasa cumhdaigh ar leachtacht agus ar an éabhlóid atá tagtha ar rannchuidiú na n-ionchur le ríomh an chóimheasa cumhdaigh ar leachtacht le himeacht na haimsire	
(b)	Mínithe ar na hathruithe ar an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht le himeacht na haimsire	
(c)	Mínithe ar chomhchruinniú iarbhír na bhfoinsí cistiúcháin	
(d)	Tuairisc ardleibhéil ar chomhdhéanamh mhaolán leachtachta na hinstitiúide.	

Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil - Formáid shaor	
(e)	Risíochtaí díorthach agus glaonna féideartha comhthaobhachta	
(f)	Neamhréir airgeadra sa chóimheas cumhdaigh ar leachtacht	
(g)	Ítimí eile i ríomh an chóimheasa cumhdaigh ar leachtacht nach léir i dteimpléad nochta an chóimheasa cumhdaigh ar leachtacht ach a mheasann an institiúid a bheith ábhartha dá próifíl leachtachta	

Teimpléad EU LIQ2: Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí

I gcomhréir le hAirteagal 451a(3) CRR

		a	b	c	d	e
(i méid airgeadra)		Luach neamhualaithe de réir aibíocht iarmhair				Luach ualaithe
		Gan aibíocht	< 6 mhí	6 mhí go dtí < 1 bhliain	≥ 1 bhliain	
Ítimí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (ASF)						
1	Ítimí agus ionstraimí caipitil					
2	*Cistí dílse*					
3	*Ionstraimí caipitil eile*					
4	Taiscí miondíola					
5	*Taiscí cobhsaí*					
6	*Taiscí ar lú a gcobhsaíocht*					
7	Cistiú mórdhíola:					
8	*Taiscí oibríochtúla*					
9	*Cistiú mórdhíola eile*					
10	Dliteanais idirspleácha					

		a	b	c	d	e
(i méid airgeadra)		Luach neamhualaithe de réir aibíocht iarmhair				Luach ualaithe
		Gan aibíocht	< 6 mhí	6 mhí go dtí < 1 bhliain	≥ 1 bhliain	
11	Dliteanais eile:					
12	*Dliteanais díorthach CGCC*					
13	*Gach dliteanas agus ionstraim chaipitil eile nach n-áirítear sna catagóirí thuas*					
14	**Iomlán an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (ASF)**					
Ítimí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (RSF)						
15	Iomlán na sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (HQLA)					
EU-15a	Sócmhainní atá ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair de bhliain amháin nó níos mó i gcomhthiomsú cumhdaigh					
16	Taiscí i seilbh institiúidí airgeadais eile chun críocha oibríochtúla					
17	Iasachtaí agus urrúis thuillmheacha:					
18	*Idirbhearta maoinithe urrús tuillmheach le custaiméirí airgeadais arna gcomhthaobhú le Leibhéal 1 HQLA faoi réir caolchorrlach 0 %*					
19	*Idirbhearta maoinithe urrús tuillmheach le custaiméirí airgeadais arna gcomhthaobhú le sócmhainní eile agus le hiasachtaí agus airleacain eile d'institiúidí airgeadais*					
20	*Iasachtaí tuillmheacha do chliaint chorparáideacha neamhairgeadais, iasachtaí do chustaiméirí miondíola agus gnólachtaí beaga, agus iasachtaí do stáit, agus eintitis earnála poiblí, agus maidir leo sin:*					
21	*Ag a bhfuil ualú priacal is lú ná nó cothrom le 35 % faoi Chur Chuige Caighdeánaithe Basel II maidir le priacal creidmheasa*					

		a	b	c	d	e
(i méid airgeadra)		Luach neamhualaithe de réir aibíocht iarmhair				Luach ualaithe
		Gan aibíocht	< 6 mhí	6 mhí go dtí < 1 bhliain	≥ 1 bhliain	
22	*Morgáistí cónaithe tuillmheacha, agus maidir leo sin:*					
23	*Ag a bhfuil ualú priacal is lú ná nó cothrom le 35 % faoi Chur Chuige Caighdeánaithe Basel II maidir le priacal creidmheasa*					
24	*Iasachtaí agus urrúis eile nach bhfuil ar mainneachtain agus nach gcáilíonn mar HQLA, lena n-áirítear cothromais arna dtrádáil ar an malartán agus táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe*					
25	Sócmhainní idirspleácha					
26	Sócmhainní eile:					
27	*Tráchtearraí fisiciúla a thrádáiltear*					
28	*Sócmhainní a bhreactar mar chorrlach tosaigh le haghaidh conarthaí díorthach agus ranníocaíochtaí le cistí mainneachtana contrapháirtithe lárnacha*					
29	*Sócmhainní díorthach CGCC*					
30	*Dliteanais díorthach CGCC sula ndéanfar an corrlach athrúcháin a bheidh breactha a asbhaint*					
31	*Gach sócmhainn eile nach n-áirítear sna catagóirí thuas*					
32	Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe					
33	**Iomlán an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh**					
34	**Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (%)**					

IARSCRÍBHINN XIV

Treoracha maidir leis na teimpléid do cheanglais leachtachta

Treoracha maidir le Tábla EU LIQA i dtaca le bainistiú priacail leachtachta agus maidir le teimpléad EU LIQ1 maidir le cóimheas cumhdaigh ar leachtacht

1. Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451a de CRR trí thábla EU LIQA, teimpléad EU LIQ1 agus tábla EU LIQB a líonadh.

Tábla EU LIQA - Bainistiú priacail leachtachta

2. Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé CRR an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451a(4) CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU LIQA a léirítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

3. Chun críocha an tábla EU LIQA, measfaidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé CRR gur boscaí le haghaidh saorthéacs iad na boscaí téacs atá sa tábla. Cuirfidh siad ar fáil faisnéis ábhartha, idir fhaisnéis cháilíochtúil agus fhaisnéis chainníochtúil, maidir le cuspóirí agus beartais bainistithe priacail le haghaidh priacal leachtachta, ag brath ar a samhlacha gnó agus ar a bpróifílí priacail leachtachta, ar eagrú agus ar fheidhmeanna a bhaineann le bainistiú priacail leachtachta, i gcomhréir le hAirteagal 435(1) de CRR agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ([2]) ón gCoimisiún i ndáil leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa.

Teimpléad EU LIQ1 - Faisnéis chainníochtúil faoin gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht

4. Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé CRR an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451a(2) CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU LIQ1 a léirítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

5. Agus an fhaisnéis atá ag teastáil sa teimpléad seo á nochtadh, áireoidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé de CRR na luachanna agus na figiúirí is gá do gach ceann de na ceithre ráithe féilire (Eanáir-Márta, Aibreán-Meitheamh, Iúil-Meán Fómhair, Deireadh Fómhair-Nollaig) roimh dháta an nochta. Ríomhfaidh institiúidí na luachanna agus na figiúirí sin mar mheáin shimplí na mbarúlacha ag deireadh na míosa thar an dá mhí dhéag roimh dheireadh gach ráithe.

6. San fhaisnéis is gá i dteimpléad EU LIQ1 áireofar gach ítim gan beann ar an airgeadra ina bhfuil siad ainmnithe agus nochtfar í san airgeadra tuairiscithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.

7. D'fhonn na hinsreafaí agus na heis-sreafaí neamhualaithe agus ualaithe agus an HQLA ualaithe a ríomh chun críche teimpléid EU LIQ1, cuirfidh institiúidí na treoracha seo a leanas i bhfeidhm:

   (a) Insreafaí/eis-sreafaí: déanfar luach neamhualaithe na n-insreafaí agus na n-eis-sreafaí a ríomh mar iarmhéideanna gan íoc de chatagóirí nó de chineálacha éagsúla dliteanas, d'ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe nó d'earraí infhaighte conarthacha. Déanfar an luach 'meáite' le haghaidh insreafaí agus eis-sreafaí a ríomh mar an luach tar éis na rátaí insreafa agus eis-sreafa a chur i bhfeidhm.

   (b) HQLA: déanfar luach 'ualaithe' na Sócmhainní Leachtacha Ardchaighdeáin (HQLA) a ríomh mar an luach tar éis caolchorrlaigh a chur i bhfeidhm.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([2]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2015/61 ón gCOIMISIÚN an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

8. D'fhonn luach coigeartaithe an mhaoláin leachtachta in ítim 21 agus luach coigeartaithe glan-eis-sreafaí iomlána airgid in ítim 22 de theimpléad EU LIQ1 a ríomh, cuirfidh institiúidí gach ceann de na treoracha seo a leanas i bhfeidhm:

(a) is ionann luach coigeartaithe an mhaoláin leachtachta agus luach HQLA iomlán tar éis an dá chaolchorrlach agus aon uasteorainn is infheidhme a chur i bhfeidhm;

(b) ríomhfar luach coigeartaithe glan-eis-sreafaí airgid tar éis an uasteorainn ar insreafaí a chur i bhfeidhm, i gcás inarb infheidhme.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Iomlán na sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (HQLA)** Nochtfaidh institiúidí méid na sócmhainní leachtacha, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, mar luach ualaithe sula gcuirfidh siad an sásra coigeartaithe dá dtagraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún i bhfeidhm.
2	**Taiscí miondíola agus taiscí ó chustaiméirí gnólachtaí beaga, agus maidir leo sin:** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe méid na dtaiscí miondíola i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe eis-sreabhadh na dtaiscí miondíola i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo maidir le taiscí miondíola i gcomhréir le hAirteagal 411(2) de CRR. I gcomhréir le hAirteagal 28(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, nochtfaidh institiúidí freisin, laistigh den chatagóir iomchuí taisce miondíola, méid na nótaí, na mbannaí agus na n-urrús eile arna n-eisiúint a dhíoltar go heisiach sa mhargadh miondíola agus a shealbhaítear i gcuntas miondíola. Cuirfidh institiúidí san áireamh sa chatagóir dliteanais sin na rátaí eis-sreafa is infheidhme dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún le haghaidh catagóirí éagsúla taiscí miondíola.
3	**Taiscí cobhsaí** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe suim na méideanna atá sna taiscí cobhsaí i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí suim eis-sreabhadh na dtaiscí cobhsaí mar luach ualaithe i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo an chuid de mhéideanna na dtaiscí miondíola a chumhdaítear le Scéim Ráthaithe Taiscí i gcomhréir le Treoir 94/19/CE [3] nó le Treoir 2014/49/AE [4] nó le scéim ráthaithe taiscí choibhéiseach i dtríú tír agus ar cuid de ghaol seanbhunaithe í, rud a fhágann gur beag seans go ndéanfar í a aistarraingt nó go sealbhaítear í i gcuntas idirbheartaíochta i gcomhréir le hAirteagal 24(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún faoi seach agus i gcás: — Ní chomhlíonann na taiscí sin na critéir le haghaidh ráta eis-sreafa níos airde i gcomhréir le hAirteagal 25(2), (3) nó (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, agus — Níor glacadh na taiscí sin i dtríú tíortha ina gcuirtear eis-sreabhadh níos airde i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 25(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.

[3] TREOIR 94/19/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 30 Bealtaine 1994 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (IO L 135, 31.5.1994, lch. 5).

[4] TREOIR 2014/49/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
4	**Taiscí ar lú a gcobhsaíocht** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe suim na méideanna atá sna taiscí miondíola i gcomhréir le hAirteagal 25 (1), (2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí suim eis-sreabhadh na dtaiscí miondíola mar luach ualaithe i gcomhréir le hAirteagal 25 (1), (2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
5	**Maoiniú neamhurraithe mórdhíola** Nochtfaidh institiúidí suimeanna na méideanna neamhualaithe agus ualaithe nach mór a nochtadh i ró 6 'Taiscí oibríochtúla (gach contrapháirtí) agus taiscí i líonraí comharbhanc', ró 7 'Taiscí neamhoibríochtúla (gach contrapháirtí)' agus ró 8 'fiachas neamhurraithe' den teimpléad seo.
6	**Taiscí oibríochtúla (na contrapháirtithe uile) agus taiscí i líonraí comharbhanc** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe méid na dtaiscí oibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe eis-sreafaí na dtaiscí oibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo an chuid de na taiscí oibríochtúla a bhfuil gá léi chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Measfar gur taiscí neamhoibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún iad taiscí a eascraíonn as caidreamh baincéireachta comhfhreagraí nó as seirbhísí príomhbhróicéireachta a sholáthar. Ní nochtfar anseo an chuid de na taiscí oibríochtúla atá os cionn an méid is gá chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar.
7	**Taiscí neamhoibríochtúla (na contrapháirtithe uile)** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe méid na dtaiscí neamhoibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 27(5), Airteagal 28(1) agus Airteagal 31A(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe eis-sreabhadh na dtaiscí neamhoibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 27(5), Airteagal 28(1) agus Airteagal 31A(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo maidir le taiscí a eascraíonn as baincéireacht chomhfhreagrach nó as seirbhísí príomhbhróicéireachta a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Déanfar a nochtadh anseo an chuid de thaiscí oibríochtúla de bhreis orthu siúd is gá chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar, i gcomhréir le hAirteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
8	**Fiachas neamhurraithe** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe iarmhéid nótaí, bannaí agus urrús fiachais eile atá gan íoc, arna heisiúint ag an institiúid seachas an luach a nochtar mar thaiscí miondíola dá dtagraítear in Airteagal 28(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Áirítear sa mhéid sin freisin cúpóin a bheidh dlite sa 30 lá féilire dár gcionn arna dtagairt do na hurrúis sin go léir. Déanfaidh institiúidí eis-sreabhadh na nótaí, na mbannaí agus na n-urrús fiachais eile sin a luaitear sa mhír roimhe seo a nochtadh mar luach ualaithe.
9	**Maoiniú urraithe mórdhíola** Nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe suim an eis-sreafa a thiocfaidh as iasachtú urraithe nó idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 28(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus ó bhabhtálacha comhthaobhachta agus idirbhearta eile a bhfuil foirm chomhchosúil acu i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
10	**Ceanglais bhreise** Nochtfaidh institiúidí suimeanna na méideanna neamhualaithe agus ualaithe is gá a nochtadh i ró 11 'Eis-sreafaí a bhaineann le risíochtaí díorthach agus ceanglais chomhthaobhachta eile', ró 12 'Eis-sreafaí a bhaineann le caillteanas cistiúcháin ar tháirgí fiachais' agus i ró 13 'Saoráidí creidmheasa agus leachtachta' den teimpléad seo.
11	**Eis-sreafaí a bhaineann le risíochtaí díorthach agus ceanglais chomhthaobhachta eile** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe suim na méideanna agus na n-eis-sreafaí seo a leanas faoi seach: — Luach margaidh agus eis-sreafaí ábhartha comhthaobhachta nach comhthaobhacht Leibhéal 1 í a bhreactar le haghaidh conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II de CRR agus díorthaigh chreidmheasa, i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Luach margaidh agus eis-sreafaí ábhartha comhthaobhachta sócmhainní Bannaí faoi Chumhdach EHQ Leibhéal 1 a bhreactar le haghaidh conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II de CRR agus díorthaigh chreidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Méid iomlán na n-eis-sreafaí breise arna ríomh agus arna gcur in iúl do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 30(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún mar eis-sreafaí ábhartha mar gheall ar mheathlú ar cháilíocht chreidmheasa féin. — Méid na n-eis-sreafaí a eascraíonn as tionchar a bheadh ag cás díobhálach margaidh ar idirbhearta díorthach mar a bheartaítear in Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus a ríomhtar i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/208 ón gCoimisiún ([5]). — Méid na n-eis-sreafaí a mbeidh coinne leo thar 30 lá féilire ó chonarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II de CRR agus ó dhíorthaigh chreidmheasa mar a bheartaítear in Airteagal 30(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.

([5]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2017/208 ón gCOIMISIÚN an 31 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála d'eis-sreafaí leachtachta breise a chomhfhreagraíonn do riachtanais chomhthaobhachta mar thoradh ar an tionchar a bheadh ag cás díobhálach margaidh ar idirbhearta díorthach institiúide (IO L 33, 8.2.2017, lch. 14).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	— Luach margaidh, agus eis-sreafaí ábhartha, na comhthaobhachta barrachais atá i seilbh na hinstitiúide agus is féidir leis an gcontrapháirtí a ghlaoch go conarthach tráth ar bith mar a bheartaítear i bpointe (a) d'Airteagal 30(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Luach margaidh agus eis-sreafaí ábhartha na comhthaobhachta atá le breacadh le contrapháirtí laistigh den tréimhse 30 lá féilire mar a bheartaítear i bpointe (b) d'Airteagal 30(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Luach margaidh agus eis-sreafaí ábhartha na comhthaobhachta a cháilíonn mar shócmhainní leachtacha chun críche Theideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún is féidir a chur in ionad sócmhainní a chomhfhreagraíonn do shócmhainní nach gcáileodh mar shócmhainní leachtacha chun críche Theideal II den Rialachán céanna gan toiliú na hinstitiúide, mar a bheartaítear i bpointe (c) d'Airteagal 30(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
12	**Eis-sreafaí a bhaineann le caillteanas cistiúcháin ar tháirgí fiachais** Nochtfaidh institiúidí, mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe, méid agus eis-sreafaí an chaillteanais cistiúcháin ar ghníomhaíochtaí maoinithe struchtúrtha, faoi seach, mar a bheartaítear in Airteagal 30(8) go 30(10) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Glacfaidh institiúidí eis-sreabhadh 100 % le haghaidh caillteanas cistiúcháin ar urrúis de bhun sócmhainní, bannaí faoi chumhdach agus ionstraimí airgeadais struchtúrtha eile a thiocfaidh in aibíocht laistigh den tréimhse 30 lá féilire arna n-eisiúint ag an institiúid chreidmheasa nó ag idirghabhálaithe urraithe nó ag meáin shainchuspóireacha. Institiúidí ar sholáthróirí saoráidí leachtachta iad a bhaineann le cláir mhaoiniúcháin a nochtar anseo, ní gá dóibh an ionstraim maoinithe atá ag teacht in aibíocht ná an tsaoráid leachtachta do chláir chomhdhlúite a chomhaireamh faoi dhó.
13	**Saoráidí creidmheasa agus leachtachta** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe méid agus eis-sreabhadh na saoráidí creidmheasa agus leachtachta faoi seach i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo freisin maidir le saoráidí tiomanta i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
14	**Oibleagáidí cistiúcháin conarthacha eile** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe suim na méideanna agus na n-eis-sreafaí faoi seach, maidir leis na hítimí seo a leanas: — Sócmhainní a fuarthas ar iasacht ar bhonn neamhurraithe, agus a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 30 lá mar a bheartaítear in Airteagal 28(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Glacfar leis go mbeidh caillteanas iomlán i leith na sócmhainní sin, rud a fhágfaidh go mbeidh eis-sreabhadh 100 % ann. Nochtfaidh institiúidí luach margaidh na sócmhainní a fhaightear ar iasacht ar bhonn neamhurraithe agus a thiocfaidh in aibíocht laistigh den tréimhse 30 lá i gcás nach bhfuil na hurrúis faoi úinéireacht na hinstitiúide agus nach cuid de mhaolán leachtachta na hinstitiúide iad.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	— Suímh ghearra a chumhdaítear le hiasachtaí urrúis neamhurraithe. Mar a bhunaítear in Airteagal 30(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, cuirfidh institiúidí eis-sreabhadh breise isteach a chomhfhreagróidh do 100 % de luach margaidh na n-urrús nó na sócmhainní eile a dhíoltar folamh mura rud é, maidir leis na téarmaí ar a bhfuair an institiúid chreidmheasa ar iasacht iad, nach n-éilíonn siad go dtabharfar ar ais iad ach amháin tar éis 30 lá féilire. Má tá an suíomh gearr cumhdaithe ag idirbheart um maoiniú urrús comhthaobhaithe, glacfaidh an institiúid chreidmheasa leis go gcoinneofar an suíomh gearr ar feadh na tréimhse 30 lá féilire agus go bhfuair sé eis-sreabhadh 0 %. — Dliteanais a thiocfaidh as caiteachais oibriúcháin. Mar a bhunaítear in Airteagal 28(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, nochtfaidh institiúidí méid iarmhéid na ndliteanas a bheidh gan íoc mar thoradh ar chaiteachais oibriúcháin na hinstitiúide creidmheasa féin. Ní spreagann na dliteanais sin eis-sreafaí. — Idirbhearta neamhurraithe eile a bheidh dlite sna 30 lá féilire dár gcionn agus nach n-áirítear in Airteagal 24 go hAirteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, a spreag eis-sreafaí 100 %, mar a bhunaítear in Airteagal 31A(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
15	**Oibleagáidí cistiúcháin teagmhasacha eile** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe suim na méideanna agus na n-eis-sreafaí faoi seach, maidir leis na hítimí seo a leanas: — Táirgí agus seirbhísí eile dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo i dtaca leis na táirgí nó seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Is éard a bheidh sa mhéid atá le nochtadh an t-uasmhéid a d'fhéadfaí a tharraingt as na táirgí nó na seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Barrachas na ngealltanas conarthach chun cistiú a shíneadh chuig custaiméirí neamhairgeadais laistigh de 30 lá féilire mar a bheartaítear in Airteagal 31A(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Glanluacháil inmheánach suíomhanna cliant i gcomhréir le hAirteagal 30(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí anseo luach margaidh sócmhainní neamhleachtacha cliaint, ar sócmhainní iad a d'úsáid an institiúid chreidmheasa, maidir le seirbhísí príomhbhróicéireachta, chun díol folamh cliaint eile a chumhdach trína gcomhoiriúnú go hinmheánach.
16	**IOMLÁN EIS-SREAFAÍ AIRGID** Nochtfaidh institiúidí suim luach ualaithe na n-ítimí seo a leanas faoi na treoracha seo a leanas: — Ró 2: Taiscí miondíola agus taiscí ó chustaiméirí gnólachtaí beaga den teimpléad seo; — Ró 5: Maoiniú neamhurraithe mórdhíola den teimpléad seo, — Ró 9: Maoiniú urraithe mórdhíola den teimpléad seo, — Ró 10: Ceanglais bhreise den teimpléad seo, — Ró 14: Oibleagáidí cistiúcháin conarthacha eile den teimpléad seo; — Ró 15: Oibleagáidí cistiúcháin teagmhasacha eile den teimpléad seo.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
17	**Iasachtú urraithe (e.g. comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais)** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe suim na nithe seo a leanas: — Méideanna na n-idirbheart iasachta urraithe agus na n-idirbheart caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh ag a bhfuil aibíocht iarmhair nach faide ná 30 lá mar a bheartaítear i bpointí (b), (c) agus (f) d'Airteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Luach margaidh na comhthaobhachta a thugtar ar iasacht i mbabhtálacha comhthaobhachta mar a bheartaítear in Airteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe suim na nithe seo a leanas: — Insreafaí ó idirbhearta iasachta urraithe agus ó idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh ag a bhfuil aibíocht iarmhair nach faide ná 30 lá mar a bheartaítear i bpointí (b), (c) agus (f) d'Airteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — Insreafaí ó bhabhtálacha comhthaobhachta mar a bheartaítear in Airteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
18	**Insreafaí ó risíochtaí tuillmheacha** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe suim na méideanna iomlán agus na n-insreafaí faoi seach, maidir leis na hítimí seo a leanas: — airgead atá dlite ó chustaiméirí neamhairgeadais (seachas bainc cheannais) mar a bheartaítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — airgead atá dlite ó bhainc cheannais agus ó chustaiméirí airgeadais mar a bheartaítear i bpointe (a) d'Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — airgead atá dlite ó idirbhearta maoiniúcháin trádála mar a bheartaítear i bpointe (b) d'Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún ag a bhfuil aibíocht iarmhair nach mó ná 30 lá. — insreafaí a chomhfhreagraíonn d'eis-sreafaí i gcomhréir le gealltanais iasachta cur chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 31(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
19	**Insreafaí eile airgid** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe suim na méideanna iomlán agus na n-insreafaí faoi seach, maidir leis na hítimí seo a leanas: — airgead atá dlite ó urrúis a thiocfaidh in aibíocht laistigh de 30 lá mar a bheartaítear i bpointe (c) d'Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — iasachtaí a bhfuil dáta deiridh neamhshainithe leo mar a bheartaítear i bpointe (i) d'Airteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	— airgead atá dlite ó shuímh in ionstraimí cothromais mórinnéacs ar an gcoinníoll nach gcuirfear i gcuntas faoi dhó iad le sócmhainní leachtacha mar a bheartaítear i bpointe (d) d'Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Cuirfear san áireamh sa suíomh airgead atá dlite de réir conartha laistigh de 30 lá féilire, amhail díbhinní airgid ó na mórinnéacsanna sin agus airgead atá dlite ó na hionstraimí cothromais sin a díoladh ach nár socraíodh fós, mura n-aithnítear iad mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le Teideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — insreafaí ó scaoileadh iarmhéideanna atá i gcuntais leithscartha i gcomhréir le ceanglais rialála chun sócmhainní trádála do chustaiméirí a chosaint mar a bheartaítear in Airteagal 32(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Ní chuirfear insreafaí san áireamh ach amháin má choinnítear na hiarmhéideanna sin i sócmhainní leachtacha mar a shonraítear i dTeideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — insreafaí ó dhíorthaigh mar a bheartaítear in Airteagal 32(5) i gcomhar le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — insreafaí ó shaoráidí creidmheasa nó leachtachta neamhtharraingthe a chuireann baill de ghrúpa nó de scéim cosanta institiúideach ar fáil i gcás inar thug na húdaráis inniúla cead ráta insreafa níos airde a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. — insreafaí eile i gcomhréir le hAirteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
EU-19a	**(Difríocht idir insreafaí ualaithe iomlána agus eis-sreafaí ualaithe iomlána a thagann as idirbhearta i dtríú tíortha ina bhfuil srianta aistrithe nó atá ainmnithe in airgeadraí nach bhfuil inmhalartaithe)** Mar a bheartaítear in Airteagal 32(8) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, nochtfaidh institiúidí mar luach ualaithe barrachas na n-insreafaí ualaithe sin i leith na n-eis-sreafaí sin.
EU-19b	**(Barrachas na n-insreafaí ó institiúid chreidmheasa speisialaithe ghaolmhar)** Mar atá beartaithe i bpointe (e) d'Airteagal 2(3) agus in Airteagal 33(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, chun críocha nochtadh ar bhonn comhdhlúite, nochtfaidh institiúidí creidmheasa mar luach ualaithe na hinsreafaí a thagann as institiúid chreidmheasa speisialaithe ghaolmhar dá dtagraítear in Airteagal 33(3) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún atá níos mó ná méid na n-eis-sreafaí a thagann as an ngnóthas céanna.
20	**IOMLÁN INSREAFAÍ AIRGID** Nochtfaidh institiúidí suim luach neamhualaithe agus ualaithe na n-ítimí seo a leanas faoi na treoracha seo a leanas: — Ró 17: Iasachtú urraithe (e.g. comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais) den teimpléad seo — Ró 18: Insreafaí ó risíochtaí tuillmheacha den teimpléad seo — Ró 19: Insreafaí eile airgid den teimpléad seo

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	— lúide: — Ró EU-19a: (Difríocht idir insreafaí ualaithe iomlána agus eis-sreafaí ualaithe iomlána a thagann as idirbhearta i dtríú tíortha ina bhfuil srianta aistrithe nó atá ainmnithe in airgeadraí nach bhfuil inmhalartaithe) den teimpléad seo — Ró EU-19b: (Barrachas na n-insreafaí ó institiúid chreidmheasa speisialaithe ghaolmhar) den teimpléad seo.
EU-20a	**Insreafaí atá lán-díolmhaithe** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe méid iomlán na sócmhainní/an airgid dlite/uasmhéid is féidir a tharraingt agus na hinsreafaí iomlána ábhartha a ghabhann leo, faoi seach, atá díolmhaithe ón uasteorainn ar insreafaí i gcomhréir le hAirteagail 32, 33 agus 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
EU-20b	**Insreafaí faoi réir uasteorainn 90 %** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe méid iomlán na sócmhainní/an airgid dlite/uasmhéid is féidir a tharraingt agus na hinsreafaí iomlána ábhartha a ghabhann leo, faoi seach, atá faoi réir uasteorainn insreafaí 90 % i gcomhréir le hAirteagail 32, 33 agus 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
EU-20c	**Insreafaí faoi réir uasteorainn 75 %** Nochtfaidh institiúidí mar luach neamhualaithe agus mar luach ualaithe méid iomlán na sócmhainní/an airgid dlite/uasmhéid is féidir a tharraingt agus na hinsreafaí iomlána ábhartha a ghabhann leo, faoi seach, atá faoi réir uasteorainn insreafaí 75 % i gcomhréir le hAirteagail 32, 33 agus 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
EU-21	**MAOLÁN LEACHTACHTA** Nochtfaidh institiúidí mar luach coigeartaithe luach mhaolán leachtachta na hinstitiúide arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn I – Foirmle chun comhdhéanamh mhaolán leachtachta Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún a chinneadh.
22	**IOMLÁN GLAN-EIS-SREAFAÍ AIRGID** Nochtfaidh institiúidí mar an luach coigeartaithe an glan-eis-sreabhadh leachtachta atá cothrom le heis-sreafaí iomlána lúide an laghdú i gcás insreafaí atá díolmhaithe go hiomlán lúide an laghdú i gcás insreafaí atá faoi réir uasteorainn 90 % lúide an laghdú i gcás insreafaí atá faoi réir uasteorainn 75 %.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
23	**CÓIMHEAS CUMHDAIGH AR LEACHTACHT (%)** Nochtfaidh institiúidí mar luach coigeartaithe an céatadán den ítim 'Cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (%)' mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Beidh an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht cothrom leis an gcóimheas idir maolán leachtachta na hinstitiúide creidmheasa agus a glan-eis-sreafaí leachtachta thar thréimhse struis 30 lá féilire agus sloinnfear é mar chéatadán.

Tábla EU LIQB maidir le faisnéis cháilíochtúil faoin gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht, a chomhlánaíonn teimpléad EU LIQ1.

9. Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé CRR an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 451a(2) CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU LIQA a léirítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

10. Cuirfear ar fáil i dtábla EU LIQB faisnéis cháilíochtúil faoi na hítimí a áirítear i dteimpléad LIQ1 maidir le faisnéis chainníochtúil faoin gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht.

11. Institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé de CRR, measfaidh siad gur boscaí le haghaidh saorthéacs iad na boscaí téacs atá sa tábla seo agus nochtfaidh siad na hítimí a áirítear ann, i gcás inar féidir, i gcomhréir lena mbreithniú i gcomhthéacs an tsainmhínithe ar an gcóimheas cumhdaigh ar leachtacht i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus i gcomhthéacs na méadrachtaí faireacháin leachtachta breise a leagtar amach i gCaibidil 7b de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún ([6]).

Treoracha maidir le teimpléad EU LIQ2 maidir le nochtadh an Chóimheasa Glanchistiúcháin Chobhsaí (CGCC)

12. Institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé CRR nochtfaidh siad an fhaisnéis a áirítear i dteimpléad EU LIQ2 agus Airteagal 451a(3) de CRR á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na treoracha a áirítear san Iarscríbhinn seo. Déanfar figiúirí dheireadh na ráithe a nochtadh do gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta. Maidir leis an nochtadh bliantúil, mar shampla, áirítear leis sin ceithre thacar sonraí lena gcumhdaítear an ráithe is déanaí agus na trí ráithe roimhe sin.

13. San fhaisnéis is gá i dteimpléad EU LIQ2 áireofar gach sócmhainn, dliteanas agus ítim atá lasmuigh den chlár comhardaithe gan beann ar an airgeadra ina bhfuil siad ainmnithe agus nochtfar í san airgeadra tuairiscithe mar a shainmhínítear in Airteagal 411(15) CRR.

14. Chun aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint, ní nochtfaidh institiúidí sócmhainní ná dliteanais a bhaineann le comhthaobhacht a bhreactar nó a fhaightear mar chorrlach athrúcháin i gcomhréir le hAirteagal 428k(4) agus le hAirteagal 428ah(2) CRR, a bhaineann le corrlach tosaigh agus ranníocaíocht le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 428ag agus a bhaineann le pointe (b) d'Airteagal 428ag CRR.

15. Déanfar taiscí arna gcoinneáil i gcomhthéacs scéime cosanta institiúidí, nó i gcomhthéacs líonra comharchumann a mheastar gur sócmhainní leachtacha iad, a nochtadh amhlaidh. Déanfar ítimí eile laistigh de ghrúpa nó de scéim cosanta institiúideach a nochtadh sna catagóirí ginearálta ábhartha sa teimpléad do chistiú cobhsaí a cheanglaítear nó atá ar fáil.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch. 1).

16. Nochtfaidh institiúidí i gcónaí mar 'Luach ualaithe de réir aibíocht iarmhair' i gcolúin a, b, c agus d den teimpléad na luachanna cuntasaíochta, cé is moite de chásanna conarthaí díorthach, ar ina leith siúd tagróidh institiúidí don luach cóir mar a shonraítear in Airteagal 428d(2) CRR.

17. Nochtfaidh institiúidí 'luach ualaithe' i gcolún e den teimpléad seo. Léireoidh an luach sin an luach i gcomhréir le hAirteagal 428c(2) CRR arb é toradh an luacha neamhualaithe é arna iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí.

18. Déanfar méid na sócmhainní agus na ndliteanas a eascraíonn as idirbhearta maoinithe urrús (IMUanna) le contrapháirtí aonair a mheas ar bhonn glanluachála i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 428e CRR. I gcás ina raibh na hidirbhearta aonair arna nglanluacháil faoi réir fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (RSF) éagsúla má rinneadh iad a mheas ar leithligh, beidh an glanmhéid a nochtadh, i gcás sócmhainne, faoi réir an fhachtóra RSF is airde díobh.

19. Cuirfidh institiúidí ar fáil san insint a ghabhann leis an teimpléad seo aon mhíniúcháin is gá chun tuiscint ar na torthaí agus ar na sonraí a ghabhann leo a éascú. Míneoidh na hinstitiúidí an méid seo a leanas ar a laghad:

    a. cúiseanna thorthaí CGCC agus na cúiseanna le hathruithe laistigh den tréimhse chomh maith leis na hathruithe le himeacht ama (e.g. athruithe ar straitéisí, struchtúr cistiúcháin, imthosca); agus

    b. comhdhéanamh shócmhainní agus dhliteanais idirspleácha na hinstitiúide agus a mhéid atá na hidirbhearta sin fite fuaite ina chéile.

Ítimí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (ASF)

20. I gcomhréir le hAirteagal 428i de CRR, mura sonraítear a mhalairt i gCaibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR, déanfar méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (ASF) a ríomh trí mhéid na ndliteanas agus na gcistí dílse, mar luach neamhualaithe, a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil. Léiríonn an luach ualaithe i gcolún 'e' den teimpléad seo méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil.

21. Nochtfar na dliteanais agus na cistí dílse uile le miondealú de réir a n-aibíochta iarmhair i gcolúin a, b, c agus d den teimpléad seo, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 428j, 428o agus 428ak de CRR, leis an miondealú seo a leanas i dtéarmaí tráinsí aibíochta:

    a. gan aibíocht: Níl aibíocht luaite leis na hítimí atá le nochtadh sa tráinse ama 'gan aibíocht' nó tá siad suthain;

    b. aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí;

    c. aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad ach is lú ná bliain amháin; agus

    d. aibíocht iarmhair bliana nó níos mó.

Ítimí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (RSF)

22. Nochtfaidh institiúidí sa chatagóir iomchuí na sócmhainní go léir ar a gcoimeádann siad úinéireacht thairbhiúil fiú mura dtugtar cuntas orthu ina gclár comhardaithe. Ní nochtfar sócmhainní nach gcoimeádann institiúidí úinéireacht thairbhiúil orthu fiú má chuirtear na sócmhainní sin san áireamh ina gclár comhardaithe.

23. I gcomhréir le hAirteagal 428p de CRR, mura sonraítear a mhalairt i gCaibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR, déanfar méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (RSF) a ríomh trí luach neamhualaithe na sócmhainní agus na n-ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh.

24. Déanfar sócmhainní is incháilithe mar shócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (HQLA) i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún a nochtadh amhlaidh i ró ainmnithe gan beann ar a n-aibíocht iarmhair.

25. Déanfar gach sócmhainn neamh-HQLA agus gach ítim atá lasmuigh den chlár comhardaithe a nochtadh le miondealú de réir a n-aibíochta iarmhair i gcomhréir le hAirteagal 428q de CRR. Is iad seo a leanas tráinsí aibíochta na méideanna, na bhfachtóirí caighdeánacha agus na bhfachtóirí is infheidhme:

a. aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí nó gan aibíocht luaite;

b. aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad ach is lú ná bliain amháin; agus

c. aibíocht iarmhair bliana nó níos mó.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
	Ítimí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (ASF)
1	**Ítimí agus ionstraimí caipitil** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna i ró 2 agus ró 3 den teimpléad seo.
2	**Cistí dílse** Pointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 428o de CRR Cuirfidh institiúidí san áireamh anseo suim na n-ítimí seo a leanas: — ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) sula gcuirfear i bhfeidhm scagairí stuamachta, asbhaintí agus díolúine nó roghanna eile a shonraítear in Airteagail 32 go 36, 48, 49 agus 79 de CRR; — ítimí breise Leibhéal 1 (AT1) sula gcuirfear i bhfeidhm na hasbhaintí agus na díolúintí a shonraítear in Airteagail 56 agus 79 de CRR; agus — ítimí Leibhéal 2 (T2) sula gcuirfear i bhfeidhm na hasbhaintí agus na díolúintí a shonraítear in Airteagail 66 agus 79 de CRR agus a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu ar an dáta tagartha nochtadh. Is ionstraimí suthaine iad ítimí CET1 agus AT1 a nochtfar sa tráinse 'gan aibíocht'. I dtaca le hítimí AT1 is inghlaoite ag an institiúid, i gcás gur lú ná bliain amháin an tréimhse go dáta na céadrogha ar cheannach, agus sa chás sin amháin, ní nochtfar iad sa tráinse 'gan aibíocht' ach sa tráinse ama is infheidhme (i.e. aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí nó aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad ach is lú ná bliain amháin). Is cuma cé acu a feidhmíodh nó nár feidhmíodh an chéadrogha. Maidir le hítimí T2, áireofar sa tráinse aibíochta bliana amháin nó níos mó na hionstraimí sin ag a bhfuil aibíocht iarmhair choibhéiseach agus, i gcásanna eisceachtúla ionstraimí T2 gan aon aibíocht, na hionstraimí sin freisin. I gcás ina raibh ítimí T2 inghlaoite ag an institiúid, agus is cuma cé acu ar fheidhmigh an institiúid an chéadrogha ar cheannach nó nár fheidhmigh, cinnfear aibíocht iarmhair na hionstraime faoi dháta na céadrogha ar cheannach. Sa chás sin, nochtfaidh an institiúid na hítimí sin sa tráinse ama ábhartha agus ní chuirfidh sí fachtóir ASF 100 % i bhfeidhm más féidir an chéadrogha a fheidhmiú laistigh de bhliain amháin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
3	**Ionstraimí caipitil eile** Pointe (d) d'Airteagal 428o agus pointe (d) d'Airteagal 428k(3) de CRR Ionstraimí caipitil eile ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó ar an dáta tagartha nochta. I gcás ina raibh ionstraimí caipitil eile inghlaoite ag an institiúid, agus is cuma cé acu ar fheidhmigh an institiúid an chéadrogha ar cheannach nó nár fheidhmigh, cinnfear aibíocht iarmhair na hionstraime faoi dháta na céadrogha ar cheannach. Sa chás sin, nochtfaidh an institiúid na hítimí sin sa tráinse ama ábhartha agus ní chuirfidh sí fachtóir ASF 100 % i bhfeidhm más féidir an chéadrogha a fheidhmiú laistigh de bhliain amháin.
4	**Taiscí miondíola** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna i ró 5 agus ró 6 den teimpléad seo.
5	**Taiscí miondíola cobhsaí** Airteagal 428n de CRR Áireoidh institiúidí an chuid de mhéideanna na dtaiscí miondíola a chumhdaítear le Scéim Ráthaithe Taiscí i gcomhréir le Treoir 94/19/CE nó le Treoir 2014/49/AE nó le scéim ráthaithe taiscí choibhéiseach i dtríú tír agus ar cuid de ghaol seanbhunaithe í, rud a fhágann gur beag seans go ndéanfar í a aistarraingt nó go sealbhaítear í i gcuntas idirbheartaíochta i gcomhréir le hAirteagail 24(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún faoi seach agus i gcás: — ní chomhlíonann na taiscí sin na critéir le haghaidh ráta eis-sreafa níos airde i gcomhréir le hAirteagail 25(2), (3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, rud a fhágann go n-áireofar iad mar 'taiscí ar lú a gcobhsaíocht'; nó — níor glacadh na taiscí sin i dtríú tíortha ina gcuirtear eis-sreabhadh níos airde i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 25(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, rud a fhágann go n-áireofar iad mar 'taiscí ar lú a gcobhsaíocht'.
6	**Taiscí miondíola ar lú a gcobhsaíocht** Airteagal 428m de CRR Nochtfaidh institiúidí méid na dtaiscí miondíola eile seachas na taiscí sin arna ngabháil mar 'taiscí miondíola cobhsaí' i ró 5 den teimpléad seo.
7	**Cistiú mórdhíola:** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna i ró 8 agus ró 9 den teimpléad seo.
8	**Taiscí oibríochtúla** Pointe (a) d'Airteagal 428l de CRR

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
	Nochtfaidh institiúidí anseo an chuid sin de na taiscí a fhaightear (ó chustaiméirí airgeadais agus ó chustaiméirí eile neamhairgeadais araon) a chomhlíonann na critéir le haghaidh taiscí oibríochtúla a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus atá riachtanach chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar. Ní dhéanfar taiscí oibríochtúla de bhreis ar an méid is gá chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar a áireamh anseo ach laistigh de ró 9, 'Cistiú mórdhíola eile' den teimpléad seo. Measfar gur taiscí neamhoibríochtúla i gcomhréir le hAirteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún iad taiscí a eascraíonn as caidreamh baincéireachta comhfhreagraí nó as seirbhísí príomhbhróicéireachta a sholáthar agus nochtfar iad faoi ró 9, 'Cistiú mórdhíola eile' den teimpléad seo.
9	**Cistiú mórdhíola eile** Pointí (b) go (d) d'Airteagal 428l, Airteagal 428g agus pointí (c) agus (d) d'Airteagal 428k (3) de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo cistiú mórdhíola seachas méid na dtaiscí oibríochtúla atá riachtanach chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar. Áireofar leis sin dliteanais arna soláthar ag rialtais láir, ag rialtais réigiúnacha, ag údaráis áitiúla, ag eintitis earnála poiblí, ag bainc forbartha iltaobhacha, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, ag bainc cheannais agus ag aon chustaiméirí neamhairgeadais nó airgeadais eile chomh maith le dliteanais i gcás nach féidir an contrapháirtí a chinneadh, lena n-áirítear urrúis arna n-eisiúint i gcás nach féidir an sealbhóir a shainaithint.
10	**Dliteanais idirspleácha** Pointe (b) d'Airteagal 428k(3) de CRR Nochtfaidh institiúidí dliteanais, arna bhformheas ag an údarás inniúil ábhartha, a láimhseáiltear mar dhliteanais atá idirspleách ar shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 428f de CRR.
11	**Dliteanais eile** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna i rónna 12 agus 13 den teimpléad seo.
12	**Dliteanais díorthach CGCC** Airteagal 428k(4) de CRR Nochtfaidh institiúidí dearbhmhéid na difríochta diúltaí idir tacair ghlanluachála arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428k(4) de CRR.
13	**Gach dliteanas agus ionstraim chaipitil eile nach n-áirítear sna catagóirí thuas** Airteagail 428k(1) agus 428k(3) de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo suim na n-ítimí seo a leanas: — dliteanais atá iníoctha ar an dáta trádála a eascraíonn as ceannach ionstraimí airgeadais, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí a mheastar go socróidh siad laistigh den timthriall socraíochta caighdeánach nó laistigh den tréimhse is gnách le haghaidh malartú ábhartha nó le haghaidh cineálacha na n-idirbheart, nó ar theip orthu socrú ach a mheastar go socróidh siad fós, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 428k(3) de CRR;

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
	— dliteanais chánach iarchurtha, ag féachaint don dáta is gaire is féidir ar a bhféadfar a méid a réadú mar aibíocht iarmhair, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 428k(2) de CRR; — leasanna mionlaigh, téarma na hionstraime a mheas mar aibíocht iarmhair, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428k(1) de CRR; agus — dliteanais eile, mar shampla suímh ghearra agus suímh aibíochta oscailte, i gcomhréir le hAirteagal 428k(1) agus Airteagal 428k(3) de CRR.
14	**Iomlán an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil (ASF)** Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo iomlán na n-ítimí lena ndéantar cistiú cobhsaí atá ar fáil a sholáthar i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR (suim na méideanna atá i rónna 1, 4, 7, 10 agus 11 den teimpléad seo).
	Ítimí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (RSF)
15	**Iomlán na sócmhainní leachtacha ardchaighdeáin (HQLA)** Áireoidh institiúidí anseo freisin sócmhainní leachtacha ualaithe agus neamhualaithe d'ardcháilíocht de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, is cuma cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na sócmhainní sin na ceanglais oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán Tarmligthe sin, i gcomhréir le hAirteagail 428r go 428ae de CRR.
EU-15a	**Sócmhainní atá ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair bliana amháin nó níos mó i gcomhthiomsú cumhdaigh** Airteagal 428ag(h) de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo méid an airgid atá dlite ó iasachtaí nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR agus sócmhainní leachtacha, atá ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair bliana nó níos mó i gcomhthiomsú cumhdaigh a chistítear le bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir (CE) 2009/65 ([7]) nó le bannaí faoi chumhdach a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta don láimhseáil mar a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó (5) de CRR iad.
16	**Taiscí i seilbh institiúidí airgeadais eile chun críocha oibríochtúla** Pointe (b) d'Airteagal 428ad de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo na méideanna airgid atá dlite ó iasachtaí nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR, ar taiscí oibríochtúla iad de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus atá riachtanach chun seirbhísí oibríochtúla a sholáthar.
17	**Iasachtaí agus urrúis thuillmheacha:** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna i rónna 18, 19, 20, 22 agus 24 den teimpléad seo.

([7]) TREOIR 2009/65/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302; 17.11.2009, lch. 32).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
18	**Idirbhearta maoinithe urrús tuillmheach le custaiméirí airgeadais arna gcomhthaobhú le Leibhéal 1 HQLA faoi réir caolchorrlach 0 %** Airteagal 428e, pointe (g) d'Airteagal 428r(1) agus pointe (b) d'Airteagal 428s de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo méid an airgid atá dlite ó idirbhearta maoinithe urrús, nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR, le custaiméirí airgeadais agus atá comhthaobhaithe le sócmhainní leibhéal 1 atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 0 % de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
19	**Idirbhearta maoinithe urrús tuillmheach le custaiméirí airgeadais arna gcomhthaobhú le sócmhainní eile agus le hiasachtaí agus airleacain eile d'institiúidí airgeadais** Pointe (b) d'Airteagal 428s, pointe (d) d'Airteagal 428ad, pointe (b) d'Airteagal 428ah(1) agus pointe (a) d'Airteagal 428v de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo suim na n-ítimí seo a leanas: — méid an airgid atá dlite ó idirbhearta maoinithe urrús, nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR, le custaiméirí airgeadais agus atá comhthaobhaithe le sócmhainní seachas sócmhainní leibhéal 1 atá incháilithe le haghaidh caolchorrlach 0 % de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún; agus — méid an airgid atá dlite ó iasachtaí agus airleacain eile, nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR, le custaiméirí airgeadais, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 428v agus le pointe (d)(iii) d'Airteagal 428ad de CRR.
20	**Iasachtaí tuillmheacha do chliaint chorparáideacha neamhairgeadais, iasachtaí do chustaiméirí miondíola agus gnólachtaí beaga, agus iasachtaí do stáit, agus eintitis earnála poiblí, agus maidir leo sin:** Pointe (c) d'Airteagail 428ad agus 428af agus pointe (c) d'Airteagal 428ag de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo na méideanna airgid atá dlite ó iasachtaí nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 CRR, ar iasachtaí cónaithe iad arna ráthú go hiomlán ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 129(1) de CRR nó iasachtaí, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais agus iasachtaí dá dtagraítear in Airteagail 428r go 428ad seachas pointe (c) d'Airteagal 428ad de CRR, gan beann ar na hualaí priacal a shanntar do na hiasachtaí sin. Ní áireofar sa mhéid sin risíochtaí arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin chónaithe.
21	**Ag a bhfuil ualú priacal is lú ná nó cothrom le 35 % faoi Chur Chuige Caighdeánaithe Basel II maidir le priacal creidmheasa** Pointe (c) d'Airteagal 428ad agus 428af de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo méideanna na n-iasachtaí sin ó ró 21 den teimpléad seo dá sanntar ualú priacail is lú ná nó cothrom le 35 % i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
22	**Morgáistí cónaithe tuillmheacha, agus maidir leo sin:** Pointe (c) d'Airteagal 428ad, pointe (a) de 428af agus pointe (c) de 428ag de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo na méideanna airgid atá dlite ó iasachtaí nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR, ar iasachtaí iad arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin chónaithe, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais agus iasachtaí dá dtagraítear in Airteagail 428r go 428ad de CRR seachas mír (c) d'Airteagal 428ad CRR, gan beann ar na hualaí priacal a shanntar do na hiasachtaí sin.
23	**Ag a bhfuil ualú priacal is lú ná nó cothrom le 35 % faoi Chur Chuige Caighdeánaithe Basel II maidir le priacal creidmheasa** Pointe (c) d'Airteagal 428ad agus pointe (a) de 428af de CRR Áireoidh institiúidí anseo méideanna na n-iasachtaí sin ó ró 22 den teimpléad seo dá sanntar ualú priacail is lú ná nó cothrom le 35 % i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
24	**Iasachtaí agus urrúis eile nach bhfuil ar mainneachtain agus nach gcáilíonn mar HQLA, lena n-áirítear cothromais arna dtrádáil ar an malartán agus táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na nithe seo a leanas: — de réir phointe (e) agus phointe (f) d'Airteagal 428ag de CRR, urrúis nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR agus nach sócmhainní leachtacha iad de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, bíodh na ceanglais oibríochtúla a leagtar síos ann á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh; agus — táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428v, pointe (e) de 428ad agus pointe (d) de 428ag de CRR.
25	**Sócmhainní idirspleácha** Airteagal 428f agus pointe (f) d'Airteagal 428r(1) CRR Nochtfaidh institiúidí anseo sócmhainní, arna n-údarú ag na húdaráis inniúla, ar sócmhainní iad atá idirspleách ar dhliteanais i gcomhréir le hAirteagal 428f de CRR.
26	**Sócmhainní eile:** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna i rónna 27, 28, 29, 30 agus 31 den teimpléad seo.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
27	**Tráchtearraí a thrádáiltear go fisiceach** Pointe (g) d'Airteagal 428ag de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo méid na dtráchtearraí arna dtrádáil go fisiceach. Ní áireofar díorthaigh tráchtearraí sa mhéid sin.
28	**Sócmhainní a bhreactar mar chorrlach tosaigh le haghaidh conarthaí díorthach agus ranníocaíochtaí le cistí mainneachtana contrapháirtithe lárnacha** Nochtfaidh institiúidí anseo suim na méideanna seo a leanas: — méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a eascraíonn as díorthaigh, i gcomhréir le hAirteagal 428d, Airteagal 428s(2), pointe (a) d'Airteagal 428ag agus Airteagal 428ah(2) de CRR, a bhaineann le corrlaigh tosaigh le haghaidh conarthaí díorthach; agus — An méid a bhaineann le hítimí a bhreactar mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428ag de CRR.
29	**Sócmhainní díorthach CGCC** Airteagail 428d agus 428ah(2) de CRR Cuirfidh institiúidí san áireamh anseo méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a eascraíonn as díorthaigh, i gcomhréir le hAirteagail 428d, 428s(2), pointe (a) d'Airteagal 428ag agus Airteagal 428ah(2) de CRR, a ríomhtar mar mhéid absalóideach den difríocht dhearfach idir tacair ghlanluachála arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428ah(2) de CRR.
30	**Dliteanais díorthach CGCC sula ndéanfar an corrlach athrúcháin a bheidh breactha a asbhaint** Airteagal 428s(2) de CRR Nochtfaidh institiúidí anseo méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bhaineann le dliteanais díorthach, i gcomhréir le hAirteagail 428d, 428s(2), pointe (a) de 428ag agus 428ah(2) de CRR, arb é sin luach cóir absalóideach na dtacar glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428s(2) de CRR.
31	**Gach sócmhainn eile nach n-áirítear sna catagóirí thuas** Cuirfidh institiúidí san áireamh anseo suim na n-ítimí seo a leanas: — earraí infhaighte dátaí trádála i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 428r(1) CRR; — sócmhainní neamhthuillmheacha i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428ah(1) CRR; — cúlchistí i mbainc cheannais nach meastar mar HQLA; agus — sócmhainní eile nach dtagraítear dóibh sna hítimí roimhe seo thuas.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	**Míniú**
32	**Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe** Déanfaidh institiúidí méid na n-ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe atá faoi réir na gceanglas cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a nochtadh anseo.
33	**Iomlán an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh (RSF)** Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Sé CRR Áireoidh institiúidí anseo iomlán na n-ítimí atá faoi réir an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Sé de CRR (suim na méideanna atá i rónna 15, EU-15a, 16, 17, 25, 26 agus 32 den teimpléad seo).
34	**Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (%)** CGCC arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428b(1) CRR

Tábla EU CRA: Faisnéis cháilíochtúil ghinearálta faoi phriacal creidmheasa

Tabharfaidh institiúidí tuairisc ar a gcuspóirí agus ar a mbeartais bainistíochta priacail le haghaidh priacal creidmheasa tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar:

Nochtuithe cáilíochtúla	
(a)	Sa ráiteas priacail gairid i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 435(1) CRR, an bealach a léirítear an tsamhail ghnó i gcomhpháirteanna phróifíl phriacal creidmheasa na hinstitiúide.
(b)	Agus a straitéisí agus a bpróisis chun priacal creidmheasa a bhainistiú á bplé acu agus na beartais maidir leis an bpriacal sin a fhálú agus a mhaolú i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (d) d'Airteagal 435(1) CRR, na critéir agus an cur chuige a úsáidtear chun an beartas bainistithe priacail creidmheasa a shainiú agus chun teorainneacha priacail creidmheasa a shocrú.
(c)	Agus faisnéis á tabhairt faoi struchtúr agus faoi eagrú na feidhme bainistíochta priacail i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 435(1) CRR, struchtúr agus eagrú na feidhme bainistíochta priacail creidmheasa agus na feidhme rialaithe.
(d)	Agus faisnéis á tabhairt faoin údarás, faoin stádas agus faoi na socruithe eile le haghaidh na feidhme bainistithe priacail i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 435(1) CRR, an gaol idir feidhm an bhainistithe priacail creidmheasa, feidhm an rialaithe priacail, feidhm an chomhlíonta agus feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí.

Tábla EU CRB: Nochtadh breise a bhaineann le cáilíocht chreidmheasa sócmhainní

Nochtuithe cáilíochtúla	
(a)	An raon feidhme agus na sainmhínithe ar neamhchosaintí 'thar téarma' agus 'lagaithe' a úsáidtear chun críocha cuntasaíochta agus na difríochtaí, más ann dóibh, idir na sainmhínithe ar thar téarma agus ar mainneachtain chun críocha cuntasaíochta agus rialála mar a shonraítear i dTreoirlínte ÚBE maidir leis an sainmhíniú ar mhainneachtain a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR.
(b)	Méid na risíochtaí atá thar téarma (níos mó ná 90 lá) nach meastar a bheith lagaithe agus na cúiseanna leis sin.
(c)	Tuairisc ar na modhanna a úsáidtear chun coigeartuithe sonracha agus ginearálta i leith priacal creidmheasa a chinneadh.
090	**Gealltanais iasachta tugtha** Le haghaidh na ngealltanas iasachta a tugadh, nochtfar méid ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.
100	**Iomlán**

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Ollsuim ghlanluacha/méid ainmniúil na risíochtaí le bearta staonta – maidir leis na risíochtaí tuillmheacha staonta sin** Ollsuim ghlanluacha mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; méid ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; risíochtaí le bearta staonta mar a shainmhínítear in Airteagal 47b CRR Is éard atá san ollsuim ghlanluacha a bhaineann leis na risíochtaí atá faoi réir lagú an díscríobh, i bpáirt agus go hiomlán, agus é carntha glan. Ag brath ar cibé acu a chomhlíonann na risíochtaí staonta na coinníollacha riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 47a CRR nó nach gcomhlíonann, is féidir iad a shainaithint mar risíochtaí tuillmheacha nó mar risíochtaí neamhthuillmheacha.
b	**Ollsuim ghlanluacha/méid ainmniúil na risíochtaí le bearta staonta – maidir leis na risíochtaí neamhthuillmheacha staonta sin** Ollsuim ghlanluacha mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; méid ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún Is éard atá san ollsuim ghlanluacha a bhaineann leis na risíochtaí atá faoi réir lagú an díscríobh, i bpáirt agus go hiomlán, agus é carntha glan. Maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha a mbaineann bearta staonta leo (risíochtaí neamhthuillmheacha staonta), is éard a bheidh iontu risíochtaí staonta a chomhlíonann na critéir chun go measfar gur risíochtaí neamhthuillmheacha iad agus a áirítear i gcatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha. Áireofar na nithe seo a leanas ar na risíochtaí neamhthuillmheacha staonta sin: (a) risíochtaí a d'éirigh neamhthuillmheach de bharr bearta staonta a chur i bhfeidhm; (b) risíochtaí a bhí neamhthuillmheach sular méadaíodh na bearta staonta; (c) risíochtaí staonta a athaicmíodh ón gcatagóir tuillmheach, lena n-áirítear risíochtaí athaicmithe de bhun Airteagal 47a de CRR.
c	**Ar mainníodh díobh** Risíochtaí staonta atá aicmithe freisin mar risíochtaí a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR
d	**Ar lagaíodh díobh** Risíochtaí staonta atá lagaithe freisin i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme faoi mhír 215 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún
e	**Laguithe carntha, athruithe diúltacha carntha ar luach cóir de bharr priacal creidmheasa agus forálacha maidir le risíochtaí tuillmheacha staonta** Risíochtaí le bearta staonta mar a shainmhínítear in Airteagal 47b de CRR. Áireoidh institiúidí na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir le míreanna 11, 69 go 71, 106 agus 110 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Ag brath ar cibé acu a chomhlíonann na risíochtaí staonta na coinníollacha riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 47a agus Airteagal 47b de CRR nó nach gcomhlíonann, is féidir iad a shainaithint mar risíochtaí tuillmheacha nó mar risíochtaí neamhthuillmheacha.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
f	**Laguithe carntha, athruithe diúltacha carntha ar luach cóir de bharr priacal creidmheasa agus forálacha maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha staonta** Áireofar leis sin na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir le míreanna 11, 69 go dtí 71, 106 agus 110 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha a mbaineann bearta staonta leo (risíochtaí neamhthuillmheacha staonta), is éard a bheidh iontu risíochtaí staonta a chomhlíonann na critéir chun go measfar gur risíochtaí neamhthuillmheacha iad agus a áirítear i gcatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha. Áireofar na nithe seo a leanas ar na risíochtaí neamhthuillmheacha staonta sin: (a) risíochtaí a d'éirigh neamhthuillmheach de bharr bearta staonta a chur i bhfeidhm; (b) risíochtaí a bhí neamhthuillmheach sular méadaíodh na bearta staonta; (c) risíochtaí staonta a athaicmíodh ón gcatagóir tuillmheach, lena n-áirítear risíochtaí athaicmithe de bhun Airteagal 47a de CRR.
g	**Comhthaobhacht agus ráthaíochtaí airgeadais arna bhfáil ar risíochtaí staonta** Déanfar iad sin a nochtadh maidir le gach risíocht a bhfuil bearta staonta ag gabháil léi, gan beann ar a stádas tuillmheach nó ar a stádas neamhthuillmheach. Ríomhfar méideanna na comhthaobhachta agus na ráthaíochtaí a fuarthas i gcomhréir le mír 239 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Beidh suim na méideanna do chomhthaobhacht agus do ráthaíochtaí araon faoi réir uasteorainn ag suim ghlanluacha na risíochta lena mbaineann.
h	**Maidir leo sin, fuarthas comhthaobhacht agus ráthaíochtaí airgeadais ar risíochtaí neamhthuillmheacha le bearta staonta** Ríomhfar méideanna na comhthaobhachta agus na ráthaíochtaí a fuarthas i gcomhréir le mír 239 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Beidh suim na méideanna do chomhthaobhacht agus do ráthaíochtaí araon faoi réir uasteorainn ag suim ghlanluacha na risíochta lena mbaineann. Maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha a mbaineann bearta staonta leo (risíochtaí neamhthuillmheacha staonta), is éard a bheidh iontu risíochtaí staonta a chomhlíonann na critéir chun go measfar gur risíochtaí neamhthuillmheacha iad agus a áirítear i gcatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha. Áireofar na nithe seo a leanas ar na risíochtaí neamhthuillmheacha staonta sin: (a) risíochtaí a d'éirigh neamhthuillmheach de bharr bearta staonta a chur i bhfeidhm; (b) risíochtaí a bhí neamhthuillmheach sular méadaíodh na bearta staonta; (c) risíochtaí staonta a athaicmíodh ón gcatagóir tuillmheach, lena n-áirítear risíochtaí athaicmithe de bhun Airteagal 47a de CRR.

Teimpléad EU CQ2: Cáilíocht staonta

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 442CRR trí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CQ2 a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Iasachtaí agus airleacain a staonadh níos mó ná dhá uair** Ollsuim ghlanluacha na n-iasachtaí agus na n-airleacan ar deonaíodh bearta staonta ina leith san am a chuaigh thart agus níos mó ná dhá uair Maidir le hiasachtaí agus airleacain ar deonaíodh staonadh ina leith agus a baineadh as an gcatagóir staonta (i.e. iasachtaí agus airleacain leigheasta), cuirtear san áireamh anseo iad freisin nuair a dheonaítear beart staonta nua.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
020	**Iasachtaí agus airleacain neamhthuillmheacha staonta ar theip orthu na critéir imeachta neamhthuillmheacha a chomhlíonadh** Ollsuim ghlanluacha na n-iasachtaí agus na n-airleacan neamhthuillmheach staonta atá i gcatagóir na n-iasachtaí agus na n-airleacan neamhthuillmheach staonta faoin tréimhse chairde 1 bhliain agus nár chomhlíon siad na bearta staonta tar éis na tréimhse cairde 12 mhí agus nár éirigh leo, dá bhrí sin, dul i dtreo stádas tuillmheach staonta ach ar coinníodh ina leith stádas neamhthuillmheacha staonta laistigh den tréimhse chairde

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Ollsuim ghlanluacha na risíochtaí staonta** Ollsuim ghlanluacha mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; risíochtaí le bearta staonta mar a shainmhínítear in Airteagal 47b de CRR Ag brath ar cibé acu a chomhlíonann na risíochtaí staonta na coinníollacha riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 47a nó in Airteagal 47b de CRR nó nach gcomhlíonann, is féidir iad a shainaithint mar risíochtaí tuillmheacha nó mar risíochtaí neamhthuillmheacha.

Teimpléad EU CQ3: Cáilíocht chreidmheasa risíochtaí tuillmheacha agus risíochtaí neamhthuillmheacha faoi laethanta thar téarma

4. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 442 CRR trí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CQ3 a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
005	**Iarmhéideanna airgid i mbainc cheannais agus taiscí prapéilimh eile** Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis sin i gcomhréir leis an bhfaisnéis a thuairiscítear in Iarscríbhinní III agus IV de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.
010	**Iasachtaí agus airleacain** Féach an sainmhíniú in EU-CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
020 – 060, 080, 100 – 140, 160 –210	**Miondealú ar chontrapháirtí** Cuirfidh institiúidí an miondealú de réir contrapháirtí i bhfeidhm mar a shainmhínítear i mír 42 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Beidh leithdháileadh earnála an chontrapháirtí bunaithe go heisiach ar chineál an ghar-chontrapháirtí. Aicmeofar na risíochtaí arna dtabhú go comhpháirteach ag níos mó ná aon fhéichiúnaí amháin ar bhonn shaintréithe an fhéichiúnaí a bhí níos ábhartha, nó níos cinntithí, do chinneadh na hinstitiúide an risíocht a dheonú. I measc aicmithe eile, beidh dáileadh risíochtaí arna dtabhú go comhpháirteach de réir earnáil an chontrapháirtí, de réir tíre cónaithe agus de réir chód NACE bunaithe ar shaintréithe an fhéichiúnaí is iomchuí nó is cinntithí.
070	**FBManna** Mar a shainmhínítear i mír 5(i) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
090	**Urrúis fiachais** Féach an sainmhíniú in EU-CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
150	**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe** Féach an sainmhíniú in EU-CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
210	**Iomlán**

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Ollsuim ghlanluacha/méid ainmniúil na risíochtaí tuillmheacha** Ollsuim ghlanluacha mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; méid ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.
b	**Ar a bhfuil: Nach bhfuil thar téarma nó thar téarma ≤ 30 lá** Fochatagóir de risíochtaí taibhithe nach bhfuil thar téarma nó atá thar téarma 1–30 lá
c	**Ar a bhfuil: Thar téarma > 30 lá ≤ 90 lá** Fochatagóir de risíochtaí taibhithe atá 31–90 lá thar téarma Ina theannta sin, áirítear san fhochatagóir seo risíochtaí atá thar téarma níos faide ná 90 lá agus nach bhfuil ábhartha.
d	**Ollsuim ghlanluacha/méid ainmniúil na risíochtaí neamhthuillmheacha** Ollsuim ghlanluacha mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; méid *ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún*; risíochtaí neamhthuillmheacha faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 47a CRR.
e	**Ar a bhfuil: Nach dócha go n-íocfaidh sé nach bhfuil thar téarma nó atá thar téarma ≤ 90 lá** Fochatagóir de risíochtaí nach bhfuil thar téarma nó atá suas le 90 lá thar téarma ach sainaithnítear iad mar risíochtaí neamhthuillmheacha, de bhun Airteagal 47a CRR
f	**Ar a bhfuil: Thar téarma > 90 lá ≤ 180 lá** Fochatagóir de risíochtaí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 90 lá, ach nach faide ná 180 lá
g	**Ina bhfuil: Thar téarma > 180 lá ≤ 1 bhliain** Fochatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 180 lá, ach nach faide ná 1 bhliain
h	**Ina bhfuil: Thar téarma > 1 bhliain ≤ 2 bhliain** Fochatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 1 bhliain, ach nach faide ná 2 bhliain

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
i	**Ar a bhfuil: Thar téarma > 2 bhliain ≤ 5 bliana** Fochatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 2 bhliain, ach nach faide ná 5 bliana
j	**Ar a bhfuil: Thar téarma > 5 bliana ≤ 7 mbliana** Fochatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 5 bliana, ach nach faide ná 7 mbliana
k	**Ar a bhfuil: Thar téarma > 7 mbliana** Fochatagóir na risíochtaí neamhthuillmheacha atá thar téarma níos faide ná 7 mbliana
l	**Ar mainníodh ann** Risíochtaí a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178 CRR

Teimpléad EU CQ4: Cáilíocht na risíochtaí neamhthuillmheacha de réir tíreolaíochta

5. I gcás ina bhfuil risíochtaí bunaidh neamhthís i ngach tír neamhbhaile i ngach aicme risíochta cothrom le, nó níos mó ná, 10 % de na risíochtaí bunaidh iomlána (intíre agus neamhthí), nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (e) d'Airteagal 442 CRR trí na treoracha a leanúint a chuirtear ar fáil thíos san Iarscríbhinn seo chun teimpléad iomlán EU CQ4 atá curtha i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a leanúint.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe** Iomlán na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe
020 – 070 agus 090 – 140	**Tír** Tír ina bhfuil risíochtaí na hinstitiúide ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 432 CRR Nuair a chinntear ábharthacht tíortha trí úsáid a bhaint as tairseach ábharthachta, déanfar an tairseach sin a nochtadh, mar aon le liosta na dtíortha neamhábhartha a áirítear sna rónna 'Tíortha eile'. Leithdháilfidh institiúidí risíochtaí ar thír shuntasach bunaithe ar áit chónaithe an ghar-chontrapháirtí. Ní dhéanfar risíochtaí ar eagraíochtaí fornáisiúnta a shannadh do thír chónaithe na hinstitiúide ach amháin do 'Thíortha eile'.
080	**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe** Féach an sainmhíniú in EU-CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
150	**Iomlán**

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Oll-luach de réir na leabhar/méid ainmniúil/méid ainmniúil** Oll-luach de réir na leabhar mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; méid ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún Is éard atá san ollsuim ghlanluacha a bhaineann leis na risíochtaí atá faoi réir lagú an díscríobh, i bpáirt agus go hiomlán, agus é carntha glan.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
b	**Oll-luach de réir na leabhar/méid ainmniúil — ar a bhfuil risíochtaí neamhthuillmheacha** Oll-luach de réir na leabhar mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; méid ainmniúil mar a shainmhínítear i mír 118 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; risíochtaí neamhthuillmheacha mar a shainmhínítear in Airteagal 47a CRR.
c	**Ar mainníodh díobh** Risíochtaí a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178 CRR
d	**Oll-luach de réir na leabhar/méid ainmniúil — ar faoi réir lagaithe** An t-oll-luach de réir na leabhar nó an méid ainmniúil a bhaineann le risíochtaí atá faoi réir cheanglais lagaithe an chreata cuntasaíochta
e	**Lagú carntha** Áireofar leis sin na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir le míreanna 11, 69 go 71, 106 agus 110 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún
f	**Forálacha maidir le ceangaltais lasmuigh den chlár comhardaithe agus ráthaíochtaí airgeadais a tugadh** Áireofar sa ró sin na ceangaltais lasmuigh den chlár comhardaithe agus na ráthaíochtaí airgeadais a tugadh.
g	**Athruithe diúltacha carntha ar luach cóir mar thoradh ar priacal creidmheasa ar risíochtaí neamhthuillmheacha** Áireofar leis sin na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir le míreanna 11, 69 go dtí 71, 106 agus 110 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.

Teimpléad EU CQ5: Cáilíocht chreidmheasa iasachtaí agus airleacan chuig corparáidí neamhairgeadais de réir tionscail

6. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (c) agus (e) d'Airteagal 442 CRR trí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CQ5 a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010 - 190	**Miondealú contrapháirtí de réir tionscail** Ní áirítear i leithdháileadh earnáil an chontrapháirtí ach na hearnálacha a bhaineann le contrapháirtí corparáide neamhairgeadais. Beidh leithdháileadh earnála an chontrapháirtí bunaithe go heisiach ar chineál an ghar-chontrapháirtí. Aicmeofar na risíochtaí arna dtabhú go comhpháirteach ag níos mó ná aon fhéichiúnaí amháin ar bhonn shaintréithe an fhéichiúnaí a bhí níos ábhartha, nó níos cinntithí, do chinneadh na hinstitiúide an risíocht a dheonú. Úsáidfear na rónna chun na hearnálacha tionscail ábhartha nó na cineálacha contrapháirtí a bhfuil risíochtaí ag institiúidí orthu a nochtadh. Déanfar ábharthacht a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 432 de CRR, agus déanfar earnálacha neamhábhartha nó cineálacha contrapháirtí a chomhiomlánú sa ró 'Seirbhísí eile'.
200	**Iomlán**

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Ollsuim ghlanluacha** Oll-luach de réir na leabhar mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún Is éard atá san oll-luach de réir na leabhar a bhaineann leis na risíochtaí atá faoi réir lagú an díscríobh, i bpáirt agus go hiomlán, agus é carntha glan.
b	**Oll-luach de réir na leabhar – ar a bhfuil risíochtaí neamhthuillmheacha** Oll-luach de réir na leabhar mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún; risíochtaí neamhthuillmheacha mar a shainmhínítear in Airteagal 47a CRR
c	**Ar mainníodh díobh** Risíochtaí a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178 CRR
d	**Oll-luach de réir na leabhar – ar a bhfuil iasachtaí agus airleacain atá faoi réir lagaithe** An t-oll-luach de réir na leabhar a bhaineann le risíochtaí atá faoi réir cheanglais lagaithe an chreata cuntasaíochta is infheidhme
e	**Lagú carntha** Áireofar leis sin na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir le míreanna 11, 69 go 71, 106 agus 110 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.
f	**Athruithe diúltacha carntha ar luach cóir mar thoradh ar priacal creidmheasa ar risíochtaí neamhthuillmheacha** Risíochtaí neamhthuillmheacha mar a shainmhínítear in Airteagal 47a CRR Áireoidh institiúidí na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir le míreanna 11, 69 go 71, 106 agus 110 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.

Teimpléad EU CQ6: Luacháil ar chomhthaobhacht – iasachtaí agus airleacain

7. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe(c) d'Airteagal 442 CRR trí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CQ6 a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Oll-luach de réir na leabhar** Oll-luach de réir na leabhar mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún
020	**Ar díobh atá urraithe ina leith** Maidir le holl-luach de réir na leabhar iasachtaí urraithe agus iasachtaí atá urraithe i bpáirt, mar a shainmhínítear i mír 34 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún, nochtfar sa ró seo iad. Is éard a bheidh sna hiasachtaí neamhurraithe agus sna hairleacain risíochtaí nach ndearnadh comhthaobhacht a ghealladh ina leith ná nach bhfuarthas ráthaíochtaí airgeadais ina leith; áireofar an chuid neamhurraithe de risíocht atá urraithe i bpáirt nó de risíocht atá ráthaithe i bpáirt sa ró seo, i gcomhréir le mír 323 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	Dá bhrí sin, ní mór iasachtaí urraithe agus airleacain a ríomh mar an difríocht idir oll-luach na n-iasachtaí agus na n-airleacan uile de réir na leabhar agus oll-luach na n-iasachtaí agus na n-airleacan neamhurraithe de réir na leabhar, agus áireofar iontu an chuid urraithe agus an chuid neamhurraithe den iasacht. I gcás rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh, nochtfar oll-luach na hiasachta de réir na leabhar.
030	**Ar díobh atá urraithe le maoin dhochorraithe** Áireofar in iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe iasachtaí agus airleacain arna n-urrú go foirmiúil le comhthaobhacht maoine dochorraithe cónaithe nó tráchtála, beag beann ar a gcóimheas iasachta/comhthaobhach (dá ngairtear 'cóimheas iasachta/luacha' de ghnáth) agus foirm dhlíthiúil na comhthaobhachta, mar a shainmhínítear i mír 86(a) de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.
040	**Ar ionstraimí iad a bhfuil LTV níos airde ná 60 % acu agus níos ísle ná cothrom le 80 %** Déanfar an cóimheas iasachta/luacha (LTV) a ríomh trí úsáid a bhaint as an modh ríofa a shonraítear le haghaidh 'LTV Reatha' sa Mholadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach maidir le bearnaí sonraí na n-eastát réadaigh a dhúnadh (BERS/2016/14) ([5]). Nochtfaidh institiúidí oll-luach na n-iasachtaí agus na n-airleacan de réir na leabhar a bhfuil cóimheas LTV níos mó ná 60 % acu agus níos lú nó cothrom le 80 %.
050	**Ar ionstraimí iad a bhfuil LTV níos airde ná 80 % acu agus níos ísle ná cothrom le 100 %** Nochtfaidh institiúidí oll-luach na n-iasachtaí agus na n-airleacan de réir na leabhar a bhfuil cóimheas LTV níos mó ná 80 % acu agus níos ísle ná nó cothrom le 100 %.
060	**Ar ionstraimí iad a bhfuil LTV níos mó ná 100 % acu** Oll-luach na n-iasachtaí agus na n-airleacan de réir na leabhar a bhfuil cóimheas LTV níos mó ná 100 % acu
070	**Lagú carntha le haghaidh sócmhainní urraithe** Maidir le hionstraimí fiachais urraithe, ríomhfar lagú carntha mar mhéid carnach na gcaillteanas lagaithe, glan ó thaobh úsáide agus cúluithe a aithníodh, nuair is iomchuí do gach ceann de na céimeanna lagaithe (mír 70 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún). Áireofar sa ró seo an lagú carntha a bhaineann leis an gcuid neamhurraithe de risíocht atá urraithe i bpáirt nó a bhfuil ráthaíocht pháirteach léi.
090	**Comhthaobhacht – ar a bhfuil a luach uasteorannaithe ag luach na risíochta** Ríomhfar méideanna na comhthaobhachta a fuarthas i gcomhréir le mír 239 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Cuirfear teorainn le suim mhéideanna na comhthaobhachta sa ró seo ag suim ghlanluacha na risíochta gaolmhaire.
100	**Ar a bhfuil maoin dhochorraithe** An chuid den chomhthaobhacht atá comhdhéanta de mhaoin chónaithe nó thráchtála dhochorraithe (pointe (a) de mhír 173 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún) Cuirfear teorainn le suim mhéideanna na comhthaobhachta sa ró seo ag suim ghlanluacha na risíochta gaolmhaire.
110	**Comhthaobhacht – ar a bhfuil luach os cionn na huasteorann** Sa tró seo, nochtfar an difríocht idir luach iarbhír na comhthaobhachta agus luach uasteoranta na comhthaobhachta (suim ghlanluacha na risíochta gaolmhaire) (ní iarrfaidh institiúidí go ríomhfar luach iarbhír na comhthaobhachta mhír 239 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún.

([5]) MOLADH ÓN mBORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH an 31 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearnaí sonraí na n-eastát réadaigh a dhúnadh (BERS/2016/14) (IO C 31, 31.1.2017, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
120	**Ar a bhfuil maoin dhochorraithe** An difríocht idir luach iarbhír agus luach uasteoranta den chuid den chomhthaobhacht atá comhdhéanta de mhaoin chónaithe nó thráchtála dhochorraithe (pointe (a) de mhír 173 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún)
130	**Ráthaíochtaí airgeadais a fuarthas** Mar a shainmhínítear i mír 114 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún
140	**Díscríobh i bpáirt carntha** Déantar é seo chun go gcuirfear san áireamh méid páirteach carntha, ar an dáta tagartha, an chaipitil agus an úis fhabhraithe atá thar téarma mar aon le táillí a bhaineann le haon ionstraim fiachais a dí-aithníodh go dtí seo ag úsáid ceachtar de na modhanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 74 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún, atá le nochtadh toisc nach bhfuil ionchas réasúnta ag an institiúid go ndéanfar na sreafaí airgid conarthacha a aisghabháil. Ní mór na suimeanna sin a nochtadh go dtí go múchfar cearta uile na hinstitiúide trí dhul in éag thréimhse reacht na dtréimhsí, trí mhaithiúnas nó trí chúis eile, nó go ndéantar iad a aisghabháil. Dá bhrí sin, i gcás nach n-aisghabhtar na suimeanna díscríofa, ní mór iad a nochtadh agus iad faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ag an am céanna. Is teagmhas dí-aitheanta an díscríobh agus baineann sé le sócmhainn airgeadais ina hiomláine nó (i gcás díscríobh i bpáirt) le cuid di, lena n-áirítear i gcás ina bhfágann modhnú sócmhainne go dtugann an institiúid suas an ceart atá aici sreafaí airgid a bhailiú ar chuid nó ar iomlán na sócmhainne sin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Iasachtaí agus airleacain** Féach an sainmhíniú i dteimpléad EU CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
b	**Iasachtaí agus airleacain – ar a bhfuil risíochtaí neamhthuillmheacha** Féach an sainmhíniú i dteimpléad EU CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
c	**Ar a bhfuil thar téarma > 30 lá ≤ 90 lá** Fochatagóir d'iasachtaí tuillmheacha agus airleacain atá 31–90 lá thar téarma
d	**Iasachtaí agus airleacain – ina bhfuil risíochtaí neamhthuillmheacha** Risíochtaí neamhthuillmheacha mar a shainmhínítear in Airteagal 47a CRR Féach an sainmhíniú i dteimpléad EU CR1: Risíochtaí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha agus forálacha gaolmhara.
e	**Nach dócha go n-íocfar nach bhfuil thar téarma nó atá thar téarma ≤ 90 lá** Fochatagóir d'iasachtaí agus réamhíocaíochtaí nach bhfuil thar téarma nó atá suas le 90 lá thar téarma ach sainaithnítear iad mar neamhthuillmheach, toisc gur dócha nach ndéanfar aisíocaíocht iomlán de bhun Airteagal 47a CRR
f	**Thar téarma > 90 lá** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá níos mó ná 90 lá thar téarma

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
g	**Ar a bhfuil thar téarma > 90 lá ≤ 180 lá** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá 91–180 lá thar téarma
h	**Ar a bhfuil thar téarma > 180 lá ≤ 1 bhliain** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá idir 181 lá agus 1 bhliain thar téarma
i	**Ar a bhfuil thar téarma > 1 bhliain ≤ 2 bhliain** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá 1–2 bhliain thar téarma
j	**Ar a bhfuil thar téarma > 2 bhliain ≤ 5 bliana** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá idir 2 bhliain agus 5 bliana thar téarma
k	**Ar a bhfuil thar téarma > 5 bliana ≤ 7 mbliana** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá idir 5 bliana agus 7 mbliana thar téarma
l	**Ar a bhfuil thar téarma > 7 mbliana** Fochatagóir d'iasachtaí agus airleacain atá níos mó ná 7 mbliana thar téarma.

Teimpléad EU CQ7: Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus trí phróisis forghníomhaithe

8. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 442 CRR trí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CQ7 a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (PP&E)** Nochtfaidh institiúidí an stoc comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh atá aitheanta go fóill sa chlár comhardaithe ag an dáta tagartha tuairiscithe agus atá aicmithe mar PP&E.
020	**Seachas PP&E** Nochtfar an stoc comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh atá aitheanta sa chlár comhardaithe ag an dáta tagartha tuairiscithe agus nach bhfuil aicmithe mar PP&E go huathoibríoch sa ró seo. Déanfar an stoc iomlán a ríomh agus an stoc tosaigh (ó dheireadh na bliana airgeadais deiridh) agus na hinsreafaí agus na heis-sreafaí a tharla le linn na tréimhse nochta (ó dheireadh na bliana airgeadais deiridh) á gcur san áireamh. Is i rónna de réir cineáil comhthaobhachta atá comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh (seachas PP&E).
030	**Maoin chónaithe dhochorraithe** Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar réadmhaoin chónaithe (e.g. tithe, árasáin, etc.) nó ar mhaoin a d'fhéadfaí a úsáid sa todhchaí dá réir sin (e.g. maoin chónaithe neamhchríochnaithe etc.)
040	**Maoin thráchtála dhochorraithe** Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar mhaoin tráchtála nó ar mhaoin tionsclaíochta is féidir a úsáid chun críocha gnó agus/nó infheistíochta, nó seilbh a ghlacadh ar aon mhaoin dhochorraithe nach maoin chónaithe í, mar a thuairiscítear thuas Áireofar talamh (idir thalamh neamhthalmhaíochta agus talamh talmhaíochta) sa chatagóir seo freisin.
050	**Maoin shochorraithe (gluaisteán, loingseoireacht, etc.)** Nochtfar comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar mhaoin seachas maoin dhochorraithe sa ró seo.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
060	**Ionstraimí cothromais agus fiachais** Nochtfar comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar ionstraimí cothromais nó fiachais sa ró seo.
070	**Comhthaobhacht eile** Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh nach dtagann faoi chatagóirí na rónna eile Más méid réasúnta ábhartha atá sa ró seo, cuirfidh institiúidí faisnéis bhreise ar fáil san insint a ghabhann leis an teimpléad seo.
080	**Iomlán**

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh – Luach ag an aitheantas tosaigh** Nochtfaidh institiúidí sa cholún seo oll-luach na comhthaobhachta de réir na leabhar a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ag an aitheantas tosaigh i gclár comhardaithe na hinstitiúide.
b	**Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh - Athruithe diúltacha carntha** Lagú carntha nó athruithe diúltacha carntha ar luach aitheantais tosaigh na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh, mar a thuairiscítear thuas Áiritheoidh institiúidí athruithe diúltacha carntha freisin i ngeall ar amúchadh i gcás PP&E agus maoine infheistíochta, más infheidhme.

Teimpléad EU CQ8: Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus trí phróisis forghníomhaithe - miondealú eisiúna

9. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 442 CRR trí na treoracha dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CQ8 a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (PP&E)** Nochtfaidh institiúidí an stoc comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh atá aitheanta go fóill sa chlár comhardaithe ag an dáta tagartha tuairiscithe agus atá aicmithe mar PP&E.
020	**Seachas PP&E** Nochtfar an stoc comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh atá aitheanta sa chlár comhardaithe ag an dáta tagartha tuairiscithe agus nach bhfuil aicmithe mar PP&E go huathoibríoch sa ró seo. Déanfar an stoc iomlán a ríomh agus an stoc tosaigh (ó dheireadh na bliana airgeadais deiridh) agus na hinsreafaí agus na heis-sreafaí a tharla le linn na tréimhse nochta (ó dheireadh na bliana airgeadais deiridh) á gcur san áireamh. Is i rónna de réir cineáil comhthaobhachta atá comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh (seachas PP&E).
030	**Maoin chónaithe dhochorraithe** Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar réadmhaoin chónaithe (e.g. tithe, árasáin, etc.) nó ar mhaoin a d'fhéadfaí a úsáid sa todhchaí dá réir sin (e.g. maoin chónaithe neamhchríochnaithe etc.)

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
040	**Maoin thráchtála dhochorraithe** Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar mhaoin tráchtála nó ar mhaoin tionsclaíochta is féidir a úsáid chun críocha gnó agus/nó infheistíochta, nó seilbh a ghlacadh ar aon mhaoin dhochorraithe nach maoin chónaithe í, mar a thuairiscítear thuas Áireofar talamh (idir thalamh neamhthalmhaíochta agus talamh talmhaíochta) sa chatagóir seo freisin.
050	**Maoin shochorraithe (gluaisteán, loingseoireacht, etc.)** Nochtfar comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar mhaoin seachas maoin dhochorraithe sa ró seo.
060	**Ionstraimí cothromais agus fiachais** Nochtfar comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ar ionstraimí cothromais nó fiachais sa ró seo.
070	**Comhthaobhacht eile** Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh nach dtagann faoi chatagóirí na rónna eile a ghlacadh. Más méid réasúnta ábhartha atá sa ró seo, cuirfidh institiúidí faisnéis bhreise ar fáil san insint a ghabhann leis an teimpléad seo.
080	**Iomlán**

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
a	**Laghdú ar iarmhéid fiachais – Oll-luach de réir na leabhar** Ollmhéid an fhiachais a cuireadh ar ceal mar mhalairt ar an gcomhthaobhacht a fuarthas trí sheilbh a ghlacadh, tráth díreach an mhalartaithe, trí nósanna imeachta breithiúnacha nó trí chomhaontú déthaobhach Déanfar an t-ollmhéid a ríomh mar an t-oll-laghdú ar chomhardú na hionstraime, gan aon fhoráil a chur san áireamh. Chun amhras a sheachaint, ní bheidh laghduithe iarmhéid de bharr cúiseanna eile (e.g. bailiúcháin airgid) sa cholún seo.
b	**Laghdú ar iarmhéid fiachais – athruithe diúltacha carntha** Lagú carntha nó athruithe diúltacha carntha ar luach aitheantais tosaigh na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh, mar a thuairiscítear thuas Féach an sainmhíniú i dteimpléad CQ7, 'Comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus trí phróisis forghníomhaithe'. Áiritheoidh institiúidí athruithe diúltacha carntha i ngeall ar amúchadh i gcás PP&E agus maoine infheistíochta, más infheidhme.
c	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh – Luach ag an aitheantas tosaigh** Nochtfar sa cholún seo oll-luach de réir na leabhar na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh ag an aitheantas tosaigh i gclár comhardaithe na hinstitiúide.
d	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh - Athruithe diúltacha carntha** Lagú carntha nó athruithe diúltacha carntha ar luach aitheantais tosaigh na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh, mar a thuairiscítear thuas Áiritheoidh institiúidí athruithe diúltacha carntha i ngeall ar amúchadh i gcás PP&E agus maoine infheistíochta, más infheidhme.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
e	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh - Foriata ≤ 2 bhliain - a bhfuil luach di ag an aitheantas tosaigh** Luach ag an aitheantas tosaigh le haghaidh comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus atá aitheanta sa chlár comhardaithe ar feadh 2 bhliain nó níos lú ag an dáta tagartha tuairiscithe
f	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh - Foriata ≤ 2 bhliain - ar a bhfuil athruithe diúltacha carntha** Athruithe diúltacha carntha le haghaidh comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus atá aitheanta sa chlár comhardaithe ar feadh 2 bhliain nó níos lú ag an dáta tagartha tuairiscithe
g	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh – Foriata > 2 bhliain ≤ 5 bliana – a bhfuil luach di ag an aitheantas tosaigh** Luach ag an aitheantas tosaigh le haghaidh comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus atá aitheanta sa chlár comhardaithe ar feadh níos mó ná 2 bhliain agus suas le 5 bliana ag an dáta tagartha tuairiscithe
h	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh – Foriata > 2 bhliain ≤ 5 bliana – ar a bhfuil athruithe diúltacha carntha** Athruithe diúltacha carntha le haghaidh comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus atá aitheanta sa chlár comhardaithe ar feadh níos mó ná 2 bhliain agus suas le 5 bliana ag an dáta tagartha tuairiscithe
i	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh - Foriata > 5 bliana - a bhfuil luach di ag an aitheantas tosaigh** Luach ag an aitheantas tosaigh le haghaidh comhthaobhacht a fuarthas trí sheilbh a ghlacadh agus atá aitheanta sa chlár comhardaithe ar feadh níos mó ná 5 bliana ag an dáta tagartha tuairiscithe
j	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh - Foriata > 5 bliana - ar a bhfuil athruithe diúltacha carntha** Athruithe diúltacha carntha le haghaidh comhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh agus atá aitheanta sa chlár comhardaithe ar feadh níos mó ná 5 bliana ag an dáta tagartha tuairiscithe
k	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh – Ar a bhfuil sócmhainní neamhreatha á sealbhú le díol – a bhfuil luach di ag an aitheantas tosaigh** Nochtfar luach tosaigh na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh atá aicmithe mar shócmhainní neamhreatha atá á sealbhú le díol. Mura bhfuil an t-aicmiú sin ábhartha i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme maidir leis an institiúid, ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil.
l	**Iomlán na comhthaobhachta a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh – Ar a bhfuil sócmhainní neamhreatha á sealbhú le díol – ar a bhfuil athruithe diúltacha carntha** Nochtfar athruithe diúltacha carntha ar chomhthaobhacht a fhaightear trí sheilbh a ghlacadh atá aicmithe mar shócmhainní neamhreatha atá á sealbhú le díol. Mura bhfuil an t-aicmiú sin ábhartha i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme maidir leis an institiúid, ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil.

IARSCRÍBHINN XVII

Tábla AE CRC – Ceanglais cháilíochtúla maidir le nochtadh a bhaineann le teicnící CRM

Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir na sraithe	Saorfhormáid
Airteagal 453 (a) CRR	(a)	Tuairisc ar phríomhghnéithe na mbeartas agus na bpróiseas a bhaineann le glanluacháil laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus léiriú ar a mhéid a bhaineann institiúidí úsáid as glanluacháil den sórt sin;
Airteagal 453 (b) CRR	(b)	Príomhghnéithe na mbeartas agus na bpróiseas le haghaidh meastóireacht agus bainistíocht chomhthaobhach incháilithe;
Airteagal 453 (c) CRR	(c)	Tuairisc ar na príomhchineálacha comhthaobhachta arna nglacadh ag an institiúid chun an priacal creidmheasa a mhaolú;
Airteagal 453 (d) CRR	(d)	I gcás ráthaíochtaí agus díorthaigh chreidmheasa a úsáidtear mar chosaint chreidmheasa, na príomhchineálacha ráthóirí agus contrapháirtithe díorthach creidmheasa, agus a n-acmhainneacht creidmheasa a úsáidtear chun ceanglais chaipitil a laghdú, cé is moite de na cinn a úsáidtear mar chuid de struchtúir urrúsúcháin shintéiseacha;
Airteagal 453 (e) CRR	(e)	Faisnéis faoi chomhchruinnithe margaidh nó priacal creidmheasa laistigh den mhaolú creidmheasa a glacadh;

Teimpléad AE-CR3 – forbhreathnú ar theicnící CRM: Úsáid teicnící um maolú riosca creidmheasa a nochtadh

		Suim ghlanluacha neamhurraithe	**Suim ghlanluacha urraithe**			
				Ar díobh sin **arna n-urrú le comhthaobhacht**	Ar díobh sin **arna n-urrú le ráthaíochtaí airgeadais**	Ar díobh sin **arna n-urrú le díorthaigh chreidmheasa**
		a	b	c	d	e
1	Iasachtaí agus airleacain					
2	Urrúis fiachais					
3	Iomlán					
4	*Ar a bhfuil risíochtaí neamhthuillmheacha*					
AE-5	*Ar díobh a mhainnigh*					

IARSCRÍBHINN XVIII

An úsáid a bhaintear as teicnící um maolú priacail creidmheasa a nochtadh

Tábla EU CRC – Ceanglais cháilíochtúla maidir le nochtadh a bhaineann le teicnící CRM. Tábla solúbtha

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) go dtí pointe (e) d'Airteagal 453 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') trí na treoracha a leanúint a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo chun tábla EU CRC a léirítear in Iarscríbhinn XVII a chomhlánú.

Ró Uimhir thagartha	Tagairt dlí agus treoracha	
	Míniú	
(a)	Pointe (a) d'Airteagal 453 CRR	Nuair a bheidh faisnéis faoina mbeartais ghlanluachála agus úsáid na glanluachála á nochtadh ag institiúidí i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 453 CRR, tabharfaidh siad tuairisc shoiléir ar bheartais agus ar phróisis CRM a bhaineann le comhaontuithe glanluachála agus máistir-chomhaontuithe glanluachála laistigh den chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe. Léireoidh siad freisin a mhéid a úsáideadh comhaontuithe glanluachála agus máistir-chomhaontuithe glanluachála laistigh den chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus an tábhacht a bhaineann leo maidir le bainistiú priacal creidmheasa. D'fhéadfadh institiúidí sonraí a lua go háirithe maidir leis na teicnící atá in úsáid chomh maith leis na suímh a chumhdaítear le comhaontuithe glanluachála laistigh den chlár comhardaithe agus leis na hionstraimí airgeadais a áirítear sna máistir-chomhaontuithe glanluachála. Thairis sin, d'fhéadfaí tuairisc a thabhairt freisin ar na coinníollacha is gá chun éifeachtacht na dteicnící sin agus na rialuithe atá i bhfeidhm le haghaidh priacal dlíthiúil a áirithiú.
(b)	Pointe (b) d'Airteagal 453 CRR	Mar chuid dá nochtuithe maidir le príomhghnéithe a mbeartas agus a bpróiseas chun comhthaobhacht incháilithe a luacháil agus bainistiú a dhéanamh uirthi i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 453 CRR, nochtfaidh institiúidí an méid seo a leanas: — an bonn le measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhthaobhacht atá curtha i ngeall lena n-áirítear measúnú ar dheimhneacht dhlíthiúil maidir le teicnící CRM; — cineál na luachála (margadhluach, luach iasachta morgáiste, cineálacha eile luachanna); — a mhéid a laghdaítear luach ríofa na comhthaobhachta le caolchorrlach; — an próiseas, an mhinicíocht agus na modhanna atá i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar luach comhthaobhachta morgáiste agus ar chomhthaobhachta fisiceacha eile. Ina theannta sin, d'fhéadfadh institiúidí a nochtadh freisin an bhfuil córas de theorainneacha maidir le risíochtaí ar chreidmheas i bhfeidhm agus an tionchar a bheidh ag comhthaobhacht a nglactar léi ar chainníochtú na dteorainneacha sin.
(c)	Pointe (c) d'Airteagal 453 CRR	Agus tuairisc á tabhairt ag institiúidí ar an gcomhthaobhacht a glacadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 453 CRR, cuirfidh siad tuairisc mhionsonraithe ar fáil ar na príomhchineálacha comhthaobhachta a nglactar leo chun priacal creidmheasa a mhaolú, de réir chineál na risíochta.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Ró Uimhir thagartha	Tagairt dlí agus treoracha	
	Míniú	
(d)	Pointe (d) d'Airteagal 453 CRR	Maidir leis an tuairisc ar na príomhchineálacha ráthóirí agus contrapháirtithe i ndíorthaigh chreidmheasa agus a n-acmhainneacht creidmheasa atá le nochtadh i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 453 CRR, is éard a chumhdófar leis díorthaigh chreidmheasa a úsáidtear chun ceanglais chaipitil a laghdú, cé is moite díobh sin a úsáidtear mar chuid de struchtúir urrúsúcháin shintéiseacha. D'fhéadfadh institiúidí tuairisc a chur san áireamh freisin ar na modhanna a úsáidtear chun éifeachtaí na ráthaíochtaí nó na ndíorthach creidmheasa a aithint arna gcur ar fáil ag na príomhchineálacha ráthóirí agus contrapháirtithe.
(e)	Pointe (e) d'Airteagal 453 CRR	Agus faisnéis faoi chomhchruinnithe priacal creidmheasa laistigh de CRM á nochtadh i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 453 CRR, cuirfidh institiúidí anailís ar fáil ar aon chomhchruinniú a thagann chun cinn mar gheall ar bhearta CRM agus aon chomhchruinniú a d'fhéadfadh cosc a chur ar éifeacht ionstraimí CRM. I measc na gcomhchruinnithe i raon feidhme na nochtuithe sin d'fhéadfaí comhchruinnithe de réir an chineáil ionstraime a úsáidtear mar chomhthaobhacht, eintiteas (tiúchan de réir chineál ráthóirí agus soláthraithe díorthach creidmheasa), earnáil, limistéar geografach, airgeadra, rátáil nó tosca eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar luach na cosanta, agus ar an gcaoi sin an chosaint sin a laghdú.

Teimpléad EU CR3 – forbhreathnú ar theicnící CRM: Úsáid teicnící um maolú priacail creidmheasa a nochtadh. Teimpléad seasta.

Nochtfaidh institiúid an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 453 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR3 a léirítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Cumhdaítear leis an teimpléad sin gach teicníc CRM a aithnítear faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme beag beann ar na teicnící sin a bheith aitheanta faoi CRR, lena n-áirítear, ach ní hamháin, gach cineál comhthaobhachta, gach cineál ráthaíochta airgeadais agus díorthaigh chreidmheasa a úsáidtear le haghaidh gach risíocht urraithe, is cuma cé acu a úsáidtear an cur chuige caighdeánaithe nó an cur chuige IRB chun an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh (RWEA). Cuirfidh institiúidí tráchtaireacht insinte leis an teimpléad chun míniú a thabhairt ar aon athrú suntasach le linn na tréimhse nochta agus príomhspreagthaithe na n-athruithe sin.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
b	**Risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe** Luach na risíochta a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 166(1) go (7) de CRR gan aon choigeartú i leith priacal creidmheasa agus aon fhachtóir coinbhéartachta a chur san áireamh
c	**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe roimh fhachtóirí coinbhéartachta (CCF)** Luach na risíochta i gcomhréir le hAirteagal 166(1) go (7) CRR, gan aon choigeartú i leith priacal creidmheasa ná aon fhachtóir coinbhéartachta a chur san áireamh, ná aon mheastachán féin ná fachtóir coinbhéartachta a shonraítear in Airteagal 166(8) de CRR, ná aon chéatadán a shonraítear in Airteagal 166(10) de CRR Is éard a chuimseofar sna risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe na méideanna uile atá geallta ach neamhtharraingthe agus na hítimí uile lasmuigh den chlár comhardaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CRR.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
d	**Meánluach CCF atá ualaithe ó thaobh priacal** Maidir le gach risíocht a áirítear i ngach buicéad den scála seasta PD, an meánfhachtóir coinbhéartachta a úsáideann institiúidí chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, arna ualú de réir risíocht réamh-CCF lasmuigh den chlár comhardaithe mar atá i gcolún c den teimpléad seo
e	**Luach na risíochta tar éis CCF agus tar éis CRM** Luachanna risíochta i gcomhréir le hAirteagal 166 de CRR Áirítear sa cholún seo suim luach risíochta na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe agus na bhfachtóirí lasmuigh den chlár comhardaithe tar éis fachtóirí coinbhéartachta agus céatadáin i gcomhréir le hAirteagal 166(8) go (10) de CRR.
f	**Meánluach PD atá ualaithe ó thaobh priacal (%)** Maidir le gach risíocht a áirítear i ngach buicéad den raon seasta PD, meánmheastachán PD gach féichiúnaí, arna ualú de réir luach na risíochta iar-CCF agus CRM mar atá i gcolún e den teimpléad seo
g	**Líon na bhféichiúnaithe** Líon na n-eintiteas dlíthiúil nó na bhféichiúnaithe a leithdháiltear ar gach buicéad den raon seasta PD, a ndearnadh rátáil ar leithligh orthu, beag beann ar líon na n-iasachtaí nó na risíochtaí difriúla arna ndeonú Déileálfar leis na comhfhéichiúnaithe mar a dhéileálfar leis na comhfhéichiúnaithe uile eile chun críocha calabrú PD. I gcás ina ndéanfar rátáil ar leithligh ar risíochtaí éagsúla ar an bhféichiúnaí céanna, ríomhfar ar leithligh iad. Féadfaidh an staid sin tarlú laistigh den aicme risíochta ar mhiondíol má chuirtear an sainmhíniú ar mhainneachtain i bhfeidhm ar leibhéal na saoráide creidmheasa aonair i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 178(1) CRR, nó má shanntar risíochtaí ar leith ar an bhféichiúnaí céanna do ghráid féichiúnaí dhifriúla i gcomhréir leis an dara habairt de phointe (e) d'Airteagal 172(1) de CRR in aicmí risíochta eile.
h	**Meánchaillteanas i gcás mainneachtana ualaithe ó thaobh na risíochta (%)** Maidir le gach risíocht a áirítear i ngach buicéad den raon seasta PD, meán na meastachán LGD le haghaidh gach risíochta, arna ualú de réir luach na risíochta tar éis CCF agus tar éis CRM mar atá i gcolún e den teimpléad seo Comhfhreagróidh an LGD nochta do mheastachán deiridh LGD a úsáidtear chun méideanna atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, a fhaightear tar éis aon éifeacht CRM agus coinníollacha géaraithe i gcás inarb ábhartha a mheas. Maidir le risíochtaí ar mhiondíol arna n-urrú le maoin dhochorraithe, cuirfidh an LGD nochta na híosrátaí a shonraítear in Airteagal 164(4) de CRR san áireamh. Maidir le risíochtaí atá faoi réir láimhseáil na mainneachtana dúbailte, comhfhreagróidh an LGD atá le nochtadh don LGD a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 161 (4) de CRR. I gcás risíochtaí a mhainnigh faoi Chur Chuige A-IRB, déanfar na forálacha a leagtar síos i bpointe (h) d'Airteagal 181(1) de CRR a mheas. Comhfhreagróidh an LGD nochta leis an meastachán de LGD ar mainneachtain i gcomhréir leis na modheolaíochtaí meastacháin is infheidhme.
i	**Meánaibíocht ualaithe na risíochta (blianta)** Maidir le gach risíocht a áirítear i ngach buicéad den raon seasta PD, meánaibíocht gach risíochta, arna hualú de réir luach na risíochta tar éis CCF mar atá i gcolún e den teimpléad seo Léiríonn luach nochta na haibíochta a bhfuil in Airteagal 162 de CRR. Nochtfar an mheánaibíocht i mblianta. Ní nochtfar na sonraí sin do luachanna na risíochta nach eilimint an aibíocht dóibh chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR. Ciallaíonn sé sin nach líonfar an colún seo isteach le haghaidh na haicme risíochta "miondíol".

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
j	**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal tar éis na bhfachtóirí tacaíochta** I gcás risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, ar institiúidí agus ar chorparáidí, an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 153(1) go (4) de CRR; le haghaidh risíochtaí ar mhiondíol, an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 154 de CRR Cuirfear san áireamh fachtóirí tacaíochta FBM agus bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 501 agus le hAirteagal 501a de CRR.
k	**Dlús na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal** Cóimheas idir suim na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal tar éis fachtóirí tacaíochta mar atá i gcolún j den teimpléad seo agus luach na risíochta mar atá i gcolún e den teimpléad seo
l	**Méid an chaillteanais ionchasaigh** Méid an chaillteanais ionchasaigh a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 158 de CRR Beidh méid an chaillteanais ionchasaigh atá le nochtadh bunaithe ar na paraiméadair priacal iarbhír a úsáidtear sa chóras rátála inmheánaí arna fhormheas ag an údarás inniúil faoi seach.
m	**Coigeartuithe luacha agus forálacha** Coigeartuithe sonracha agus ginearálta i leith priacal creidmheasa i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 183/2014 ón gCoimisiún ([2]), coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 110 de CRR, chomh maith le laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis na risíochtaí a leithdháiltear ar gach buicéad den raon seasta PD Is iad na coigeartuithe luacha sin agus na forálacha sin a chuirfear san áireamh chun Airteagal 159 de CRR a chur chun feidhme. Nochtfar forálacha ginearálta tríd an méid a shannadh ar bhonn *pro rata* – i gcomhréir le caillteanas ionchasach na ngrád féichiúnaí difriúil.

Uimhir thagartha na róe	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
Aicme risíochta X	I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartachta féin a úsáid chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, déanfaidh siad an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh i gcás na n-aicmí risíochta atá faoi réir an cheada sin. Maidir leis na haicmí risíochta nach bhfuil cead ag an institiúid a meastacháin féin ar LGD agus ar fhachtóirí coinbhéartachta (F-IRB) a úsáid ina leith, nochtfaidh an institiúid an fhaisnéis maidir leis na risíochtaí ábhartha ar leithligh trí úsáid a bhaint as teimpléid F-IRB.
A-IRB	**Aicme risíochta X** Maidir le gach aicme risíochta a liostaítear in Airteagal 147(2) de CRR, leis na heisceachtaí a luaitear thuas, nochtfaidh institiúidí teimpléad ar leith ina mbeidh miondealú breise le haghaidh na n-aicmí risíochta seo a leanas: — laistigh den aicme risíochta "risíochtaí ar chorparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR), miondealú de réir: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile.

([2]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 183/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 20 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú (IO L 57, 27.2.2014, lch. 3).

Uimhir thagartha na róe	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
	— laistigh d'aicme na risíochta "risíochtaí ar mhiondíol" (pointe (d) d'Airteagal 147(2) agus Airteagal 147(5) de CRR), miondealú de réir: a. risíochtaí ar mhiondíol– FBM arna urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (pointe (d) d'Airteagal 147 (2) CRR i gcomhar le hAirteagal 154(2) agus (3) CRR); b. risíochtaí ar mhiondíol– FMB eile; c. risíochtaí ar mhiondíol– Fiontair nach FBManna iad arna n-urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (pointe (d) d'Airteagal 147 (2) de CRR i gcomhar le hAirteagal 154(3) de CRR); d. risíochtaí ar mhiondíol– risíochtaí Imrothlacha Cáilitheacha (pointe (d) d'Airteagal 147 (2) de CRR i gcomhar le hAirteagal 154(4) de CRR); e. Risíochtaí ar mhiondíol– Fiontar eile nach FMB é. Áireofar ró iomlán na risíochtaí ag deireadh gach teimpléid ar leith in aghaidh gach aicme risíochta.
F-IRB	**Aicme risíochta X** Maidir le gach aicme risíochta a liostaítear in Airteagal 147(2) de CRR, leis na heisceachtaí a luaitear thuas, nochtfaidh institiúidí teimpléad ar leith ina mbeidh miondealú breise le haghaidh na n-aicmí risíochta seo a leanas: — laistigh den aicme risíochta "risíochtaí ar chorparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR), miondealú de réir: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile.

Teimpléad EU CR6-A – Cur chuige IRB – Raon feidhme a bhaineann le cur chuige IRB agus cur chuige SA a úsáid. Teimpléad seasta

3. Nochtfaidh institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal faoi Chur Chuige IRB an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 452 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR6-A a léirítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

4. Chun críocha an teimpléid sin, leithdháilfidh institiúidí a risíochtaí ar na haicmí risíochta mar atá sainithe faoin gCur Chuige Caighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí nó faoi réir Chur Chuige IRB a leagtar síos i gCaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí mar a shainmhínítear faoi Chur Chuige IRB. Ní áirítear risíochtaí ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí (CCR) sa teimpléad seo (Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR) ná risíochtaí ar urrúsú.

5. Míneoidh institiúidí sa tráchtaireacht insinte a ghabhann leis an teimpléad aon difríocht ábhartha idir luach na risíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 166 maidir le risíochtaí IRB mar atá sé i gcolún a den teimpléad agus luach na risíochta i gcás na risíochtaí céanna i gcomhréir le hAirteagal 429(4) de CRR, mar atá i gcolún b agus colún d den teimpléad sin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a	**Luach na risíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 166 de CRR le haghaidh risíochtaí atá faoi réir Chur chuige IRB** Sa cholún seo, nochtfaidh institiúidí luach na risíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 166 CRR, i gcás na risíochtaí sin amháin faoi chur chuige IRB.
b	**Luach iomlán na risíochta i gcás risíochtaí atá faoi réir an Chur chuige caighdeánaithe agus chur chuige IRB** Úsáidfidh institiúidí luach na risíochta i gcomhréir le hAirteagal 429(4) CRR chun luach iomlán na risíochta a nochtadh, lena n-áirítear na risíochtaí faoin gcur chuige caighdeánaithe agus na risíochtaí faoi chur chuige IRB.
c	**Céatadán de luach iomlán na risíochta atá faoi réir pháirtúsáid bhuan SA (%)** Cuid den risíocht le haghaidh gach aicme risíochta atá faoi réir an Chur Chuige Caighdeánaithe (risíocht atá faoi réir an Chur Chuige Chaighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, i gcomhréir le raon feidhme an cheada maidir le páirtúsáid bhuan an Chur Chuige Caighdeánaithe a fhaightear ó údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 150 de CRR), thar luach iomlán na risíochta san aicme risíochta sin mar atá i gcolún b den teimpléad sin.
d	**Céatadán de luach iomlán na risíochta atá faoi réir Chur Chuige IRB (%)** Cuid den risíocht le haghaidh gach aicme risíochta atá faoi réir Chur Chuige IRB (risíocht atá faoi réir Chur Chuige IRB a leagtar síos i gCaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí thar luach iomlán na risíochta san aicme risíochta sin), agus raon feidhme an cheada a fhaightear ó údarás inniúil chun Cur Chuige IRB a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 143 CRR, thar luach iomlán na risíochta san aicme risíochta sin mar atá i gcolún b den teimpléad sin. Áireofar leis sin risíochtaí i gcás ina bhfuil cead ag institiúidí a meastachán féin ar LGD agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid nó gan é a úsáid (F-IRB agus A-IRB), lena n-áirítear cur chuige maoirseachta sliotánaithe maidir le risíochtaí ar iasachtú speisialaithe agus risíochtaí ar chothromas faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal.
e	**Céatadán de luach iomlán na risíochta atá faoi réir plean um fheidhmiú céimneach (%)** Cuid den risíocht le haghaidh gach aicme sócmhainní atá faoi réir chur chun feidhme seicheamhach chur chuige IRB de bhun Airteagal 148 de CRR, thar luach iomlán na risíochta san aicme risíochta sin mar atá i gcolún b. Áireofar leis sin an méid seo a leanas: — risíochtaí i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag institiúidí cur chuige IRB a chur i bhfeidhm lena meastachán féin ar LGD agus fachtóirí coinbhéartachta(F-IRB nó A-IRB) — Risíochtaí ar chothromas neamhábhartha nach n-áirítear i gcolúin c agus colún d den teimpléad seo — risíochtaí faoi F-IRB cheana féin i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag institiúid A-IRB a chur i bhfeidhm amach anseo. — risíochtaí iasachtaithe speisialaithe faoin gcur chuige maoirseachta sliotánaithe nach n-áirítear i gcolún d den teimpléad seo.

Uimhir an ró	**Tagairtí dlí agus treoracha**
	Míniú
Aicmí risíochta	Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis i dteimpléad CR 6-A a áireamh de réir aicmí risíochta, i gcomhréir leis an miondealú ar aicmí risíochta a áirítear i rónna an teimpléid.

Teimpléad EU CR7 – Cur Chuige IRB – Éifeacht ar mhéideanna risíochta na ndíorthach creidmheasa atá ualaithe ó thaobh priacal a úsáidtear mar theicnící CRM. Teimpléad seasta.

6. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 453 CRR trí threoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR7 mar a léirítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú. Cuirfidh institiúidí insint leis an teimpléad chun míniú a thabhairt ar éifeacht na ndíorthach creidmheasa ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal. Ní áirítear risíochtaí ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí (CCR) sa teimpléad seo (Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR), risíochtaí ar urrúsú, sócmhainní oibleagáide neamhchreidmheasa eile agus risíochtaí ar chothromas.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
a	**Méid risíochta na ndíorthach réamhchreidmheasa atá ualaithe ó thaobh priacal** Méid risíochta hipitéiseach atá ualaithe ó thaobh priacal lena ríomhadh an RWEA iarbhír, ag glacadh leis nach n-aithnítear ach an díorthach creidmheasa mar theicníc CRM mar a shonraítear in Airteagal 204 de CRR. Léireofar na méideanna sna haicmí risíochta atá ábhartha maidir leis na risíochtaí ar an bhféichiúnaí bunaidh.
b	**Méid risíochta iarbhís atá ualaithe ó thaobh priacal** An méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar agus tionchar na ndíorthach creidmheasa á chur san áireamh. I gcás ina gcuireann institiúidí ualú priacal nó paraiméadair priacal sholáthraí na cosanta in ionad ualú priacal nó paraiméadair priacal an fhéichiúnaí, cuirfear na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i láthair san aicme risíochta a bhaineann le risíochtaí díreacha ar sholáthraí na cosanta.

Uimhir thagartha na róe	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
1 go 9	Áireoidh institiúidí an miondealú ar dhíorthaigh chreidmheasa atá ualaithe ó thaobh priacal agus an risíocht iarbhír atá ualaithe ó thaobh priacal de réir aicme na risíochta, i gcomhréir leis na haicmí risíochta a liostaítear in Airteagal 147 de CRR le miondealú breise mar a áirítear sa teimpléad, agus ar leithligh i gcás risíochtaí faoi bhonnchur chuige F-IRB agus risíochtaí faoi ardchur chuige A-IRB. Faoi rónna 1 agus 6 den teimpléad seo, nochtfaidh institiúidí fo-iomláin na risíochtaí F-IRB agus na risíochtaí A-IRB. Nochtfaidh institiúidí miondealú breise le haghaidh aicme risíochta "risíochtaí ar chorparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR) i gcomhréir leis an méid seo a leanas: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR, cé is moite de risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile. Nochtfaidh institiúidí miondealú breise le haghaidh aicme risíochta "risíochtaí ar mhiondíol" (pointe (d) d'Airteagal 147(2) agus Airteagal 147(5) de CRR). Nochtfaidh institiúidí miondealú breise ar na nithe seo a leanas: a. Risíochtaí ar mhiondíol– FBM arna urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (i gcomhar le hAirteagal 154(2) agus (3) de CRR); b. Risíochtaí ar mhiondíol– Fiontar nach FBM é arna urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (i gcomhar le hAirteagal 154(3) de CRR);

Uimhir thagartha na róe	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
	c. Risíochtaí ar mhiondíol– Risíochtaí Imrothlacha Cáilitheacha (i gcomhar le hAirteagal 154(4) de CRR); d. risíochtaí ar mhiondíol– FMB eile; e. risíochtaí ar mhiondíol– Fiontar eile nach FMB é.
10	IOMLÁN NA RISÍOCHTAÍ (lena na n-áirítear risíochtaí F-IRB agus risíochtaí A-IRB) Méid iomlán na risíochta réamhchreidmheasa atá ualaithe ó thaobh priacal, agus an méid risíochta iarbhír atá ualaithe ó thaobh priacal maidir le gach risíocht F-IRB (lena n-áirítear FIRB agus A-IRB)

Teimpléad EU CR7-A – Cur Chuige IRB – Nochtadh maidir leis an úsáid a bhaintear as teicnící CRM

7. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 453 CRR ar leithligh le haghaidh risíochtaí faoi A-IRB agus F-IRB trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR7-A a léirítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú. I gcás ina mbeidh feidhm ag ítim de chosaint chistithe creidmheasa maidir le níos mó ná risíocht amháin, ní fhéadfaidh suim na risíochtaí a mheastar a bheith urraithe a bheith níos mó ná luach ítim na cosanta creidmheasa.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
a	**Iomlán na risíochtaí** Luach risíochta (tar éis na bhfachtóirí coinbhéartachta) i gcomhréir le hAirteagail 166 agus 167 de CRR Nochtfar risíochtaí i gcomhréir leis an aicme risíochta is infheidhme maidir leis an bhféichiúnaí, gan aon iarmhairt ar ionadú a chur san áireamh toisc ráthaíocht a bheith ann. Maidir le hinstitiúidí a chuirfidh an cur chuige simplí maidir le hualú priacal i bhfeidhm, déanfaidh siad na forálacha fritháirimh dá dtagraítear in Airteagal 155(2) de CRR a mheas freisin.
b	**FCP – An chuid de risíochtaí a chumhdaítear le comhthaobhacht airgeadais (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le comhthaobhacht airgeadais thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo. Áireofar comhthaobhacht airgeadais, lena n-áirítear comhthaobhacht airgid, urrúis fiachais, agus ór, mar a liostaítear in Airteagail 197 agus 198 de CRR, san uimhreoir i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagal 207 (2) go (4) CRR. Beidh luach nochta na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair. Nuair a úsáidtear a meastacháin féin ar LGD: comhthaobhacht airgeadais eile a chuirtear san áireamh i meastacháin LGD i gcomhréir le pointí (e) agus (f) d'Airteagal 181 (1) de CRR. Is é an méid a bheidh le nochtadh margadhluach measta na comhthaobhachta.
c	**FCP – Cuid de risíochtaí a chumhdaítear le comhthaobhachtaí incháilithe eile (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le comhthaobhacht incháilithe eile thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo Is iad na luachanna a nochtfar sa cholún seo suim na luachanna atá i gcolúin d go f den teimpléad seo. I gcás nach n-úsáidtear a meastacháin féin ar LGD: Airteagal 199(1) go (8) de CRR agus Airteagal 229 de CRR.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
	I gcás ina n-úsáidtear a meastacháin féin ar LGD: comhthaobhacht eile a chuirtear san áireamh i meastacháin LGD i gcomhréir le pointí (e) agus (f) d'Airteagal 181 (1) de CRR.
d	**FCP – Cuid de na risíochtaí a chumhdaítear le comhthaobhacht maoine dochorraithe (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe lena n-áirítear léasú i gcomhréir le hAirteagal 199(7) de CRR thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo Áireofar comhthaobhacht maoine dochorraithe san uimhreoir i gcás ina gcomhlíonfaidh sí na ceanglais incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 208(2) go (5) de CRR. Áireofar léasú ar mhaoin dhochorraithe san uimhreoir i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 211 de CRR. Beidh luach nochta na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair.
e	**An chuid de risíochtaí a chumhdaítear le Infháltais (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le hinfháltais i gcomhréir le hAirteagal 199(5) de CRR thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo Áireofar earraí infhaighte san uimhreoir i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 209 de CRR. Beidh luach nochta na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair
f	**Cuid de risíochtaí a chumhdaítear le Comhthaobhacht fhisiceach eile (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le comhthaobhacht fhisiceach eile lena n-áirítear léasú na gcomhthaobhachtaí sin i gcomhréir le hAirteagail 199(6) agus (8) de CRR thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo Áireofar comhthaobhacht fhisiceach eile san uimhreoir i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na ceanglais incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 210 de CRR. Beidh luach nochta na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair.
g	**FCP – Cuid de risíochtaí a chumhdaítear le Cosaint chistithe creidmheasa eile (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le FCP eile thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a Is iad luachanna an cholúin seo suim na luachanna atá i gcolúin h, i agus j den teimpléad seo.
h	**FCP – Cuid de risíochtaí a chumhdaítear le hairgead i dtaisce (%)** Céatadán na risíochtaí atá urraithe le hairgead nó le hionstraimí comhshamhlaithe airgid arna sealbhú ag institiúid tríú páirtí thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo; i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 200 CRR, áirítear i gcosaint chistithe creidmheasa eile airgead i dtaisce nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid arna sealbhú ag institiúid tríú páirtí i socrú neamhchoimeádta agus atá curtha i ngeall don institiúid iasachtaí. Beidh luach nochta na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair.
i	**FCP – Cuid na risíochtaí a chumhdaítear le polasaithe árachas saoil (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le polasaithe árachas saoil thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo I gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 200 de CRR, áirítear i gcosaint chistithe creidmheasa eile polasaithe árachais saoil atá geallta don institiúid iasachtaí. Beidh luach nochta na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
j	**FCP – Cuid de risíochtaí a chumhdaítear le hionstraim atá i seilbh tríú páirtí (%)** Céatadán na risíochtaí atá urraithe le comhthaobhacht i bhfoirm ionstraimí atá i seilbh tríú pháirtí thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo; an chuid de risíochtaí a chumhdaítear le hionstraimí arna n-eisiúint ag tríú páirtí thar iomlán na risíochtaí I gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 200 de CRR, áireofar sa luach nochta ionstraimí arna n-eisiúint ag institiúid tríú páirtí a athcheannóidh an institiúid sin arna iarraidh sin. Beidh luach na comhthaobhachta teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair. Ní áireofar sa chéatadán na risíochtaí sin a chumhdaítear le hionstraimí arna sealbhú ag tríú páirtí i gcás, de bhun Airteagal 232(4) de CRR, go láimhseálann institiúidí ionstraimí arna n-athcheannach ar iarraidh atá incháilithe faoi phointe (c) d'Airteagal 200 de CRR mar ráthaíocht ón institiúid eisiúna.
k	**UFCP - An chuid de na risíochtaí a chumhdaítear le Ráthaíochtaí (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le ráthaíochtaí eile thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad seo. Comhlíonfaidh na ráthaíochtaí an ceanglas a leagtar síos in Airteagail 213, 214, 215 agus, nuair is ábhartha, in Airteagal 217 agus in Airteagal 232(4) de CRR. Beidh luach na ráthaíochtaí teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair.
l	**UFCP – Cuid de risíochtaí a chumhdaítear le díorthaigh chreidmheasa (%)** Céatadán na risíochtaí arna n-urrú le díorthaigh chreidmheasa eile thar iomlán na risíochtaí mar atá i gcolún a den teimpléad. Áirítear na nithe seo a leanas sna díorthaigh chreidmheasa: — babhtálacha mainneachtana creidmheasa — babhtálacha an toraidh iomláin — nótaí creidmheas-nasctha, go feadh mhéid a cistithe airgid. Comhlíonfaidh na hionstraimí sin an ceanglas a leagtar síos in Airteagail 204(1) agus (2), 213, 216, agus, nuair is ábhartha, in Airteagal 217 de CRR. Beidh luach na ndíorthach creidmheasa teoranta do luach na risíochta ar leibhéal na risíochta aonair.
m	**RWEA gan iarmhairtí ar ionadú (iarmhairtí laghdaithe amháin)** Na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (f) d'Airteagal 92(3) de CRR, lena n-áirítear aon laghdú ar RWEA toisc go bhfuil cosaint chistithe nó neamhchistithe creidmheasa ann, lena n-áirítear i gcás ina gcuirtear an PD agus an LGD nó an t-ualú priacal in ionad na cosanta neamhchistithe creidmheasa. Mar sin féin, i ngach cás, lena n-áirítear nuair a úsáidtear cur chuige ionadaíochta, nochtar risíochtaí in aicmí na risíochtaí bunaidh is infheidhme maidir leis an bhféichiúnaí.
n	**RWEA le hiarmhairtí ar ionadú (iarmhairtí laghdaithe agus iarmhairtí ar ionadú)** Na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 153 go hAirteagal 157 CRR, lena n-áirítear aon laghdú ar RWEA toisc go bhfuil cosaint chistithe nó neamhchistithe creidmheasa ann. I gcás ina gcuirtear in ionad an PD agus an LGD nó an ualaithe priacal toisc go bhfuil cosaint neamhchistithe creidmheasa ann, nochtar risíochtaí san aicme risíochta is infheidhme maidir le soláthraí na cosanta.

Uimhir thagartha na róe	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
	Déanfar an nochtadh sin ar leithligh i gcás risíochtaí faoi chur chuige A-IRB, cur chuige F-IRB chomh maith le hiasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe agus risíochtaí ar chothromas.
A-IRB	Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis maidir le teicnící um maolú priacal creidmheasa a áirítear sa teimpléad seo de réir aicme risíochta, i gcomhréir leis na haicmí risíochta a liostaítear in Airteagal 147 CRR le haghaidh miondealú breise le haghaidh aicme risíochta "Corparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR) a áireamh i gcomhréir leis an méid seo a leanas: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR, cé is moite de risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile. Nochtfaidh institiúidí miondealú breise ar aicme risíochta "Miondíol" (pointe (d) d'Airteagal 147(2) agus Airteagal 147(5) de CRR). Nochtfaidh institiúidí miondealú breise ar na nithe seo a leanas: a. Risíochtaí ar mhiondíol– FBM arna urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (i gcomhar le hAirteagal 154(2) agus (3) de CRR); b. Risíochtaí ar mhiondíol– Fiontar nach FBM é arna urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (i gcomhar le hAirteagal 154(3) de CRR); c. Risíochtaí ar mhiondíol– Risíochtaí Imrothlacha Cáilitheacha (i gcomhar le hAirteagal 154(4) de CRR); d. risíochtaí ar mhiondíol– FMB eile; e. risíochtaí ar mhiondíol– Fiontar eile nach FMB é.
F-IRB	Áireoidh institiúidí an fhaisnéis maidir le teicnící maolaithe priacal creidmheasa a áirítear sa teimpléad sin de réir aicme risíochta, i gcomhréir leis na haicmí risíochta a liostaítear in Airteagal 147 de CRR mar aon le miondealú breise le haghaidh aicme risíochta "Corparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) de CRR) i gcomhréir leis an méid seo a leanas: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR, cé is moite de risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile.

Teimpléad EU CR8 – Ráitis sreafa RWEA maidir le risíochtaí ar priacal creidmheasa faoi chur chuige IRB. Teimpléad seasta.

8. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 438 de CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR8 a léirítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú. Ní áirítear risíochtaí ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí (CCR) san fhaisnéis sa teimpléad seo (Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR).

9. Nochtfaidh institiúidí na sreafaí RWEA mar na hathruithe idir na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh an dáta tagartha don nochtadh (mar a shonraítear thíos i ró 9 den teimpléad seo) agus na méideanna atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh na tréimhse tagartha don nochtadh roimhe sin (mar a shonraítear thíos i ró 1 den teimpléad seo; i gcás nochtuithe ráithiúla, deireadh ráithe roimh an ráithe den dáta tagartha nochta). Féadfaidh institiúidí cur lena nochtuithe Cholún 3 tríd an bhfaisnéis chéanna le haghaidh na dtrí ráithe roimhe sin a nochtadh.

10. Cuirfidh institiúidí tráchtaireacht insinte leis an teimpléad chun míniú a thabhairt ar na figiúirí i ró 8 den teimpléad seo, *i.e.* aon spreagadh eile a chuireann go suntasach le héagsúlachtaí RWEA.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
a	**Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal** Méid risíochta iomlán atá ualaithe ó thaobh priacal maidir le priacal creidmheasa a ríomhtar faoi Chur Chuige IRB, agus na fachtóirí tacaíochta á gcur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 501 agus le hAirteagal 501a de CRR.

Uimhir an ró	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
1	**Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh na tréimhse nochta**
2	**Méid na sócmhainne (+/-)** Athrú ar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, i ngeall ar mhéid na sócmhainne, i.e. athruithe orgánacha ar mhéid agus ar chomhdhéanamh na leabhar (lena n-áirítear tionscnamh gnólachtaí nua agus iasachtaí a aibíonn) ach gan athruithe ar mhéid an leabhair i ngeall ar éadálacha agus ar dhiúscairt eintiteas san áireamh Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
3	**Cáilíocht na sócmhainne (+/-)** Athrú ar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, i ngeall ar cháilíocht sócmhainní, i.e. athruithe ar cháilíocht mheasúnaithe shócmhainní na hinstitiúide i ngeall ar athruithe ar priacal iasachtaithe, amhail ascnamh an ghráid rátála nó éifeachtaí comhchosúla Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
4	**Nuashonruithe ar an tsamhail (+/-)** Athrú ar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, i ngeall ar nuashonruithe ar an tsamhail, i.e. athruithe i ngeall ar chur chun feidhme samhlacha nua, athruithe ar na samhlacha, athruithe ar raon feidhme na samhla, nó aon athrú eile a bheartaítear chun aghaidh a thabhairt ar laigí sa tsamhail Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
5	**Modheolaíocht agus beartas (+/-)** Athrú ar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, i ngeall ar an modheolaíocht agus ar an mbeartas *i.e.* athruithe ar an modheolaíocht agus ar an mbeartas *i.e.* athruithe ar mhodheolaíochtaí sna ríomhanna arna spreagadh ag athruithe ar an mbeartas rialála, lena n-áirítear athbhreithnithe ar rialacháin atá ann cheana agus rialacháin nua, seachas athruithe ar shamhlacha, a áirítear i ró 4 den teimpléad seo

Uimhir an ró	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
	Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
6	**Éadálacha agus diúscairtí (+/-)** Athrú ar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, i ngeall ar éadálacha agus diúscairtí, i.e. athruithe ar mhéideanna na leabhar i ngeall ar éadálacha agus/nó diúscairtí Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
7	**Gluaiseachtaí malairte eachtraí (+/-)** Athrú ar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, i ngeall ar mhalartuithe airgeadra eachtraí, i.e athruithe a eascraíonn as malartuithe aistrithe airgeadra eachtraí Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
8	**Eile (+/-)** Athrú ar an méid risíochta ualaithe ó thaobh priacal idir deireadh na tréimhse nochta roimhe sin agus deireadh na tréimhse nochta reatha, mar thoradh ar thiomántóirí eile Úsáidfear an chatagóir seo chun athruithe nach féidir a chur i leith aon chatagóir eile a ghabháil. Déanfaidh institiúidí cur síos breise ar aon spreagadh ábhartha eile de mhéideanna ualaithe ó thaobh priacal le linn na tréimhse nochta a áirítear sa ró seo san insint a ghabhann leis an teimpléad seo. Nochtfar méaduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid deimhneach agus nochtfar laghduithe ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar mhéid diúltach.
9	**Méid risíochta ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh na tréimhse nochta**

Teimpléad EU CR9 – Cur chuige IRB – cúltástáil PD in aghaidh na haicme risíochta. Teimpléad seasta.

11. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 452 de CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR9 a léirítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú. Nuair a bhaineann institiúid úsáid as cur chuige F-IRB agus as cur chuige A-IRB, nochtfaidh sí dhá thacar teimpléid ar leith, ceann amháin le haghaidh F-IRB agus ceann eile le haghaidh A-IRB, le teimpléad amháin in aghaidh na haicme risíochta i ngach tacar.

12. Déanfaidh institiúid na samhlacha a úsáidtear laistigh de gach aicme risíochta a mheas agus míneoidh sí an céatadán de mhéid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal den aicme risíochta ábhartha a chumhdaítear leis na samhlacha a nochtar torthaí cúltástála ina leith anseo.

13. Míneoidh institiúidí, san insint a ghabhann leis, líon iomlán na bhféichiúnaithe a bhfuil conarthaí gearrthéarmacha acu ar an dáta nochta, agus léireoidh siad cé na haicmí risíochta lena mbaineann líon níos mó oibleagáideoirí conartha gearrthéarmacha. Tagraíonn conarthaí gearrthéarmacha do chonarthaí ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná 12 mhí. Míneoidh institiúidí freisin an bhfuil eatraimh forluiteacha ann maidir le meánrátaí PD fadtéarmacha á ríomh.

14. Ní áirítear risíochtaí ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí (CCR) sa teimpléad seo (Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR), suíomhanna urrúsúcháin, sócmhainní oibleagáide neamhchreidmheasa eile agus risíochtaí ar chothromas.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
a (A-IRB)	**Aicmí risíochta** Maidir le gach aicme risíochta a liostaítear in Airteagal 147(2) CRR, nochtfaidh institiúidí teimpléad ar leith ina mbeidh miondealú breise le haghaidh na n-aicmí risíochta seo a leanas: — laistigh den aicme risíochta "risíochtaí ar chorparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) CRR), miondealú de réir: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile. — laistigh d'aicme na risíochta "risíochtaí ar mhiondíol" (pointe (d) d'Airteagal 147(2) agus Airteagal 147(5) CRR), miondealú de réir: a. risíochtaí ar mhiondíol– FBM arna urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (pointe (d) d'Airteagal 147 (2) CRR i gcomhar le hAirteagal 154(2) agus (3) CRR); b. risíochtaí ar mhiondíol– Fiontair nach FBManna iad arna n-urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe (pointe (d) d'Airteagal 147 (2) CRR i gcomhar le hAirteagal 154(3) CRR); c. risíochtaí ar mhiondíol– risíochtaí Imrothlacha Cáilitheacha (pointe (d) d'Airteagal 147 (2) CRR i gcomhar le hAirteagal 154(4) CRR); d. risíochtaí ar mhiondíol– FMB eile; e. risíochtaí ar mhiondíol– Fiontar eile nach FMB é.
a (F-IRB)	**Aicmí risíochta** Maidir le gach aicme risíochta a liostaítear in Airteagal 147(2) CRR, nochtfaidh institiúidí teimpléad ar leith ina mbeidh miondealú breise le haghaidh na n-aicmí risíochta seo a leanas: — laistigh den aicme risíochta "risíochtaí ar chorparáidí" (pointe (c) d'Airteagal 147(2) CRR), miondealú de réir: a. risíochtaí ar chorparáidí– FBM, i gcomhréir le haicmiú inmheánach na risíochtaí ar chorparáidí bunaithe ar na beartais bainistithe priacal; b. risíochtaí ar chorparáidí– iasachtú speisialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 147(8) de CRR; c. risíochtaí ar chorparáidí– eile.
b	**Raon na Dóchúlachta Mainneachtana** Is raon seasta PD é seo nach n-athrófar. Leithdháilfear risíochtaí ar an mbuicéad iomchuí den raon seasta PD bunaithe ar an PD a mheastar ag deireadh na tréimhse nochta le haghaidh gach féichiúnaí a shanntar don aicme risíochta sin (gan aon iarmhairt ar ionadú i ngeall ar CRM a chur san áireamh). Áireofar gach risíocht a mhainnigh sa bhuicéad ina léirítear PD de 100 %.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha Míniú
c, d	**Líon na bhféichiúnaithe ag deireadh na bliana roimhe sin** Nochtfaidh institiúidí an dá thacar faisnéise seo a leanas: (i) líon na n-oibleagáideoirí ag deireadh na bliana roimhe sin (colún C den teimpléad seo); Líon na bhféichiúnaithe ag deireadh na bliana faoi réir nochta Sa dá chás, áireofar gach féichiúnaí a iompraíonn oibleagáid chreidmheasa ag an tráth ábhartha. Nochtfaidh institiúidí líon na n-eintiteas dlíthiúil nó na bhféichiúnaithe a leithdháiltear ar gach buicéad den raon seasta PD, a ndearnadh rátáil ar leithligh orthu faoi dheireadh na bliana roimhe sin, beag beann ar líon na n-iasachtaí nó na risíochtaí difriúla arna ndeonú. Déileálfar leis na comhfhéichiúnaithe mar a dhéileálfar leis na comhfhéichiúnaithe uile eile chun críocha calabrú PD. I gcás ina ndéanfar rátáil ar leithligh ar risíochtaí éagsúla ar an bhféichiúnaí céanna, ríomhfar ar leithligh iad. Féadfaidh an staid sin tarlú laistigh d'aicme na risíochta ar mhiondíol, i gcás ina gcuirtear an sainmhíniú ar mhainneachtain i bhfeidhm ar leibhéal na saoráide creidmheasa aonair i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 178(1) CRR. Is féidir an staid sin tarlú freisin má shanntar risíochtaí ar leith ar an bhféichiúnaí céanna do ghráid éagsúla féichiúnaí i gcomhréir leis an dara habairt de phointe (e) d'Airteagal 172(1) CRR in aicmí risíochta éagsúla. (ii) ar a bhfuil líon na bhféichiúnaithe a mhainnigh i rith na bliana roimh an dáta nochta (colún d den teimpléad seo) Fothacar de cholún C den teimpléad seo a bheidh ann agus léireofar leis líon na bhféichiúnaithe a mhainnigh i rith na bliana. Cinnfear risíochtaí a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178 CRR. Ní chomhairfear gach féichiúnaí a mhainnigh ach uair amháin in uimhreoir agus in ainmneoir ríomh an ráta mainneachtana aon bhliana, fiú má mhainnigh an féichiúnaí níos mó ná uair amháin le linn na tréimhse bliana ábhartha.
e	**An meánráta mainneachtana breathnaithe** Meán uimhríochtúil rátaí mainneachtana aon bhliana mar a shainmhínítear i bpointe (78) d'Airteagal 4(1) CRR, arna bhreathnú laistigh den tacar sonraí atá ar fáil. Nuair a bheidh rátaí mainneachtana aon bhliana á ríomh acu, áiritheoidh institiúidí an dá ní seo a leanas: (a) gurb é atá san ainmneoir líon na bhféichiúnaithe nár mhainnigh a bhfuil aon oibleagáid chreidmheasa breathnaithe orthu ag tús na tréimhse breathnóireachta aon bhliana (tús na tréimhse nochta roimhe sin, i.e. tús na bliana roimh dháta tagartha an nochta); sa chomhthéacs seo tagraíonn oibleagáid chreidmheasa don dá cheann díobh seo a leanas: (i) aon ítim laistigh den chlár comhardaithe, lena n-áirítear aon mhéid príomhshuime, úis agus táillí; (ii) aon ítim lasmuigh den chlár comhardaithe, lena n-áirítear ráthaíochtaí arna n-eisiúint ag an bhforas mar ráthóir. (b) go n-áirítear leis an uimhreoir na féichiúnaithe uile sin a mheastar san ainmneoir ag a raibh teagmhas mainneachtana amháin ar a laghad le linn na tréimhse breathnóireachta aon bhliana (bliain roimh an dáta tagartha nochta). Roghnóidh institiúidí cur chuige iomchuí idir cur chuige bunaithe ar eatraimh ama fhorluiteacha bliana, agus cur chuige bunaithe ar eatraimh ama neamhfhorluiteacha, chun an meánráta mainneachtana breathnaithe a ríomh.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
f	**Meánluach PD atá ualaithe ó thaobh priacal (%)** Meánluach PD atá ualaithe ó thaobh priacal (%) mar atá i gcolún f de theimpléad EU CR6; maidir le gach risíocht a áirítear i ngach buicéad den raon seasta PD, meán na meastachán LGD le haghaidh gach feichiúnaí, arna ualú de réir luach na risíochta tar éis CCF agus tar éis CRM mar atá i gcolún e de theimpléad EU CR6
g	**Meánluach PD ar an dáta nochta (%)** Meánluach uimhríochtúil PD ag tús thréimhse nochta na bhféichiúnaithe a thagann laistigh de bhuicéad raon seasta PD agus a ríomhtar in d (meán arna ualú de réir líon na bhféichiúnaithe)
h	**Meánráta bliantúil stairiúil mainneachtana (%)** Meán simplí an ráta mainneachtana bliantúil cúig bliana is déanaí ar a laghad (oibleagáideoirí ag tús gach bliana a mhainnigh i rith na bliana sin/líon iomlán na n-oibleagáideoirí ag tús na bliana) Féadfaidh an institiúid tréimhse stairiúil níos faide a úsáid atá comhsheasmhach le cleachtais iarbhír na hinstitiúide maidir le bainistíocht priacal. Má úsáideann an institiúid tréimhse stairiúil níos faide, míneoidh sí agus soiléireoidh sí an méid sin san insint a ghabhann leis an teimpléad.

Teimpléad EU CR9.1 – Cur chuige IRB – Cúltástáil ar PD in aghaidh na haicme risíochta (i gcás meastacháin PD amháin i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 180(1) CRR

15. I dteannta Theimpléad EU CR9, nochtfaidh institiúidí faisnéis i dteimpléad EU CR9.1 i gcás ina gcuireann siad pointe (f) d'Airteagal 180(1) de CRR i bhfeidhm maidir le meastacháin PD agus i gcás meastacháin PD amháin i gcomhréir leis an Airteagal céanna. Tá na treoracha céanna i gceist le haghaidh theimpléad EU CR9, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

    a. Faoi cholún b den teimpléad seo nochtfaidh institiúidí na raonta PD i gcomhréir lena ngrád inmheánach a ndéanann siad mapáil orthu ar an scála a úsáideann an IMCS seachtrach, seachas raon seasta seachtrach PD;

    b. Nochtfaidh institiúidí colún amháin le haghaidh gach IMCS a mheastar de réir phointe (f) d'Airteagal 180(1) CRR. Áireoidh institiúidí sna colúin sin an rátáil sheachtrach a ndéantar a raonta PD inmheánacha a mhapáil uirthi.

IARSCRÍBHINN XXIII

Teimpléad AE CR10 – Risíochtaí ar iasachtú speisialaithe agus ar chothromas faoin gcur chuige simplí atá ualaithe ó thaobh priacal

Teimpléad AE CR10.1

Iasachtú speisialaithe: Maoiniú tionscadail (Cur chuige sliotánaithe)

Catagóirí rialála	Aibíocht iarmhair	Risíocht laistigh den chlár comhardaithe	Risíocht lasmuigh den chlár comhardaithe	Ualú priacal	Luach na neamhchosanta	Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal	Méid an chaillteanais ionchasaigh
		a	b	c	d	e	f
Catagóir 1	Níos lú ná 2.5 bliain			50 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			70 %			
Catagóir 2	Níos lú ná 2.5 bliain			70 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			90 %			
Catagóir 3	Níos lú ná 2.5 bliain			115 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			115 %			
Catagóir 4	Níos lú ná 2.5 bliain			250 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			250 %			
Catagóir 5	Níos lú ná 2.5 bliain			—			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			—			
Iomlán	Níos lú ná 2.5 bliain						
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin						

Teimpléad AE CR10.2

Iasachtú speisialaithe: "Eastát réadach a tháirgeann ioncam agus eastát réadach tráchtála ardluaineachta" (Cur chuige sliotánaithe)

Catagóirí rialála	Aibíocht iarmhair	Risíocht laistigh den chlár comhardaithe	Risíocht lasmuigh den chlár comhardaithe	Ualú priacal	Luach na neamhchosanta	Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal	Méid an chaillteanais ionchasaigh
		a	b	c	d	e	f
Catagóir 1	Níos lú ná 2.5 bliain			50 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			70 %			
Catagóir 2	Níos lú ná 2.5 bliain			70 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			90 %			
Catagóir 3	Níos lú ná 2.5 bliain			115 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			115 %			
Catagóir 4	Níos lú ná 2.5 bliain			250 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			250 %			
Catagóir 5	Níos lú ná 2.5 bliain			—			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			—			
Iomlán	Níos lú ná 2.5 bliain						
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin						

Teimpléad AE CR10.3

Iasachtú speisialaithe: Maoiniú réada (Cur chuige sliotánaithe)

Catagóirí rialála	Aibíocht iarmhair	Risíocht laistigh den chlár comhardaithe	Risíocht lasmuigh den chlár comhardaithe	Ualú priacal	Luach na neamhchosanta	Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal	Méid an chaillteanais ionchasaigh
		a	b	c	d	e	f
Catagóir 1	Níos lú ná 2.5 bliain			50 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			70 %			
Catagóir 2	Níos lú ná 2.5 bliain			70 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			90 %			
Catagóir 3	Níos lú ná 2.5 bliain			115 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			115 %			
Catagóir 4	Níos lú ná 2.5 bliain			250 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			250 %			
Catagóir 5	Níos lú ná 2.5 bliain			—			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			—			
Iomlán	Níos lú ná 2.5 bliain						
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin						

Teimpléad AE CR10.4

Iasachtú speisialaithe: Maoiniú trachtearraí (Cur chuige sliotánaithe)

Catagóirí rialála	Aibíocht iarmhair	Risíocht laistigh den chlár comhardaithe	Risíocht lasmuigh den chlár comhardaithe	Ualú priacal	Luach na neamhchosanta	Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal	Méid an chaillteanais ionchasaigh
		a	b	c	d	e	f
Catagóir 1	Níos lú ná 2.5 bliain			50 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			70 %			
Catagóir 2	Níos lú ná 2.5 bliain			70 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			90 %			
Catagóir 3	Níos lú ná 2.5 bliain			115 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			115 %			
Catagóir 4	Níos lú ná 2.5 bliain			250 %			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			250 %			
Catagóir 5	Níos lú ná 2.5 bliain			—			
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin			—			
Iomlán	Níos lú ná 2.5 bliain						
	Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin						

Teimpléad AE CR10.5

Risíochtaí ar chothromas a nochtadh faoin gcur chuige simplí atá ualaithe ó thaobh priacal

Catagóirí	Risíocht laistigh den chlár comhardaithe	Risíocht lasmuigh den chlár comhardaithe	Ualú priacal	Luach na neamhchosanta	Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal	Méid an chaillteanais ionchasaigh
	a	b	c	d	e	f
Risíochtaí ar chothromas príobháideach			190 %			
Risíochtaí ar chothromas arna dtrádáil ar an malartán			290 %			
Risíochtaí eile ar chothromas			370 %			
Iomlán						

IARSCRÍBHINN XXIV

Iasachtú speisialaithe agus risíochtaí ar chothromas a nochtadh faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal

Teimpléad EU CR10 – Iasachtú speisialaithe agus risíochtaí ar chothromas a nochtadh faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal. Teimpléad seasta.

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 438 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') trí na treoracha a fhoráiltear thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CR10 a leagtar amach in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh. Nochtfaidh institiúidí:

   a. faisnéis faoi na cineálacha risíochtaí ar iasachtú speisialaithe seo a leanas dá dtagraítear i dTábla 1 d'Airteagal 153(5):

      — 'Maoiniú tionscadail' i dteimpléad EU CR10.1;

      — 'Eastát réadach a tháirgeann ioncam agus eastát réadach tráchtála ardluaineachta' i dteimpléad EU CR10.2;

      — 'Maoiniú réada' i dteimpléad EU CR10.3;

      — 'Airgeadas tráchtearraí' i dteimpléad EU CR 10.4;

   b. faisnéis faoi risíochtaí ar chothromas faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal i dteimpléad EU CR10.5.

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
a	**Risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe** Nochtfaidh institiúidí luach risíochta na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le hAirteagal 166(1) go (7) agus Airteagal 167(1) CRR.
b	**Risíocht lasmuigh den chlár comhardaithe** Nochtfaidh institiúidí luach risíochta na risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le hAirteagal 166 agus le hAirteagal 167 (2) CRR gan aon fhachtóir coinbhéartachta a shonraítear in Airteagal 166(8) nó (9) CRR, ná aon chéatadán a shonraítear in Airteagal 166(10) CRR, a chur san áireamh. Is éard a chuimseofar sna risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe na méideanna uile atá geallta ach neamhtharraingthe agus na hítimí uile lasmuigh den chlár comhardaithe, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CRR.
c	**Ualú priacal** Is colún seasta é seo. Ní athrófar é. Rinneadh an colún seo a shonrú i gcomhréir le hAirteagal 153(5) de CRR le haghaidh teimpléad EU CR10.1 go dtí teimpléad EU CR10.4 agus i gcomhréir le hAirteagal 155(2) CRR le haghaidh teimpléad EU CR10.5.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Uimhir thagartha an cholúin	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
d	**Luach na risíochta** Luach na risíochta i gcomhréir le hAirteagal 166 nó le hAirteagal 167 CRR Áireofar sa cholún seo suim luach risíochta na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe agus luach na risíochta lasmuigh den chlár comhardaithe tar éis fachtóirí coinbhéartachta agus céatadáin i gcomhréir le hAirteagal 166(8) go (10) CRR.
e (teimpléid EU CR10.1 go EU CR10.4)	**Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal (risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe)** An méid risíochta ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 153 (5) CRR, tar éis fachtóirí tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 501 agus le hAirteagal 501a CRR, i gcás inarb ábhartha
e (teimpléad EU CR10.5)	**Méid risíochta ualaithe ó thaobh priacal (risíochtaí ar chothromas faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal)** Méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 155(2) de CRR
f (teimpléid EU CR10.1 go EU CR10.4)	**Méid an chaillteanais ionchasaigh (risíochtaí ar iasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe)** Méid an chaillteanais ionchasaigh a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 158 (6) CRR
f (teimpléid EU CR10.5)	**Méid an chaillteanais ionchasaigh (risíochtaí ar chothromas faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal)** Méid an chaillteanais ionchasaigh a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 158(7) CRR

Uimhir an ró	Tagairtí dlí agus treoracha
	Míniú
Catagóir rialála	**Teimpléid EU CR10.1 go EU CR10.4** Catagóirí rialála is infheidhme maidir le hiasachtú speisialaithe faoin gcur chuige sliotánaithe i gcás gach aicme risíochtaí ar iasachtú speisialaithe; mar a shonraítear in Airteagal 153(5) CRR agus i ndréacht deiridh RTS maidir leis an gcur chuige sliotánaithe
Na catagóirí	**Teimpléad EU CR10.5** Catagóirí rialála is infheidhme maidir le cothromais faoin gcur chuige simplí maidir le hualú priacal i gcomhréir le hAirteagal 155(2) CRR

Tábla AE CCRA – Nochtadh cáilíochtúil a bhaineann le CCR

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
(a)	**Airteagal 439 (a) CRR** Tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear chun teorainneacha inmheánacha le caipiteal agus creidmheas a shannadh do risíochtaí ar chreidmheas an chontrapháirtí, lena n-áirítear na modhanna chun na teorainneacha sin le risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha a shannadh	
(b)	**Airteagal 439 (b) CRR** Tuairisc ar bheartais a bhaineann le ráthaíochtaí agus maolaitheoirí priacail creidmheasa, amhail na beartais chun comhthaobhacht a aimsiú agus cúlchistí creidmheasa a bhunú	
(c)	**Airteagal 439 (c) CRR** Tuairisc ar bheartais i dtaca le priacal Comhghaolmhaireachta a shainmhínítear in Airteagal 291 de CRR	
(d)	**Airteagal 431 (3) agus (4) CRR** Aon chuspóir eile maidir le bainistíocht riosca agus beartais ábhartha eile a bhaineann le CCR	
(e)	**Airteagal 439 (d) CRR** Méid na comhthaobhachta a bheadh ar an institiúid a chur ar fáil dá ndéanfaí a rátáil creidmheasa a íosghrádú	

Teimpléad AE CCR1 – Anailís ar risíocht CCR trí chur chuige

Formáid sheasta

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Costas athsholáthair (RC)	Risíocht fhéideartha todhchaí (PFE)	EEPE	Alfa a úsáidtear chun luach na risíochta rialála a ríomh	Luach na risíochta roimh CRM	Luach na risíochta tar éis CRM	Luach na risíochta	RWEAnna
AE-1	AE - Modh na Risíochta Tosaigh (le haghaidh díorthach)				1,4				
AE-2	AE - SA-CCR Simplithe (le haghaidh díorthach)				1,4				
1	SA-CCR (le haghaidh díorthach)				1,4				
2	IMM (le haghaidh díorthach agus SFTanna)								
2a	*Ar díobh sin tacair ghlanluachála idirbheart maoinithe urrús*								
2b	*Ar díobh sin díorthaigh agus tacair ghlanluachála idirbheart socraíochta iarchurtha*								
2c	*Ar díobh sin ó thacair ghlanluachála trastáirge conarthacha*								
3	Modh simplí comhthaobhachta airgeadais (le haghaidh SFTanna)								
4	Modh cuimsitheach comhthaobhachta airgeadais (le haghaidh SFTanna)								
5	VAR le haghaidh SFTanna								
6	**Iomlán**								

Teimpléad AE CCR2 – Idirbhearta atá faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal CVA

Formáid sheasta

		a	b
		Luach na risíochta	RWEAnna
1	Idirbhearta atá faoi réir an Ardmhodha		
2	(i) Comhpháirt VAR (lena n-áirítear iolraitheoir 3×)		
3	(ii) Comhpháirt struis VAR (lena n-áirítear iolraitheoir 3×)		
4	Idirbhearta atá faoi réir an mhodha Chaighdeánaithe		
AE-4	Idirbhearta atá faoi réir an chur chuige Mhalartaigh (Bunaithe ar Mhodh na Risíochta Tosaigh)		
5	**Iomlán na n-idirbheart faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA**		

Teimpléad AE CCR3 – Cur chuige caighdeánaithe - risíochtaí CCE de réir aicme risíochta rialála agus ualuithe priacal

Formáid sheasta

	Aicmí risíochta	Ualú priacal											
		a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k	l
		0 %	2 %	4 %	10 %	20 %	50 %	70 %	75 %	100 %	150 %	Eile	Luach iomlán na risíochta
1	Rialtais láir nó bainc cheannais												
2	Rialtais Réigiúnacha nó údaráis áitiúla												
3	Eintitis san earnáil phoiblí												
4	Bainc forbartha iltaobhacha												
5	Eagraíochtaí idirnáisiúnta												
6	Institiúidí												
7	Corparáidí												
8	Miondíol												
9	Institiúidí agus corparáidí a bhfuil measúnú creidmheasa gearrthéarmach acu												
10	Ítimí eile												
11	**Luach iomlán na risíochta**												

Teimpléad AE CCR4 – Cur chuige IRB - Risíochtaí CCR de réir aicme risíochta agus scála PD

Formáid sheasta

			a	b	c	d	e	f	g
		Scála PD	Luach na risíochta	Meánluach PD atá ualaithe ó thaobh priacal (%)	Líon na bhféichiúnaithe	Meáncha-illteanas i gcás mainne-achtana ualaithe ó thaobh na risíochta (%)	Meánaibíocht ualaithe na risíochta (blianta)	RWEAnna	Dlús na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal
1 … x	Aicme risíochta X								
1		0,00 go dtí < 0,15							
2		0,15 go dtí < 0,25							
3		0,25 go dtí < 0,50							
4		0,50 go dtí < 0,75							
5		0,75 go dtí < 2,50							
6		2,50 go dtí < 10,00							
7		10,00 go dtí < 100,00							
8		100,00 (Mainneachtain)							
x		Fo-iomlán (Aicme risíochta X)							
y	**Iomlán (gach aicme risíochta ábhartha CCR)**								

Teimpléad AE CCR5 - Comhdhéanamh na comhthaobhachta le haghaidh risíochtaí CCR

Colúin sheasta

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Comhthaobhacht a úsáidtear in idirbhearta díorthacha				Comhthaobhacht a úsáidtear in IMUnna			
	Cineál na comhthaobhachta	Luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas		Luach cóir na comhthaobhachta breactha		Luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas		Luach cóir na comhthaobhachta breactha	
		Leithscartha	Neamhleithscartha	Leithscartha	Neamhleithscartha	Leithscartha	Neamhleithscartha	Leithscartha	Neamhleithscartha
1	Airgead – airgeadra intíre								
2	Airgead – airgeadraí eile								
3	Fiachas ceannasach intíre								
4	Fiachas ceannasach eile								
5	Fiachas gníomhaireachta rialtais								
6	Bannaí corparáide								
7	Urrúis chothromais								
8	Comhthaobhacht eile								
9	**Iomlán**								

Teimpléad AE CCR6 – Risíochtaí ar chreidmheas díorthach

Seasta

		a	b
		Cosaint a cheannaítear	Cosaint a dhíoltar
	Méideanna barúlacha		
1	Babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm		
2	Babhtálacha mainneachtana creidmheasa innéacs		
3	Babhtálacha an toraidh iomláin		
4	Roghanna creidmheasa		
5	Díorthaigh chreidmheasa eile		
6	**Iomlán na méideanna barúlacha**		
	Luachanna córa		
7	Luach cóir deimhneach (sócmhainn)		
8	Luach cóir diúltach (dliteanas)		

Teimpléad AE CCR7 – Ráitis sreafa RWEA maidir le risíochtaí ar priacal creidmheasa faoi chur chuige IRB

Formáid sheasta

		a
		RWEAnna
1	**RWEA ag deireadh na tréimhse nochta tuairiscithe sin**	
2	Méid na sócmhainne	
3	Cáilíocht chreidmheasa na gcontrapháirtithe	
4	Nuashonruithe ar an tsamhail (IMM amháin)	
5	Modheolaíocht agus beartas (IMM amháin)	
6	Éadálacha agus diúscairtí	
7	Gluaiseachtaí malairte eachtraí	
8	Eile	
9	**RWAnna ag deireadh na tréimhse tuairiscithe reatha**	

Teimpléad AE CCR8 – Risíochtaí ar CCPanna

Formáid sheasta

		a	b
		Luach na risíochta	RWEAnna
1	**Risíochtaí ar QCCPanna (iomlán)**		
2	Risíochtaí le haghaidh trádálacha ag QCCPanna (seachas éarlais tosaigh agus ranníocaíochtaí ciste mainneachtana); ar díobh sin		
3	(i) díorthaigh OTC		
4	(ii) díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán		
5	(iii) SFTanna		
6	(iv) Tacair ghlanluachála i gcás ina bhfuil glanluacháil trastáirgí ceadaithe		
7	Éarlais tosaigh leithscartha		
8	Éarlais tosaigh neamh-leithscartha		
9	Ranníocaíochtaí réamhchistithe ciste mainneachtana		
10	Ranníocaíochtaí neamhchistithe ciste mainneachtana		
11	**Risíochtaí ar neamh-QCCPanna (iomlán)**		
12	Risíochtaí le haghaidh trádálacha ag neamh-QCCPanna (seachas éarlais tosaigh agus ranníocaíochtaí ciste mainneachtana); ar díobh sin		
13	(i) díorthaigh OTC		
14	(ii) Díorthaigh arna dtrádáil ar an malartán		

		a	b
		Luach na risíochta	RWEAnna
15	(iii) SFTanna		
16	(iv) Tacair ghlanluachála i gcás ina bhfuil glanluacháil trastáirgí ceadaithe		
17	Éarlais tosaigh leithscartha		
18	Éarlais tosaigh neamh-leithscartha		
19	Ranníocaíochtaí réamhchistithe ciste mainneachtana		
20	Ranníocaíochtaí neamhchistithe ciste mainneachtana		

IARSCRÍBHINN XXVI

Táblaí agus teimpléid maidir le priacal creidmheasa an chontrapháirtí a nochtadh: Treoracha

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 439 de CRR maidir lena risíocht ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí dá dtagraítear i gCaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ("CRR") trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun táblaí agus teimpléid a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tábla EU CCRA – Nochtadh cáilíochtúil a bhaineann le priacal creidmheasa contrapháirtí (CCR): Boscaí téacs saorfhormáide

2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) go dtí pointe (d) d'Airteagal 439 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU CCRA a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Agus faisnéis a cheanglaítear faoi phointe (a) d'Airteagal 439 CRR á nochtadh ag institiúidí, tabharfaidh siad tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear chun teorainneacha inmheánacha le caipiteal agus creidmheas a shannadh do risíochtaí ar chreidmheas an chontrapháirtí, lena n-áirítear na modhanna chun na teorainneacha sin le risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha a shannadh.
(b)	Agus faisnéis a cheanglaítear faoi phointe (b) d'Airteagal 439 CRR á nochtadh ag institiúidí, tabharfaidh siad tuairisc ar bheartais a bhaineann le ráthaíochtaí agus le maolaitheoirí priacail creidmheasa eile, amhail na beartais maidir le comhthaobhacht a urrú agus cúlchistí creidmheasa a bhunú.
(c)	Agus faisnéis a cheanglaítear i bpointe (c) d'Airteagal 439 CRR á nochtadh ag institiúidí, tabharfaidh siad tuairisc ar bheartais i ndáil le priacal Comhghaolmhaireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 291 CRR.
(d)	I gcomhréir le hAirteagal 431(3) agus (4), déanfaidh institiúidí CRR an fhaisnéis thuasluaite a chomhlánú le haon chuspóir bainistithe priacal eile agus le haon bheartas ábhartha a bhaineann le CCR.
(e)	Agus faisnéis a cheanglaítear faoi phointe (d) d'Airteagal 439 á nochtadh ag institiúidí, soláthróidh siad méid na comhthaobhachta a bheadh ar na hinstitiúidí a chur ar fáil dá ndéanfaí a rátáil chreidmheasa a íosghrádú. I gcás ina dtugann banc ceannais Ballstáit faoi chúnamh leachtachta i bhfoirm idirbhearta babhtála comhthaobhachta, féadfaidh an t-údarás inniúil institiúidí a dhíolmhú chun faisnéis a chur ar fáil i gcás ina measann sé go bhféadfadh nochtadh na faisnéise dá dtagraítear ann soláthar cúnaimh leachtachta éigeandála a nochtadh. Chun na gcríoch sin, leagfaidh an t-údarás inniúil amach tairseacha iomchuí agus critéir oibiachtúla.

Teimpléad EU CCR1 – Anailís ar risíocht CCR trí chur chuige: Formáid sheasta

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (f), (g) agus (k) d'Airteagal 439 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR1 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

4. Ní áirítear sa teimpléad seo ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA (Teideal VI de Chuid a Trí CRR) agus risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach (Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR) mar a shainmhínítear chun críche theimpléad EU CCR8. Maidir le hidirbhearta maoinithe urrús, áirítear air sin na luachanna risíochta roimh agus tar éis éifeacht an mhaolaithe priacail creidmheasa mar a chinntear faoi na modhanna a leagtar amach i gCaibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, cibé modh a úsáidtear, i gcomhréir le hAirteagal 439 (g) CRR, agus na méideanna gaolmhara risíochta ar phriacal arna miondealú de réir an mhodha is infheidhme.

5. Maidir le hinstitiúidí a úsáideann na modhanna a leagtar amach i Ranna 4 go 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, cuirfidh siad in iúl san insint a ghabhann leis an teimpléad, méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme, i gcur i bhfeidhm phointe (m) d'Airteagal 439 CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-1	**Modh na Risíochta Tosaigh (i gcás díorthach)** Díorthaigh agus idirbhearta socraíochta iarchurtha ar roghnaigh na hinstitiúidí luach na risíochta a ríomh ina leith mar alfa*(RC+PFE) le α=1,4, RC agus PFE a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 282 de Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR Ní fhéadfaidh ach institiúidí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 273a (2) nó (4) de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR an modh simplithe sin a úsáid chun luach risíochta suíomhanna díorthach a ríomh.
EU-2	**Cur Chuige Caighdeánaithe Simplithe le haghaidh CCR (SA-CCR Simplithe le haghaidh díorthach)** Díorthaigh agus idirbhearta socraíochta iarchurtha ar roghnaigh na hinstitiúidí luach na risíochta a ríomh ina leith mar alfa*(RC+PFE) le α=1.4, RC agus PFE a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 281 de Roinn 4 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR Ní fhéadfaidh ach institiúidí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 273a (1) nó (4) de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR an cur chuige caighdeánaithe simplithe sin a úsáid chun luach risíochta suíomhanna díorthach a ríomh.
1	**Cur Chuige Caighdeánaithe le haghaidh CCR (SA-CCR le haghaidh díorthach)** Díorthaigh agus idirbhearta socraíochta iarchurtha ar roghnaigh na hinstitiúidí luach na risíochta a ríomh ina leith mar alfa*(RC+PFE) le α=1.4, RC agus PFE a ríomhtar i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR
2	**IMM (le haghaidh díorthach agus SFTanna)** Díorthaigh agus idirbhearta socraíochta iarchurtha agus SFTanna ar tugadh cead d'institiúidí luach na risíochta a ríomh ina leith trí úsáid a bhaint as Modh na Samhla Inmheánaí (IMM) i gcomhréir le Roinn 6 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR
EU-2a	**Lena n-áirítear tacair ghlanluachála idirbheart maoinithe urrús** Tacair ghlanluachála nach bhfuil iontu ach SFTanna, mar a shainmhínítear i bpointe (139) d'Airteagal 4(1) CRR, ar tugadh cead d'institiúidí luach na risíochta a chinneadh ina leith trí úsáid a bhaint as IMM

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
EU-2b	**Lena n-áirítear díorthaigh agus tacair ghlanluachála idirbheart socraíochta iarchurtha** Tacair ghlanluachála nach bhfuil iontu ach ionstraimí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CRR agus idirbhearta socraíochta iarchurtha mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 272 CRR, ar tugadh cead d'institiúidí luach na risíochta a chinneadh ina leith trí úsáid a bhaint as IMM
EU-2c	**Ar díobh sin ó thacair ghlanluachála trastáirge conarthacha** Tacair ghlanluachála ina bhfuil idirbhearta de chatagóirí éagsúla táirgí (pointe (11) d'Airteagal 272 CRR), i.e. díorthaigh agus SFTanna, arb ann do chomhaontú glanluachála trastáirge conarthach ina leith mar a shainmhínítear i bpointe (25) d'Airteagal 272 CRR agus ar tugadh cead d'institiúidí luach na risíochta a chinneadh ina leith trí úsáid a bhaint as IMM
3, 4	**Modh simplí comhthaobhachta airgeadais (le haghaidh SFTanna) agus Modh cuimsitheach comhthaobhachta airgeadais (le haghaidh SFTanna)** Idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht agus idirbhearta iasachtaithe corrlaigh ar roghnaigh institiúidí an luach risíochta a chinneadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 222 agus le hAirteagal 223 de Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí, seachas Airteagal 271(2) de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR
5	**VAR le haghaidh SFTanna** Idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht, idirbhearta iasachta éarlaise, nó idirbhearta caipitil eile faoi thionchar an mhargaidh seachas idirbhearta díorthacha dá ndéantar luach na risíochta a ríomh (i gcomhréir le hAirteagal 221 CRR) trí úsáid a bhaint as an gcur chuige samhla inmheánaí (IMA) ina gcuirtear san áireamh éifeachtaí comhghaoil idir suíomhanna urrúsúcháin atá faoi réir an mháistir-chomhaontaithe glanluachála, chomh maith le leachtacht na n-ionstraimí lena mbaineann
6	**Iomlán**
Litir an cholúin	**Míniú**
a, b	**Costas athsholáthair (RC) agus risíocht fhéideartha todhchaí (PFE)** Déanfar RC agus PFE a ríomh: — i gcomhréir le hAirteagal 282 (3) agus (4) de Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR le haghaidh Modh na Risíochta Tosaigh (ró EU-1 den teimpléad seo), — i gcomhréir le hAirteagal 281 de Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR le haghaidh SA-CCR Simplithe (Ró EU-2 den teimpléid seo), — i gcomhréir le hAirteagail 275 agus 278 de Ranna 4 agus 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR le haghaidh SA-CCR (ró 1 den teimpléad seo) Nochtfaidh institiúidí suim na gcostas athsholáthair a bhaineann le gach tacar glanluachála sna rónna comhfhreagracha.

Litir an cholúin	Míniú
c	**Risíocht dheimhneach ionchasach iarbhír (EEPE)** Sainmhínítear EEPE in aghaidh an tacair glanluachála i bpointe (22) d'Airteagal 272 CRR agus déanfar é a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 284(6) CRR. Is é EEPE a nochtfar anseo an ceann a chuirfear i bhfeidhm chun ceanglais cistí dílse a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 284 (3) CRR, i.e. is é sin EEPE a ríomhtar trí úsáid a bhaint as sonraí reatha an mhargaidh, nó EEPE a ríomhtar trí úsáid a bhaint as calabrú struis, cibé acu a mbeidh ceanglas cistí dílse níos airde mar thoradh air. Sonróidh institiúidí san insint a ghabhann leis an teimpléad seo cén EEPE a cuireadh isteach.
d	**Alfa a úsáidtear chun luach na risíochta rialála a ríomh** Socraítear luach α mar 1.4 i rónna EU-1, EU-2 agus 1 den teimpléad sin i gcomhréir le hAirteagal 282(2), le hAirteagal 281(1) agus le hAirteagal 274(2) de CRR Chun críocha IMM, is féidir luach α a bheith ina mhainneachtain de 1.4 nó difriúil i gcás ina n-éilíonn údaráis inniúla α níos airde i gcomhréir le hAirteagal 284(4) CRR nó ina dtugann siad cead d'institiúidí a meastacháin féin a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 284(9) de Roinn 6 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR.
e	**Luach na risíochta roimh CRM** Ríomhfar luach na risíochta roimh CRM le haghaidh gnó CCR i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i gCaibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR agus iarmhairt na glanluachála á cur san áireamh, ach gan aird a thabhairt ar aon teicníc eile chun priacal creidmheasa a mhaolú (e.g. trí chomhthaobhacht éarlaise). I gcás SFTanna, ní dhéanfar an chéim urrúis a mheas chun luach na risíochta roimh CRM a chinneadh nuair a fhaightear comhthaobhacht agus, dá bhrí sin, ní laghdófar luach na risíochta. A mhalairt ar fad, déanfar an chéim urrúis SFTanna a mheas chun luach na risíochta roimh CRM a chinneadh ar an ngnáthbhealach nuair a bhreactar comhthaobhacht. Ina theannta sin, láimhseálfar gnó comhthaobhaithe mar ghnó neamh-chomhthaobhaithe, i.e. ní bheidh feidhm ag aon éifeacht éarlaise. I gcás idirbheart inar sainaithníodh sainphriacal comhghaolmhaireachta, ní mór luach na risíochta roimh CRM a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 291 de CRR. Ní dhéanfaidh luach na risíochta roimh CRM asbhaint an chaillteanais CVA atá tabhaithe a mheas i gcomhréir le hAirteagal 273(6) CRR. Nochtfaidh an institiúid suim na luachanna risíochta uile mo sa ró faoi seach.
f	**Luach risíochta (tar éis CRM)** Ríomhfar luach na risíochta iar-CRM le haghaidh gnó CCR i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i gCaibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, tar éis teicnící CRM a chur i bhfeidhm de réir mar is infheidhme i gcomhréir le Caibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR I gcás idirbheart inar sainaithníodh priacal sonrach comhghaolmhaireachta, cinnfear luach na risíochta i gcomhréir le hAirteagal 291 de CRR. I gcomhréir le hAirteagal 273(6) CRR, ní dhéanfar an caillteanas CVA atá tabhaithe a asbhaint ó luach na risíochta tar éis CRM. Nochtfaidh an institiúid suim na luachanna risíochta uile tar éis CRM sa ró faoi seach.

Litir an cholúin	Míniú
g	**Luach na risíochta** Luach na risíochta le haghaidh gnó CCR a ríomhtar i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i gCaibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, is é sin an méid ábhartha chun an ceanglas maidir le cistí dílse a ríomh, i.e. tar éis teicnící CRM a chur i bhfeidhm de réir mar is infheidhme i gcomhréir le Caibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí RCC agus asbhaint an chaillteanais CVA atá tabhaithe á chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 273(6) CRR Maidir le luach na risíochta le haghaidh idirbheart inar sainaithníodh priacal sonrach comhghaolmhaireachta, cinnfear an luach sin i gcomhréir le hAirteagal 291 de CRR. I gcásanna ina n-úsáidtear níos mó ná cur chuige CCR amháin le haghaidh contrapháirtí aonair, déanfar an caillteanas CVA atá tabhaithe, a asbhaintear ar leibhéal an chontrapháirtí, a shannadh do luach risíochta na dtacar glanluachála éagsúla i ngach cur chuige CCR lena léireofar an cion de luach iar-CRM na risíochta de na tacair ghlanluachála faoi seach le luach iomlán iar-CRM an chontrapháirtí. Nochtfaidh an institiúid suim na luachanna risíochta uile tar éis CRM sa ró faoi seach.
h	**RWEAnna** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal mar a shainmhínítear in Airteagal 92(3) agus (4) CRR a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 107 CRR, le haghaidh eilimintí a ndéantar a n-ualuithe priacal a mheas ar bhonn na gceanglas i gCaibidlí 2 agus 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus dá ndéantar luach na risíochta le haghaidh gnó CCR a ríomh i gcomhréir le Caibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR

Teimpléad EU CCR2 – Idirbhearta atá faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal CVA: Formáid sheasta

6. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 439 de CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR2 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

7. Comhlánófar an teimpléad seo le faisnéis rialála CVA maidir le gach idirbheart atá faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA (Teideal VI de Chuid a Trí CRR).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Idirbhearta atá faoi réir an Ardmhodha** Idirbhearta atá faoi réir an ardmhodha chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 383 de CRR
2	**Comhpháirt VAR (lena n-áirítear iolraitheoir 3×)** Idirbhearta atá faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a bhfaightear na méideanna risíochta a mheastar priacal ina leith tríd an bhfoirmle in Airteagal 383 CRR, trí úsáid a bhaint as ríomh VAR bunaithe ar shamhlacha inmheánacha le haghaidh priacal margaidh (le calabrúcháin paraiméadar reatha maidir le risíocht ionchasach mar a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 292 (2) CRR). Áireofar sa ríomh úsáid iolraitheora atá ar a laghad 3 (arna leagan síos ag an maoirseoir).
3	**Comhpháirt struis VAR (lena n-áirítear iolraitheoir 3×)** Idirbhearta atá faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a bhfaightear na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ina leith tríd an bhfoirmle in Airteagal 383 CRR trí úsáid a bhaint as ríomh struis VAR bunaithe ar shamhlacha inmheánacha le haghaidh priacal margaidh (le paraiméadair struis maidir leis an bhfoirmle a chalabrú mar a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 292 (2) CRR). Áireofar sa ríomh úsáid iolraitheora atá ar a laghad 3 (arna leagan síos ag an maoirseoir).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
4	**Idirbhearta atá faoi réir an mhodha Chaighdeánaithe** Idirbhearta atá faoi réir an mhodha chaighdeánaithe chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 384 de CRR
EU-4	**Idirbhearta atá faoi réir an chur chuige Mhalartaigh (Bunaithe ar Mhodh na Risíochta Tosaigh)** Idirbhearta atá faoi réir an chur chuige mhalartaigh chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 385 de CRR
5	**Iomlán na n-idirbheart faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA**
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**Luach na risíochta** Luach na risíochta a chinntear i gcomhréir le Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR (nó i gcás idirbheart i raon feidhme Airteagal 271(2) CRR, i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR) le haghaidh idirbhearta atá faoi raon feidhme Theideal VI de Chuid a Trí CRR Beidh luach na risíochta cothrom leis an luach a úsáidtear chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomh, agus éifeachtaí maolaithe i gcomhréir le Teideal VI de Chuid a Trí CRR á gcur san áireamh. I gcás idirbheart a láimhseáiltear faoi Mhodh na Risíochta Tosaigh (cur chuige malartach), is éard a bheidh i luach na risíochta an luach a úsáideadh chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh.
b	**RWEAnna** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 438 agus le pointe (d) d'Airteagal 92 (3) CRR, i.e. ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomhtar tríd an modh roghnaithe arna iolrú faoi 12.5 i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92(4) CRR

Teimpléad EU CCR3 - Cur chuige caighdeánaithe – risíochtaí CCE de réir aicme risíochta rialála agus ualuithe priacal: Formáid sheasta

8. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 444 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR3 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

9. Maidir le hinstitiúidí a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe i leith priacal creidmheasa chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh (seachas iad sin a eascraíonn as ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA agus risíochtaí arna n-imréiteach trí chontrapháirtí lárnach) dá risíochtaí uile ar CCR nó do chuid díobh i gcomhréir le hAirteagal 107 CRR, beag beann ar chur chuige CCR a úsáidtear chun luachanna risíochta a chinneadh i gcomhréir le Caibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas.

10. Má mheasann institiúid nach bhfuil brí leis an bhfaisnéis a iarradh sa teimpléad seo toisc nach bhfuil na méideanna risíochta agus na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ábhartha, féadfaidh an institiúid a roghnú gan an teimpléad a nochtadh. Mar sin féin, tá sé de cheangal ar an institiúid a mhíniú i nóta insinte cén fáth a measann sí nach bhfuil brí leis an bhfaisnéis, lena n-áirítear tuairisc ar na risíochtaí sna punanna lena mbaineann agus iomlán comhiomlán na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ó risíochtaí den sórt sin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1-9	**Aicmí risíochta** Tagraíonn na rónna seo do na haicmí rialála risíochta a liostaítear in Airteagal 112 go dtí Airteagal 134 de Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR. I ngach líne, nochtfar na luachanna risíochta comhfhreagracha (féach an sainmhíniú a thugtar i gcolún g de theimpléad EU CCR1).
10	**Míreanna eile** Tagraíonn sé seo do shócmhainní atá faoi réir ualú priacal sonrach a leagtar amach in Airteagal 134 de Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR agus aon ítim eile nach gcumhdaítear i rónna 1 go 9 den teimpléad seo. Tagraíonn sé freisin do shócmhainní nach n-asbhaintear agus Airteagal 39 de CRR á chur i bhfeidhm (ró-íocaíochtaí cánach, tabhairt siar caillteanais cánach agus sócmhainní cánach iarchurtha nach bhfuil ag brath ar bhrabúsacht todhchaí), Airteagal 41 de CRR (sócmhainní ciste pinsin le sochar sainithe), Airteagal 46 agus Airteagal 469 CRR (infheistíochtaí neamhshuntasacha in CET1 d'eintitis earnála airgeadais), Airteagal 49 agus Airteagal 471 CRR (rannpháirtíochtaí in eintitis árachais cibé acu a dhéantar maoirseacht ar eintitis árachais nó nach ndéantar faoin treoir ilchuideachta), Airteagal 60 agus Airteagal 475 de CRR (infheistíochtaí neamhshuntasacha agus suntasacha indíreacha in AT1 d'eintitis san earnáil airgeadais) Airteagal 70 agus Airteagal 477 de CRR (sealúchais neamhshuntasacha agus suntasacha indíreacha de T2 ó eintiteas san earnáil airgeadais) nuair nach sanntar d'aicmí risíochta eile, agus do shealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais nuair nach bhfuil siad ualaithe 1 250 % ó thaobh priacal agus pointe (k) d'Airteagal 36 de Chaibidil 2 de Theideal I de Chuid a Dó de CRR á chur i bhfeidhm.
11	**Luach iomlán na risíochta**
Litir an cholúin	**Míniú**
a-k	Tagraíonn na colúin sin do na céimeanna cáilíochta priacal/ualaí priacal a leagtar amach i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí dá nochtfar luachanna comhfhreagracha na risíochta (féach an sainmhíniú dá bhforáiltear i gcolún g de theimpléad EU CCR1).
l	**Luach iomlán na risíochta**

Teimpléad EU CCR4 - Cur chuige IRB – Risíochtaí CCR de réir aicme risíochta agus scála PD: Formáid sheasta

11. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 452 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR4 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

12. Maidir le hinstitiúidí a úsáideann ardchur chuige IRB nó bonnchur chuige IRB chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh (seachas iad sin a eascraíonn as ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA agus risíochtaí arna n-imréiteach trí chontrapháirtí lárnach) dá risíochtaí uile ar CCR nó do chuid díobh i gcomhréir le hAirteagal 107 de CRR, beag beann ar chur chuige CCR a úsáidtear chun luach na risíochta a chinneadh i gcomhréir le Caibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1 go 8	**Scála PD** Déanfar risíochtaí ar CCR a leithdháileadh ar bhuicéad iomchuí an scála seasta PD bunaithe ar an PD arna mheas le haghaidh gach féichiúnaí a shanntar don aicme risíochta sin (gan breithniú a dhéanamh ar aon ionadú toisc go bhfuil ráthaíocht nó díorthach creidmheasa ann). Déanfaidh institiúidí risíocht i ndiaidh risíochta a mhapáil de réir an scála PD arna sholáthar sa teimpléad, agus scálaí leanúnacha á gcur san áireamh. Áireofar gach risíocht a mhainnigh sa bhuicéad ina léirítear PD de 100 %.
1 go x	**Aicme risíochta X** Tagraíonn sé seo do na haicmí éagsúla risíochta a liostaítear in Airteagal 147 de Chaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí CRR.
x agus y	**Fo-iomlán (Aicme risíochta X) / Iomlán (na haicmí risíochta ábhartha CCR uile)** Beidh (fo-)iomlán luachanna na risíochta, na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus líon na bhféichiúnaithe díreach cothrom le suim na gcolún faoi seach. Maidir leis na paraiméadair éagsúla Meánluach PD, Meánluach LGD, Meánaibíocht agus dlús RWEA, tá feidhm ag na sainmhínithe thíos maidir le sampla na risíochta in aicme X nó maidir le gach aicme risíochta ábhartha CCR.
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**Luach na risíochta** Luach na risíochta (féach an sainmhíniú a thugtar i gcolún g de theimpléad EU CCR1), arna mhiondealú de réir aicmí risíochta agus an scála PD mar a leagtar i gCaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí CRR
b	**Meánluach PD atá ualaithe ó thaobh priacal (%)** Meán PDanna gráid féichiúnaí aonair arna n-ualú de réir a luach comhfhreagrach risíochta i gcolún a den teimpléad seo
c	**Líon na bhféichiúnaithe** Líon na n-eintiteas dlíthiúil nó na bhféichiúnaithe a leithdháiltear ar gach buicéad den raon seasta PD, a ndearnadh rátáil ar leithligh orthu, beag beann ar líon na n-iasachtaí nó na risíochtaí difriúla arna ndeonú I gcás ina ndéanfar rátáil ar leithligh ar risíochtaí éagsúla ar an bhféichiúnaí céanna, ríomhfar ar leithligh iad. Féadfaidh an staid sin tarlú má shanntar risíochtaí ar leith ar an bhféichiúnaí céanna do ghráid féichiúnaí dhifriúla i gcomhréir leis an dara habairt de phointe (e) d'Airteagal 172(1) CRR.
d	**Meánchaillteanas i gcás mainneachtana ualaithe ó thaobh na risíochta (%)** Meánluach na LGDanna de ghrád féichiúnaí arna ualú ag luach comhfhreagrach na risíochta Comhfhreagróidh an LGD nochta leis an meastachán deiridh LGD arna úsáid chun ceanglais cistí dílse a ríomh, a fhaightear tar éis iarmhairtí CRM agus dálaí géaraithe chun donais a mheas más ábhartha. Maidir le risíochtaí atá faoi réir láimhseáil na mainneachtana dúbailte, comhfhreagróidh an LGD atá le nochtadh don LGD a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 161 (4) CRR. I gcás risíochtaí a mhainnigh faoi Chur Chuige A-IRB, déanfar na forálacha a leagtar síos i bpointe (h) d'Airteagal 181(1) de CRR a mheas. Comhfhreagróidh an LGD nochta leis an meastachán de LGD ar mainneachtain.

Litir an cholúin	Míniú
e	**Meánaibíocht ualaithe na risíochta (blianta)** Meánaibíochtaí féichiúnaí i mblianta arna n-ualú ag a luach risíochta comhfhreagrach i gcolún a den teimpléad seo. Cinnfear luach nochta na haibíochta i gcomhréir le hAirteagal 162 de CRR.
f	**RWEAnna** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí CRR; le haghaidh risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, ar institiúidí agus ar chorparáidí, an méid risíochtaí atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 153(1) go (4) CRR; Cuirfear san áireamh fachtóir tacaíochta FBM agus bonneagair a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 501 agus le hAirteagal 501a CRR; maidir le risíochtaí ar chothromas faoi chur chuige PD/LGD, an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 155(3) CRR
g	**Dlús na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal** Cóimheas idir iomlán na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal (i gcolún f den teimpléad seo) le luach na risíochta (i gcolún a den teimpléad seo)

Teimpléad EU CCR5 - Comhdhéanamh na comhthaobhachta le haghaidh risíochtaí CCR: Colúin sheasta

13. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 439 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR5 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

14. Líonfar an teimpléad sin le luachanna córa comhthaobhachta (curtha nó faighte) a úsáidtear i risíochtaí ar CCR a bhaineann le hidirbhearta díorthacha nó le hIMUnna, cibé acu a dhéantar na hidirbhearta a imréiteach trí chontrapháirtí lárnach nó nach ndéantar agus cibé acu a bhreactar comhthaobhacht le contrapháirtí lárnach nó nach mbreactar.

15. I gcás ina dtugann banc ceannais Ballstáit faoi chúnamh leachtachta i bhfoirm idirbhearta babhtála comhthaobhachta, féadfaidh an t-údarás inniúil institiúidí a dhíolmhú chun faisnéis a chur ar fáil sa teimpléad sin i gcás ina measann sé go bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin soláthar cúnaimh leachtachta éigeandála a nochtadh. Chun na gcríoch sin, leagfaidh an t-údarás inniúil amach tairseacha iomchuí agus critéir oibiachtúla.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1-8	**Cineál na comhthaobhachta** Miondealú de réir cineáil comhthaobhachta
9	**Iomlán**
Litir an cholúin	**Míniú**
a, c, e agus g	**Leithscartha** Comhthaobhacht atá á sealbhú ar bhealach atá scoite ó fhéimheacht mar a shainmhínítear in Airteagal 300(1) CRR
b, d, f agus h	**Neamhleithscartha** Comhthaobhacht nach bhfuil á sealbhú ar bhealach atá scoite ó fhéimheacht mar a shainmhínítear in Airteagal 300(1) CRR

Litir an cholúin	Míniú
a go d	**Comhthaobhacht a úsáidtear in idirbhearta díorthacha** Comhthaobhacht (lena n-áirítear comhthaobhacht na héarlaise tosaigh agus an chorrlaigh athrúcháin) a úsáidtear i risíochtaí ar CCR a bhaineann le haon ionstraim dhíorthach a liostaítear in Iarscríbhinn II de CRR nó idirbheart socraíochta iarchurtha de réir Airteagal 271(2) de CRR nach gcáilíonn mar IMU
e go h	**Comhthaobhacht a úsáidtear in IMUnna** Comhthaobhacht (lena n-áirítear comhthaobhacht na héarlaise tosaigh agus an chorrlaigh athrúcháin chomh maith leis an gcomhthaobhacht atá i gcéim urrúis an IMU) a úsáidtear i risíochtaí ar CCR a bhaineann le haon IMU nó idirbheart socraíochta iarchurtha nach gcáilíonn mar dhíorthach

Teimpléad EU CCR6 - Risíochtaí ar chreidmheas díorthach: Formáid sheasta

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1-6	**Méideanna barúlacha** Suim méideanna barúlacha díorthach absalóideacha roimh aon ghlanluacháil arna miondealú de réir chineál an táirge
7-8	**Luachanna córa** Luachanna córa arna miondealú de réir sócmhainní (luachanna córa dearfacha) agus de réir dliteanas (luachanna córa diúltacha)
Litir an cholúin	**Míniú**
a-b	**Cosaint díorthach creidmheasa** Cosaint díorthach creidmheasa arna ceannach nó arna díol i gcomhréir le Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR

16. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 439 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR6 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Teimpléad EU CCR7 - Ráitis sreafa RWEA maidir le risíochtaí CCR faoi chur chuige IMM: Formáid sheasta

17. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 438 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR7 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

18. Institiúidí a úsáideann IMM chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh dá gcuid risíochtaí uile nó do chuid dá gcuid risíochtaí ar CCR i gcomhréir le Caibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR, beag beann ar an gcur chuige maidir le priacal creidmheasa a úsáidtear chun na hualaí priacail comhfhreagracha a chinneadh, nochtfaidh siad ráiteas sreafaí ina míneofar na hathruithe ar mhéideanna risíochta díorthach agus IMUnna atá ualaithe ó thaobh priacal i raon feidhme IMM arna idirdhealú ag príomhghníomhaithe agus bunaithe ar mheastacháin réasúnacha.

19. Ní áirítear sa teimpléad sin méideanna risíochtaí atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal CVA (Teideal VI de Chuid a Trí de CRR) agus risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach (Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí CRR).

20. Nochtfaidh institiúidí na sreafaí RWEA mar na hathruithe idir na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh an tréimhse tagartha don nochtadh (mar a shonraítear thíos i ró 9 den teimpléad seo) agus na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh an dáta tagartha don nochtadh roimhe sin (mar a shonraítear thíos i ró 1 den teimpléad seo; i gcás nochtuithe ráithiúla, deireadh ráithe roimh an ráithe den dáta tagartha nochta). Féadfaidh institiúidí a nochtuithe Cholún 3 a chomhlánú tríd an bhfaisnéis chéanna le haghaidh na dtrí ráithe roimhe sin a nochtadh.

21. Míneoidh institiúidí san insint a ghabhann leis an teimpléad na figiúirí a nochtar i ró 8 den teimpléad seo, *i.e.* aon spreagthaí eile a chuireann go suntasach le héagsúlachtaí RWEA.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**RWEA ag deireadh na tréimhse nochta roimhe sin** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar phriacal creidmheasa an chontrapháirtí faoi IMM ag deireadh na tréimhse nochta roimhe sin
2	**Méid na sócmhainne** Athruithe ar RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) i ngeall ar athruithe orgánacha ar mhéid agus ar chomhdhéanamh na leabhar (lena n-áirítear tionscnamh gnólachtaí nua agus risíochtaí a aibíonn) ach gan athruithe ar mhéid an leabhair i ngeall ar éadálacha agus ar dhiúscairt eintiteas san áireamh
3	**Cáilíocht chreidmheasa na gcontrapháirtithe** Athruithe ar RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) i ngeall ar athruithe ar cháilíocht mheasúnaithe chontrapháirtithe na hinstitiúide mar a thomhaistear iad faoin gcreat priacail creidmheasa, cibé cur chuige a úsáideann an institiúid Áireofar sa ró seo athruithe ionchasacha ar RWEA i ngeall ar shamhlacha IRB nuair a úsáideann an institiúid an cur chuige IRB.
4	**Nuashonruithe ar an tsamhail (IMM amháin)** Athruithe ar RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) i ngeall ar chur chun feidhme na samhla, athruithe ar raon feidhme na samhla, nó aon athrú a bhfuil sé d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar laigí na samhla Ní léireofar sa ró seo ach athruithe in IMM.
5	**Modheolaíocht agus beartas (IMM amháin)** Athruithe ar RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) i ngeall ar athruithe modheolaíochta ar ríomhanna arna spreagadh ag athruithe ar an mbeartas rialála, amhail rialacháin nua (i gcás IMM amháin)
6	**Éadálacha agus diúscairtí** Athruithe ar RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) i ngeall ar athruithe ar na méideanna punann mar gheall ar éadálacha agus diúscairt eintitis
7	**Gluaiseachtaí malairte eachtraí** Athruithe RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) i ngeall ar athruithe a eascraíonn as malartuithe aistrithe airgeadra eachtraí
8	**Eile** Úsáidfear an chatagóir seo chun athruithe RWEA (athruithe deimhneacha nó diúltacha) nach féidir a chur i leith na gcatagóirí thuas a ghabháil. Áireoidh institiúidí suim na n-athruithe RWEA sin sa ró seo. Déanfaidh institiúidí tuairisc bhreise ar aon spreagadh ábhartha eile de mhéideanna ualaithe ó thaobh priacal le linn na tréimhse nochta san insint a ghabhann leis an teimpléad seo.
9	**RWAnna ag deireadh na tréimhse nochta reatha** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar CCR faoi IMM ag deireadh na tréimhse nochta reatha
Litir cholúin	**Míniú**
a	**RWEA**

Teimpléad EU CCR8 - Risíochtaí ar CCPanna: Formáid sheasta

22. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 439 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU CCR8 a léirítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

23. Risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha: Conarthaí agus idirbhearta a liostaítear in Airteagal 301(1) de CRR fad atá siad gan íoc le contrapháirtí lárnach, lena n-áirítear risíochtaí ar idirbhearta a bhaineann le contrapháirtí lárnach i gcomhréir le hAirteagal 300(2) de CRR, a ndéantar na ceanglais cistí dílse a ríomh ina leith i gcomhréir le Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1-10	**Contrapháirtí lárnach cáilitheach (CPLC)** Contrapháirtí lárnach cáilitheach nó 'CPLC' mar a shainmhínítear i bpointe (88) d'Airteagal 4(1) de CRR
7 agus 8 17 agus 18	**Corrlach tosaigh** Nochtfaidh institiúidí luachanna córa na comhthaobhachta arna fáil nó arna breacadh mar chorrlach tosaigh a shainmhínítear i bpointe (140) d'Airteagal 4(1) CRR. Chun críocha an teimpléid seo, ní áirítear sa chorrlach tosaigh ranníocaíochtaí le contrapháirtí lárnach le haghaidh socruithe roinnte caillteanas frithpháirtithe (*i.e.* i gcásanna ina n-úsáideann contrapháirtí lárnach corrlach tosaigh chun caillteanais a fhrithpháirtiú i measc na gcomhaltaí imréitigh, láimhseálfar é mar risíocht ar chiste mainneachtana).
9 agus 19	**Ranníocaíochtaí réamhchistithe ciste mainneachtana** Ranníocaíocht le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh arna híoc ag na hinstitiúidí Sainmhínítear 'ciste mainneachtana' i bpointe (89) d'Airteagal 4(1) de CRR.
20	**Ranníocaíochtaí neamhchistithe ciste mainneachtana** Ranníocaíochtaí a gheallann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh go conarthach a sholáthar do chontrapháirtí lárnach tar éis don chontrapháirtí lárnach a chiste mainneachtana a ídiú chun caillteanais a chumhdach a thabhaigh sé tar éis mainneachtain ceann amháin nó níos mó dá chomhaltaí imréitigh. Sainmhínítear 'ciste mainneachtana' i bpointe (89) d'Airteagal 4(1) de CRR.
7 agus 17	**Leithscartha** Féach an sainmhíniú atá i dteimpléad EU CCR5.
8 agus 18	**Neamhleithscartha** Féach an sainmhíniú atá i dteimpléad EU CCR5.
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**Luach na risíochta** Luach na risíochta arna ríomh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i gCaibidlí 4 agus 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR maidir le hidirbhearta a dhéantar faoi raon feidhme Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, tar éis na coigeartuithe ábhartha dá bhforáiltear in Airteagail 304, 306 agus 308 den Roinn sin a chur i bhfeidhm Is féidir risíocht trádála a bheith i gceist le risíocht, mar a shainmhínítear i bpointe (91) d'Airteagal 4(1) de CRR. Is éard atá i luach nochta na risíochta an méid is ábhartha chun na ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir le Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, i bhfianaise na gceanglas in Airteagal 497 de CRR le linn na hidirthréimhse dá bhforáiltear san Airteagal sin.
b	**RWEAnna** Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 92(3) CRR arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 107 de Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.

IARSCRÍBHINN XXVII

Tábla EU-SECA - Ceanglais cháilíochtúla maidir le nochtadh a bhaineann le risíochtaí ar urrúsú

Boscanna téacs saorfhormáide le haghaidh faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir an ró	Faisnéis Cháilíochtúil - Formáid Shaor
Airteagal 449(a) CRR	(a)	Tuairisc ar ghníomhaíochtaí urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin; lena n-áirítear cuspóirí bainistíochta priacail agus infheistíochta na n-institiúidí i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin, a ról in idirbhearta urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin, cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann siad an creat urrúsúcháin Simplí, Trédhearcach agus Caighdeánaithe (STS) agus a mhéid a úsáideann siad idirbhearta urrúsúcháin chun priacal creidmheasa na risíochtaí urrúsaithe a aistriú chuig tríú páirtithe agus, ina theannta sin, tabharfar, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar leithligh ar a mbeartas aistrithe priacail i leith urrúsú sintéiseach
Airteagal 449(b) CRR	(b)	An cineál priacail ar a mbeidh institiúidí ar ris ina gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin de réir leibhéal sinsearachta na suíomhanna urrúsúcháin ábhartha lena ndéanfar idirdhealú idir suíomhanna STS agus neamh-STS agus: i) priacal arna choinneáil in idirbhearta féintionscanta; ii) priacal arna ghlacadh i ndáil le hidirbhearta arna dtionscnamh ag tríú páirtithe
Airteagal 449(c) CRR	(c)	Cuir chuige na n-institiúidí chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh a chuireann siad i bhfeidhm ar a gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin, lena n-áirítear na cineálacha suíomhanna urrúsúcháin lena mbaineann gach cur chuige le hidirdhealú idir suíomhanna STC agus neamh-STC
Airteagal 449(d) CRR	(d)	liosta de SSPEnna a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas, le tuairisc ar chineálacha risíochtaí na n-institiúidí ar na SSPEnna sin, lena n-áirítear conarthaí díorthach: (i) SSPEnna ar a dtagann risíochtaí arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí; (ii) SSPEnna arna n-urrú ag na hinstitiúidí; (iii) SSPEnna agus eintitis dlíthiúla eile a gcuireann na hinstitiúidí seirbhísí a bhaineann le hurrúsúchán ar fáil dóibh, amhail seirbhísí comhairleacha, seirbhísiú ar shócmhainní nó seirbhísí bainistíochta; (iv) SSPEnna a áirítear ar raon feidhme chomhdhlúthú rialála na n-institiúidí
Airteagal 449(e) CRR	(e)	Liosta de na heintitis dhlíthiúla a bhfuil sé nochta ag na hinstitiúidí ina leith gur chuir siad tacaíocht ar fáil i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí CRR
Airteagal 449(f) CRR	(f)	Liosta de na heintitis dhlíthiúla atá cleamhnaithe leis na hinstitiúidí agus a infheistíonn in urrúsúcháin arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí nó i suíomhanna urrúsúcháin arna n-eisiúint ag SSPEnna atá urraithe ag na hinstitiúidí

Bunús dlí	Uimhir an ró	Faisnéis Cháilíochtúil - Formáid Shaor
Airteagal 449(g) CRR	(g)	Achoimre ar a mbeartais chuntasaíochta maidir le gníomhaíocht urrúsúcháin, lena n-áirítear idirdhealú idir suíomhanna urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin i gcás inarb ábhartha
Airteagal 449(h) CRR	(h)	Ainmneacha na IMCSanna a úsáidtear i gcomhair urrúsúcháin agus na cineálacha risíochta a n-úsáidtear gach gníomhaireacht ina leith
Airteagal 449(i) CRR	(i)	I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh mar a leagtar amach i gCaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí CRR lena n-áirítear struchtúr an phróisis mheasúnaithe inmheánaigh agus an gaol idir measúnú inmheánach agus rátálacha seachtracha den IMCS ábhartha arna nochtadh i gcomhréir le pointe (h), na sásraí rialaithe don phróiseas measúnaithe inmheánaigh, lena n-áirítear plé ar neamhspleáchas, ar chuntasacht, agus ar athbhreithniú ar an bpróiseas measúnaithe inmheánaigh, na cineálacha risíochta a gcuirtear an próiseas measúnaithe inmheánaigh i bhfeidhm maidir leo agus na fachtóirí struis a úsáidtear chun leibhéil feabhsaithe creidmheasa a chinneadh

Teimpléad EU-SEC1 - Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála

		a	b	c	d	e	f	g
		Gníomhaíonn institiúid mar thionscnóir						
		Traidisiúnta				Sintéiseach		Fo-iomlán
		STS		Neamh-STS			ar díobh sin SRT	
			ar díobh sin SRT		ar díobh sin SRT			
1	**Risíochtaí iomlána**							
2	Miondíol (iomlán)							
3	morgáiste cónaithe							
4	cárta creidmheasa							
5	risíochtaí eile ar mhiondíol							
6	ath-urrúsúchán							
7	Mórdhíol (iomlán)							
8	iasachtaí le corparáidí							
9	morgáiste tráchtála							
10	léas agus earraí infhaighte							
11	mórdhíol eile							
12	ath-urrúsúchán							

		h	i	j	k	l	m	n	o
		Gníomhaíonn institiúid mar urraitheoir				Gníomhaíonn institiúid mar infheisteoir			
		Traidisiúnta		Sintéiseach	Fo-iomlán	Traidisiúnta		Sintéiseach	Fo-iomlán
		STS	Neamh-STS			STS	Neamh-STS		
1	**Risíochtaí iomlána**								
2	Miondíol (iomlán)								
3	morgáiste cónaithe								
4	cárta creidmheasa								
5	risíochtaí eile ar mhiondíol								
6	ath-urrúsúchán								
7	Mórdhíol (iomlán)								
8	iasachtaí le corparáidí								
9	morgáiste tráchtála								
10	léas agus earraí infhaighte								
11	mórdhíol eile								
12	ath-urrúsúchán								

Teimpléad EU-SEC2 - Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar trádála

		a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k	l
		Gníomhaíonn institiúid mar thionscnóir				Gníomhaíonn institiúid mar urraitheoir				Gníomhaíonn institiúid mar infheisteoir			
		Traidisiúnta		Sintéiseach	Fo-iomlán	Traidisiúnta		Sintéiseach	Fo-iomlán	Traidisiúnta		Sintéiseach	Fo-iomlán
		STS	Neamh-STS			STS	Neamh-STS			STS	Neamh-STS		
1	**Risíochtaí iomlána**												
2	Miondíol (iomlán)												
3	morgáiste cónaithe												
4	cárta creidmheasa												
5	risíochtaí eile ar mhiondíol												
6	ath-urrúsúchán												
7	Mórdhíol (iomlán)												
8	iasachtaí le corparáidí												
9	morgáiste tráchtála												
10	léas agus earraí infhaighte												
11	mórdhíol eile												
12	ath-urrúsúchán												

Teimpléad EU-SEC3 - Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála agus ceanglais chaipitil rialála ghaolmhara – institiúid a ghníomhaíonn mar thionscnóir nó mar urraitheoir

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Luachanna risíochta (de réir bandaí/asbhaintí RW)					Luachanna risíochta (de réir cur chuige rialála)		
		≤20 % RW	>20 % go dtí 50 % RW	>50 % go dtí 100 % RW	>100 % go dtí <1 250 % RW	1 250 % RW/ asbhaintí	SEC-IRBA	SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)	SEC-SA
1	**Risíochtaí iomlána**								
2	Idirbhearta traidisiúnta								
3	Urrúsúchán								
4	Miondíol								
5	Ar díobh sin SRT								
6	Miondíol								
7	Ar díobh sin SRT								
8	Ath-urrúsúchán								
9	Idirbhearta sintéiseacha								
10	Urrúsúchán								
11	Miondíol foluiteach								
12	Miondíol								
13	Ath-urrúsúchán								

		i	j	k	l	m	n	o	EU-p	EU-q
		Luachanna risíochta (de réir cur chuige rialála)	RWEA (de réir cur chuige rialála)				Muirear caipitil tar éis tairsí			
		1 250 % RW/ asbhaintí	SEC-IRBA	SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)	SEC-SA	1 250 % RW/ asbhaintí	SEC-IRBA	SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)	SEC-SA	1 250 % RW/ asbhaintí
1	**Risíochtaí iomlána**									
2	Idirbhearta traidisiúnta									
3	Urrúsúchán									
4	Miondíol									
5	Ar díobh sin SRT									
6	Miondíol									
7	Ar díobh sin SRT									
8	Ath-urrúsúchán									
9	Idirbhearta sintéiseacha									
10	Urrúsúchán									
11	Miondíol foluiteach									
12	Miondíol									
13	Ath-urrúsúchán									

Teimpléad EU SEC4 - Risíochtaí ar urrusú sa leabhar neamhthrádála agus ceanglais chaipitil rialála ghaolmhara – institiúid a ghníomhaíonn mar infheisteoir

		a	b	c	d	e	f	g	h
		Luachanna risíochta (de réir bandaí/asbhaintí RW)					Luachanna risíochta (de réir cur chuige rialála)		
		≤20 % RW	>20 % go dtí 50 % RW	>50 % go dtí 100 % RW	>100 % go dtí <1 250 % RW	1 250 % RW/ asbhaintí	SEC-IRBA	SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)	SEC-SA
1	**Risíochtaí iomlána**								
2	Urrúsú traidisiúnta								
3	Urrúsúchán								
4	Miondíol foluiteach								
5	Ar díobh sin SRT								
6	Miondíol								
7	Ar díobh sin SRT								
8	Ath-urrúsúchán								
9	Urrúsú sintéiseach								
10	Urrúsúchán								
11	Miondíol foluiteach								
12	Miondíol								
13	Ath-urrúsúchán								

		i	j	k	l	m	n	o	EU-p	EU-q
		Luachanna risíochta (de réir cur chuige rialála)	RWEA (de réir cur chuige rialála)				Muirear caipitil tar éis tairsí			
		1 250 % RW/ asbhaintí	SEC-IRBA	SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)	SEC-SA	1 250 % RW/ asbhaintí	SEC-IRBA	SEC-ERBA (lena n-áirítear IAA)	SEC-SA	1 250 % RW/ asbhaintí
1	**Risíochtaí iomlána**									
2	Urrúsú traidisiúnta									
3	Urrúsúchán									
4	Miondíol foluiteach									
5	Ar díobh sin SRT									
6	Miondíol									
7	Ar díobh sin SRT									
8	Ath-urrúsúchán									
9	Urrúsú sintéiseach									
10	Urrúsúchán									
11	Miondíol foluiteach									
12	Miondíol									
13	Ath-urrúsúchán									

Teimpléad EU-SEC5 - Risíochtaí atá urraithe ag an institiúid - Risíochtaí ar mhainneachtain agus coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa

		a	b	c
		Risíochtaí atá urrúsaithe ag an institiúid - Gníomhaíonn institiúid mar thionscnóir nó mar urraitheoir		
		Méid ainmniúil iomlán gan íoc		Méid iomlán na gcoigeartuithe sonracha ar an bpriacal creidmheasa arna ndéanamh i rith na tréimhse
			Ar díobh sin risíochtaí a mhainnigh	
1	**Risíochtaí iomlána**			
2	Miondíol (iomlán)			
3	morgáiste cónaithe			
4	cárta creidmheasa			
5	risíochtaí eile ar mhiondíol			
6	ath-urrúsúchán			
7	Mórdhíol (iomlán)			
8	iasachtaí le corparáidí			
9	morgáiste tráchtála			
10	léas agus earraí infhaighte			
11	mórdhíol eile			
12	ath-urrúsúchán			

IARSCRÍBHINN XXVIII

Treoracha maidir le nochtadh risíochtaí ar shuíomhanna urrúsúcháin

Tábla EU SECA - Ceanglais cháilíochtúla maidir le nochtadh a bhaineann le risíochtaí ar urrúsú. Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) go dtí pointe (i) d'Airteagal 449 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ("CRR") trí na treoracha a leanúint a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo chun tábla EU SECA a léirítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha na róe	**Míniú**
(a)	Tuairisc ar na gníomhaíochtaí urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin; lena n-áirítear a gcuspóirí ó thaobh bainistiú priacail agus ó thaobh infheistíochta i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin, a ról in idirbhearta urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin, cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann siad an Creat Urrúsúcháin Simplí, Trédhearcach agus Caighdeánaithe (STC) agus a mhéid a úsáideann siad idirbhearta urrúsúcháin chun priacal creidmheasa na risíochtaí urrúsaithe a aistriú chuig tríú páirtithe agus, ina theannta sin, tabharfar, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar leithligh ar a mbeartas aistrithe priacail i leith urrúsú sintéiseach, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 449 de CRR
(b)	Na cineálacha priacail ar a mbeidh institiúidí ar ris ina gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin de réir leibhéal sinsearachta na suíomhanna urrúsúcháin ábhartha lena ndéanfar idirdhealú idir suíomhanna STC agus neamh-STC agus: i) an priacal arna choinneáil in idirbhearta féintionscanta; ii) an priacal arna ghlacadh i ndáil le hidirbhearta arna dtionscnamh ag tríú páirtithe, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 449 de CRR
(c)	Cuir chuige institiúidí chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh a chuireann siad i bhfeidhm ar a gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin, lena n-áirítear na cineálacha suíomhanna urrúsúcháin lena mbaineann gach cur chuige agus déanfar idirdhealú idir suíomhanna STC agus neamh-STC, i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 449 de CRR
(d)	liosta de SSPEnna a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas, le tuairisc ar chineálacha risíochtaí institiúide ar na SSPEnna sin, lena n-áirítear conarthaí díorthach: (i) SSPEnna ar a dtagann risíochtaí arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí; (ii) SSPEnna arna n-urrú ag na hinstitiúidí; (iii) SSPEnna agus eintitis dlíthiúla eile a gcuireann na hinstitiúidí seirbhísí a bhaineann le hurrúsúchán ar fáil dóibh sin, amhail seirbhísí bainistíochta nó seirbhísithe sócmhainní nó seirbhísí comhairleacha; (iv) SSPEnna a áirítear ar raon feidhme chomhdhlúthú stuamachta na n-institiúidí, i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 449 CRR
(e)	Liosta de na heintitis dhlíthiúla a bhfuil sé nochta ag na hinstitiúidí ina leith gur chuir siad tacaíocht ar fáil i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 449 de Chaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí CRR

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha na róe	**Míniú**
(f)	Liosta de na heintitis dhlíthiúla atá cleamhnaithe leis na hinstitiúidí agus a infheistíonn in urrúsúcháin arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí nó i suíomhanna urrúsúcháin arna n-eisiúint ag SSPEnna atá urraithe ag na hinstitiúidí, i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 449 CRR
(g)	Achoimre ar a mbeartais chuntasaíochta maidir le gníomhaíocht urrúsúcháin, lena n-áirítear idirdhealú idir suíomhanna urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin nuair is iomchuí, i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 449 de CRR
(h)	Ainmneacha na IMCSanna a úsáidtear i gcomhair urrúsúcháin agus na cineálacha risíochta a n-úsáidtear gach gníomhaireacht ina leith, i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 449 de CRR
(i)	I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh mar a leagtar amach i gCaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, lena n-áirítear struchtúr an phróisis mheasúnaithe inmheánaigh agus an gaol idir measúnú inmheánach agus rátálacha seachtracha den IMCS ábhartha arna nochtadh i gcomhréir le pointe (h), na sásraí rialaithe don phróiseas measúnaithe inmheánaigh, lena n-áirítear plé ar neamhspleáchas, ar chuntasacht, agus ar athbhreithniú ar an bpróiseas measúnaithe inmheánaigh, na cineálacha risíochta a gcuirtear an próiseas measúnaithe inmheánaigh i bhfeidhm maidir leo agus na fachtóirí struis a úsáidtear chun leibhéil feabhsaithe creidmheasa a chinneadh, i gcomhréir le pointe (i) d'Airteagal 449 de CRR

EU-SEC1 – Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála. Formáid sheasta.

2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 449 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU SEC1 a léirítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú. Míneoidh institiúidí san insint a ghabhann leis an teimpléad má tá siad laistigh dá gcuid urrúsuithe traidisiúnta, clár páipéar tráchtála bunaithe ar shócmhainní (ABCP), agus, más ann dóibh, méid na n-idirbheart ABCP.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a - g	**An institiúid ag gníomhú mar thionscnóir** I gcás ina bhfuil "an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir", mar a shainmhínítear i bpointe (13) d'Airteagal 4 (1) de CRR, is suíomhanna coinnithe iad na risíochtaí ar urrúsú, fiú i gcás nach bhfuil siad incháilithe don chreat urrúsúcháin i ngeall ar easpa aistrithe priacail shuntasaigh. Déanfar risíochtaí ar urrúsú in idirbhearta ina ndearnadh aistriú priacail shuntasaigh (SRT) a chur i láthair ar leithligh. Nochtfaidh institiúidí tionscnóra suim ghlanluachana na risíochtaí ar urrúsú reatha uile atá ina seilbh sna hidirbhearta urrúsaithe a thionscain siad ar an dáta nochta. Mar sin, nochtfar risíochtaí ar urrúsú laistigh den chlár comhardaithe (*e.g.* bannaí, fo-iasachtaí) chomh maith le risíochtaí agus díorthaigh lasmuigh den chlár comhardaithe (e.g. línte creidmheasa fo-ordaithe, saoráidí leachtachta, babhtálacha rátaí úis, babhtálacha mainneachtana creidmheasa, *etc.*) sna hurrúsúcháin sin.
h - k	**An institiúid ag gníomhú mar urraitheoir** I gcás ina bhfuil "an institiúid ag gníomhú mar urraitheoir" (mar a shainmhínítear i bpointe (14) d'Airteagal 4(1) de CRR) áireofar sna risíochtaí ar urrúsú, risíochtaí ar chainéil páipéar tráchtála a gcuireann an institiúid feabhsuithe, leachtacht agus saoráidí eile ar fud cláir ar fáil dóibh. I gcás ina bhfuil an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir agus mar urraitheoir araon, seachnóidh sí comhaireamh dúbailte. Maidir leis sin, féadfaidh an institiúid an dá cholún "an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir" agus "an institiúid ag gníomhú mar urraitheoir" a chumasc agus leas a bhaint as na colúin an "an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir/urraitheoir".

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
l - o	**An institiúid ag gníomhú mar infheisteoir** Is iad risíochtaí ar urrúsú i gcás ina bhfuil "an institiúid ag gníomhú mar infheisteoir" na suíomhanna infheistíochta a cheannaítear i gcomhaontuithe tríú páirtí. Ní thugtar sainmhíniú sainráite ar infheisteoir in CRR. Dá bhrí sin, sa chomhthéacs sin, tuigfear gur institiúid a bhfuil suíomh urrúsúcháin ina seilbh acu in idirbheart urrúsúcháin nach tionscnóir ná urraitheoir í ina leith. I gcás inar measc an de na cineálacha suíomhanna urrúsúcháin atá sa chomhthiomsú de risíochtaí urrúsaithe, cuirfidh an institiúid an cineál is tábhachtaí in iúl.
a – d; h, i, l, m	**Idirbhearta traidisiúnta** I gcomhréir le pointe (13) d'Airteagal 242 de CRR, i dtaca le pointe (9) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 ([2]), ciallaíonn'urrúsú traidisiúnta' urrúsú a bhaineann le haistriú an leasa eacnamaíoch sna risíochtaí atá á n-urrúsú. Déanfar sin trí úinéireacht na risíochtaí urrúsaithe a aistriú ón institiúid tionscnóra go SSPE nó trí fho-rannpháirtíocht ag SSPE. Ní sheasann na hurrúis a eisíodh d'oibleagáidí íocaíochta na hinstitiúide tionscnóra. I gcás urrúsuithe traidisiúnta nach bhfuil aon suíomh ag an tionscnóir, ní mheasfaidh an tionscnóir an t-urrúsú sin i nochtadh an teimpléid sin.
e, f, j, n	**Idirbhearta sintéiseacha** I gcomhréir le pointe (14) d'Airteagal 242 de CRR, i dtaca le pointe (10) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402, ciallaíonn'urrúsú sintéiseach' urrúsú i gcás ina mbaintear aistriú priacal amach trí dhíorthaigh chreidmheasa nó ráthaíochtaí a úsáid, agus go bhfágtar na risíochtaí atá á n-urrúsú mar risíochtaí na hinstitiúide tionscnóra. Má cheannaigh an institiúid cosaint, nochtfaidh sí na glanmhéideanna risíochta ar a bhfuil sé ar rí agus nach bhfuil faoi réir na cosanta ceannaithe faoi na colúin tionscnóra/urraitheora (*i.e.* an méid nach bhfuil urraithe) an teimpléid seo. Má tá cosaint díolta ag an institiúid, déanfar méid risíochta na cosanta creidmheasa a nochtadh sa cholún "infheisteoir" den teimpléad seo.
a, b, h, l,	**Risíocht ar STS** Méid iomlán na suíomhanna urrúsúcháin STS i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagail 18 go 26 de Rialachán (AE) 2017/2402
b, d, f	**Risíocht ar SRT** Méid iomlán na suíomh urrúsúcháin ar bhain an institiúid tionscnóra aistriú priacail shuntasaigh (SRT) amach ina leith i gcomhréir le hAirteagail 244 (urrúsú traidisiúnta) agus 245 (urrúsú sintéiseach) de CRR

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
06, 12	**Ath-urrúsúchán** Méid iomlán na suíomhanna ath-urrúsúcháin gan íoc mar a shainmhínítear i bpointí (63) agus (64) d'Airteagal 4(1) de CRR

([2]) RIALACHÁN (AE) 2017/2402 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2011/61/AE, agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, Ich. 35).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	Déanfar gach risíocht ar urrúsú a bhaineann le hathurrúsú a thabhairt i gcrích sna rónna "ath-urrúsúchán" (de réir chineál na bunsócmhainne), seachas sna rónna roimhe sin nach bhfuil iontu ach risíochtaí ar urrúsú seachas ar ath-urrúsú.

Teimpléad EU SEC2 – Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar trádála. Formáid sheasta.

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 449 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU SEC2 a léirítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

4. Tagróidh institiúidí do na treoracha a ghabhann le teimpléad EU SEC1 - Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála.

Teimpléad EU SEC3 – Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála agus ceanglais rialála caipitil ghaolmhara - an institiúid ag gníomhú mar urraitheoir. Formáid sheasta.

5. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (k)(i) d'Airteagal 449 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU SEC3 a léirítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a go d	**Luachanna na risíochta (de réir bandaí ualaigh priacail nó asbhaintí)** Cinnfear luachanna atá le nochtadh i gcolúin (a) go (d) den teimpléad seo i ndáil le hualaí priacail rialála i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR.
f go h	**Luachanna na risíochta (de réir an chur chuige rialála)** Colúin (f) go (h) den teimpléad sin a chomhfhreagraíonn don chur chuige rialála arna úsáid i gcomhréir le hordlathas na gcineálacha cur chuige in Airteagal 254 de CRR
J, k, l	**RWEA (tríd an gcur chuige rialála)** Méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal (RWEA) tríd an gcur chuige rialála i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR, sula gcuirfear an uasteorainn i bhfeidhm
n go EU-p	**Muirear caipitil tar éis Uasteorainneacha** Tagraíonn na colúin seo do mhuirear caipitil tar éis an uasteorainn a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 267 agus 268 de CRR.
e, i, m, EU-q	**1 250 % RW/ asbhaintí** Tagraíonn colúin d'ítimí: — Faoi réir ualú priacail 1 250 % nó arna n-asbhaint i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí de CRR; — Faoi réir ualú priacail 1 250 % nó arna n-asbhaint i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 244(1) agus le pointe (b) d'Airteagal 245(1) de CRR;

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
	— Faoi réir ualú priacail 1 250 % i gcomhréir le hAirteagal 254(7) de CRR; — nó arna n-asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 253 de CRR

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Iomlán na risíochtaí** Tagróidh iomlán na risíochtaí do mhéid iomlán na suíomhanna urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin atá i seilbh na hinstitiúide atá ag gníomhú mar thionscnóir nó mar urraitheoir. Déanfar achoimre sa ró seo ar fhaisnéis maidir le hurrúsú traidisiúnta agus sintéiseach arna nochtadh ag tionscnóirí agus ag urraitheoirí sna rónna ina dhiaidh sin.
2	**Idirbhearta traidisiúnta** Féach an míniú ar theimpléad EU SEC1.
3, 10	**Urrúsú** Méid iomlán na suíomhanna urrúsúcháin gan íoc mar a shainmhínítear i bpointe (62) d'Airteagal 4(1) de CRR nach suíomhanna ath-urrúsúcháin iad mar a shainmhínítear i bpointe (64) d'Airteagal 4(1) de CRR
5, 7	**STS** Féach an míniú ar theimpléad EU SEC1.
8, 13	**Ath-urrúsúchán** Féach an míniú ar theimpléad EU SEC1.
9	**Idirbhearta sintéiseacha** Féach an míniú ar theimpléad EU SEC1.

Teimpléad EU SEC4 – Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála agus ceanglais chaipitil rialála ghaolmhara – an institiúid ag gníomhú mar infheisteoir. Formáid sheasta.

6. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (k)(ii) d'Airteagal 449 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU SEC4 a léirítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

7. Tagróidh institiúidí do na treoracha a ghabhann le teimpléad EUSEC3 – Risíochtaí ar urrúsú sa leabhar neamhthrádála agus ceanglais rialála caipitil ghaolmhara – an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir nó urraitheoir.

Teimpléad EU SEC5 – Risíochtaí arna n-urrúsú ag an institiúid – Risíochtaí ar mhainneachtain agus coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa. Formáid sheasta.

8. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 449(l) de CRR de réir chineál na risíochta ar urrúsú, trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU SEC5 a léirítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir thagartha an cholúin	**Míniú**
a	**Iomlán an mhéid ainmniúil gan íoc** Iomlán an mhéid ainmniúil gan íoc na risíochtaí atá urrúsaithe ag an institiúid (an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir nó mar urraitheoir), arna miondealú de réir chineál na risíochta ar urrúsú
b	**Iomlán an mhéid ainmniúil gan íoc – Arbh iad atá iontu risíochtaí ar mhainneachtain** Iomlán mhéid ainmniúil gan íoc na risíochtaí atá urrúsaithe ag an institiúid (an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir nó mar urraitheoir) arna n-aicmiú mar "risíochtaí a mhainnigh" i gcomhréir le hAirteagal 178 de CRR, arna mhiondealú de réir chineál na risíochta ar urrúsú
c	**Coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa arna ndéanamh le linn na tréimhse** Méid na gcoigeartuithe sonracha i leith phriacal creidmheasa a rinneadh le linn na tréimhse, i gcomhréir le hAirteagal 110 de CRR, ar na risíochtaí atá urrúsaithe ag an institiúid (an institiúid ag gníomhú mar thionscnóir nó mar urraitheoir), arna miondealú de réir chineál na risíochta ar urrúsú

IARSCRÍBHINN XXIX

Tábla EU MRA: Ceanglais maidir le nochtadh faisnéise cáilíochtúla a bhaineann le priacal margaidh:

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
a	**Pointí (a) agus (d) d'Airteagal 435(1) de CRR** Tuairisc ar straitéis agus próisis na hinstitiúide chun priacal margaidh a bhainistiú, lena n-áirítear: — Míniú ar chuspóirí straitéiseacha na bainistíochta i dtabhairt faoi ghníomhaíochtaí trádála, chomh maith leis na próisis a cuireadh chun feidhme chun priacail mhargaidh na hinstitiúide a shainaithint, a thomhas, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun iad a rialú — Tuairisc ar na beartais maidir le priacail a fhálú agus a mhaolú, agus na straitéisí agus na próisis chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht leanúnach na bhfáluithe	
b	**Pointe (b) d'Airteagal 435 (1) de CRR** Tuairisc ar struchtúr agus eagrú na feidhme bainistíochta priacail margaidh, lena n-áirítear tuairisc ar struchtúr rialachais priacail margaidh a leagadh síos chun straitéisí agus próisis na hinstitiúide a pléadh i sraith (a) thuas a chur chun feidhme, agus lena ndéantar tuairisc ar na gaolta agus na sásraí cumarsáide idir na páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu le bainistiú priacail margaidh.	
c	**Pointe (c) d'Airteagal 435 (1) de CRR** Raon feidhme agus cineál na gcóras tuairiscithe priacail agus tomhais	

Teimpléad EU MR1 – Priacal margaidh faoin gcur chuige caighdeánaithe

		a
		RWEAnna
	Táirgí glan amach	
1	Priacal ráta úis (ginearálta agus sonrach)	
2	Priacal gnáthscaireanna (ginearálta agus sonrach)	
3	Priacal malairte eachtraí;	
4	Priacal tráchtearraí	
	Roghanna	
5	Cur chuige simplithe	

		a
		RWEAnna
6	An cur chuige delta-plus	
7	An cur chuige cásanna	
8	Urrúsúchán (priacal sonrach)	
9	**Iomlán**	

Tábla EU MRB: Ceanglais maidir le nochtadh faisnéise cáilíochtúla le haghaidh na n-institiúidí a úsáideann na Samhlacha Inmheánacha um Priacal Margaidh

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
AE (a)	**Airteagal 455(c) de CRR** Tuairisc ar na nósanna imeachta agus ar na córais a cuireadh chun feidhme le cumas trádála na suíomhanna a áirítear sa leabhar trádála a áirithiú chun ceanglais Airteagal 104 a chomhlíonadh. Tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear lena áirithiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta a chuirtear chun feidhme le haghaidh bhainistíocht fhoriomlán an leabhair trádála iomchuí.	
AE (b)	**Airteagal 455(c) de CRR** Risíochtaí ón leabhar trádála agus neamhthrádála a tomhaiseadh ag luach cóir i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta iomchuí agus a gcoigeartaítear a luach risíochta i gcomhréir le Cuid a Dó, Teideal I, Caibidil 2, Airteagal 34 agus Cuid a Trí, Teideal I, Caibidil a Trí, Airteagal 105 de CRR (chomh maith le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/101 ón gCoimisiún), déanfaidh institiúidí tuairisc ar a gcórais agus a rialuithe chun a áirithiú go bhfuil na meastacháin luachála stuama agus iontaofa. Déanfar na nochtaí sin mar chuid de na risíochtaí priacail mhargaidh le haghaidh risíochtaí ón leabhar trádála.	
Pointe (i) d'Airteagal 455(a) de CRR (A) Ní mór d'institiúidí a úsáideann samhlacha VaR agus SVaR an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh:		
(a)	**Pointe (i) d'Airteagal 455(a) agus Airteagal 455(b) de CRR** Tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus priacail a chumhdaítear leis na samhlacha VaR agus SVaR, ina sonrófar conas a dháiltear iad i bpunanna nó i bhfophunanna a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith.	

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
	Airteagal 455(b) de CRR	
(b)	Tuairisc ar raon feidhme chur i bhfeidhm na samhlacha VaR agus SVaR a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith, *lena n-áirítear cé hiad na heintitis sa ghrúpa a úsáideann na samhlacha sin agus conas a léiríonn na samhlacha uile a úsáidtear ar leibhéal an ghrúpa, chomh maith le céatadán na gceanglas cistí dílse a chumhdaítear leis na samhlacha nó má úsáidtear na samhlacha céanna VaR nó SVaR le haghaidh gach eintitis a bhfuil risíocht ar phriacal margaidh acu*	
	Pointe (i) d'Airteagal 455(a) de CRR	
	Saintréithe na samhlacha a úsáidtear, lena n-áirítear:	
(c)	*Tuairisc ghinearálta ar shamhlacha rialála VaR agus SVaR*	
(d)	*Plé ar na príomhdhifríochtaí, más ann dóibh, idir an tsamhail a úsáidtear chun críoch bainistíochta agus an tsamhail a úsáidtear chun críoch rialála (10 lá 99 %) le haghaidh samhlacha VaR agus SVaR*	
(e)	*I gcás samhlacha VaR:*	
(i)	*A mhinice a thugtar na sonraí cothrom le dáta;*	
(ii)	*Fad na tréimhse sonraí a úsáidtear chun an tsamhail a chalabrú. Tuairisc ar an scéim ualaithe a úsáidtear (más ann di);*	
(iii)	*Conas a chinneann na hinstitiúidí an tréimhse shealbhaíochta 10 lá (mar shampla, an ndéantar VaR aon lae a mhéadú ó scála ar fhréamh chearnach 10, nó an samhlaítear VaR 10 lae go hindíreach?);*	
(iv)	*An cur chuige comhiomlánúcháin, arb é an modh é chun an priacal sonrach agus an priacal ginearálta a chomhiomlánú (i.e. an ríomhann na hinstitiúidí an muirear sonrach mar mhuirear neamhspleách trí mhodh eile seachas an modh a úsáidtear chun an priacal ginearálta a ríomh nó an mbaineann na hinstitiúidí úsáid as samhail aonair lena ndéantar priacal ginearálta agus priacal sonrach a éagsúlú?);*	
(v)	*An cur chuige luachála (athluacháil iomlán nó úsáid neastachán);*	
(vi)	*Cibé acu, agus éagsúlachtaí ionchasacha i bhfachtóirí priacail á n-ionsamhlú, an n-úsáidtear as torthaí absalóideacha nó coibhneasta (nó cur chuige measctha) (i.e. athrú comhréireach ar phraghsanna nó ar rátaí nó athrú absalóideach ar phraghsanna nó ar rátaí).*	
(f)	*I gcás samhlacha SVaR, sonraigh:*	
(i)	*An chaoi a gcinntear an tréimhse shealbhaíochta 10 lá. Mar shampla, an ndéanann an institiúid VaR aon lae a mhéadú ó scála ar fhréamh chearnach 10, nó an samhlaítear VaR 10 lae go díreach? Más ionann an cur chuige agus an ceann do na samhlacha VaR, féadfaidh na hinstitiúidí é sin a dheimhniú agus tagairt a dhéanamh do nochtadh (e) (iii) thuas;*	
(ii)	*An tréimhse struis a roghnaíonn an institiúid agus an réasúnaíocht is bun leis an rogha sin;*	
(iii)	*An cur chuige luachála (athluacháil iomlán nó úsáid neastachán).*	

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
(g)	**Pointe (iii) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ar an tástáil struis arna cur i bhfeidhm ar na paraiméadair samhaltaithe (príomhchásanna a forbraíodh chun saintréithe na bpunann a bhfuil feidhm ag samhlacha VaR agus SVaR maidir leo ar leibhéal an ghrúpa a ghabháil).	
(h)	**Pointe (iv) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun cruinneas agus comhsheasmhacht inmheánach na sonraí agus na bparaiméadar a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha agus na próisis samhaltaithe a chúltástáil nó a bhailíochtú.	
Pointe (ii) d'Airteagal 455(a) de CRR (B) Ní mór d'institiúidí a úsáideann samhlacha inmheánacha chun a gceanglais cistí dílse maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus imirce (IRC) an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh:		
(a)	**Pointe (ii) d'Airteagal 455(a) agus Airteagal 455(b) de CRR** Tuairisc ar na priacail a chumhdaítear leis na samhlacha IRC, ina sonrófar conas a dháiltear iad i bpunanna nó i bhfophunanna a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith.	
(b)	**Airteagal 455(b) de CRR** Tuairisc ar raon feidhme chur i bhfeidhm na samhla IRC a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith, *lena n-áirítear cé hiad na heintitis sa ghrúpa a úsáideann na samhlacha sin agus conas a léiríonn na samhlacha uile a úsáidtear ar leibhéal an ghrúpa, céatadán na gceanglas cistí dílse a chumhdaítear leis na samhlacha nó má úsáidtear na samhlacha céanna de IRC le haghaidh gach eintitis a bhfuil risíocht ar phriacal margaidh acu*	
(c)	**Pointe (ii) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ghinearálta ar an modheolaíocht a úsáidtear le haghaidh samhlacha inmheánacha maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus imirce, lena n-áirítear an nithe seo a leanas: *(i)* *Faisnéis faoi chur chuige an tsamhaltaithe fhoriomláin (go háirithe úsáid samhlacha bunaithe ar raon nó samhlacha bunaithe ar mhaitrís thrasdultach);* *(ii)* *Faisnéis faoi chalabrú na maitríse trasdultaí;* *(iii)* *Faisnéis faoi thoimhdí comhghaolúcháin;*	
(d)	An cur chuige arna úsáid chun tréimhsí leachtachta a chinneadh;	
(e)	An mhodheolaíocht arna húsáid chun measúnú caipitil a dhéanamh atá comhsheasmhach leis an gcaighdeán fóntachta is gá;	
(f)	An cur chuige a úsáideadh i mbailíochtú na smhlacha.	

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
(g)	**Pointe (iii) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ar an tástáil struis arna cur i bhfeidhm ar na paraiméadair samhaltaithe (príomhchásanna a forbraíodh chun saintréithe na bpunann a bhfuil feidhm ag samhlacha IRC maidir leo ar leibhéal an ghrúpa a ghabháil).	
(h)	**Pointe (iv) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun cruinneas agus comhsheasmhacht inmheánach na sonraí agus na bparaiméadar a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha IRC agus na próisis samhaltaithe a chúltástáil nó a bhailíochtú.	
Pointe (ii) d'Airteagal 455(a) de CRR (C) Ní mór d'institiúidí a úsáideann samhlacha inmheánacha chun ceanglais cistí dílse a thomhas le haghaidh punann trádála comhghaoil an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh:		
(a)	**Pointe (ii) d'Airteagal 455(a) agus Airteagal 455(b) de CRR** Tuairisc ar na priacail a chumhdaítear leis na samhlacha thomhas an phriacail iomláin, ina sonrófar conas a dháiltear iad i bpunanna nó i bhfophunanna a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith.	
(b)	**Airteagal 455(b) de CRR** Tuairisc ar raon feidhme chur i bhfeidhm na samhla thomhas an phriacail iomláin a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith, *lena n-áirítear cé hiad na heintitis sa ghrúpa a úsáideann na samhlacha sin agus conas a léiríonn na samhlacha uile a úsáidtear ar leibhéal an ghrúpa, céatadán na gceanglas cistí dílse a chumhdaítear leis na samhlacha nó má úsáidtear na samhlacha céanna de IRC le haghaidh gach eintitis a bhfuil risíocht ar phriacal margaidh acu*	
(c)	**Pointe (ii) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ghinearálta ar an modheolaíocht a úsáidtear i ndáil le trádáil chomhghaoil, lena n-áirítear na nithe seo as leanas:	
(i)	*Faisnéis faoi chur chuige an tsamhaltaithe fhoriomláin (rogha de chomhghaol na samhlacha idir mainneachtain/imirce agus difríochtaí: (i) próisis stocastaigh ar leithligh nó chomhghaolaithe lena spreagtar mainneachtain/imirce agus raon difríochta; (ii) raonta difríochta lena spreagtar mainneachtain/imirce; nó (iii) mainneachtain/imirce lena spreagtar raonta difríochta;*	
(ii)	*Faisnéis a úsáidtear chun paraiméadair an bhunchomhghaoil a chalabrú: Praghsáil LGD (praghsáil chaillteanais i gcás mainneachtana) na dtráinsí (tráinsí seasmhacha nó stocastacha);*	
(iii)	*Faisnéis faoin rogha maidir le suíomhanna a aosú (brabúis agus caillteanais bunaithe ar ghluaiseacht ionsamhlaithe an mhargaidh sa tsamhail arna ríomh bunaithe ar an méid ama go dtí go dtí go rachaidh gach suíomh in éag ag deireadh na tréimhse caipitil 1 bhliain nó tríd an méid ama go dtí go rachaidh siad in éag ar an dáta ríofa a úsáid);*	

		Nochtadh i bhformáid sholúbtha
(d)	An cur chuige a úsáideadh chun tréimhsí leachtachta a chinneadh;	
(e)	An mhodheolaíocht a úsáideadh chun measúnú caipitil a dhéanamh atá comhsheasmhach le caighdeán na hiontaofachta is gá;	
(f)	An cur chuige a úsáideadh i mbailíochtú na samhlacha.	
(g)	**Pointe (iii) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ar an tástáil struis arna cur i bhfeidhm ar na paraiméadair samhaltaithe (príomhchásanna a forbraíodh chun saintréithe na bpunann a bhfuil feidhm ag samhlacha VaR agus SVaR maidir leo ar leibhéal an ghrúpa a ghabháil).	
(h)	**Pointe (iv) d'Airteagal 455(a) de CRR** Tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun cruinneas agus comhsheasmhacht inmheánach na sonraí agus na bparaiméadar a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha thomhas an phriacail iomláin a chúltástáil nó a bhailíochtú.	
(i)	**Pointe (f) d'Airteagal 455 de CRR** Faisnéis faoin meántréimhse leachtachta ionchasach ualaithe do gach fophunann a chomhdaítear leis na samhlacha inmheánacha maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus imirce agus maidir le trádáil chomhghaoil	

Teimpléad EU MR2-A – Priacal margaidh faoi Mhodh na Samhla Inmheánaí (IMA)

		a	b
		RWEAnna	Ceanglais cistí dílse
1	**VaR** (luachanna níos airde a agus b)		
(a)	VaR an lae roimhe (VaRt-1)		
(b)	Fachtóir iolrúcháin (mc) x meánluach na 60 lá oibre roimhe (VaRavg)		
2	**SVaR** (luachanna níos airde a agus b)		
(a)	SVaR is déanaí atá ar fáil (SVaRt-1))		
(b)	Fachtóir iolrúcháin (ms) x Meánluach na 60 lá oibre roimhe (SVaRavg)		

		a	b
		RWEAnna	Ceanglais cistí dílse
3	**IRC** (luachanna níos airde a agus b)		
(a)	An tomhas IRC is déanaí		
(b)	An meántomhas IRC 12 sheachtain		
4	**Tomhas an phriacail iomláin** (luachanna níos airde a, b agus c)		
(a)	Tomhas an phriacail iomláin is déanaí a rinneadh		
(b)	Méantomhas an phriacail iomláin le linn 12 sheachtain		
(c)	Tomhas an phriacail iomláin – Íostairseach		
5	Eile		
6	**Iomlán**		

Teimpléad EU MR2-B – Ráitis sreafa RWEA maidir le risíochtaí priacail margaidh faoi chur chuige na samhlacha inmheánacha

		a	b	c	(d)	e	f	g
		VaR	SVaR (luach faoi phriacal struis)	IRC (muirear incriminteach priacal)	Tomhas an phriacail iomláin	Eile	Iomlán na RWEAnna	Iomlán na gceanglas cistí dílse
1	**RWEAnna ag deireadh na tréimhse roimhe sin**							
1a	*Coigeartú rialála*							
1b	*RWEAnna ag deireadh na ráithe roimhe sin (deireadh an lae)*							
2	Éagsúlachtaí i leibhéil riosca							
3	Nuashonruithe/athruithe samhla							
4	Modheolaíocht agus beartas							
5	Éadálacha agus diúscairtí							
6	Gluaiseachtaí malairte eachtraí							
7	Eile							

		a	b	c	(d)	e	f	g
		VaR	SVaR (luach faoi phriacal struis)	IRC (muirear incriminteach priacal)	Tomhas an phriacail iomláin	Eile	Iomlán na RWEAnna	Iomlán na gceanglas cistí dílse
8a	*RWEAnna ag deireadh na tréimhse nochta (deireadh an lae)*							
8b	*Coigeartú rialála*							
8	**RWEAnna ag deireadh na tréimhse nochta**							

Teimpléad EU MR3 – Luachanna IMA le haghaidh punanna trádála

		a
VaR (10 lá 99 %)		
1	An t-uasluach	
2	An meánluach	
3	an t-íosluach	
4	Deireadh na tréimhse	
SVaR (10 lá 99 %)		
5	An t-uasluach	
6	An meánluach	
7	an t-íosluach	
8	Deireadh na tréimhse	
IRC (99.9 %)		
9	An t-uasluach	
10	An meánluach	
11	an t-íosluach	
12	Deireadh na tréimhse	

		a
Tomhas an phriacail iomláin (99.9 %)		
13	An t-uasluach	
14	An meánluach	
15	an t-íosluach	
16	Deireadh na tréimhse	

Teimpléad EU MR4 – Comparáid idir meastóireachtaí VaR agus gnóthachain nó caillteanais



Ní mór d'institiúidí anailís ar 'asluitigh' a chur i láthair (eisceachtaí cúlchistí cúltástála de réir Airteagal 366 de CRR) i dtorthaí cúltástála, *lena sonraítear na dátaí agus an barrachas comhfhreagrach (VaR-P&L), lena n-áirítear ar a laghad príomhspreagthaithe na n-eisceachtaí, agus comparáidí comhchosúla le haghaidh gnóthachchan agus caillteanas (P&L) iarbhír agus hipitéiseach (de réir Airteagal 366 de CRR).*

Faisnéis faoi ghnóthachain iarbhír nó caillteanais iarbhír, agus go háirithe soiléiriú an bhfuil cúlchistí san áireamh iontu agus, mura bhfuil, conas a chomhtháthaítear cúlchistí sa phróiseas cúltástála.

IARSCRÍBHINN XXX

Táblaí agus teimpléid nochta an chur chuige caighdeánaithe agus an chur chuige inmheánaigh maidir le priacal margaidh: Treoracha

1. Áirítear san Iarscríbhinn seo na treoracha a leanfaidh institiúidí nuair a bheidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 435, 445 agus 455 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') á nochtadh acu chun na táblaí agus na teimpléid maidir le nochtadh priacail margaidh a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tábla EUMRA - Ceanglais maidir le nochtadh faisnéise cáilíochtúla a bhaineann le priacal margaidh: Boscaí téacs saorfhormáide

2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 435(1) de CRR maidir le priacal margaidh trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU MRA a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (d) d'Airteagal 435 (1) de CRR faoi na cuspóirí bainistithe priacail agus na beartais chun priacal margaidh a bhainistiú á nochtadh acu, áireoidh institiúidí an méid seo a leanas: — míniú ar chuspóirí straitéiseacha a lucht bainistíochta maidir le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí trádála; — na próisis a chuirtear chun feidhme chun priacail mhargaidh na hinstitiúide a shainaithint, a thomhas, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun iad a rialú; — na beartais maidir le priacail a fhálú agus a mhaolú; — straitéisí agus próisis chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht leanúnach na bhfáluithe.
(b)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 435 (1) de CRR maidir le struchtúr agus eagrú na feidhme bainistithe priacail margaidh á nochtadh acu, áireoidh institiúidí an méid seo a leanas: — tuairisc ar struchtúr rialachais priacail margaidh a leagadh síos chun straitéisí agus próisis na hinstitiúide a pléadh i ró (a) thuas a chur chun feidhme, — tuairisc ar na gaolmhaireachtaí agus ar na sásraí cumarsáide idir na páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu le priacal margaidh a bhainistiú.
(c)	Agus an faisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 435 (1) de CRR maidir le raon feidhme agus cineál nochta priacail margaidh agus maidir le córais tomhais á nochtadh acu, tabharfaidh institiúidí tuairisc ar raon feidhme agus ar chineál an nochta priacail margaidh agus ar na córais tomhais.

Teimpléad EU MR1 – Priacal margaidh faoin gcur chuige caighdeánaithe: formáid sheasta

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 445 de CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU MR1 a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	Táirgí glan amach
1	**Priacal ráta úis (ginearálta agus sonrach)** Priacal ginearálta agus sonrach suíomhanna in ionstraimí fiachais thrádáilte sa leabhar trádála, i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR, cé is moite de phriacal sonrach a bhaineann le hurrúsú, agus nach bhfuil roghnach
2	**Priacal gnáthscaireanna (ginearálta agus sonrach)** Priacal ginearálta agus sonrach shuíomhanna an chothramais sa leabhar trádála, i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR, cé is moite d'ionstraimí roghnacha
3	**Priacal malairte eachtraí** Priacal na suíomhanna in airgeadra eachtrach i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR, gan ionstraimí roghnacha a áireamh
4	**Priacal tráchtearraí** Priacal suíomhanna i dtráchtearraí i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR, gan ionstraimí roghnacha a áireamh
	Roghanna
5	**An cur chuige simplithe** Roghanna nó barántais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 329(3) de Chaibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR a ríomhann institiúidí na ceanglais cistí dílse a bhaineann leis an bpriacal neamh-dheilte ina leith tríd an gcur chuige simplithe a úsáid ([2])
6	**An cur chuige deilte-plus** Roghanna nó barántais sa leabhar trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 329 (3) de Chaibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR a ríomhann institiúidí na ceanglais cistí dílse a bhaineann leis an bpriacal neamh-dheilte ina leith tríd an gcur chuige deilte-plus a úsáid. ([3]).
7	**An cur chuige cásanna** Roghanna nó barántais sa leabhar trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 329 (3) de Chaibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR a ríomhann institiúidí na ceanglais cistí dílse a bhaineann leis an bpriacal neamh-dheilte ina leith tríd an gcur chuige cásanna a úsáid. ([4]).

([2]) Mar a shainmhínítear i RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 528/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh priacal neamh-dheilte roghanna faoi réir an chur chuige caighdeánaithe maidir le priacal sa mhargadh (IO L 148, 20.5.2014, lch. 29).

([3]) Mar a shainmhínítear i RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 528/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh priacal neamh-dheilte roghanna faoi réir an chur chuige caighdeánaithe maidir le priacal sa mhargadh (IO L 148, 20.5.2014, lch. 29).

([4]) Mar a shainmhínítear i RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 528/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 12 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh priacal neamh-dheilte roghanna faoi réir an chur chuige caighdeánaithe maidir le priacal sa mhargadh (IO L 148, 20.5.2014, lch. 29).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
Táirgí glan amach	
8	**Urrúsúchán (priacal sonrach)** Priacal sonrach suíomhanna urrúsúcháin sa leabhar trádála i gcomhréir le hAirteagail 337 agus 338 de Chaibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR.
9	**Iomlán** Suim na méideanna i rónna 1 go 8 den teimpléad seo.
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**RWEAnna** Nochtadh risíochtaí atá ualaithe ó thaobh priacal dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 438 de CRR, arna ríomh mar an luach i gcolún b arna iolrú faoi 12.5 i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92 (4) de CRR

Tábla EU MRB: Na ceanglais maidir le nochtadh faisnéise cáilíochtúla le haghaidh na n-institiúidí a úsáideann na Samhlacha Inmheánacha um Priacal Margaidh: formáid téacs shaoir

4. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (f) d'Airteagal 455 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU MRB a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
AE (a)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, faisnéis maidir le méid agus modheolaíochtaí chun ceanglais Airteagal 104 de CRR a chomhlíonadh, áireoidh institiúidí an méid seo a leanas: — tuairisc ar na nósanna imeachta agus ar na córais a chuirtear chun feidhme chun cumas trádála na suíomhanna a áirítear sa leabhar trádála a áirithiú chun ceanglais Airteagal 104 de CRR a chomhlíonadh; — tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear lena áirithiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta a chuirtear chun feidhme le haghaidh bhainistíocht fhoriomlán an leabhair trádála iomchuí.
EU (b)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, faisnéis maidir le méid agus modheolaíochtaí chun ceanglais Airteagal 105 de CRR a chomhlíonadh, áireoidh institiúidí an méid seo a leanas: — tuairisc ar na modheolaíochtaí luachála, lena n-áirítear míniú ar an méid a úsáidtear modheolaíochtaí marcála ón margadh agus marcála de réir samhla; — tuairisc ar an bpróiseas maidir le fíorú neamhspleách ar phraghsanna; — nósanna imeachta maidir le coigeartuithe nó cúlchistí luachála (lena n-áirítear tuairisc ar an bpróiseas agus an mhodheolaíocht chun suíomhanna trádála a luacháil de réir an chineáil ionstraime).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(A)	**Institiúidí a úsáideann samhlacha luacha faoi phriacal agus samhlacha luacha faoi phriacal i ndálaí anáis, mar a shainmhínítear in Airteagal 365 de CRR**
(a)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(i) d'Airteagal 455 agus i bpointe (b) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, áireoidh institiúidí tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus ar na priacail a chumhdaítear leis na samhlacha luacha faoi phriacal agus luacha faoi phriacal i ndálaí anáis, ina sonrófar conas a dháiltear iad i bpunanna/i bhfophunanna a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith.
(b)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 455 CRR á nochtadh acu, áireoidh institiúidí an méid seo a leanas: — tuairisc ar raon feidhme na samhlacha VaR agus SVaR a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith; — i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir leis na heintitis sa ghrúpa a úsáideann na samhlacha sin agus conas a léiríonn na samhlacha na samhlacha uile arna n-úsáid ar leibhéal an ghrúpa, chomh maith le céatadán na gceanglas cistí dílse a chumhdaítear leis na samhlacha/nó má úsáidtear na samhlacha céanna VaR/SVaR le haghaidh eintitis a bhfuil risíocht ar phriacal mhargaidh aige.
	Áireofar an méid seo a leanas sna nochtuithe faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a)(i) d'Airteagal 455 de CRR maidir le saintréithe na samhla a úsáidfear:
(c)	Tuairisc ghinearálta ar shamhlacha rialála VaR agus SVaR
(d)	Plé ar na príomhdhifríochtaí, más ann dóibh, idir na samhlacha a úsáidtear chun críoch bainistíochta agus an tsamhail a úsáidtear chun críoch rialála (10 lá 99 %) le haghaidh samhlacha VaR agus SVaR
(e)	I gcás samhlacha VaR:
(i)	A mhinice a thugtar na sonraí cothrom le dáta;
(ii)	Fad na tréimhse sonraí a úsáidtear chun an tsamhail a chalabrú. Tuairisc ar an scéim ualaithe a úsáidtear (más ann di);
(iii)	Tuairisc ar conas a chinneann na hinstitiúidí an tréimhse shealbhaíochta 10 lá (mar shampla, an méadaíonn sé VaR 1 lá le fréamh chearnach 10, nó an múnlaíonn sé díreach VaR 10 lá?);
(iv)	Tuairisc ar an gcur chuige comhiomlánúcháin, arb é an modh é chun an priacal sonrach agus an priacal ginearálta a chomhiomlánú (*i.e.* an ríomhann na hinstitiúidí an muirear sonrach mar mhuirear neamhspleách trí mhodh eile seachas an modh a úsáidtear chun an priacal ginearálta a ríomh nó an mbaineann na hinstitiúidí úsáid as samhail aonair lena ndéantar priacal ginearálta agus priacal sonrach a éagsúlú?);
(v)	An cur chuige luachála (athluacháil iomlán nó úsáid neastachán);
(vi)	Cibé acu, agus éagsúlachtaí ionchasacha i bhfachtóirí priacail á n-ionsamhlú, an n-úsáidtear as torthaí absalóideacha nó coibhneasta (nó cur chuige measctha) (*i.e.* athrú comhréireach ar phraghsanna nó ar rátaí nó athrú absalóideach ar phraghsanna nó ar rátaí).
(f)	I gcás samhlacha SVaR:
(i)	Tuairisc ar an gcaoi a gcinntear an tréimhse shealbhaíochta 10 lá. Mar shampla, an ndéanann an institiúid VaR aon lae a mhéadú ó scála ar fhréamh chearnach 10, nó an samhlaítear VaR 10 lae go díreach? Más ionann an cur chuige agus an ceann do na samhlacha VaR, féadfaidh na hinstitiúidí é sin a dheimhniú agus tagairt a dhéanamh do nochtadh (e) (iii) thuas;

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(ii)	Tuairisc ar an tréimhse struis a roghnaíonn an institiúid agus an réasúnaíocht is bun leis an rogha sin;
(iii)	Tuairisc ar an gcur chuige luachála (athluacháil iomlán nó úsáid neastachán).
(g)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(iii) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, áireoidh institiúidí tuairisc ar an tástáil struis a chuirtear i bhfeidhm ar na paraiméadair samhaltaithe a bheidh comhsheasmhach leis an bhfaisnéis arna nochtadh faoi (A)(a) thuas (príomhchásanna a forbraíodh chun saintréithe na bpunann a bhfuil feidhm ag na samhlacha VaR agus SVaR maidir leo a ghabháil ar leibhéal an ghrúpa).
(h)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, nochtfaidh institiúidí tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun cruinneas agus comhsheasmhacht inmheánach na sonraí agus na bparaiméadar a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha IRC agus na próisis samhaltaithe a iarthástáil nó a bhailíochtú.
(B)	**Institiúidí a úsáideann samhlacha inmheánacha chun ceanglais cistí dílse maidir le priacal mainneachtana agus priacal imirce incriminteach (IRC) a thomhas i gcomhréir le Ranna 3 agus 4 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR**
(a)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d'Airteagal 455 agus i bpointe (b) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, áireoidh institiúidí tuairisc ar na priacail a chumhdaítear le samhlacha IRC ina sonrófar conas a dháiltear iad i bpunanna/i bhfophunanna a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith.
(b)	Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 455 de CRR tuairisc ar raon feidhme chur i bhfeidhm na samhla IRC a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith, agus déanfar í a chomhlánú le faisnéis maidir leis na heintitis sa ghrúpa a n-úsáideann na samhlacha sin agus conas a léiríonn na samhlacha uile a úsáidtear ar leibhéal an ghrúpa, lena n-áirítear céatadán na gceanglas cistí dílse a chumhdaítear leis na samhlacha nó má úsáidtear na samhlacha céanna de IRC do gach eintiteas a bhfuil risíocht ar phriacal margaidh acu.
	Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d'Airteagal 455 de CRR maidir le saintréithe samhlacha IRC:
(c)	Tuairisc ghinearálta ar an modheolaíocht a úsáidtear le haghaidh samhlacha inmheánacha maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus imirce, lena n-áirítear an nithe seo a leanas:
(i)	Faisnéis faoi chur chuige an tsamhaltaithe fhoriomláin (go háirithe úsáid samhlacha bunaithe ar raon nó samhlacha bunaithe ar mhaitrís thrasdultach);
(ii)	Faisnéis faoi chalabrú na maitríse trasdultaí;
(iii)	Faisnéis faoi thoimhdí comhghaolúcháin;
(d)	Áireoidh institiúidí tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun tréimhsí leachtachta a chinneadh;
(e)	Áireoidh institiúidí tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh chun measúnú caipitil a dhéanamh atá comhsheasmhach leis an gcaighdeán fóntachta is gá;

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(f)	Áireoidh institiúidí tuairisc ar an gcur chuige a úsáideadh chun na samhlacha a bhailíochtú.
(g)	Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(iii) d'Airteagal 455 de CRR tuairisc ar an tástáil struis a chuirtear i bhfeidhm ar na paraiméadair samhaltaithe a bheidh comhsheasmhach leis an bhfaisnéis arna nochtadh faoi (B)(b) thuas (príomhchásanna a forbraíodh chun saintréithe na bpunann a bhfuil feidhm ag na samhlacha VaR agus SVaR maidir leo a ghabháil ar leibhéal an ghrúpa).
(h)	Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 455 de CRR tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun cruinneas agus comhsheasmhacht inmheánach na sonraí agus na bparaiméadar a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha IRC agus na próisis samhaltaithe a chúltástáil nó a bhailíochtú
(C)	**Institiúidí a úsáideann samhlacha inmheánacha chun ceanglais cistí dílse a thomhas le haghaidh punann trádála comhghaoil (tomhas an phriacail iomláin) i gcomhréir le Roinn 5 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR**
(a)	Agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d'Airteagal 455 agus i bpointe (b) d'Airteagal 455 de CRR á nochtadh acu, áireoidh institiúidí tuairisc ar na priacail a chumhdaítear le samhlacha thomhas an phriacail iomláin ina sonrófar conas a dháiltear iad i bpunanna/i bhfophunanna a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith.
(b)	Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 455 de CRR tuairisc ar raon feidhme chur i bhfeidhm shamhlacha thomhas an phriacail iomláin a bhfuil cead tugtha ag an údarás inniúil ina leith. Déanfar sin a chomhlánú le faisnéis faoi na heintitis sa ghrúpa a úsáideann na samhlacha sin agus conas a léiríonn na samhlacha na samhlacha uile arna n-úsáid ar leibhéal an ghrúpa, lena n-áirítear le céatadán na gceanglas cistí dílse a chumhdaítear leis na samhlacha/nó má úsáidtear na samhlacha céanna IRC le haghaidh eintitis a bhfuil risíocht ar phriacal mhargaidh aige.
	Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d'Airteagal 455 de CRR maidir le saintréithe samhlacha thomhas an phriacail iomláin:
(c)	Tuairisc ghinearálta ar an modheolaíocht a úsáidtear i ndáil le trádáil chomhghaoil, lena n-áirítear na nithe seo as leanas:
(i)	Faisnéis faoi chur chuige an tsamhaltaithe fhoriomláin (rogha de chomhghaol na samhlacha idir mainneachtain/imirce agus difríochtaí: (i) próisis stocastaigh ar leithligh nó chomhghaolaithe lena spreagtar mainneachtain/imirce agus raon difríochta; (ii) raonta difríochta lena spreagtar imirce/mainneachtain; nó (iii) mainneachtain/imirce lena spreagtar raonta difríochta);
(ii)	Faisnéis a úsáidtear chun paraiméadair an bhunchomhghaoil a chalabrú: Praghsáil LGD (praghsáil chaillteanais i gcás mainneachtana) na dtráinsí (tráinsí seasmhacha nó stocastacha);
(iii)	Faisnéis faoin rogha maidir le suíomhanna a aosú (brabúis agus caillteanais bunaithe ar ghluaiseacht ionsamhlaithe an mhargaidh sa tsamhail arna ríomh bunaithe ar an méid ama go dtí go rachaidh gach suíomh in éag ag deireadh na tréimhse caipitil 1 bhliain nó tríd an méid ama go dtí go rachaidh siad in éag ar an dáta ríofa a úsáid);
(d)	Áireoidh institiúidí tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun tréimhsí leachtachta a chinneadh.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(e)	Áireoidh institiúidí tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh chun measúnú caipitil a dhéanamh atá comhsheasmhach leis an gcaighdeán fóntachta is gá.
(f)	Áireoidh institiúidí tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun na samhlacha a bhailíochtú.
(g)	San fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(iii) d'Airteagal 455 de CRR áireofar tuairisc ar an tástáil struis arna cur i bhfeidhm ar na paraiméadair samhaltaithe (príomhchásanna a forbraíodh chun saintréithe na bpunann a bhfuil feidhm ag samhlacha thomhas an phriacail iomláin maidir leo ar leibhéal an ghrúpa a ghabháil).
(h)	San fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 455 de CRR áireofar tuairisc ar an gcur chuige arna úsáid chun cruinneas agus comhsheasmhacht inmheánach na sonraí agus na bparaiméadar a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha thomhas an phriacail iomláin agus na próisis samhaltaithe a chúltástáil nó a bhailíochtú.
(i)	Comhlánóidh institiúidí an fhaisnéis nochta faoi na samhlacha inmheánacha le haghaidh priacal mainneachtana agus priacal imirce incriminteach agus le haghaidh punanna trádála comhghaoil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 455 maidir leis an meántréimhse leachtachta ualaithe le haghaidh fophunann, atá comhleanúnach leis an tuairisc a chuirtear ar fáil faoi rónna (B), (a) agus (d) agus (C) (a) agus (d) de thábla EU MRB.

Teimpléad EU MR2-A – Priacal margaidh faoi Mhodh na Samhla Inmheánaí (IMA): formáid sheasta

5. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 455 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU MR2-A a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**VaR** (luachanna níos airde a agus b)
a	*VaR an lae roimhe (VaRt-1)* Uimhir luacha faoi phriacal (VaR_{t-1}) don lá roimhe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 365(1) de CRR
b	*Fachtóir iolrúcháin (mc) x meánluach na 60 lá oibre roimhe (VaRavg)* Meán na n-uimhreacha luacha faoi phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 365(1) de CRR do gach lá den seasca lá gnó roimhe sin (VaR_{avg}), a iolraíodh faoin bhfachtóir iolrúcháin (mc) i gcomhréir le hAirteagal 366 de CRR
2	**SVaR** (luachanna níos airde a agus b)
a	*SVaR is déanaí atá ar fáil (SVaRt-1))* Uimhir luacha faoi phriacal struis is déanaí atá ar fáil ($sVaR_{t-1}$) arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 365(2) de CRR

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
b	*Fachtóir iolrúcháin (ms) x meánluach na 60 lá oibre roimhe (sVaRavg)* Meán na n-uimhreacha luacha faoi phriacal struis arna ríomh sa mhodh agus leis an minicíocht a shonraítear in Airteagal 365(2) de CRR le linn an seasca lá gnó roimhe sin ($sVaR_{avg}$), a iolraíodh faoin bhfachtóir iolrúcháin (ms) i gcomhréir le hAirteagal 366 de CRR
3	**IRC** (luachanna níos airde a agus b)
a	*An tomhas IRC is déanaí* An uimhir phriacail is déanaí le haghaidh priacal mainneachtana agus priacal imirce incriminteach i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR
b	*An meántomhas IRC 12 sheachtain* An mheánuimhir phriacail le haghaidh priacal mainneachtana agus priacal imirce incriminteach i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR le linn na 12 sheachtain roimhe sin
4	**Tomhas an phriacail iomláin** (luachanna níos airde a, b agus c)
a	*Tomhas an phriacail iomláin is déanaí a rinneadh* An uimhir phriacail is déanaí maidir leis an bpunann trádála comhghaoil arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5; de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR
b	*Méantomhas an phriacail iomláin le linn 12 sheachtain* Meán na huimhreach priacail maidir leis an bpunann trádála comhghaoil arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí CRR, le linn na 12 sheachtain roimhe sin
c	*Íostairseach thomhas an phriacail iomláin* 8 % den cheanglas cistí dílse, tráth a ríomhadh an uimhir priacal is déanaí dá dtagraítear i ró (a) den teimpléad seo, a bheadh ríofa i gcomhréir le hAirteagal 338(4) de CRR maidir leis na suíomhanna sin uile atá ionchorpraithe sa tsamhail inmheánach maidir leis an bpunann trádála comhghaoil
5	**Eile** Tagraíonn 'eile' do na cistí dílse breise arna gceangal ag maoirseoirí le haghaidh institiúidí a úsáideann modh na samhla inmheánaí le haghaidh priacal margaidh (*e.g.* caipiteal breise de réir Airteagal 101 de Threoir 2013/36/AE).
6	**Iomlán** (1+2+3+ 4+5)
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**RWEAnna** Nochtadh risíochtaí atá ualaithe ó thaobh priacal dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 438 de CRR, arna ríomh mar an luach i gcolún b arna iolrú faoi 12.5 i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92 (4) de CRR.
b	**Ceanglais cistí dílse** Ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh mar a chinntear iad i gCaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR i gcomhréir leis na treoracha i rónna 1 go 4 thuas.

Teimpléad EU MR2-B – Ráitis sreafa RWEA maidir le risíochtaí priacail margaidh faoi Mhodh na Samhlaí Inmheánaí: formáid sheasta

6. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 438 de CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU MR2-B a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

7. Nochtfaidh institiúidí na sreafaí RWEA mar na hathruithe idir na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh an tréimhse tagartha don nochtadh (mar a shonraítear thíos i ró 8) agus na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ag deireadh an dáta tagartha don nochtadh roimhe sin (mar a shonraítear thíos i ró 1; i gcás nochtuithe ráithiúla, deireadh ráithe roimh an ráithe den dáta tagartha nochta). Féadfaidh institiúidí a nochtuithe Cholún 3 a chomhlánú tríd an bhfaisnéis chéanna le haghaidh na dtrí ráithe roimhe sin a nochtadh.

8. Míneoidh institiúidí san insint a ghabhann leis an teimpléad na figiúirí a nochtar i ró 8 den teimpléad seo, *i.e.* aon spreagthaí eile a chuireann go suntasach le héagsúlachtaí RWEA.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**RWEAnna ag deireadh na tréimhse roimhe sin** Méideanna risíochtaí atá ualaithe ó taobh priacal ag deireadh na tréimhse roimhe sin a dhíorthaítear ó shuim na gceanglas cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 364 de CRR cé is moite de phointe (a) d'Airteagal 364 (2) CRR, agus aon chiste dílse breise arna cheangal ag maoirseoirí le haghaidh institiúidí a úsáideann modh na samhla inmheánaí le haghaidh priacal margaidh, arna n-iolrú faoi 12.5 i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92(4) de CRR
2	*Éagsúlachtaí i leibhéil priacail* Athruithe i ngeall ar athruithe suímh, seachas na hathruithe sin a spreagtar le hathruithe ar an mbeartas rialála
3	*Athruithe múnla* Nuashonruithe suntasacha ar an tsamhail chun an taithí le déanaí a léiriú (e.g. athchalabrú), chomh maith le hathruithe suntasacha ar raon feidhme an mhúnla. Má dhéantar níos mó ná nuashonrú múnla amháin, d'fhéadfadh rónna breise a bheith riachtanach.
4	*Modheolaíocht agus beartas* Athruithe modheolaíochta ar na ríomhanna arna spreagadh ag athruithe ar an mbeartas rialála
5	*Éadálacha agus diúscairtí* Modhnuithe i ngeall ar línte nó eintitis ghnó nó i ngeall ar línte nó eintitis táirgí a fháil nó a dhiúscairt
6	*Gluaiseachtaí malairte eachtraí* Athruithe a eascraíonn as gluaiseachtaí aistrithe airgeadra eachtraigh
7	*Eile* Úsáidfear an chatagóir seo chun athruithe nach féidir a chur i leith aon chatagóir spreagaithe a áirítear i rónna 2 go 6 den teimpléad seo a ghabháil, agus ní mór na mínithe maidir le cúiseanna na n-athruithe sin a chur ar fáil san insint a ghabhann leis.
8	**RWEAnna ag deireadh thréimhse an nochta** Méideanna risíochtaí atá ualaithe ó taobh priacal ag deireadh na tréimhse a dhíorthaítear ó shuim na gceanglas cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 364 de CRR cé is moite de phointe (a) d'Airteagal 364(2) de CRR, agus aon chiste dílse breise arna cheangal ag maoirseoirí le haghaidh institiúidí a úsáideann modh na samhla inmheánaí le haghaidh priacal margaidh, arna n-iolrú faoi 12.5 i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92(4) de CRR

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1a /1b/ 8a/8b	Úsáidfear rónna 1a/1b agus 8a/8b den teimpléad seo nuair is ionann an ceanglas maidir le RWEA/cistí dílse le haghaidh aon cheann de na colúin a go d den teimpléad seo agus an meán 60 lá (le haghaidh VaR agus SVaR) nó an meántomhas 12 sheachtain nó an tomhas urláir (le haghaidh IRC agus thomhas an phriacail iomláin) agus ní an ceanglas maidir le RWEA/cistí dílse ag deireadh na tréimhse (an tréimhse roimhe sin nó an tréimhse nochta) i gcomhréir le pointí (a)(i) agus (b)(i) d'Airteagal 364(1) agus pointe (b)(i) d'Airteagal 364(2) agus pointe (a) d'Airteagal 364(3) de CRR. Is éard a bheidh sa mhéid i rónna breise 1a agus 8b an difríocht idir an RWEA díorthaithe deiridh ar mheánbhearta, mar a nochtar i ró 1 nó 8 den teimpléad seo, agus na tomhais arna ndíorthú go díreach ó na múnlaí i rónna 1b/8ú den teimpléad seo. Sna cásanna sin, áirithítear le rónna breise le haghaidh coigeartú rialála (1a agus 8b den teimpléad seo) go bhfuil an institiúid in ann foinse na n-athruithe ar an gceanglas maidir le RWEA nó an ceanglas maidir le cistí dílse a sholáthar ar bhonn an tomhais cheangail deiridh maidir le RWEA nó cistí dílse ag deireadh na tréimhse (an tréimhse roimhe nó an tréimhse nochta), i rónna 1b agus 8a den teimpléad seo. Sa chás seo, le rónna 2, 3, 4, 5, 6, 7 den teimpléad seo réitítear an luach i ró 1b agus 8a ([5]) den teimpléad seo.
Litir an cholúin	**Míniú**
a	Príomhspreagthaithe luacha faoi phriacal (*VaR*) na n-athruithe le linn na tréimhse i gcomhréir le rónna (2) go (7) den teimpléad sin (ar bhonn meastachán réasúnta), athruithe ar na RWEAnna luacha faoi phriacal a dhíorthaítear ó na ceanglais cistí dílse i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 364(1) de CRR.
b	*SVaR (luach faoi phriacal struis)* Príomhspreagthaithe na n-athruithe le linn na tréimhse i gcomhréir le rónna (2) go (7) den teimpléad sin (ar bhonn meastacháin réasúnta) ar na RWEAnna luacha faoi phriacal struis a dhíorthaítear ó na ceanglais cistí dílse i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 364(1) de CRR, agus aon chiste dílse breise arna cheangal ag maoirseoirí
c	*IRC (muirear incriminteach priacail)* Príomhspreagthaithe na n-athruithe le linn na tréimhse i gcomhréir le rónna (2) go (7) den teimpléad sin (ar bhonn meastacháin réasúnta) ar na RWEAnna incriminteacha mainneachtana agus imirce a dhíorthaítear ó na ceanglais cistí dílse i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 364(2) de CRR, agus aon chiste dílse breise arna cheangal ag maoirseoirí
d	*Tomhas an phriacail iomláin* Príomhspreagthaithe na n-athruithe le linn na tréimhse i gcomhréir le rónna (2) go (7) den teimpléad seo (ar bhonn meastacháin réasúnta) ar na RWEAnna punann trádála comhghaoil a dhíorthaítear ó na ceanglais cistí dílse i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 364(3) de CRR, agus aon chiste dílse breise arna cheangal ag maoirseoirí
e	*Eile* Príomhspreagthaithe na n-athruithe le linn na tréimhse i gcomhréir le rónna (2) go (7) den teimpléad seo de RWEAnna ar bhonn chuir chuige na samhlacha nach dtuairiscítear i gcolúin (a) go (d)
f	Iomlán na RWEAnna (a + b + c + d + e)
g	Iomlán na gceanglas cistí dílse (f x 8 %)

([5]) Féach an léiriú ó Choiste Basel maidir le Maoirseacht Bhaincéireachta ar an mBanc le haghaidh Socruithe Idirnáisiúnta, *DIS Ceanglais maidir le Nochtadh DIS 99 Samplaí mionsonraithe,* Nollaig 2019.

Teimpléad EU MR3 – Luachanna IMA le haghaidh punanna trádála: formáid sheasta

9. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 455 CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU MR3 a léirítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	VaR (10 lá 99 %)
	Tomhas luacha faoi phriacal i gcomhréir le hAirteagal 365(1) de CRR
	Ní áireofar sna méideanna ceanglais maidir le cistí dílse breise i ndáil le cinneadh an mhaoirseora (maidir leis an iolraitheoir, mar shampla).
1 go 4	An tomhas is airde nó is ísle nó meántomhas luacha faoi phriacal laethúil le linn na tréimhse agus deireadh na tréimhse luacha faoi phriacal laethúil.
	SVaR (10 lá 99 %)
	Tomhas luacha faoi phriacal struis i gcomhréir le hAirteagal 365(2) de CRR
	Ní áireofar sna méideanna ceanglais cistí dílse breise maidir le cinneadh an mhaoirseora (iolraitheoir).
5 go 8	An tomhas is airde nó is ísle nó meántomhas an luacha faoi phriacal struis laethúil le linn na tréimhse agus deireadh a chur le luach laethúil faoi phriacal.
	IRC (99.9 %)
	Luach an phriacail incrimintigh mainneachtana agus imirce i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR
	Ní áireofar sna méideanna ceanglais cistí dílse breise maidir le cinneadh an mhaoirseora (iolraitheoir).
9 go 12	An tomhas is airde nó is ísle nó meántomhas IRC le linn na tréimhse agus tomhas laethúil luacha faoi phriacal deiridh tréimhse
	Tomhas an phriacail iomláin (99.9 %)
	Luach na bpunanna trádála comhghaoil i gcomhréir le Roinn 5 de Chaibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de CRR
13 go 16	An tomhas is airde nó is ísle nó meántomhas punann trádála comhghaoil le linn na tréimhse agus tomhas luacha faoi phriacal laethúil dheireadh na tréimhse
Litir an cholúin	**Míniú**
a	An tomhas is airde nó is ísle nó meántomhas thar an tréimhse nochta agus luachanna deireadh na tréimhse a chomhfhreagraíonn do rónna (1) go (16) den teimpléad seo

Teimpléad EU MR4 – Comparáid idir meastóireachtaí VaR agus gnóthachain nó caillteanais: Teimpléad solúbtha

10. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 455 de CRR, nochtfaidh institiúidí cairt a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, lena n-áirítear an fhaisnéis a léirítear sa tábla seo.

Tagairtí dlí agus treoracha	
	Míniú
	Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 455 de CRR luach an tomhais phriacail a úsáidtear chun críoch rialála i gcomhréir le hAirteagal 365(1) de CRR, calabraithe go tréimhse shealbhaíochta 1 lá i gcomparáid leis an leibhéal muiníne 99 % lena thorthaí trádála institiúide
	Tíolacfaidh institiúidí anailís ar 'eisiaigh' (eisceachtaí cúltástála de réir Airteagal 366 de CRR) i dtorthaí cúltástála, ina sonrófar na dátaí agus an farasbarr comhfhreagrach (VaR-P&L). Ba cheart ar a laghad príomhspreagaithe na n-eisceachtaí a bheith sonraithe san anailís. Nochtfaidh institiúidí comparáidí comhchosúla le haghaidh brabúis agus caillteanais agus brabús agus caillteanas iarbhír (*i.e.* ar bhonn athruithe hipitéiseacha ar luachanna punainne a tharlódh dá bhfanfadh suíomhanna deireadh lae gan athrú) de réir Airteagal 366 de CRR. Comhlánóidh institiúidí an fhaisnéis sin le faisnéis faoi ghnóthachain nó caillteanais iarbhír, agus go háirithe déanfaidh siad a shoiléiriú go bhfuil cúlchistí san áireamh iontu agus, mura bhfuil, conas a chomhtháthaítear cúlchistí sa phróiseas cúltástála.

Tábla EU ORA – Faisnéis cháilíochtúil faoi phriacal oibriúcháin

Boscaí téacs saorfhormáide chun faisnéis cháilíochtúil a nochtadh

Bunús dlí	Uimhir an ró	Faisnéis cháilíochtúil – Formáid shaor
Pointí (a), (b), (c) agus (d) d'Airteagal 435(1) de CRR	(a)	Cuspóirí agus beartais bainistíochta priacail a nochtadh
Airteagal 446 de CRR	(b)	Nochtadh na gcineálacha cur chuige chun measúnú a dhéanamh ar íoscheanglais cistí dílse
Airteagal 446 de CRR	(c)	Tuairisc ar chur chuige na modheolaíochta AMA a úsáideadh *(más infheidhme)*
Airteagal 454 de CRR	(d)	Nochtadh úsáid árachais le haghaidh maolú priacail san Ardmhodh Tomhais *(más infheidhme)*

Teimpléad EU OR1 – Ceanglais maidir le cistí dílse agus méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail

Gníomhaíochtaí baincéireachta		a	b	c	d	e
		Táscaire ábhartha			Ceanglais cistí dílse	Méid na risíochta ar phriacal
		Bliain-3	Bliain-2	An bhliain seo caite		
1	Gníomhaíochtaí baincéireachta faoi réir chur chuige an bhuntáscaire (BIA)					
2	Gníomhaíochtaí baincéireachta faoi réir an Chur Chuige Chaighdeánaithe (TSA) nó an Chur Chuige Mhalartaigh Chaighdeánaithe (ASA)					
3	*Faoi réir TSA:*					
4	*Faoi réir ASA:*					
5	Gníomhaíochtaí baincéireachta faoi réir Ardmhodhanna Tomhais AMA					

IARSCRÍBHINN XXXII

Treoracha le haghaidh na dteimpléad nochta maidir le priacal oibriúcháin

Tábla EU ORA – Faisnéis cháilíochtúil faoi phriacal oibriúcháin. Tábla solúbtha

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis a áirítear sa tábla seo agus Airteagal 435(1), Airteagal 446 agus Airteagal 454 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') a chur i bhfeidhm.

2. Leanfaidh institiúidí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo chun an tábla nochta maidir le Priacal Oibriúcháin EU ORA a léirítear in Iarscríbhinn XXXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	**Cuspóirí agus beartais bainistíochta priacail a nochtadh** I gcomhréir le hAirteagal 435(1) de CRR, nochtfaidh institiúidí a gcuspóirí agus beartais bainistíochta priacail maidir le priacal oibriúcháin, lena n-áirítear: — -na straitéisí agus na próisis; — struchtúr agus eagrú na feidhme bainistíochta priacal i gcás priacal oibriúcháin; — na tomhais phriacail agus rialála; — tuairisciú ar phriacal oibriúcháin; — na beartais maidir le priacail a fhálú agus a mhaolú.
(b)	**Nochtadh na gcineálacha cur chuige chun measúnú a dhéanamh ar íoscheanglais cistí dílse** Tabharfaidh institiúidí tuairisc ar na modhanna arna n-úsáid chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin a ríomh agus ar na modhanna chun priacal oibriúcháin a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. i gcás páirtúsáide na modeolaíochtaí, nochtfaidh institiúidí raon feidhme agus cumhdach na modheolaíochtaí éagsúla a úsáideadh.
(c)	**Tuairisc ar mhodheolaíocht an Ardmhodha Tomhais (AMA) a úsáideadh** (más infheidhme) Institiúidí a nochtfaidh an fhaisnéis maidir leis an bpriacal oibriúcháin i gcomhréir le hAirteagal 312(2) de CRR, nochtfaidh siad tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh, lena n-áirítear tuairisc ar na caighdeáin i dtaca leis na sonraí seachtracha agus inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 322(3) agus (4) de CRR.
(d)	**Úsáid árachais le haghaidh maolú priacail san Ardmhodh Tomhais a nochtadh** (más infheidhme) Soláthróidh institiúidí faisnéis faoi úsáid na n-árachas agus faoi shásraí aistrithe priacail eile um maolú priacail oibriúcháin agus Ardmhodhanna tomhais á n-úsáid acu i gcomhréir le hAirteagal 454 de CRR.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Teimpléad EU OR1 – Ceanglais maidir le cistí dílse agus méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail. Teimpléad seasta

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 446 agus 454 de CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun an teimpléad nochta maidir le priacal oibriúcháin EU OR1 a léirítear in Iarscríbhinn XXXI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú. Cuirtear faisnéis ar fáil sa teimpléad seo maidir leis na ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 312 go 324 (le haghaidh Priacal Oibriúcháin faoi Chur Chuige an Bhuntáscaire (BIA), faoin gCur Chuige Caighdeánaithe (TSA), faoin gCur Chuige Caighdeánaithe Malartach (ASA) agus faoi na hArdmhodhanna Tomhais (AMA)) de Theideal III de Chuid a Trí de CRR.

4. Déanfaidh institiúidí a úsáideann an BIA, SUT agus/nó ASA a shonrú sa insint a ghabhann leis an teimpléad más amhlaidh, ag deireadh na bliana airgeadais, go bhfuil an fhaisnéis atá á húsáid acu chun ceanglais cistí dílse a ríomh: a) bunaithe ar fhigiúirí iniúchta, nó: b) i gcás nach mbeidh siad ar fáil, bunaithe ar mheastacháin ghnó. Sa chás deireanach, sonróidh institiúidí aon chúinse eisceachtúil a d'eascair athruithe ar na figiúirí sin as (*e.g.* eintitis nó gníomhaíochtaí a bheith faighte mar éadáil nó a bheith diúscartha le déanaí).

Treoracha chun an teimpléad nochta EU OR1 a chomhlánú	
Colún	**Míniú**
a, b, c	**Táscaire ábhartha** Tagraíonn an téarma 'táscaire ábhartha' do 'shuim na n-eilimintí' ag deireadh na bliana airgeadais mar a shainmhínítear i dTábla 1 (i gcás institiúidí a úsáideann BIA) a áirítear in Airteagal 316(1) de CRR. I gcás institiúidí a úsáideann TSA nó ASA an 'táscaire ábhartha' ag deireadh na bliana airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 317 go 319 de CRR. Nochtfaidh institiúidí a úsáideann an táscaire ábhartha chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin (BIA, TSA agus ASA) a ríomh an táscaire ábhartha do na blianta faoi seach i gcolúin a go c den teimpléad seo. Thairis sin, i gcás ina n-úsáidtear cineálacha éagsúla cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 314 de CRR i dteannta a chéile, nochtfaidh institiúidí an táscaire ábhartha do na gníomhaíochtaí atá faoi réir AMA freisin. Nochtfaidh bainc AMA an táscaire ábhartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá faoi réir AMA freisin. Má tá níos lú ná 3 bliana de shonraí ar an 'táscaire ábhartha' ag an institiúid, sannfar na sonraí stairiúla atá ar fáil (figiúirí iniúchta) de réir tosaíochta do na colúin chomhfhreagracha sa teimpléad. Más rud é, mar shampla, nach bhfuil sonraí stairiúla ach aon bhliain amháin ar fáil, déanfar iad a nochtadh i gcolún c den teimpléad seo. Má mheastar é a bheith réasúnach, cuirfear na meastacháin réamhbhreathnaitheacha i gcolún b (meastachán na chéad bhliana eile) agus i gcolún a (meastachán na bliana + 2) den teimpléad sin. Thairis sin mura bhfuil aon sonraí stairiúla maidir le 'táscaire ábhartha' ar fáil, féadfaidh an institiúid meastacháin ghnó réamhbhreathnaitheacha a úsáideadh chun ceanglais cistí dílse a ríomh a nochtadh.
d	**Ceanglais cistí dílse** Na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a úsáidtear, i gcomhréir le hAirteagail 312 go 324 de CRR. Nochtar an méid a thig as sin i gcolún d den teimpléad sin.
e	**Méid na risíochta ar phriacal** Pointe (e) d'Airteagal 92(3) agus Airteagal 92(4) de CRR. Ceanglais cistí dílse i gcolún d den teimpléad sin arna n-iolrú faoi 12.5.
Ró	**Míniú**
1	**Gníomhaíochtaí baincéireachta faoi réir chur chuige an bhuntáscaire (BIA)** Léireofar sa ró seo na méideanna a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí atá faoi réir BIA chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin a ríomh (Airteagail 315 agus 316 de CRR).

Treoracha chun an teimpléad nochta EU OR1 a chomhlánú	
Colún	**Míniú**
2	**Gníomhaíochtaí baincéireachta faoi réir an Cur Chuige Caighdeánaithe (TSA) nó an Cur Chuige malartach Caighdeánaithe (ASA)** Léireofar sa ró seo na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an SUT agus ASA (Airteagail 317 go 320 de CRR).
3	**Faoi réir SUT** I gcás ina n-úsáidtear an SUT, áireofar sa táscaire ábhartha le haghaidh gach bliana faoi seach na réimeanna gnó ar fad mar a shainmhínítear i dtábla 2, in Airteagal 317 de CRR.
4	**Faoi réir ASA** Nochtfaidh na hinstitiúidí a úsáideann an ASA (Airteagal 319 de CRR) an táscaire ábhartha le haghaidh na mblianta faoi seach.
5	**Gníomhaíochtaí baincéireachta faoi réir Ardmhodhanna Tomhais AMA** Déanfar na sonraí ábhartha le haghaidh institiúidí AMA (Airteagal 312(2) agus Airteagail 321 go 323 de CRR) a nochtadh. I gcás cineálacha éagsúla cur chuige a úsáid le chéile i gcomhréir le hAirteagal 314 de CRR, nochtfar an táscaire ábhartha le haghaidh gníomhaíochtaí atá faoi réir AMA freisin. Nochtfaidh bainc AMA an táscaire ábhartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá faoi réir AMA freisin.

IARSCRÍBHINN XXXIII

Tábla EU REMA – Beartas luacha saothair

Tuairisceoidh institiúidí príomhghnéithe a mbeartas luacha saothair agus conas a chuireann siad chun feidhme iad. I gcás arb iomchuí tuairisceofar na gnéithe seo a leanas go háirithe:

Nochtuithe cáilíochtúla
(a) Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí a dhéanann maoirseacht ar luach saothair. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — Ainm, comhdhéanamh agus sainordú an phríomhchomhlachta (comhlacht bainistíochta nó coiste luacha saothair mar is infheidhme) a dhéanann maoirsiú ar an mbeartas luacha saothair agus líon na gcruinnithe a thionólann an príomhchomhlacht sin le linn na bliana airgeadais. — Comhairleoirí seachtracha a lorgaíodh a gcomhairle, an comhlacht a choimisiúnaigh iad, agus cé hiad réimsí an chreata luacha saothair. — Tuairisc ar réim feidhme bheartas luacha saothair na hinstitiúide (e.g. de réir réigiún, réimeanna gnó), lena n-áirítear a mhéid a bhfuil sé infheidhme maidir leis na fochuideachtaí agus brainsí atá lonnaithe i dtríú tíortha. — Tuairisc ar an bhfoireann nó catagóirí foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na n-institiúidí.
(b) Faisnéis a bhaineann le dearadh agus struchtúr an chórais luacha saothair don fhoireann aitheanta. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — Forléargas ar phríomhghnéithe agus ar phríomhchuspóirí an bheartais luacha saothair, agus faisnéis faoin bpróiseas cinnteoireachta a úsáidtear chun an beartas luacha saothair agus ról na bpáirtithe leasmhara a chinneadh. — Faisnéis faoi na critéir a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas agus chun priacal ex ante agus ex post a choigeartú. — Ar athbhreithnigh an comhlacht bainistíochta nó an coiste luacha saothair i gcás ina ndearna ceann a bhunú beartas luacha saothair na hinstitiúide le linn na bliana seo caite, agus más rud e gur athbhreithnigh, forléargas ar aon athrú a rinneadh, cúiseanna leis na hathruithe sin agus a dtionchar ar luach saothair. — Faisnéis faoin gcaoi a áirithíonn an institiúid go dtugtar luach saothair don fhoireann i bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh go neamhspleách. — Beartais agus critéir a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh bronnta luacha saothair inathraithe agus scaoilíocaíochtaí.
(c) Tuairisc ar na bealaí a gcuirtear priacail atá ann faoi láthair agus cinn a bheidh ann amach anseo san áireamh sna próisis luacha saothair. Áireofar i nochtuithe forléargas ar na príomhphriacail, ar a dtomhas agus ar an gcaoi a ndéanann na bearta sin difear do luach saothair.
(d) Na cóimheasa idir luach saothair seasta agus inathraithe a leagtar síos i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 94(1) de CRD.

Nochtuithe cáilíochtúla

(e) Tuairisc ar na bealaí lena bhféachann an institiúid leis an bhfeidhmíocht a nascadh leis na leibhéil luacha saothair le linn tréimhse tomhais feidhmíochta. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe:

— Forléargas ar na príomhchritéir feidhmíochta agus na príomh-mhéadrachtaí le haghaidh institiúidí, réimeanna gnó agus daoine aonair.

— forléargas ar an gcaoi a ndéantar méideanna luacha saothair inathraithe aonair a nascadh le feidhmíocht ar fud na hinstitiúide agus le feidhmíocht aonair.

— Faisnéis faoi na critéir a úsáidtear chun cothromaíocht a chinneadh idir cineálacha éagsúla ionstraimí arna mbronnadh lena n-áirítear scaireanna, leas úinéireachta coibhéiseach, roghanna agus ionstraimí eile.

— Faisnéis faoi na bearta a chuirfidh an institiúid chun feidhme chun luach saothair inathraithe a choigeartú má bhíonn na méadrachtaí feidhmíochta lag, lena n-áirítear critéir na hinstitiúide chun méadrachtaí feidhmíochta a chinneadh.

(f) Tuairisc ar na bealaí ina bhféachann an institiúid leis an luach saothair a choigeartú chun feidhmíocht fhadtéarmach a chur san áireamh. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe:

— Forléargas ar bheartas na hinstitiúide maidir le hiarchur, íoc amach in ionstraim, tréimhsí coinneála agus dílsiú luacha saothair inathraithe lena n-áirítear i gcás ina bhfuil sé difriúil i measc na foirne nó i measc na gcatagóirí foirne.

— Faisnéis faoi chritéir na hinstitiúide le haghaidh coigeartuithe ex-post (malus le linn iarchur nó aisghlámadh tar éis dílseacháin, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta).

— i gcás inarb infheidhme, ceanglais maidir le scairshealbhóireacht a d'fhéadfaí a fhorchur ar fhoireann aitheanta.

(g) Tuairisc ar phríomhpharaiméadair agus an réasúnacht atá le haon scéim comhpháirteanna athraitheacha agus le haon sochar neamhairgid eile i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 450(1) de CRR. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe:

— Faisnéis faoi na táscairí feidhmíochta sonracha a úsáidtear chun comhpháirteanna athraitheacha an luacha saothair a chinneadh agus na critéir a úsáidtear chun an chothromaíocht a chinneadh idir cineálacha éagsúla ionstraimí arna mbronnadh, lena n-áirítear scaireanna, leasanna úinéireachta coibhéiseacha, ionstraimí atá nasctha le scaireanna, ionstraimí coibhéiseacha neamh-airgead tirim, roghanna agus ionstraimí eile.

(h) Arna iarraidh sin don Bhallstát ábhartha nó don údarás inniúil ábhartha, luach saothair iomlán gach comhalta den chomhlacht bainistíochta nó den bhainistíocht shinsearach.

(i) Faisnéis maidir le cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann an institiúid tairbhe as maolú a leagtar síos in Airteagal 94(3) de CRD i gcomhréir le pointe (k) d;Airteagal 450(1) de CRR.

— Chun chríocha an phointe sin, cuirfidh institiúidí in iúl a bhaineann tairbhe as maolú den sórt sin cibé acu atá sé amhlaidh nó nach bhfuil mar gheall ar bhonn phointe (a) agus/nó phointe (b) d'Airteagal 94(3) de CRD. Cuirfidh siad prionsabail an luacha saothair in iúl freisin a gcuirfidh siad an maolú nó maoluithe i bhfeidhm maidir leo, líon na mball foirne a bhaineann tairbhe as an maolú nó na maoluithe agus an luach saothair iomlán atá acu, á ndeighilt ina luach saothair inathraitheach agus seasta.

(j) Nochtfaidh institiúidí móra a bhfaisnéis cháilíochtúil maidir le luach saothair a gcomhlachta comhbhainistíochta, agus idirdhealú á dhéanamh idir comhaltaí feidhmiúcháin agus neamh-fheidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 450(2) de CRR.

Teimpléad EU REM1 – Luach saothair a bhronntar don bhliain airgeadais

			a	b	c	d
			MB Feidhm mhaoirseachta	MB Feidhm bhainistíochta	Bainistíocht shinsearach eile	Foireann aitheanta eile
1	luach saothair seasta	Líon na foirne aitheanta				
2		Iomlán an luacha saothair seasta				
3		Ar a bhfuil: Bunaithe ar airgead tirim				
4		(Níl sin infheidhme san Aontas)				
EU-4 a		Ar a bhfuil: scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha				
5		Ar a bhfuil: ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha				
EU-5x		Ar a bhfuil: ionstraimí eile				
6		(Níl sin infheidhme san Aontas)				
7		Ar a bhfuil: cineálacha eile				
8		(Níl sin infheidhme san Aontas)				

			a	b	c	d
			MB Feidhm mhaoirseachta	MB Feidhm bhainistíochta	Bainistíocht shinsearach eile	Foireann aitheanta eile
9	Luach saothair inathraithe	Líon na foirne aitheanta				
10		Iomlán an luacha saothair inathraithe				
11		Ar a bhfuil: Bunaithe ar airgead tirim				
12		Ar a bhfuil: iarchurtha				
EU-13 a		Ar a bhfuil: scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha				
EU-14a		Ar a bhfuil: iarchurtha				
EU-13b		Ar a bhfuil: ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha				
EU-14b		Ar a bhfuil: iarchurtha				
EU-14x		Ar a bhfuil: ionstraimí eile				
EU-14y		Ar a bhfuil: iarchurtha				
15		Ar a bhfuil: cineálacha eile				
16		Ar a bhfuil: iarchurtha				
17	Iomlán an luacha saothair (2 + 10)					

Teimpléad EU REM2 – Íocaíochtaí speisialta leis an bhfoireann a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl priacail institiúidí (foireann aitheanta)

		a	b	c	d
		MB Feidhm mhaoirseachta	MB Feidhm bhainistíochta	Bainistíocht shinsearach eile	Foireann aitheanta eile
	Bronntaí luacha saothair ráthaithe				
1	Bronntaí luacha saothair ráthaithe – Líon na foirne aitheanta				
2	Bronntaí luacha saothair ráthaithe – An méid iomlán				
3	Lena n-áirítear bronntaí luacha saothair inathraithe ráthaithe a íocadh le linn na bliana airgeadais, nach gcuirtear san áireamh san uasteorainn bhónais				
	Na scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe seo a íocadh amach le linn na bliana airgeadais				
4	Na scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe seo a íocadh amach le linn na bliana airgeadais – Líon na foirne aitheanta				
5	Na scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe seo a íocadh amach le linn na bliana airgeadais – An méid iomlán				
	Na scaoilíocaíochtaí a bronnadh le linn na bliana airgeadais				
6	Na scaoilíocaíochtaí a bronnadh le linn na bliana airgeadais – Líon na foirne aitheanta				
7	Na scaoilíocaíochtaí a bronnadh le linn na bliana airgeadais – An méid iomlán				
8	A bronnadh le linn na bliana airgeadais				
9	Atá iarchurtha				
10	A íocadh le linn na bliana airgeadais, nár cuireadh san áireamh san uasteorainn bhónais				
11	A bronnadh an íocaíocht is airde ar dhuine aonair				

Teimpléad EU REM3 – Luach saothair iarchurtha

		a	b	c	d	e	f	EU - g	EU - h
	Luach saothair iarchurtha agus coinnithe	Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha a bronnadh do thréimhsí feidhmíochta roimhe seo	An méid atá le dílsiú sa bhliain airgeadais	Lena n-áirítear dílsiú i mblianta airgeadais ina dhiaidh sin	Méid an choigeartaithe feidhmíochta a rinneadh le linn na bliana airgeadais ar luach saothair iarchurtha a bhí le dílsiú sa bhliain airgeadais	Méid an choigeartaithe feidhmíochta a rinneadh le linn na bliana airgeadais ar luach saothair iarchurtha a bhí le dílsiú sna blianta feidhmíochta amach anseo	Méid iomlán an choigeartaithe le linn na bliana airgeadais de bharr choigeartuithe intuigthe (*i.e.* luach an luacha saothair inchurtha de bharr athruithe ar phraghsanna ionstraimí)	Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha arna bhronnadh roimh an mbliain airgeadais arna íoc go hiarbhír sa bhliain airgeadais	Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha arna bhronnadh le haghaidh na tréimhse feidhmíochta roimhe sin a dílsíodh ach atá faoi réir tréimhsí coinneála
1	MB Feidhm mhaoirseachta								
2	Bunaithe ar airgead tirim								
3	Scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha								
4	Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha								
5	Ionstraimí eile								
6	Cineálacha eile								
7	MB Feidhm bhainistíochta								
8	Bunaithe ar airgead tirim								
9	Scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha								
10	Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha								
11	Ionstraimí eile								

		a	b	c	d	e	f	EU - g	EU - h
	Luach saothair iarchurtha agus coinnithe	Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha a bronnadh do thréimhsí feidhmíochta roimhe seo	An méid atá le dílsiú sa bhliain airgeadais	Lena n-áirítear dílsiú i mblianta airgeadais ina dhiaidh sin	Méid an choigeartaithe feidhmíochta a rinneadh le linn na bliana airgeadais ar luach saothair iarchurtha a bhí le dílsiú sa bhliain airgeadais	Méid an choigeartaithe feidhmíochta a rinneadh le linn na bliana airgeadais ar luach saothair iarchurtha a bhí le dílsiú sna blianta feidhmíochta amach anseo	Méid iomlán an choigeartaithe le linn na bliana airgeadais de bharr choigeartuithe intuigthe (*i.e.* luach an luacha saothair inchurtha de bharr athruithe ar phraghsanna ionstraimí)	Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha arna bhronnadh roimh an mbliain airgeadais arna íoc go hiarbhír sa bhliain airgeadais	Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha arna bhronnadh le haghaidh na tréimhse feidhmíochta roimhe sin a dílsíodh ach atá faoi réir tréimhsí coinneála
12	Cineálacha eile								
13	Bainistíocht shinsearach eile								
14	Bunaithe ar airgead tirim								
15	Scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha								
16	Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha								
17	Ionstraimí eile								
18	Cineálacha eile								
19	Foireann aitheanta eile								
20	Bunaithe ar airgead tirim								
21	Scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha								
22	Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha								
23	Ionstraimí eile								
24	Cineálacha eile								
25	Méid Iomlán								

Teimpléad EU REM4 – Luach saothair EUR 1 milliún nó níos mó in aghaidh na bliana

		a
	EUR	Baill den fhoireann aitheanta ar lucht ardioncaim iad mar a leagtar amach in Airteagal 450(i) de CRR
1	1 000 000 go dtí faoi bhun 1 500 000	
2	1 500 000 go dtí faoi bhun 2 000 000	
3	2 000 000 go dtí faoi bhun 2 500 000	
4	2 500 000 go dtí faoi bhun 3 000 000	
5	3 000 000 go dtí faoi bhun 3 500 000	
6	3 500 000 go dtí faoi bhun 4 000 000	
7	4 000 000 go dtí faoi bhun 4 500 000	
8	4 500 000 go dtí faoi bhun 5 000 000	
9	5 000 000 go dtí faoi bhun 6 000 000	
10	6 000 000 go dtí faoi bhun 7 000 000	
11	7 000 000 go dtí faoi bhun 8 000 000	
x	Síniú a chur leis mar is iomchuí, má tá gá le bandaí íocaíochta breise.	

Teimpléad EU REM5 – Faisnéis faoin bhfoireann a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na n-institiúidí (foireann aitheanta)

		a	b	c	d	e	f	g	h	i	j
		Luach saothair an chomhlachta bhainistíochta			Réimsí gnó						
		MB Feidhm mhaoirseachta	MB Feidhm bhainistíochta	Iomlán MB	Baincéireacht infheistíochta	Baincéireacht mhiondíola	Bainistíocht sócmhainní	Feidhmeanna corparáideacha	Feidhmeanna neamhspleácha rialaithe inmheánaigh	Gach ceann eile	Iomlán
1	Líon iomlán na foirne aitheanta										
2	Ar a bhfuil: comhaltaí MB										
3	Ar a bhfuil: bainistíocht shinsearach eile										
4	Ar a bhfuil: baill eile den fhoireann aitheanta										
5	Luach saothair iomlán na foirne aitheanta										
6	Ar a bhfuil: luach saothair inathraithe										
7	Ar a bhfuil: luach saothair seasta										

IARSCRÍBHINN XXXIV

Treoracha maidir le nochtadh na dteimpléad beartais luacha saothair

Tábla EU REMA – Beartas luacha saothair: Formáid sholúbtha

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (d), (e), (f), (j) agus (k) d'Airteagal 450(1) agus Airteagal 450(2) de CRR ([1]) trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun tábla EU REMA a léirítear in Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

2. Tá formáid sholúbtha ag an tábla seo. I gcás ina gcuireann institiúidí formáid dhifriúil i bhfeidhm, cuirfidh siad faisnéis ar fáil atá inchomparáide leis an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an tábla seo, ar faisnéis í a bhfuil an leibhéal gráinneachta céanna aici agus lena n-áirítear an fhaisnéis uile maidir leis an tsubstaint is gá.

3. Chun críoch an tábla seo agus na teimpléad a mhínítear san Iarscríbhinn seo, ciallaíonn bronnadh luach saothair inathraithe a dheonú le haghaidh tréimhse fabhrúcháin ar leith, beag beann ar an bpointe ama iarbhír a n-íoctar an tsuim a bronnadh.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(a)	Faisnéis a bhaineann leis na comhlachtaí a mhaoirsíonn luach saothair. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — ainm, comhdhéanamh agus sainordú an phríomhchomhlachta (an comhlacht bainistíochta agus an coiste luacha saothair nuair atá sé bunaithe) a dhéanann maoirseacht ar an mbeartas luacha saothair agus ar líon na gcruinnithe a thionóil an príomhchomhlacht sin le linn na bliana airgeadais; — sainchomhairleoirí seachtracha a bhfuil a gcomhairle á lorg, an comhlacht a choimisiúnaigh iad, agus réimsí den chreat luacha saothair; — tuairisc ar réim feidhme bheartas luacha saothair na hinstitiúide (*e.g.* de réir réigiún, réimeanna gnó), lena n-áirítear a mhéid a bhfuil sé infheidhme maidir leis na fochuideachtaí agus brainsí atá lonnaithe i dtríú tíortha; — tuairisc ar an bhfoireann nó catagóirí foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na n-institiúidí (foireann aitheanta).
(b)	Faisnéis maidir le dearadh agus struchtúr an chórais luacha saothair don fhoireann aitheanta. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — forléargas ar phríomhghnéithe agus ar phríomhchuspóirí an bheartais luacha saothair, agus faisnéis faoin bpróiseas cinnteoireachta a úsáidtear chun an beartas luacha saothair agus ról na ngeallsealbhóirí ábhartha a chinneadh (*e.g.* cruinniú na scairshealbhóirí); — faisnéis maidir leis na critéir a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas agus coigeartú priacal *ex ante* agus *ex post*; — an ndearna an comhlacht bainistíochta agus an coiste luacha saothair, i gcás ina bhfuil ceann bunaithe, athbhreithniú ar bheartas luacha saothair na hinstitiúide le linn na bliana a chuaigh thart, agus má rinne, forléargas ar aon athrú a rinneadh, na cúiseanna atá leis na hathruithe sin agus a dtionchar ar luach saothair; — faisnéis faoin gcaoi a n-áirithíonn an institiúid go n-íoctar luach saothair na foirne i bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh go neamhspleách ar na gnólachtaí a ndéanann siad maoirseacht orthu; — beartais agus critéir a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh bronnta luacha saothair inathraithe agus scaoilíocaíochtaí.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(c)	Tuairisc ar na bealaí ina gcuirtear priacail reatha agus priacail a bheidh ann amach anseo san áireamh sna próisis luacha saothair Áireofar i nochtuithe forléargas ar na príomhphriacail, ar a dtomhas agus ar an gcaoi a ndéanann na bearta sin difear do luach saothair.
(d)	Na cóimheasa idir luach saothair seasta agus inathraithe a leagtar síos i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 94(1) de Threoir (AE) 2013/36 ('CRD') ([2])
(e)	Tuairisc ar na bealaí ina bhféachann an institiúid leis an bhfeidhmíocht a nascadh leis na leibhéil luacha saothair le linn tréimhse tomhais feidhmíochta Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — forléargas ar na príomhchritéir feidhmíochta agus na príomh-mhéadrachtaí le haghaidh institiúidí, réimeanna gnó agus daoine aonair. — forléargas ar an gcaoi a ndéantar méideanna luacha saothair inathraithe aonair a nascadh le feidhmíocht ar fud na hinstitiúide agus le feidhmíocht aonair. — faisnéis faoi na critéir a úsáidtear chun cothromaíocht a chinneadh idir cineálacha éagsúla ionstraimí arna mbronnadh lena n-áirítear scaireanna, leas úinéireachta coibhéiseach, roghanna agus ionstraimí eile — faisnéis faoi na bearta a chuirfidh an institiúid chun feidhme chun luach saothair inathraithe a choigeartú má bhíonn na méadrachtaí feidhmíochta lag, lena n-áirítear critéir na hinstitiúide chun méadrachtaí feidhmíochta a chinneadh nuair a mheastar na méadrachtaí feidhmíochta a bheith 'lag'. I gcomhréir le pointe (n) d'Airteagal 94(1) de CRD, ní mór bonn cirt a bheith leis an luach saothair inathraithe atá le híoc nó le dílsiú ar bhonn fheidhmíocht na hinstitiúide, an aonaid ghnó agus an duine aonair lena mbaineann. Míneoidh institiúidí na critéir/na tairseacha lena gcinnfear go bhfuil an fheidhmíocht lag agus nach dtugann sin údar gur féidir an luach saothair inathraithe a íoc nó a dhílsiú.
(f)	Tuairisc ar na bealaí ina bhféachann an institiúid leis an luach saothair a choigeartú chun feidhmíocht fhadtéarmach a chur san áireamh Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — forléargas ar bheartas na hinstitiúide maidir le hiarchur, íoc amach i bhfoirm ionstraimí, tréimhsí coinneála agus dílsiú luacha saothair inathraithe lena n-áirítear i gcás ina bhfuil sé difriúil i measc na foirne nó i measc na gcatagóirí foirne. — faisnéis ar chritéir na hinstitiúide maidir le coigeartuithe *ex post* (malus le linn iarchurtha agus aisghlámadh tar éis an dílsithe, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta). — i gcás inarb infheidhme, ceanglais maidir le scairshealbhóireacht a d'fhéadfaí a fhorchur ar bhaill foirne shainaitheanta.
(g)	Tuairisc ar na príomhpharaiméadair agus an réasúnaíocht atá le haon scéim comhpháirteanna athraitheacha agus le haon sochar neamhairgid eile, dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 450(1) de CRR. Áireofar an méid seo a leanas i nochtuithe: — Faisnéis faoi na táscairí priacail/feidhmíochta sonracha a úsáidtear chun comhpháirteanna athraitheacha an luacha saothair a chinneadh agus na critéir a úsáidtear chun an chothromaíocht a chinneadh idir cineálacha éagsúla ionstraimí arna mbronnadh, lena n-áirítear scaireanna, leasanna úinéireachta coibhéiseacha, ionstraimí atá nasctha le scaireanna, ionstraimí coibhéiseacha neamh-airgead tirim, roghanna agus ionstraimí eile.
(h)	Arna iarraidh sin don Bhallstát ábhartha nó don údarás inniúil ábhartha, luach saothair iomlán gach comhalta den chomhlacht bainistíochta nó den bhainistíocht shinsearach, dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 450(1) de CRR

([2]) TREOIR 2013/36/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
(i)	Faisnéis maidir le cibé acu a bhaineann an institiúid tairbhe as maolú nó nach mbaineann a leagtar síos le hAirteagal 94(3) de CRD, dá dtagraítear i bpointe (k) d'Airteagal 450(1) de CRR Chun chríocha an phointe sin, cuirfidh institiúidí in iúl a bhaineann tairbhe as maolú den sórt sin cibé acu atá sé amhlaidh nó nach bhfuil mar gheall ar bhonn phointe (a) agus/nó phointe (b) d'Airteagal 94(3) de CRD. Cuirfidh siad ceanglais an luacha saothair in iúl freisin a gcuirfidh siad an maolú nó maoluithe, (*i.e.* pointe (l) agus/nó (m) agus/nó (o) d'Airteagal 94(1) de CRD), i bhfeidhm maidir leo, líon na mball foirne a bhaineann tairbhe as an maolú nó na maoluithe agus an luach saothair iomlán atá acu, á ndeighilt ina luach saothair inathraitheach agus seasta.
(j)	Nochtfaidh institiúidí móra an fhaisnéis chainníochtúil faoi luach saothair chomhlacht comhbhainistíochta, agus idirdhealú á dhéanamh idir comhaltaí feidhmiúcháin agus comhaltaí neamhfheidhmiúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 450(2) de CRR.

Teimpléad EU REM1 – Luach saothair a bhronntar don bhliain airgeadais: Formáid sheasta

4. Cuirfidh institiúidí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo i bhfeidhm maidir le teimpléad iomlán EU REM1 mar a léirítear in Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, i gcur i bhfeidhm phointe (h)(i)-(ii) d'Airteagal 450(1) de CRR.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1 agus 9	Líon na foirne aitheanta Líon na foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na n-institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 92 de CRD agus an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le foireann aitheanta ([3]) lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 94(2) de CRD (foireann aitheanta) agus tairbhithe na gcomhdhéanamh luacha saothair a liostaítear sa teimpléad seo. Déanfar é a ríomh leis an gcur chuige FTE (coibhéiseach lánaimseartha) le haghaidh foireann shonrach seachas comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus nochtfar an líon foirne mar líon na ndaoine.
2	Iomlán an luacha saothair sheasta Suim na méideanna i rónna 3 go 7 den teimpléad seo
3	Ar a bhfuil: Bunaithe ar airgead tirim Méid an luacha saothair atá bunaithe ar airgead tirim laistigh den luach saothair seasta
EU-4 a	Ar a bhfuil: scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha Suim na méideanna scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha, faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (l)(i) d'Airteagal 94(1) CRD, laistigh den luach saothair seasta.
5	Ar a bhfuil: Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha Suim na méideanna ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha dá dtagraítear i bpointe (l)(i) d'Airteagal 94(1) de CRD, laistigh den luach saothair seasta
EU-5x	Ar a bhfuil: ionstraimí eile Méid na n-ionstraimí eile dá dtagraítear i bpointe (l)(ii) d'Airteagal 94(1) de CRD, laistigh den luach saothair seasta

([3]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) Uimh. 604/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 4 Márta 2014 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i leith critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla iomchuí chun catagóirí foirne a shainaithint a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl priacail institiúide (IO L 167, 6.6.2014, lch. 30).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
7	Ar a bhfuil: cineálacha eile Méideanna an luacha saothair sheasta arna mbronnadh don bhliain airgeadais nach bhfuil nochta i rónna eile faoi cheannteideal iomlán an luacha saothair sheasta D'fhéadfaí a áireamh leis sin ranníocaíochtaí pinsin rialta comhréireacha, nó sochair (i gcás nach dtugtar aird ar aon chritéir feidhmíochta sna sochair sin), dá dtagraítear in aithris (64) de CRD nó cineálacha eile luacha saothair amhail liúntais ghluaisteáin.
10	Iomlán an luacha saothair inathraithe Suim na méideanna i rónna 11, EU-13a, EU-13b, EU-14x agus 15 den teimpléad seo Suim na gcomhpháirteanna luacha saothair uile nach luach saothair seasta iad a nochtar i ró 2 den teimpléad seo, lena n-áirítear íocaíochtaí inathraithe ráthaithe agus scaoilíocaíochtaí arna mbronnadh i rith na bliana sin.
11	Ar a bhfuil: bunaithe ar airgead tirim Méid an luacha saothair atá bunaithe ar airgead tirim laistigh den luach saothair inathraithe
12, EU-14a, EU-14b, EU-14y agus 16	Ar a bhfuil: iarchurtha Méideanna an luacha saothair inathraithe de réir cineálacha éagsúla comhpháirte a iarchuirtear, arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD.
EU-13 a	Ar a bhfuil: scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha Suim na méideanna scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha, faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (l)(i) d'Airteagal 94(1) CRD, laistigh den luach saothair inathraithe
EU-13b	Ar a bhfuil: Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha Suim na méideanna ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha dá dtagraítear i bpointe (l)(i) d'Airteagal 94(1) de CRD, laistigh den luach saothair inathraithe
EU-14x	Ar a bhfuil: ionstraimí eile Méid na n-ionstraimí eile dá dtagraítear i bpointe (l)(ii) d'Airteagal 94(1) CRD, laistigh den luach saothair inathraithe
15	Ar a bhfuil: cineálacha eile Méideanna an luacha saothair inathraithe arna mbronnadh don bhliain airgeadais nach iad siúd iad atá nochta i rónna eile faoin gceannteideal luacha saothair inathraithe
17	Iomlán an luacha saothair Suim na méideanna i rónna 2 go 10 den teimpléad seo.
Litir an cholúin	**Míniú**
a	MB Feidhm mhaoirseachta An Comhlacht Bainistíochta ag gníomhú ina fheidhm mhaoirseachta, ina cháil mar an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na bainistíochta, mar a shainmhínítear i bpointe (8) d'Airteagal 3(1) de CRD Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar líon na ndaoine. I gcomhréir le hAirteagal 13 de CRR, nochtfaidh máthairinstitiúidí an Aontais an fhaisnéis sin ar bhonn a gcáis chomhdhlúite agus nochtfaidh fochuideachtaí móra máthairinstitiúidí an Aontais an fhaisnéis sin ar bhonn aonair nó, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le CRD, ar bhonn fo-chomhdhlúite. Sa cholún seo léireoidh an t-eintiteas nochta faisnéis maidir lena chomhlacht bainistíochta. Más ar an leibhéal comhdhlúite nó ar an leibhéal fo-chomhdhlúite a dhéantar an nochtadh de réir Airteagail 6 agus 13 de CRR, nochtfar an fhaisnéis faoi bhaill foirne aitheanta chomhlachtaí bainistíochta na bhfochuideachtaí faoin réimse gnó ábhartha

Litir an cholúin	Míniú
b	MB Feidhm bhainistíochta Comhaltaí an Chomhlachta Bainistíochta, atá freagrach as a fheidhmeanna Bainistíochta Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar líon na ndaoine. Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar líon na ndaoine. I gcomhréir le hAirteagal 13 de CRR. Nochtfaidh máthairinstitiúidí an Aontais an fhaisnéis sin ar bhonn a gcáis chomhdhlúite agus nochtfaidh fochuideachtaí móra máthairinstitiúidí an Aontais an fhaisnéis sin ar bhonn aonair nó, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an Treoir um Cheanglais Chaipitil (CRD), ar bhonn fo-chomhdhlúite. Léireoidh an t-eintiteas nochta faisnéis faoina gcomhlacht bainistíochta sa cholún sin. Más ar an leibhéal comhdhlúite nó ar an leibhéal fo-chomhdhlúite a dhéantar an nochtadh de réir Airteagail 6 agus 13 de CRR, nochtfar an fhaisnéis faoi bhaill foirne aitheanta chomhlachtaí bainistíochta na bhfochuideachtaí faoin réimse gnó ábhartha
c	Bainistíocht shinsearach eile Bainistíocht shinsearach mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 3(1) de CRD Nochtfaidh institiúidí líon na mbainisteoirí sinsearacha nach nochtar faoin gComhlacht Bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta agus mar Fhoireann aitheanta eile. Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar FTE.
d	Foireann aitheanta eile Foireann nach í foireann an Chomhlachta Bainistíochta ina fheidhm Mhaoirseachta nó ina fheidhm Bhainistíochta í, agus foireann nach foireann na bainistíochta sinsearaí í, a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na hinstitiúide i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le foireann aitheanta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 94(2) de CRD agus, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar chritéir na n-institiúidí Féadfaidh institiúidí an miondealú de réir réimsí gnó a mholtar i dteimpléad EU REM5 a áireamh sa teimpléad seo. Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar FTE.

Teimpléad EU REM2 – Íocaíochtaí speisialta leis an bhfoireann a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl priacail institiúidí (foireann aitheanta): Formáid sheasta

5. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h)(v)-(vii) d'Airteagal 450(1) CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU REM2 a léirítear in Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1, 4 agus 6	**Líon na foirne aitheanta** Líon na foirne aitheanta a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na n-institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 92 de CRD agus an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le foireann aitheanta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 94(2) de CRD, i gcás gach comhpháirte sonraí luacha saothair I gcás colúin a agus b (MB) den teimpléad seo beidh an luach bunaithe ar líon na ndaoine. I gcás colúin c agus d den teimpléad seo ríomhfar an luach tríd an modh FTE (coibhéis lánaimseartha) a úsáid. Tagraíonn ró 4 den teimpléad seo do scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe sin agus a íocadh amach le linn na bliana airgeadais (an bhliain reatha) agus tagraíonn ró 6 den teimpléad seo do thréimhsí a bronnadh le linn na bliana airgeadais (an bhliain reatha).
2	**Bronntaí luacha saothair inathraithe ráthaithe – An méid iomlán** Méid na mbronntaí luacha saothair inathraithe ráthaithe, dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 94(1) de CRD.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
3	**Lena n-áirítear bronntaí luacha saothair inathraithe ráthaithe a íocadh le linn na bliana airgeadais, nach gcuirtear san áireamh san uasteorainn bhónais** Méideanna na mbronntaí luacha saothair inathraithe ráthaithe dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 94(1) de CRD arna mbronnadh le linn na bliana airgeadais (an bhliain reatha), nach gcuirtear san áireamh san uasteorainn bhónais Maidir leis an bhfaisnéis nochta dá dtagraítear i bpointe (g) agus i bpointe (h)(v)-(vi) d'Airteagal 450(1) de CRR, luafaidh institiúidí go soiléir an léiríonn an fhaisnéis chainníochtúil chomhiomlán maidir le luach saothair, arna miondealú de réir réimse gnó, an uasteorainn bhónais nuair a bheidh íocaíochtaí comharthaíochta agus scaoilíocaíochtaí nua i gceist.
5	**na scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe seo, a íocadh amach le linn na bliana airgeadais – An méid iomlán** Méid na scaoilíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 94(1) de CRD, a bronnadh le linn na tréimhsí roimhe sin agus a íocadh le linn na bliana airgeadais (an bhliain reatha)
7	**Ar díobh sin, scaoilíocaíochtaí a bronnadh i rith na bliana airgeadais – An méid iomlán** Méid na scaoilíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 94(1) de CRD, a bronnadh le linn na bliana airgeadais (an bhliain reatha)
8	**Ar díobh sin, scaoilíocaíochtaí arna mbronnadh le linn na bliana airgeadais – Íoctha le linn na bliana airgeadais** Méid na scaoilíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 94(1) de CRD, a bronnadh le linn na bliana airgeadais a íocadh le linn na bliana airgeadais
9	**Ar díobh sin, scaoilíocaíochtaí a bronnadh i rith na bliana airgeadais – Iarchurtha** Méideanna na scaoilíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 94(1) de CRD, a bronnadh le linn na bliana airgeadais, a iarchuirtear, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD
10	**Lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí a íocadh le linn na bliana airgeadais, nach gcuirtear san áireamh san uasteorainn bhónais** Méideanna na scaoilíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 94(1) de CRD, arna n-íoc le linn na bliana airgeadais, nach gcuirtear san áireamh san uasteorainn bhónais Maidir leis an bhfaisnéis nochta dá dtagraítear i bpointe (g) agus i bpointe (h)(v)-(vi) d'Airteagal 450(1) de CRR, luafaidh institiúidí go soiléir an léiríonn an fhaisnéis chainníochtúil chomhiomlán maidir le luach saothair, arna miondealú de réir réimse gnó, an uasteorainn bhónais nuair a bheidh íocaíochtaí comharthaíochta agus scaoilíocaíochtaí nua i gceist.
11	**Ar díobh sin, scaoilíocaíochtaí a bronnadh i rith na bliana airgeadais – An íocaíocht is airde a bronnadh ar dhuine aonair** Méid na scaoilíocaíochta is airde, dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 94(1) de CRD, a bronnadh ar dhuine aonair le linn na bliana airgeadais.
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**MB Feidhm mhaoirseachta** An Comhlacht Bainistíochta ag gníomhú ina fheidhm Mhaoirseachta, ina cháil mar an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na bainistíochta, mar a shainmhínítear i bpointe (8) d'Airteagal 3(1) de CRD (Líon na ndaoine)
b	**MB Feidhm bhainistíochta** Comhaltaí an Chomhlachta Bainistíochta, atá freagrach as a fheidhmeanna Bainistíochta (Líon na ndaoine)

Litir an cholúin	Míniú
c	**Bainistíocht shinsearach eile** Bainistíocht shinsearach mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 3(1) de CRD Nochtfaidh institiúidí líon na mbainisteoirí sinsearacha nach nochtar faoin gComhlacht Bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta agus mar Fhoireann aitheanta eile (FTE).
d	**Foireann aitheanta eile** Foireann nach í foireann an Chomhlachta Bainistíochta ina fheidhm Mhaoirseachta nó ina fheidhm Bhainistíochta í, agus foireann nach foireann na bainistíochta sinsearaí í, a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na hinstitiúide i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le foireann aitheanta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 94(2) de CRD agus, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar chritéir na n-institiúidí Féadfaidh institiúidí an miondealú de réir réimsí gnó a mholtar i dteimpléad EU REM5 (FTE) a áireamh sa teimpléad seo.

Teimpléad EU REM3 –Luach saothair iarchurtha: Formáid sheasta

6. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (h)(iii)-(iv) d'Airteagal 450(1) CRR trí na treoracha a leanúint dá bhforáiltear thíos san Iarscríbhinn seo chun teimpléad EU REM3 a léirítear in Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**MB Feidhm mhaoirseachta** An Comhlacht Bainistíochta ag gníomhú ina fheidhm mhaoirseachta, ina cháil mar an comhlacht bainistíochta ag gníomhú dó ina ról maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na bainistíochta, mar a shainmhínítear i bpointe (8) d'Airteagal 3(1) de CRD Suim na méideanna i rónna 2, 3, 4, 5, agus 6 den teimpléad seo
2, 8, 14 agus 20	**Bunaithe ar airgead tirim** Méid an luacha saothair atá bunaithe ar airgead tirim laistigh den luach saothair inathraithe
3, 9, 15 agus 21	**Scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha** Suim na méideanna scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha, faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (l)(i) d'Airteagal 94(1) de CRD, laistigh den luach saothair inathraithe
4, 10, 16 agus 22	**Ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha** Suim na méideanna ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha dá dtagraítear i bpointe (l)(i) d'Airteagal 94(1) de CRD, laistigh den luach saothair inathraithe
5, 11, 17 agus 23	**Ionstraimí eile** Méid na n-ionstraimí eile dá dtagraítear i bpointe (l)(ii) d'Airteagal 94(1) CRD, laistigh den luach saothair inathraithe
6, 12, 18 agus 24	**Cineálacha eile** Méideanna an luacha saothair inathraithe seachas méideanna an luacha saothair a nochtar i rónna 'Bunaithe ar airgead tirim', 'Scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha, faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann nó ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí coibhéiseacha neamhairgid' agus 'Ionstraimí eile' D'fhéadfaí a áireamh leis sin ranníocaíochtaí pinsin rialta comhréireacha, nó sochair (i gcás nach ndéantar breithniú ar na sochair sin ar aon chritéar feidhmíochta), dá dtagraítear in aithris (64) de CRD, nó cineálacha eile luacha saothair amhail liúntais ghluaisteáin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
7	**MB Feidhm bhainistíochta** Comhaltaí an Chomhlachta Bainistíochta, atá freagrach as a fheidhmeanna Bainistíochta; suim na méideanna i rónna 8, 9, 10, 11, agus 12 den teimpléad seo.
13	**Bainistíocht shinsearach eile** Bainistíocht shinsearach mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 3(1) de CRD; suim na méideanna i rónna 14, 15, 16, 17, agus 18 den teimpléad seo Nochtfaidh institiúidí líon na mbainisteoirí sinsearacha nach nochtar faoin gComhlacht Bainistíochta ag gníomhú ina fheidhm bhainistíochta agus mar Fhoireann aitheanta eile.
19	**Foireann aitheanta eile** Foireann nach í foireann an Chomhlachta Bainistíochta ina fheidhm Mhaoirseachta nó ina fheidhm Bhainistíochta í, agus foireann nach foireann na bainistíochta sinsearaí í, a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na hinstitiúide i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le foireann aitheanta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 94(2) CRD agus, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar chritéir na n-institiúidí; suim na méideanna i rónna 20, 21, 22, 23, agus 24 den teimpléad seo
25	**Méid Iomlán** Suim na méideanna i rónna 1, 7, 13 agus 19 den teimpléad sin
Litir an cholúin	**Míniú**
a	**Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha a dámhadh do thréimhsí feidhmíochta roimhe seo** Méid an luacha saothair iarchurtha, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD, a bronnadh le haghaidh tréimhsí feidhmíochta roimhe sin (suim na méideanna i gcolúin b agus c den teimpléad seo)
b	**Atá le dílsiú sa bhliain airgeadais** Méid an luacha saothair iarchurtha a bronnadh le haghaidh na tréimhsí feidhmíochta roimhe sin, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD, atá le dílsiú sa bhliain airgeadais
c	**Lena n-áirítear dílsiú i mblianta airgeadais ina dhiaidh sin** Méid an luacha saothair iarchurtha a bronnadh le haghaidh tréimhsí feidhmíochta roimhe sin, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD, a dhílseofar sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin
d	**Méid an choigeartaithe feidhmíochta a rinneadh sa bhliain airgeadais ar luach saothair iarchurtha a bhí le dílsiú sa bhliain airgeadais** Méid an choigeartaithe feidhmíochta ar luach saothair iarchurtha, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD, a bhí le dílsiú sna bhlianta airgeadais
e	**Méid an choigeartaithe feidhmíochta a rinneadh sa bhliain airgeadais ar luach saothair iarchurtha a bhí le dílsiú sna blianta airgeadais amach anseo** Méid an choigeartaithe feidhmíochta ar an luach saothair iarchurtha, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD, a bhí le dílsiú sna blianta feidhmíochta amach anseo
f	**Méid iomlán an choigeartaithe le linn na bliana airgeadais coigeartuithe intuigthe *ex post* le linn na bliana airgeadais (*i.e.* athruithe ar luach saothair iarchurtha mar gheall ar athruithe ar phraghsanna ionstraimí)** Nuair is ábhartha, suim an athraithe ar luach le linn na bliana airgeadais i ngeall ar choigeartuithe intuigthe *ex post*, amhail athruithe ar luach luacha saothair iarchurtha i ngeall ar athruithe ar phraghsanna ionstraimí, arna meas ar bhonn na hiarrachta is fearr.

Litir an cholúin	Míniú
EU - g	**Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha arna bhronnadh roimh an mbliain airgeadais arna íoc go hiarbhír sa bhliain airgeadais** Méid an luacha saothair iarchurtha, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD, a íocadh sa bhliain airgeadais A luaithe a dhílseofar an luach saothair iarchurtha, measfar é a bheith íoctha.
EU - h	**Méid iomlán an luacha saothair iarchurtha arna bhronnadh le haghaidh na tréimhse feidhmíochta roimhe sin a dílsíodh ach atá faoi réir tréimhsí coinneála** Méid an luacha saothair iarchurtha, arna bhronnadh le haghaidh tréimhsí feidhmíochta roimhe seo, a dílsíodh ach atá faoi réir tréimhsí coinneála, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 94 de CRD

Teimpléad EU REM4 – Luach saothair EUR 1 milliún nó níos mó in aghaidh na bliana: Formáid sheasta

7. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 450(1) CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU REM4 a léirítear in Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

8. Déanfar sonraí a thíolacadh trí figiúirí dheireadh na bliana cuntasaíochta in EUR a úsáid. Nochtfar na méideanna uile mar mhéideanna iomlána, *i.e.* méideanna nár slánaíodh, in euro (*e.g.* EUR 1 234 567 in ionad EUR 1.2 milliún). I gcás ina mbeidh luach saothair in airgeadra seachas EUR, úsáidfear an ráta malairte a úsáideann an Coimisiún le haghaidh clárú airgeadais agus le haghaidh bhuiséad Nollaig na bliana tuairiscithe chun na figiúirí comhdhlúite a bheidh le nochtadh a choinbhéartú.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1 go 8	Luach saothair idir EUR 1 mhilliún agus EUR 5 mhilliún in aghaidh na bliana airgeadais, arna mhiondealú de réir bandaí EUR 500 000
9 go x	Luach saothair is mó ná EUR 5 mhilliún in aghaidh na bliana airgeadais, arna mhiondealú de réir bandaí EUR 1 mhilliún
Litir an cholúin	**Míniú**
a	Líon na foirne aitheanta a fuair luach saothair EUR 1 mhilliún nó níos mó in aghaidh na bliana airgeadais Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar líon na ndaoine.

Teimpléad EU REM5 – Faisnéis faoin bhfoireann a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na n-institiúidí (foireann aitheanta): Formáid sheasta

9. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 450(1) CRR trí na treoracha a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo a leanúint chun teimpléad EU REM5 a léirítear in Iarscríbhinn XXXIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chomhlánú.

10. Maidir leis na colúin ina bhfuil an miondealú ar réimsí gnó, in iasachtú miondíola áireofar gach iasachtú, lena n-áirítear iasachtú mórdhíola. I gcás baincéireacht infheistíochta, áireofar leis sin airgeadas corparáideach agus trádáil agus díolacháin. Tá tuilleadh treorach maidir leis na gníomhaíochtaí a chuimsítear sna réimeanna gnó sin le fáil in Airteagal 317 de CRR laistigh den tábla lena sainítear na línte gnó laistigh den chur chuige caighdeánaithe maidir le priacal oibriúcháin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
1	**Líon iomlán na foirne aitheanta** Baill foirne institiúide agus a fochuideachtaí, a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail institiúidí (foireann aitheanta), lena n-áirítear fochuideachtaí nach bhfuil faoi réir CRD agus comhaltaí uile a gcuid gcomhlachtaí bainistíochta faoi seach Nochtfar an luach bunaithe ar FTE.
2	**Ar a bhfuil: comhaltaí an MB** Líon na gcomhaltaí sa chomhlacht Bainistíochta faoi seach ag gníomhú ina fheidhm mhaoirseachta agus ina fheidhm Bainistíochta, agus sa chomhlacht bainistíochta ina iomláine
3	**Ar a bhfuil: Bainistíocht shinsearach eile** Foireann eile seachas comhaltaí an Chomhlachta Bainistíochta, atá ina mbainistíocht shinsearach mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 3(1) de CRD
4	**Ar a bhfuil: foireann aitheanta eile** Foireann nach í foireann an Chomhlachta Bainistíochta í, agus foireann nach foireann na bainistíochta sinsearaí í, a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl phriacail na hinstitiúide i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le foireann aitheanta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 94(2) de CRD agus, i gcás inarb iomchuí, bunaithe ar chritéir na n-institiúidí chomh maith
5	**Luach saothair iomlán na foirne aitheanta** Ciallóidh méid iomlán an luacha saothair gach cineál luacha saothair sheasta agus inathraithe agus áireofar leis íocaíochtaí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta agus agus sochair airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta, arna mbronnadh go díreach ar bhaill foirne nó thar ceann institiúidí mar mhalairt ar sheirbhísí gairmiúla arna dtabhairt ag baill foirne, íocaíochtaí úis iompartha de réir bhrí phointe (d) d'Airteagal 4(1) de Treoir 2011/61/AE ([4]), agus íocaíochtaí eile a dhéantar trí mhodhanna agus feithiclí a dtiocfaí sárú ar cheanglais luacha saothair CRD as mura measfaí gur luach saothair iad.
6	**Ar a bhfuil: luach saothair inathraithe** Suim na gcomhpháirteanna luacha saothair uile nach luach saothair seasta iad dá dtagraítear i ró 7 den teimpléad seo.
7	**Ar a bhfuil: luach saothair seasta** Breithneoidh institiúidí luacha saothair sheasta sna cásanna seo a leanas ina gcomhlíontar na coinníollacha chun é a bhronnadh agus a mhéid: a. tá siad bunaithe ar chritéir réamhchinntithe; b. tá siad neamhroghnach a léiríonn leibhéal na taithí gairmiúla agus sinsearacht na foirne; c. tá siad trédhearcach maidir leis an méid aonair a bhronntar ar an mball foirne aonair; d. tá siad buan, *i.e.* go gcoinnítear ar bun iad thar thréimhse atá ceangailte leis an ról sonrach agus leis na freagrachtaí eagraíochtúla; e. nach bhfuil siad neamh-inchúlghairthe; ní athraítear an méid buan ach trí chómhargáil nó tar éis athchaibidlíochta i gcomhréir leis na critéir náisiúnta maidir le socrú pá; f. nach féidir leis an institiúid í a laghdú, a chur ar fionraí ná a chealú; g. nach gcuirtear dreasachtaí ar fáil chun priacal a thoimhdiú leo; agus h. nach bhfuil siad ag brath ar fheidhmíocht.

([4]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch 1)

Litir an cholúin	Míniú
a, b agus c	**An comhlacht bainistíochta (MB)** Comhlacht bainistíochta na hinstitiúide, agus miondealú na feidhme Maoirseachta agus na feidhme Bainistíochta Nochtfaidh institiúidí faisnéis bunaithe ar líon na ndaoine.
d go h	**Réimsí gnó** Réimsí gnó móra na hinstitiúide, amhail baincéireacht Infheistíochta, Baincéireacht mhiondíola, Bainistíocht sócmhainní, Feidhmeanna corparáideacha, Feidhmeanna neamhspleácha rialaithe inmheánaigh Nochtfar faisnéis bunaithe ar FTE.
i	**Gach ceann eile** Gach réimse gnó eile nach gcumhdaítear sna colúin roimhe seo ar leithligh Nochtfar faisnéis bunaithe ar FTE.

Teimpléad EU AE1 – Sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe

		Suim ghlanluacha na sócmhainní ualaithe		Luach cóir sócmhainní ualaithe		Suim ghlanluacha na sócmhainní neamhualaithe		Luach cóir sócmhainní neamhualaithe	
			ar a bhfuil EHQLA agus HQLA atá incháilithe go barúlach		ar a bhfuil EHQLA agus HQLA atá incháilithe go barúlach		ar a bhfuil EHQLA agus HQLA		ar a bhfuil EHQLA agus HQLA
		010	030	040	050	060	080	090	100
010	**Sócmhainní na hinstitiúide atá ag nochtadh**								
030	Ionstraimí Cothromais								
040	Urrúis fiachais								
050	ar a bhfuil: bannaí cumhdaithe								
060	ar a bhfuil: urrúsúcháin								
070	ar a bhfuil: a d'eisigh rialtais ghinéarálta								
080	ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí airgeadais								
090	ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí neamhairgeadais								
120	Sócmhainní eile								

Teimpléad EU AE2 – Comhthaobhacht a fuarthas agus urrúis fiachais dílse a eisíodh

		Luach cóir na comhthaobhachta ualaithe a fuarthas nó na n-urrús fiachais dílse a eisíodh		neamhualaithe	
				Luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas nó na n-urrús fiachais dílse a eisíodh agus atá ar fáil le haghaidh ualú	
			ar a bhfuil EHQLA agus HQLA atá incháilithe go barúlach		ar a bhfuil EHQLA agus HQLA
		010	030	040	060
130	**Comhthaobhacht a fuair an institiúid nochta**				
140	Iasachtaí ar éileamh				
150	Ionstraimí Cothromais				
160	Urrúis fiachais				
170	ar a bhfuil: bannaí faoi chumhdach				
180	ar a bhfuil: urrúsúcháin				
190	ar a bhfuil: a d'eisigh rialtais ghinearálta				
200	ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí airgeadais				
210	ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí neamhairgeadais				
220	Iasachtaí agus airleacain seachas iasachtaí ar éileamh				
230	Comhthaobhacht eile a fuarthas				
240	**Urrúis fiachais dílse a eisíodh seachas bannaí dílse faoi chumhdach nó urrúsuithe**				
241	**Bannaí dílse faoi chumhdach agus urrúis a eisíodh agus nach bhfuil geallta go fóill**				
250	**IOMLÁN NA COMHTHAOBHACHTA A FUARTHAS AGUS URRÚIS FIACHAIS DÍLSE A EISÍODH**				

Teimpléad EU AE3 – Foinsí ualaithe

		Dliteanais chomhfhreagracha, dliteanais theagmhasacha nó urrúis a tugadh ar iasacht	Sócmhainní, comhthaobhacht a fuarthas agus urrúis fiachais dílse a eisíodh seachas bannaí faoi chumhdach agus urrúsuithe ualaithe
		010	030
010	**Suim ghlanluacha na ndliteanas airgeadais a roghnaíodh**		

Tábla EU AE4 – Faisnéis thuairisciúil tionlacain

Boscaí téacs saorfhormáide le haghaidh faisnéis cháilíochtúil a nochtadh, i gcomhréir le hAirteagal 443 de CRR

Uimhir na sraithe	Faisnéis cháilíochtúil – Saorfhormáid
(a)	Faisnéis thuairisciúil ghinearálta faoi ualú sócmhainní
(b)	Faisnéis thuairisciúil faoi thionchar na samhla gnó ar ualú sócmhainní agus tábhacht an ualaithe do shamhail ghnó na hinstitiúide lena gcuirtear comhthéacs na nochtuithe atá éilithe sna Teimpléid EU AE1 agus EU AE2 ar fáil.

IARSCRÍBHINN XXXVI

Treoracha le haghaidh na dteimpléad nochta ualaithe sócmhainní

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 443 de Rialachán (AE) 575/2013 ([1]) ('CRR') trí na treoracha a leanúint a thugtar thíos san Iarscríbhinn seo chun teimpléid EU AE1 go EU AE4 a léirítear in Iarscríbhinn XXXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a líonadh.

2. Chun críocha na dteimpléad nochta maidir leis an ualú sócmhainní, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar ualú sócmhainní a áirítear i bpointe 1.7 d'iarscríbhinn XVII (treoracha le haghaidh teimpléid tuairiscithe maidir le hualú sócmhainní) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ([2]) ón gCoimisiún.

3. Nochtfaidh institiúidí na hítimí dá dtagraítear i dteimpléid EU AE1, EU AE2 agus EU AE3 ar an mbealach céanna a tuairiscíodh iad i gcomhréir le hIarscríbhinn XVI (teimpléid tuairiscithe maidir le hualú sócmhainní) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún, mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach sna táblaí sin.

4. Déanfar na hítimí dá dtagraítear i mír 3 a nochtadh trí luachanna airmheánacha a úsáid. Is éard a bheidh in luachanna airmheánacha airmheáin ráithiúla rollacha thar an dá mhí dhéag roimhe sin agus cinnfear iad trí idirshuíomh.

5. I gcás ina ndéanfar nochtuithe ar bhonn comhdhlúite, is é raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta mar a shainmhínítear i Roinn 2 nó i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon de CRR a bheidh i raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta.

6. Maidir le táscairí cáilíochta sócmhainní de réir cineáil sócmhainne i gcolúin C030, C050, C080 agus C100 de theimpléad EU AE1 agus de réir na gcineálacha comhthaobhachta arna bhfáil agus de réir na gcineálacha urrús fiachais arna n-eisiúint, lena n-áirítear bannaí agus urrúsuithe faoi chumhdach, i gcolúin C030 agus C060 mar a leagtar amach i dteimpléad EU AE2, ní bheidh feidhm acu ach amháin maidir le hinstitiúidí creidmheasa a chomhlíonann ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá iomlán a sócmhainní, arna ríomh i gcomhréir le mír 10 de phointe 1.6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún, thar EUR 30 billiún;

   (b) tá a leibhéal ualaithe sócmhainní, arna ríomh i gcomhréir le mír 9 de phointe 1.6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún, thar 15 %.

Teimpléad EU AE1– Sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe

7. Comhlánóidh institiúidí teimpléad EU AE1, a léirítear in Iarscríbhinn XXXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, trí na treoracha thíos a leanúint.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Sócmhainní na hinstitiúide atá ag nochtadh** Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IAS) 1.9 (a), Treoir maidir le Cur Chun Feidhme (IG) 6, i gcás institiúidí IFRS Iomlán shócmhainní na hinstitiúide atá cláraithe ina clár comhardaithe, cé is moite d'urrúis fiachais dílse agus d'ionstraimí cothromais dílse nuair is féidir iad a aithint laistigh den chlár comhardaithe de bharr na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme Is ionann an luach a nochtar sa ró seo agus airmheán na suimeanna de cheithre dheireadh ráithiúil de luachanna na tréimhse le linn an dá mhí dhéag roimhe sin le haghaidh rónna 030, 040 agus 120.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([2]) RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) Uimh. 680/2014 ÓN gCOIMISIÚN an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
030	**Ionstraimí Cothromais** Luachanna airmheánacha na n-ionstraimí cothromais mar a shainmhínítear sna prionsabail chuntasaíochta is infheidhme (IAS 32.1 i gcás na n-institiúidí CITA), cé is moite d'ionstraimí cothromais dílse nuair a cheadaítear a n-aitheantas sa chlár comhardaithe leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme
040	**Urrúis fiachais** Luachanna airmheánacha na n-ionstraimí fiachais atá i seilbh na hinstitiúide arna n-eisiúint mar urrúis nach iasachtaí iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 1071/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach ('Rialachán BSI ó BCE') ([3]), cé is moite d'urrúis fiachais dílse nuair is féidir iad a aithint ar an gclár comhardaithe leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme
050	**ar a bhfuil: bannaí faoi chumhdach** Luachanna airmheánacha na n-urrús fiachais atá i seilbh na hinstitiúide ar bannaí iad dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 52(4) de Threoir (CE) 2009/65 ([4]), cibé acu atá na hionstraimí sin i bhfoirm dhlíthiúil urrúis nó nach bhfuil
060	**ar a bhfuil: urrúsúcháin** Luachanna airmheánacha na n-urrús fiachais atá i seilbh na hinstitiúide ar suíomhanna urrúsúcháin iad mar a shainmhínítear i bpointe (62) d'Airteagal 4(1) de CRR
070	**ar a bhfuil: a d'eisigh rialtais ghinearálta** Luachanna airmheánacha na n-urrús fiachais atá i seilbh na hinstitiúide arna n-eisiúint ag rialtais ghinearálta
080	**ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí airgeadais** Luachanna airmheánacha na n-urrús fiachais atá i seilbh na hinstitiúide arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de CRR agus corparáidí airgeadais eile **Áireofar le corparáidí airgeadais eile na corparáidí airgeadais agus na samhailchorparáidí airgeadais uile seachas institiúidí creidmheasa amhail gnólachtaí infheistíochta, cistí infheistíochta, cuideachtaí árachais, cistí pinsin, gnóthais chomhinfheistíochta, agus tithe imréitigh chomh maith le hidirghabhálaithe airgeadais, corparáidí cúntacha airgeadais agus institiúidí airgeadais faoi chuing agus iasachtóirí airgid.**
090	**ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí neamhairgeadais** Luachanna airmheánacha na n-urrús fiachais arna sealbhú ag an institiúid arna n-eisiúint ag corparáidí agus samhailchorparáidí nach bhfuil idirghabháil airgeadais ar bun acu ach arb é an phríomhghníomhaíocht acu seirbhísí margaidh agus seirbhísí neamhairgeadais a tháirgeadh i gcomhréir le Rialachán BSI BCE
120	**Sócmhainní eile** Luach airmheánach sócmhainní eile de chuid na hinstitiúide atá cláraithe sa chlár comhardaithe, cé is moite díobh siúd a nochtar sna rónna thuas agus atá difriúil ó urrúis fiachais dílse agus ionstraimí dílse cothromais nach féidir a shainaithint ón gclár comhardaithe ag institiúid nach institiúid IFRS í Sa chás sin, áireofar ionstraimí fiachais dílse i ró 240 de theimplead EU AE2 agus ionstraimí cothromais dílse atá eisiata ó nochtadh ualaithe sócmhainní.

([3]) RIALACHÁN (AE) Uimh. 1071/2013 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH an 24 Meán Fómhair 2013 maidir le clár comhardaithe earnáil na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2013/33) (IO L 297, 7.11.2013, lch. 1).

([4]) TREOIR 2009/65/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302; 17.11.2009, lch. 32).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	Áireofar le sócmhainní eile airgead ar láimh (gabháltas airgid náisiúnta agus eachtracha i gcúrsaíocht a úsáidtear de ghnáth chun íocaíochtaí a dhéanamh), iasachtaí ar éileamh (IAS 1.54(i) le haghaidh institiúidí IFRS) lena n-áirítear na hiarmhéideanna is infhaighte ar éileamh ag bainc cheannais agus institiúidí eile. Áirítear freisin i sócmhainní eile iasachtaí agus airleacain seachas iasachtaí ar éileamh, is é sin, ionstraimí fiachais atá i seilbh na n-institiúidí nach urrúis iad, seachas iarmhéideanna is infhaighte ar éileamh, lena n-áirítear iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe mar a shainmhínítear i bpointe (a) de mhír 86 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Féadfar a áireamh ar shócmhainní eile freisin sócmhainní doláimhsithe, lena n-áirítear cáilmheas, sócmhainní cánach iarchurtha, maoin, gléasra agus sócmhainní seasta eile, sócmhainní díorthacha, aisiompú athcheannaigh agus infháltais iasachtaíochta stoic. Nuair is iasachtaí ar éileamh nó iasachtaí agus airleacain seachas iasachtaí ar éileamh iad sócmhainní foluiteacha agus sócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh urrúsuithe coinnithe agus bannaí faoi chumhdach coinnithe, áireofar iad sa ró seo freisin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
010	**Suim ghlanluacha na sócmhainní ualaithe** Luach airmheánach shuim ghlanluacha na sócmhainní atá i seilbh na hinstitiúide atá ualaithe Ciallóidh suim ghlanluacha an méid ar thaobh na sócmhainne den chlár comhardaithe. I gcás gach aicme shócmhainne, is éard a bheidh sa mhéid nochta luach airmheánach na suimeanna nochta éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta arna meas chun an t-idirmheán a ríomh.
030	**ar a bhfuil: EHQLA agus HQLA atá incháilithe go barúlach** Luach airmheánach shuim ghlanluacha na sócmhainní ualaithe atá cáilithe go barúlach do cháiliú sócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa thar a bheith ard acu (EHQLA) agus sócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa ard acu (HQLA) Chun críoch an Rialacháin seo, is éard a bheidh in EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus in HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach, ná na sócmhainní sin a liostaítear in Airteagail 10, 11, 12, 13, 15 agus 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún ([5]) agus a chomhlíonfadh na ceanglais ghinearálta agus oibriúcháin a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Rialachán Tarmligthe sin, murach a stádas mar shócmhainní ualaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Comhlíonfaidh EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach na ceanglais risíochta atá sonraithe de réir na haicme a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 agus 35 go 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. Is éard a bheidh i suim ghlanluacha EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus i suim ghlanluacha HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach an tsuim ghlanluacha sula gcuirfear i bhfeidhm na caolchorrlaigh a shonraítear in Airteagail 10 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. I gcás gach aicme sócmhainne, is ionann an tsuim ghlanluacha a nochtadh ag suimeanna glanluacha éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta arna meas chun an t-airmheán a ríomh.
040	**Luach cóir sócmhainní ualaithe** Luach airmheánach luach cóir urrús fiachais atá i seilbh na hinstitiúide nochta atá ualaithe i gcomhréir leis an sainmhíniú ar ualú sócmhainní

([5]) RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2015/61 ón gCOIMISIÚN an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
	Is éard a bheidh i luach cóir ionstraime airgeadais an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ag dáta an tomhais (féach IFRS 13 Tomhas ar Luach Cóir agus IFRS 13 agus Airteagal 8 de Threoir 2013/34/AE ([6]) le haghaidh institiúidí nach institiúidí IFRS iad). I gcás gach aicme sócmhainní, is éard a bheidh sa luach airmheánach na luachanna córa éagsúla arna mbreathnú ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.
050	**ar a bhfuil: EHQLA agus HQLA atá incháilithe go barúlach** Luach airmheánach luach cóir na sócmhainní ualaithe atá incháilithe go barúlach do cháiliú EHQLA agus HQLA. Chun críoch an Rialacháin seo, is éard a bheidh in EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus in HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach, na sócmhainní sin a liostaítear in Airteagail 10, 11, 12, 13, 15 agus 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus a chomhlíonfadh na ceanglais ghinearálta agus oibriúcháin a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61, murach a stádas mar shócmhainní ualaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Comhlíonfaidh EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach na ceanglais risíochta atá sonraithe de réir na haicme a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 agus 35 go 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Is éard a bheidh i luach cóir EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus i luach cóir HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach an luach cóir sula gcuirfear i bhfeidhm na caolchorrlaigh a shonraítear in Airteagail 10 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. I gcás gach aicme sócmhainní, is éard atá sa luach cóir nochta luach airmheánach na luachanna córa éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.
060	**Suim ghlanluacha na sócmhainní neamhualaithe** Luach airmheánach shuim ghlanluacha na sócmhainní atá i seilbh na hinstitiúide atá neamhualaithe i gcomhréir leis an sainmhíniú a tugadh ar ualú sócmhainní. Ciallaíonn suim ghlanluacha an méid a nochtadh ar thaobh na sócmhainne den chlár comhardaithe. I gcás gach aicme sócmhainne, is ionann an tsuim ghlanluacha a nochtadh ag suimeanna glanluacha éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta arna meas chun an t-airmheán a ríomh.
080	**ar a bhfuil: EHQLA agus HQLA** Luach airmheánach na suime glanluacha EHQLA neamhualaithe agus HQLA neamhualaithe, mar a liostaítear in Airteagail 10, 11, 12, 13, 15 agus 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus a chomhlíonann na ceanglais ghinearálta agus oibriúcháin a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, chomh maith leis na ceanglais risíochta atá sonraithe de réir na haicme a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 agus in Airteagail 35 go 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Is éard a bheidh i suim ghlanluacha EHQLA agus i suim ghlanluacha HQLA an tsuim ghlanluacha sula gcuirfear i bhfeidhm na caolchorrlaigh a shonraítear in Airteagail 10 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. I gcás gach aicme sócmhainne, is ionann an tsuim ghlanluacha a nochtadh ag suimeanna glanluacha éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta arna meas chun an t-airmheán a ríomh.
090	**Luach cóir sócmhainní neamhualaithe** Luach airmheánach luach cóir na n-urrús fiachais atá i seilbh na hinstitiúide atá neamhualaithe. Is éard atá i luach cóir ionstraime airgeadais an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ag dáta an tomhais. (Féach IFRS 13 Tomhas ar Luach Cothrom agus IFRS 13 agus Airteagal 8 de Threoir (AE) 2013/34). I gcás gach aicme sócmhainní, is éard atá sa luach cóir nochta luach airmheánach na luachanna córa éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.

([6]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
100	**ar a bhfuil: EHQLA agus HQLA** Luach airmheánach an luacha córa EHQLA neamhualaithe agus HQLA neamhualaithe, mar a liostaítear in Airteagail 10, 11, 12, 13, 15 agus 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus a chomhlíonann na ceanglais ghinearálta agus oibriúcháin a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, chomh maith leis na ceanglais risíochta atá sonraithe de réir na haicme a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 agus in Airteagail 35 go 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Is éard a bheidh i luach cóir EHQLA agus i luach cóir HQLA an luach cóir sula gcuirfear i bhfeidhm na caolchorrlaigh a shonraítear in Airteagail 10 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. I gcás gach aicme sócmhainní, is éard atá sa luach cóir nochta luach airmheánach na luachanna córa éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.

Teimpléad EU AE2 – Comhthaobhacht a fuarthas agus urrúis fiachais dílse a eisíodh

8. Comhlánóidh institiúidí teimpléad EU AE2, a léirítear in Iarscríbhinn XXXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, trí na treoracha thíos a leanúint.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
130	**Comhthaobhacht a fuair an institiúid nochta** Gach aicme chomhthaobhachta a fuair an institiúid. Nochtfar sa ró seo na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht. Is ionann an chomhthaobhacht iomlán a fhaigheann an institiúid agus airmheán na suimeanna de cheithre dheireadh ráithiúil de luachanna na tréimhse le linn an dá mhí dhéag roimhe sin le haghaidh rónna 140 go 160, 220 agus 230.
140	**Iasachtaí ar éileamh** Nochtfar luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear iasachtaí ar éileamh sa ró seo (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 120 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
150	**Ionstraimí Cothromais** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear ionstraimí cothromais (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 030 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
160	**Urrúis fiachais** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear urrús fiachais (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 040 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
170	**ar a bhfuil: bannaí faoi chumhdach** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear bannaí faoi chumhdach (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 050 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
180	**ar a bhfuil: urrúsúcháin** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear urrúis de bhun sócmhainní (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 060 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
190	**ar a bhfuil: a d'eisigh rialtais ghinearálta** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais ghinearálta (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 070 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
200	**ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí airgeadais** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear urrúis fiachais arna n-eisiúint ag corparáidí airgeadais (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 080 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
210	**ar a bhfuil: a d'eisigh corparáidí neamhairgeadais** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear urrúis fiachais arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 090 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
220	**Iasachtaí agus airleacain seachas iasachtaí ar éileamh** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear iasachtaí agus airleacain seachas iasachtaí ar éileamh (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 120 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
230	**Comhthaobhacht eile a fuarthas** Luach airmheánach na comhthaobhachta a fhaigheann an institiúid a gcuimsítear sócmhainní eile (féach tagairtí dlí agus treoracha maidir le ró 120 de theimpléad EU AE1). Áirítear leis sin na hurrúis uile a fhaigheann institiúid iasachtaí in aon idirbheart maidir le hurrús a fháil ar iasacht.
240	**Urrúis fiachais dílse a eisíodh seachas bannaí dílse faoi chumhdach nó urrúsuithe** Luach airmheánach na n-urrús fiachais dílse a eisíodh seachas bannaí dílse faoi chumhdach nó urrúsuithe. Ós rud é go laghdaíonn na hurrúis fiachais dílse choinnithe nó athcheannaigh arna n-eisiúint, i gcomhréir le IAS 39.42, le haghaidh institiúidí IFRS, na dliteanais airgeadais a bhaineann leo, ní áirítear na hurrúis sin i gcatagóir shócmhainní na hinstitiúide atá ag nochtadh. Áireofar sa ró seo urrúis fiachais dílse nach féidir le hinstitiúid nach institiúid IFRS í a dí-aithint ón gclár comhardaithe.
241	**Bannaí faoi chumhdach dílse agus urrúsuithe a eisíodh agus nár gealladh fós** Luach airmheánach. na mbannaí faoi chumhdach agus na n-urrúsuithe dílse a choinníonn an institiúid nochta agus nach bhfuil ualaithe. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, tá feidhm ag an riail seo a leanas maidir le bannaí dílse faoi chumhdach agus urrúis arna n-eisiúint agus arna gcoinneáil ag an institiúid nochta: (a) i gcás ina ngealltar na hurrúis sin, déanfar méid na sócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh nó na sócmhainní forluiteacha atá á dtacú a nochtadh i dteimpléad EU AE1 mar shócmhainní ualaithe. Is é an fhoinse cistiúcháin i gcás bannaí faoi chumhdach dílse agus urrúsuithe a ghealladh an t-idirbheart nua ina bhfuil na hurrúis á ngealladh (maoiniú bainc ceannais nó maoiniú urraithe de chineál eile) seachas eisiúint bhunaidh bannaí faoi chumhdach nó urrúsuithe. (b) i gcás nach bhfuil na hurrúis sin geallta go fóill, déanfar méid na sócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh nó na sócmhainní forluiteacha atá ina dtaca leis na hurrúis sin a nochtadh i dteimpléad EU AE1 mar shócmhainní neamhualaithe.
250	**Iomlán na comhthaobhachta a fuarthas agus na n-urrús fiachais dílse a eisíodh** Gach aicme chomhthaobhachta a fhaigheann an institiúid agus urrúis fiachais dílse a d'eisigh an institiúid nach bannaí faoi chumhdach iad a eisíodh ná urrúsuithe dílse a eisíodh. Is éard atá sa ró seo suim na luachanna airmheánacha le haghaidh ró 010 i dteimpléad EU AE1 agus rónna 130 agus 240 i dteimpléad AE2.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
010	**Luach cóir na comhthaobhachta ualaithe a fuarthas nó na n-urrús fiachais dílse a eisíodh** Airmheán luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas, lena n-áirítear in aon idirbheart iasachtaíochta urrús, nó urrúis fiachais dílse arna sealbhú nó arna gcoinneáil ag an institiúid atá ualaithe i gcomhréir le hAirteagal 100 de CRR. Is éard atá i luach cóir ionstraime airgeadais an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ag dáta an tomhais (mar atá IFRS 13 Tomhas ar Luach Cothrom le haghaidh institiúidí IFRS). I gcás gach ítime comhthaobhachta, is éard atá sa luach cóir nochta luach airmheánach na luachanna córa éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.
030	**ar a bhfuil: EHQLA agus HQLA atá incháilithe go barúlach** Airmheán luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas, lena n-áirítear in aon idirbheart iasachtaíochta urrús, nó urrúis fiachais dílse arna sealbhú nó arna gcoinneáil ag an institiúid nach bhfuil incháilithe go barúlach do cháiliú EHQLA agus HQLA. Chun críoch an Rialacháin seo, is éard a bheidh in EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus in HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach, ítimí comhthaobhachta a fhaightear nó urrúis fiachais dílse atá i seilbh na hinstitiúide nó á gcoinneáil ag an institiúid, a liostaítear in Airteagail 10, 11, 12, 13, 15 agus 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus a chomhlíonfadh na ceanglais ghinearálta agus oibriúcháin a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, murach a stádas mar shócmhainní ualaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 680/2014 ón gCoimisiún. Comhlíonfaidh EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach na ceanglais risíochta atá sonraithe de réir na haicme a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 agus 35 go 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Is éard a bheidh i luach cóir EHQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach agus i luach cóir HQLA ualaithe atá incháilithe go barúlach an luach cóir sula gcuirfear i bhfeidhm na caolchorrlaigh a shonraítear in Airteagail 10 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. I gcás gach ítime comhthaobhachta, is éard atá sa luach cóir nochta luach airmheánach na luachanna córa éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.
040	**Luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas nó na n-urrús fiachais dílse a eisíodh agus atá ar fáil lena n-ualú** Airmheán luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas, lena n-áirítear aon idirbheart maidir le hurrúis a fháil ar iasacht, atá neamhualaithe ach atá ar fáil lena ualú ós rud é go bhfuil cead ag an institiúid í a dhíol nó a athfhálú in éagmais mainneachtana ag úinéir na comhthaobhachta. Áirítear leis freisin luach cóir na n-urrús fiachais dílse a eisítear, seachas bannaí faoi chumhdach dílse nó suíomhanna urrúsúcháin, atá neamhualaithe ach atá ar fáil lena n-ualú. I gcás gach ítime comhthaobhachta, is éard atá sa luach cóir nochta luach airmheánach na luachanna córa éagsúla ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh.
060	**ar a bhfuil: EHQLA agus HQLA** Luach airmheánach luach cóir na comhthaobhachta a fuarthas nó na hurrúis fiachais dílse a d'eisigh an institiúid nó atá á gcoinneáil aici seachas bannaí faoi chumhdach agus suíomhanna urrúsúcháin atá ar fáil lena n-ualú a aicmítear mar EHQLA agus HQLA mar a liostaítear in Airteagail 10, 11, 12, 13, 15 agus 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún agus a chomhlíonann na ceanglais ghinearálta agus oibriúcháin a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, chomh maith leis na ceanglais risíochta atá sonraithe de réir na haicme a leagtar amach in Airteagail 10 go 16 agus in Airteagail 35 go 37 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún. Is éard a bheidh i luach cóir EHQLA agus i luach cóir HQLA an luach cóir sula gcuirfear i bhfeidhm na caolchorrlaigh a shonraítear in Airteagail 10 go 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.

Teimpléad EU AE3 – Foinsí ualaithe

9. Comhlánóidh institiúidí teimpléad EU AE3, a léirítear in Iarscríbhinn XXXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, trí na treoracha thíos a leanúint.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
010	**Suim ghlanluacha na ndliteanas airgeadais a roghnaíodh** Luach airmheánach na hítime 'Suim ghlanluacha na ndliteanas airgeadais a roghnaíodh' atá ag an institiúid, a mhéid a bhaineann ualú sócmhainní leis na dliteanais sin don institiúid sin.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir cholúin	**Míniú**
010	**Dliteanais chomhfhreagracha, dliteanais theagmhasacha nó urrúis a tugadh ar iasacht** Luachanna airmheánacha na ndliteanas comhfhreagrach, na ndliteanas teagmhasach (ceangaltais iasachta a fuarthas agus ráthaíochtaí airgeadais a fuarthas) nó na n-urrús a thugtar ar iasacht le comhthaobhacht neamhairgid, a mhéid a bhaineann ualú sócmhainní leis na hidirbhearta sin don institiúid sin. Nochtar dliteanais airgeadais ag an tsuim ghlanluacha; nochtar dliteanais theagmhasacha ag a luach ainmniúil; agus nochtar urrúis a thugtar ar iasacht le comhthaobhacht neamhairgid ag a luachanna córa. Is éard is luach cóir nochta ann luach airmheánach na luachanna córa éagsúla arna mbreathnú ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-idirmheán a ríomh. Áireofar dliteanais gan aon chistiú gaolmhar, amhail díorthaigh.
030	**Sócmhainní, comhthaobhacht a fuarthas agus urrúis dílse a eisíodh seachas bannaí faoi chumhdach agus urrúsuithe ualaithe** Nochtfar leis seo méid na sócmhainní, na comhthaobhachta a fuarthas agus na n-urrús dílis a eisíodh seachas bannaí faoi chumhdach agus urrúsuithe atá ualaithe mar thoradh ar na cineálacha éagsúla idirbheart. Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na critéir i dteimpléid EU AE1 agus EU AE2, nochtfar sócmhainní na hinstitiúide atá cláraithe sa chlár comhardaithe ag luach airmheánach an mhéid iompair atá acu, ach nochtfar comhthaobhacht athúsáidte a fuarthas agus atá ualaithe, seachas bannaí agus urrúsuithe faoi chumhdach, ag luach airmheánach a luach cóir. Is éard is luach cóir nochta ann luach airmheánach na luachanna córa éagsúla arna mbreathnú ag deireadh gach tréimhse nochta a mheastar chun an t-airmheán a ríomh. Áireofar freisin sócmhainní atá ualaithe gan dliteanais chomhfhreagracha.

Tábla EU AE4 – Faisnéis faoin insint tionlacain

10. Comhlánóidh institiúidí tábla EU AE4, a léirítear in Iarscríbhinn XXXV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, trí na treoracha thíos a leanúint.

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
a	Faisnéis ghinearálta insinte maidir leis an ualú sócmhainní, lena n-áirítear: (a) míniú ar aon difríocht idir raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála a úsáidtear chun críche na nochtuithe maidir le hualú sócmhainní agus an raon feidhme a choinnítear chun na ceanglais leachtachta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite mar a shainmhínítear i gCaibidil 2 de Theideal I de Chuid a Dó de CRR, a úsáidtear chun incháilitheacht (E)HQLA a shainmhíniú;

Tagairtí dlí agus treoracha	
Uimhir an ró	**Míniú**
	(b) míniú ar aon difríocht idir, ar thaobh amháin, sócmhainní atá curtha i ngeall agus aistrithe i gcomhréir leis na creataí cuntasaíochta is infheidhme agus a chuir an institiúid i bhfeidhm agus, ar an taobh eile, sócmhainní ualaithe agus léiriú ar aon difríocht maidir le láimhseáil idirbheart, amhail nuair a mheastar go n-eascraíonn gealltanas sócmhainní nó aistriú sócmhainní as roinnt idirbheart ach ní sócmhainní ualaithe, nó *vice versa*; (c) luach na risíochta a úsáidtear chun críoch nochta agus conas a dhéantar luachanna airmheánacha risíochta a dhíorú.
b	Faisnéis insinte a bhaineann leis an tionchar atá ag samhail ghnó na hinstitiúide ar a leibhéal ualaithe agus an tábhacht a bhaineann leis an ualú ar shamhail chistiúcháin na hinstitiúide, lena n-áirítear an méid seo a leanas: (a) na príomhfhoinsí agus na príomhchineálacha ualaithe, ina mionsonraítear, i gcás inarb infheidhme, ualú mar gheall ar ghníomhaíochtaí suntasacha le díorthaigh, iasachtú urrús, comhaontuithe athcheannaigh, eisiúint bannaí faoi chumhdach agus urrúsú; (b) struchtúr an ualaithe idir aonáin laistigh de ghrúpa, agus go háirithe cibé an eascraíonn leibhéal ualaithe an ghrúpa chomhdhlúite as eintitis ar leith agus cibé an bhfuil ualach suntasach laistigh de ghrúpa ann; (c) faisnéis maidir le rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh, go háirithe maidir le bannaí faoi chumhdach agus urrúsuithe, agus maidir le ráta an ró-sholáthair urrúis chomhthaobhaigh ar leibhéil an ualaithe; (d) Faisnéis bhreise faoi ualú sócmhainní, comhthaobhacht agus ítimí laistigh den chlár agus foinsí an ualaithe trí aon airgeadra suntasach seachas an t-airgeadra tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 415(2) de CRR; (e) tuairisc ghinearálta ar chion na n-ítimí atá i gcolún 060 'Suim ghlanluacha na sócmhainní neamhualaithe' i dteimpléad EU AE1 nach measfadh an institiúid a mbeadh fáil orthu lena n-ualú i ngnáthchúrsa a gnó (e.g. sócmhainní doláimhsithe, lena n-áirítear cáilmheas, sócmhainní cánach iarchurtha, maoin, gléasra agus sócmhainní seasta eile, sócmhainní díorthacha, idirbheart athcheannaigh droim ar ais agus infháltais iasachta stoic); (f) méid na sócmhainní foluiteacha agus na sócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh urrúsuithe coinnithe agus bannaí faoi chumhdach coinnithe, agus cibé an bhfuil na sócmhainní foluiteacha agus na sócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh sin ualaithe nó neamhualaithe, mar aon le méid na n-urrúsuithe gaolmhara arna gcoinneáil agus na mbannaí faoi chumhdach arna gcoinneáil; (g) i gcás inarb ábhartha chun míniú a thabhairt ar thionchar a samhla gnó ar leibhéal an ualaithe, mionsonraí (lena n-áirítear faisnéis chainníochtúil más ábhartha) maidir le gach ceann díobh seo a leanas: (i) cineálacha agus méideanna na sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe atá i ró 120 de theimpléad EU AE1; (ii) méideanna agus cineálacha na sócmhainní ualaithe agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá i ró 010 de theimpléad EU AE3 nach mbaineann le haon dliteanas; (h) I gcás inarb ábhartha, i gcomhthéacs na húsáide a bhaineann siad as ualú i ndáil lena samhail ghnó, faisnéis bhreise faoin miondealú ar na rónna seo a leanas sna teimpléid idir EU AE1, EU AE2 agus EU AE3: (i) Ró 120 de theimpléad EU AE1 – 'Sócmhainní eile', (ii) Ró 230 de theimpléad EU AE2 'Comhthaobhacht eile a fuarthas', (iii) Ró 010 de theimpléad EU AE3 – 'Suim ghlanluacha na dliteanas airgeadais a roghnaíodh' (go háirithe i gcás ina mbaineann cuid d'ualú na sócmhainní le dliteanais agus nach mbaineann cuid eile de sin eile leo).